An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Domhanda na hÉireann



# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

MEÁN FÓMHAIR 2018 – LÚNASA 2019

10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 1 11/02/2020 15:00



# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2018 – Lúnasa 2019

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a chruinniú ar an 12 Nollaig 2019.

ISBN: 978-1-910963-40-1

10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 2 11/02/2020 15:00

# CLÁR ÁBHAIR

Forbhreathnú ón Ollamh Andrew J Deeks, Uachtarán UCD 02
UCD in Uimhreacha 11
Oideachas 16
Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar 28
Rannpháirtíocht Dhomhanda 53
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 56
Airgeadas agus Forbairt Caipitil 61
Acmhainní Daonna, SIRC agus Gnóthaí Dlíthiúla 70
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD 74
An Coláiste Gnó UCD 79
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD 84
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD 89
Coláiste na hEolaíochta UCD 93
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD 97
Gradaim Ollscoile 102
Ceapacháin 109
Scor 110



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 1 11/02/2020 15:00

# FORBREATHNÚ ÓN UACHTARÁN





**Is mór agam an séú tuarascáil seo a chur i láthair mar Uachtarán An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuireann an tuarascáil seo béim ar an méid mór a baineadh amach ar fud na hOllscoile i mbliana. Leanaimid ar aghaidh ag cur lenár gclú mar an ollscoil is mó agus an ollscoil is domhandaithe in Éirinn.**

Le bliain anuas chuaigh mé i mbun phróiseas comhairliúcháin le baill den fhoireann teagaisc agus leis an bhfoireann i gcoitinne ar fud na hOllscoile, leis an Údarás Rialaithe agus le páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach againn ó thaobh ár Straitéis do 2015-2020 le cúig bliana anuas agus chun oibriú le chéile chun Straitéis nua a fhorbairt do 2020-2024.

Tá an domhan ag athrú, agus tá an tírdhreach polaitíochta agus sóisialta ina n-oibrímid ag athrú leis. Tá cinnteachtaí a rabhthas ag déanamh talamh slán díobh faoi ionsaí, agus ní léir go fóill cén cineál sochaí domhanda a d'fhéadfadh éirí as an tréimhse achrannach seo. Tá deis againn an tsochaí domhanda sin a mhúnlú. Agus ár straitéis nua á forbairt againn, cinnteoimid go mbeidh ról ceannaireachta againn i múnlú ár dtírdhreach sóisialta, polaitíochta agus teicneolaíochta amach anseo in Éirinn agus i gcéin, ag cur go gníomhach leis an bplé idirnáisiúnta. Seolfar Straitéis 2020-2024 i mí na Nollag 2019.

Agus muid ag féachaint siar ar 2018/19, leanamar ag cur ár straitéis chun cinn in ainneoin an dúshláin airgeadais go bhfuil mic léinn na hÉireann tearmhaoinithe i gcónaí. Níor chomhlíon an méadú i gcroíchiste an Stáit do UCD i 2019 costais aisirithe agus innéacsaithe phá na seirbhíse poiblí. Mar sin féin, d'éirigh le UCD dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus é ag cloí le buiséad i rith na tréimhse sin. Rinne sí é sin, go príomha, trí níos mó mac léinn ó thaobh amuigh den AE a earcú agus tríd a hioncam tráchtála a mhéadú.

Ós rud é gur ardaigh líon na mac léinn (idir mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta), áfach, agus go bhfostaímid níos mó teagascóirí agus foireann ghinearálta ná mar a fostaíodh riamh i stair na hOllscoile, cuireann sé sin brú ar an mbonneagar. Mar thoradh air sin, tá an campas ag forbairt go tapa. I mí Mheán Fómhair seo caite, ceapadh an comhlacht dearaidh, Steven Holl Architects, a bhfuil cáil idirnáisiúnta air chun forbhreathnú a dhéanamh ar sheachadadh Chéim 1 de Mháistirphlean an Champais sa Todhchaí. Beidh dhá fhoirgneamh shuntasacha dhifriúla mar chuid den tionscadal claochlaitheach seo: Lárionad na Cruthaitheachta agus Lárionad na Foghlama Todhchaí.

Cuirfidh Lárionad na Cruthaitheachta áiseanna nua-aimseartha agus saintógtha ar fáil do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, áiseanna atá gar den Lárionad Innealtóireachta agus Eolaíocht na nÁbhar atá ann cheana. Ina theannta sin, beidh sé mar shéadchomhartha agus mar thairseach fháiltithe lárnach



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 2 11/02/2020 15:00

ag an bealach isteach chuig campas na hOllscoile, áit a mbeidh spás le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus gailearaí ann. Beidh an dara foirgneamh, Lárionad na Foghlama Todhchaí, a dhear RKD Architects, ina chroí nua acadúil don champas. Cuirfidh an foirgneamh seo áiseanna teagaisc agus foghlama ar fáil chun fás na ndisciplíní ar fud na hOllscoile a éascú. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé cóiríocht ar fáil do na hoideolaíochtaí foghlama gníomhacha in áis lárnach shaintógtha chomhaimseartha atá dírithe ar an teagasc agus an fhoghlaim. Cuspóir eile atá ag Céim 1 de Mháistirphlean an Champais sa Todhchaí ná feabhas suntasach a chur ar an riocht phoiblí agus ar eispéireas dhaoine a thagann go dtí an eochairshuíomh seo ar champas Belfield, trí dhearadh uirbeach d'ardchaighdeán, thírdreachú agus comhfhorbairt áite a dhéanamh.

D'oscail Club Ollscoile UCD i mí Bealtaine 2019, rud a rabhthas ag súil go mór leis, ag cur mol nua cruinnithe ar fáil do bhaill na foirne teagaisc, alumni agus do chomhpháirtithe na hOllscoile, ionas go mbeidh siad in ann casadh ar a chéile agus siamsaíocht a chur fáil i dtimpeallacht a oireann d'ollscoil den chéad scoth. Dhear na hailtirí Scott Tallon Walker, a bhfuil clú orthu, an Club, mar síneadh le Halla Uí Raghallaigh UCD. Is spás galánta fáilteach an Club do bhaill agus dá n-aíonna. Soláthraíonn sé spás agus áit inar féidir lénar bpobal Ollscoile bualadh le chéile go sóisialta agus go proifisiúnta, agus ina gcuirimid fáilte roimh fhoirne teagaisc, alumni agus chomhpháirtithe a thugann cuairt ar an Ollscoil. Is cuid dár ngealltanas é Club Ollscoile UCD chun caidreamh níos fearr a fhorbairt le alumni, comhdhálacha agus comhoibrithe acadúla, le hinstitiúidí agus comhpháirtithe tionsclaíochta eile, agus cur le pobal na hOllscoile.

Líonann Club na hOllscoile, an chéad cheann dá leithéid, bearna suntasach sna háiseanna atá ar fáil ar an gcampas. Tá an-áthas orainn go bhfuil lucht leanúna dílis rialta faighte aige go tapa i measc alumni agus foireann UCD.

Tá Céim 1 dár Máistirphlean Cónaitheach uaillmhianach á forbairt faoi láthair, agus cuireadh i gcríoch roinnt phríomhghnéithe struchtúrtha a bhaineann leis san Earrach, 2019. Táthar ag súil leis go mbeidh Céim 1 críochnaithe i Samhradh 2020, ag seachadadh 924 spás leapacha chomh maith le foirgneamh taitneamhachta do mhic léinn a fheidhmeoidh mar shráidbhaile don cheantar cónaitheach nuafhorbartha.

D'oscail Lárionad Gnó Uí Mhodhra UCD agus forbraíodh Teach Newman chun freastal ar Mhúsaem Nualitríochta na hÉireann araon i mí Mheán Fómhair 2019.

I mí na Nollag, d'fhógair mé imeacht an Ollaimh David FitzPatrick, Príomhoide Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, a ceapadh mar Uachtarán ar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do David as a dhíograis agus a rannpháirtíocht san Ollscoil agus leis an Ollamh Michael Bruen a ghlac ról an Phríomhoide san idirthréimhse go dtí gur ceapadh an tOllamh Aoife Ahern mar Príomhoide agus Déan ar Choláiste na hInnealtóireachta i mí Meithimh. Is í Aoife an chéad bhean riamh a glac ról mar Dhéan ar Choláiste na hInnealtóireachta i stair fhada oirirc UCD.

I mí Eanáir, thoghamar an Séú Údarás Rialaithe (ÚR), grúpa daoine atá tiomanta do fhreastal ar leasa na hOllscoile i gcoitinne, ag agus a bheith ag freagairt d'éagsúlacht ár bhfoireann teagaisc agus ghinearálta. Ag a gcéad chruinniú, d'aontaigh an ÚR d'aonghuth Marie O'Connor a ceapadh mar chathaoirleach ar feadh tréimhse cúig bliana. Is é seo an chéad uair inár stair a ceapadh bean sa ról seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCúigiú Údarás Rialaithe atá ag éirí as agus lena chathaoirleach, Eugene McCague, as




*Sa ghrianghraf seo ag Searmanas Bronnta Dámhachtainí Alumni UCD tá (ó chlé go deas) An Dr Mike Byrne, buaiteoir Dhámhachtain Alumni UCD san Eolaíocht; Pat Kenny, fear an tí agus Alumnus UCD; Jane Ann McKenna buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sa Ghnó; An Dr Ann Derwin, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sa Talmhaíocht agus san Eolaíocht Tréidliachta; An Dr Rhona Mahony, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sna hEolaíochta Sláinte; An tOllamh Andrew J Deeks, Uachtarán UCD; Fintan O'Toole, buaiteoir Dhámhachtain Alumni UCD sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí; An Dr Gráinne Healy, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sna hEolaíochtaí Sóisialta; Rob Kearney, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sa Spórt; An Dr Julie McEnery, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sa Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar; agus John Carey, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD san Innealtóireacht agus Ailtireacht. In easnamh ón ngrianghraf tá Vincent Keavney, buaiteoir Dhámhchtain Alumni UCD sa Dlí.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 3 11/02/2020 15:00



Steven Holl ó Steven Holl Architects, An tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD don Taighde, Tionchar agus Nuálaíocht agus An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD ag baint sásaimh as mionsamhail de Champas Todhchaí UCD.




Baill den fhoireann teagaisc agus den fhoireann ghinearálta sa ghrianghraf leis an Uachtarán ag seoladh oifigiúil Chlub Ollscoile UCD i mí Bealtaine.

a ndíograis i leith na hOllscoile i rith a dtréimhse oifige. Tugaim faoi deara freisin gurb é seo an chéad ÚR riamh i stair na hOllscoile a bhfuil cothromaíocht inscne aige agus a bhfuil an líon is mó de bhaill neamhspleácha (seachtracha) ann. Is dea-thuar an dul chun cinn ar fad seo d'fhorbairt UCD amach anseo.

I mí Bealtaine, reáchtálamar Cruinnithe Bliantúla agus Siompóisiam Uachtaráin Ghréasán Domhanda na nOllscoileanna (WUN), ag cur fáilte chuig an gcampas roimh ionadaithe ó 23 ollscoil. Thug an ócáid deis iontach dúinn ár gcampas forleathan agus a áiseanna a chur ar taispeáint, chomh maith lenár n-éachtaí le cúig bliana anuas. I measc buaicphointí na comhdhála eagraíodh seisiún speisialta faoi Mheabhairshláinte Mhic Léinn, agus Siompóisiam na nUachtarán a thug aghaidh ar an topaic 'Oideachas Liobrálach don 21ú hAois'. D'eagraigh agus d'éascaigh Aontas na Mac Léinn UCD an chéad fhóram WUN do mhic léinn freisin, ar éirí go han-mhaith leis agus a chur béim ar láidreachtaí agus ar chumais ár mic léinn.

## Oideachas

An rud is tábhachtaí faoi ollscoil ná daoine, an fhoireann teagaisc agus mic léinn a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach i ngach rud a dhéanann siad. Áit le haghaidh comhoibrithe is ea ollscoil, ag cruthú pobail a mbíonn spreagadh, tacaíocht agus coláisteacht mar bhonn agus mar thaca faoina uaillmhian, áit speisialta chun obair agus staidéar a dhéanamh. Is eiseamláir mhaith den éiteas seo í UCD agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann teagaisc ar fad, sna Coláistí agus sna Scoileanna, a bhfuil lámh acu i gnó laethúil na hOllscoile agus a chinntíonn go bhfeidhmíonn sí mar is ceart. Déanaimid neamhshuimh de chuid mhaith de na rudaí a dhéanaimid; ár gcumas a bheith in ann 33,300 mac léinn a chlárú ar chláir éagsúla; bheith in ann tabhairt faoi beagnach 288,000 tasc ar leith; breis agus 1.75 milliún cuairt ar ár leabharlanna a éascú.

I mbliana bhí an t-am againn machnamh agus ullmhúchán a dhéanamh. Rinneamar rialacháin nua acadúla a fhaomhadh, rialacháin a ndéanfaidh an rialachas atá mar bhonn faoinár gcuid oideachais a athrú go mór. Cruthóidh na rialacháin sin deiseanna don nuálaíocht i gcur i gcrích na gclár; cuirfear socrúcháin agus intéirneachtaí oibre ar fáil; déanfar malartú idirnáisiúnta a spreagadh agus beidh tuilleadh soiléireachta ann do mhic linn agus don fhoireann teagaisc ó thaobh an mheasúnaithe agus an aiseolais de. Rinneamar athbhreithniú ar chóras 'aiseolas ar mhodúil na mac léinn' chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir aiseolas ó mhic léinn a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Beidh an-tionchar ag torthaí na dtionscnamh sin agus iad á gcur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Le bliain anuas, leanamar orainn ag mealladh mic léinn den chéad scoth ó Éirinn agus ar fud an domhain trínár gcáil a scaipeadh mar institiúid a chuireann oideachas d'ardchaighdeáin, eispéireas iontach do mhic léinn agus taighde éifeachtach le cabhair feachtas láidir brandála. Is muidne an chéad rogha ollscoile i measc iarratasóirí CAO go fóill agus is muidne an ollscoil Éireannach is mó a roghnaíonn mic léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 4 11/02/2020 15:00

## Taighde

Don dara bliain as a chéile, fuair taighdeoirí UCD níos mó deontas seachtrach taighde san iomlán ná riamh. Freagraíonn figiúr na bliana seo, €151 milliún, do mhéadú €29 milliún, nó 24%, ar an mbliain 2017/18, agus fuarthas 55% níos mó ná an iomlán a fuarthas in 2016/17. Is figiúr den scoth é sin a léiríonn ardchaighdeán agus dúthracht ár dtaighdeoirí agus ár bhfoireann tacaíochta taighde.

Chuir roinnt deontas mór go sonrach leis an rath seo. Tá láithreacht shuntasach ag UCD i roinnt Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a fuair maoiniú sa dara babhta i mbliana, agus fuair dhá Ionad Teicneolaíochta a óstálann UCD agus a fhaigheann maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann maoiniú freisin. Faigheann na hionaid seo ar fad maoiniú suntasach ó rogha éagsúil comhpháirtithe tionsclaíochta freisin. Bhí rath orainn freisin maidir le scéimeanna nua a tugadh isteach le linn 2018/2019, go háirithe le hIonaid um Oiliúnt Taighde (CRT) SFI agus leis an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB), arna tacú ag An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Ó thaobh na hEorpa de, d'éirigh linn maoiniú a fháil ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus ó Marie Skłodowska Curie Actions go háirithe.

## Rannpháirtíocht Dhomhanda

Cuirimid chun cinn Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD go leanúnach, agus tá go leor bainte amach againn i mbliana. Príomhghné de sin ná dearadh agus seoladh Chreatlach Domhanda Comhpháirtíochta, a thacóidh le UCD comhpháirtíochtaí tábhachtacha institiúideacha a aithint agus a chothú ar fud an domhain.

Ar an gcampas, mhéadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta go 8,428, figiúr a fhreagraíonn do bheagnach 29% de na mic léinn ar fad ar champais UCD i mBaile Átha Cliath, rud a thugann éagsúlacht dár bpobal le mic léinn ó 136 tír éagsúil. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, cláraíonn UCD beagnach 4,000 mac léinn ar chláir a mhúintear thar lear, agus bhí borradh mór i mbliana sna clárúcháin i gColáiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath atá lonnaithe sa tSín.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Má táthar chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI) a chur chun cinn i dtimpeallacht ollscoile, is gá aird a thabhairt ar na dúshláin a mbíonn roimh an bhfoireann teagaisc, an fhoireann i gcotinne agus na mic léinn, ar na polasaithe, cleachtais agus cultúir eagraíochtúla atá i bhfeidhm, agus ar na deiseanna ar leith atá ar fáil san ollscoil don smaointeoireacht shuaithinseach agus do thionscnaimh nuálacha.

I measc na bpríomhnuálaíochtaí a bhí ann i mbliana bhí ceapachán na Leas-Phríomhoidí Coláiste um Chomhionannas, Éagsúlach agus Ionchuimsiú, a chruthaíonn nasc tábhachtach idir beartais na hOllscoile, a cumainn agus a Scoileanna.

D'éirigh le sé Scoil de chuid UCD agus le Coláiste amháin (a bhfuil sé Scoil eile mar chuid de) gradaim chré-umha Athena SWAN a bhaint amach ó bhí Samhain 2018 ann. Tá coistí EDI curtha ar bun ag gach ceann de na Scoileanna/Coláistí sin le tacú leo a bpleananna gníomhaíochta maidir le chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm. Beidh tionchar suntasach ag na gradaim sin ó thaobh aird an phobail a tharraingt ar cheist na hinscne agus ar an gclár EDI i gcoitinne ar fud na hOllscoile, agus déanfar tionscnaimh a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil chun é sin a bhaint amach. Tá baint ag os cionn fiche Scoil UCD le próiseas Athena SWAN ag céimeanna éagsúla faoi láthair.

## Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Dlúthchuid dár bhfís don fhás agus don fhorbairt is ea Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt, agus tá sé ar cheann de sé Mhórthionscnamh Straitéiseacha na hOllscoile. Le bliain anuas tá tuilleadh dul chun cinn déanta againn ó thaobh comhpháirtíochtaí a chruthú le heagraíochtaí atá bunaithe anseo in Éirinn agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimsí amhail forbairt tallainne, taighde agus nuálaíocht, agus freagracht shóisialta chorparáideach. Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a chruthú le tionscal agus le heagraíochtaí eile ar bhealach struchtúrtha ionas go mbeidh tionchar ábhartha ag UCD ar an tsochaí, agus go bhfeabhsófar eispéireas na mac léinn agus rannpháirtíocht taighdeoirí dá bharr.

Leanfaimid orainn ag neartú ár gcaidreamh leis an earnáil tionsclaíochta trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha tábhachtacha a chruthú le líon áirithe eagraíochtaí. I measc mhórchomhpháirtíochtaí straitéiseacha UCD tá: AIB, Bristol-Myers Squibb, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Genomics Medicine Ireland, ICON plc, Intel, Mainstream Renewable Power, Microsoft, Origin Enterprises plc agus PwC.

> *Ba é an t-éacht is tábhachtaí a bhaineamar amach i réimse **an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe** ná ceapachán an chéad Údarás Rialaithe riamh i stair na hOllscoile a raibh cothromaíocht inscne ann.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 5 11/02/2020 15:00




*An tOllamh Imelda Maher, Déan Scoil an Dlí; Eochairchainteoir, An tAmbasadóir William L Swing; agus Uachtarán UCD An tOllamh Andrew Deeks le Muintir Sutherland. D'óstáil Scoil Dlí Sutherland UCD ócáid i gcuimhne ar Peter Sutherland Dé hAoine 29 Márta, 2019. Bhí Peter ar cheann de na alumni is oirirce ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhain amach céim le UCD. Chruinnigh Scoil Dlí UCD le muintir, cairde, iarchomhscoláirí agus iarchomhghleacaithe Peter chun ómós a thabhairt don fhear cumasach seo. Daonnúlach agus cosantóir imirceach, moladh Peter go h-ard mar dhuine a bhain amach clú domhanda de bharr an méid a rinne sé sa dlí, sa ghnó agus i ngnóthaí idirnáisiúnta.*

Tá ICON agus UCD ag dul i dtreo na dara céime ina gcomhpháirtíocht straitéiseach anois, lena n-áirítear Ollscoil ICON (comhpháirtíocht le Coláiste Gnó UCD, chun tacú le forbairt tallainne laistigh de ICON), mar aon le comhoibriú le Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD, lena n-áirítear go príomha Lárionad Taighde Cliniciúil UCD.

Chabhraigh AIB linn, ar bhunús a chomhpháirtíocht straitéiseach le UCD, infheistíocht a dhéanamh i réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh oideachais, taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear Ollúnacht AIB san Eacnamaíocht Iompraíochta a bhunú.

Tá an Clár Scoláireachta rathúil do Mhic Léinn Máistir Intel/UCD ann i gcónaí, agus ghlac mé páirt sa tríú Searmanas Bronnta Scoláireachta ag campas Intel i Léim an Bhradáin i mí Dheireadh Fómhair 2018, searmanas a tharlaíonn gach bliain. Táimid buíoch freisin go bhfuil tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag Intel d'Ionad Taighde Ard-Déantúsaíochta I-Form Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tionscnamh atá faoi stiúir UCD.

Leanadh i mbliana leis na tionscnaimh a bhí á rith againn cheana i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, amhail Féile UCD, Rochtain ar oideachas agus an tionscnamh 'Smart City'.

I gcomhpháirtíocht le Microsoft tá UCD ag forbairt an chéad chláir acadúil in Éirinn chun cuidiú le cruthú beartais dhigitigh a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam tacaíocht a thabhairt d'uaillmhian na hÉireann bheith ina ceannaire digiteach san Eoraip agus a chinntiú go gcoinníonn an earnáil tionsclaíochta, an rialtas, agus déantóirí beartas leis an teicneolaíocht ionas gur féidir le dlíthe agus beartais bheith ábhartha do na dúshláin a bhaineann le domhan digiteach na linne seo agus na todhchaí. Beidh an chéad rang den Teastas agus Dioplóma i Léann an Bheartais Dhigitigh ar siúl i mbliain acadúil 2019/20 agus, chun a sheachadadh a éascú, tá sé i gceist Ollamh Cúnta sa Bheartas Digiteach a cheapadh. Beidh an clár Máistreachta ar fáil in 2020.

D'fhógair UCD agus Genomics Medicine Ireland (GMI) ceann de na comhpháirtíochtaí acadúla agus tionsclaíochta is mó ar domhan sa taighde géanómaíochta. Mar chuid de chlár taighde forleathan ar an daonra a chuimsíonn breis agus 60 galar, déanfar imscrúdú ar an ngaol atá idir éagsúlacht ghéiniteach agus galair i ndaoine ag úsáid faisnéise a bhaineann le 10% de dhaonra na hÉireann. Díreoidh GMI freisin ar phríomhthionscnaimh a bhfuil mar aidhm acu an chéad ghlúin eile de ghairmithe leighis i réimse an leighis ghéanómaíoch a chur ar fáil, a oiliúint agus a fhorbairt, rud a bheidh ríthábhachtach ó thaobh rannpháirtíocht agus rath na hÉireann sa an réimse ceannródaíoch seo.

Tá comhpháirtíocht straitéiseach á forbairt ag PwC agus UCD, a bhfuil mar aidhm aici oideachas agus forbairt tallaine a chur chun cinn. Déanfar infheistíocht shuntasach thar thréimhse seacht mbliana agus, mar chuid den chomhaontú, oibreoidh PwC agus UCD le chéile sna réimsí seo a leanas: oideachas agus forbairt tallaine, ceannaireacht smaointeoireachta, nuálaíocht agus freagracht shóisialta chorparáideach.

Tá CONSUS, an chomhpháirtíocht straitéiseach idir UCD agus Origin Enterprises, i bhfeidhm i gcónaí i réimse na gcóras feirmeoireachta don todhchaí. Úsáidfidh foirne taighde ildisciplíneacha UCD a saineolas taighde san eolaíocht sonraí agus sa talmhaíocht, i gcomhar le saineolaithe tionscail Origin, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht barr, ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le slándáil bhia an domhain.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 6 11/02/2020 15:00

Tá UCD agus Bristol Myers Squibb ag forbairt chomhpháirtíocht straitéiseach i bhforbairt tallaine, taighde agus nuálaíocht, agus i bhfreagracht shóisialta chorparáideach. Mar chuid den chomhoibriú taighde idir an dá eagraíocht amach anseo tabharfar faoi obair i réimse na hard-déantúsaíochta bithchógaisíochta.

## Ceangail a dhéanamh arís lenár Alumni Domhanda

Is gréasán cumhachtach é gréasán domhanda alumni UCD, agus tá breis agus 280,000 alumni againn in 169 tír anois. Cónaíonn 30% de na alumni seo thar lear, a bhformhór sna Stáit Aontaithe, i Singeapór agus sa Ríocht Aontaithe, ach tá líon suntasach dár alumni lonnaithe ar fud na hÁise, na hAstráile, Ceanada agus san Eoraip. Tá cumainn bunaithe againn anois i mbreis agus 42 tír ar fud an domhain

Is ceann de na láidreachtaí is mó atá ag an Ollscoil iad na alumni agus is léiriú iad ar an gclú atá orainn mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann. Tá mé sásta go bhfuil borradh tagtha ar rannpháirtíocht alumni le bliain anuas. Mhéadaigh líon na n-ócáidí bliantúla d'alumni ó 161 go 242, agus mhéadaigh líon na ndaoine a d'fhreastail orthu ó 26,000 go 35,000. I measc na mbuaicphointí le bliain anuas bhí an 5ú Searmanas Bronnta Dámhachtainí d'Alumni UCD i mí na Samhna, inar thugamar aitheantas do dheichniúr alumni iontacha arna n-ainmniú ag pobal UCD de bharr a méid a bhaineadar amach sna healaíona, san earnáil sláinte, sa leigheas tréidliachta, san eolaíocht, sa ghnó, sa talmhaíocht, san innealtóireacht, sa taighde acadúil, san eolaíocht shóisialta agus sa dlí.

Buaicphointe eile a bhí ann ná Féile UCD ar an 8 Meitheamh, áit ar ghlac 20,000 alumni agus baill eile de phobal UCD páirt i breis agus 100 imeacht cruthaitheachta, nuálaíochta, fionnachtana agus taighde ar fud an champais thar lá amháin.

Tá borradh suntasach feicthe againn le bliain anuas inár dteagmháil le alumni ar líne, agus ardú 30% i líon na alumni (45,000) a dhéanann teagmháil lenár bpobail ar líne. Tá fás suntasach 29% feicthe againn freisin inár gclár nua obair dheonach do alumni. Tá os cionn 3,000 alumni ag glacadh páirt ghníomhach san obair dheonach ar son UCD anois. Rinne siad ionadaíocht ar chumainn ar fud an domhain, d'fheidhmigh siad mar phaineálaithe agus mar mheantóirí gairme, agus thugadar a gcuid ama agus saintaithí chun eispéireas mhic léinn UCD a fheabhsú.

## Bronnadh Daonchairdiúil

Ní hamháin go bhfuil ár alumni flaithiúil lena gcuid ama agus a gcuid eolais, ach tá níos mó acu ná riamh ag tacú le heispéireas na mac léinn trí thacaíochtaí mic léinn mhíosúil a chur ar fáil agus seirbhísí ar nós scoláireachtaí agus seirbhísí mheabhairshláinte a sholáthar. Le bliain anuas, tá breis agus €3.3 milliún tugtha ag níos mó ná 4,400 alumni chun maoiniú díreach a thabhairt do thacaíochtaí mic léinn.

Bíonn tionchar forleathan leanúnach ag ár alumni agus ár ndeontóirí anseo in Éirinn agus i gcéin. Mo bhuíochas le gach duine acu as a dtacaíocht, a dtiomantas agus a spreagadh leanúnach a chabhraíonn linn ár ról mar phríomhollscoil dhomhanda na hÉireann a chomhlíonadh.

Chabhraigh síntiús éachtach ó chara mór de chuid UCD linn i mbliana ár n-uaillmhian don Champas Todhchaí a chur chun cinn: áiseanna nua teagaisc, foghlama agus taighde den chineál is úire a fhorbairt do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann i gcoitinne.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Angela Moore agus aitheantas a thabhairt don bhronntanas iontach a thug sí i ndílchuimhne a fear céile, an Dr George Moore, alumnus de chuid UCD. Mar thoradh ar an mbronntanas seo, agus mar gheall ar fhlaithiúlacht roinnt dár gcomhpháirtithe corparáideacha, osclófar Lárionad Gnó Uí Mhórdha UCD i mí Mheán Fómhair 2019. Beidh Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn UCD dhá oiread níos mó dá bharr, agus beidh réimse áiseanna nua ann, a chuirfidh ar chumas mhic léinn gnó aghaidh a thabhairt ar smaointe casta ag baint úsáide as na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht na foghlama.

Osclófar Lárionad Joyce Naughton UCD i mí Mheán Fómhair freisin, a chuimseoidh MoLI, Músaem Litríochta na hÉireann i bhFaiche Stiabhna. I gcomhpháirtíocht le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, déanann MoLI ceiliúradh ar ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a bhfuil clú domhanda air. Is de bhuí bhronntanas ceannasaíochta a fuarthas ó Fhondúireacht Naughton chomh maith le tacaíocht shuntasach bhreise ó Fáilte Ireland agus ó dheontóirí eile a tháinig an séadchomhartha fíorspéisiúil ar an bhfód. Léiríonn flaithiúlacht ár ndeontóirí i dtaobh an tionscadail seo an cineál físe iontach ar féidir a fhíorú nuair a théann an daonchairdeas i bpáirt le hinstitiúidí poiblí chun fiontair nua bheoga a chruthú.

Téann flaithiúlacht ár alumni, ár gcairde, agus ár gcomhpháirtithe corparáideacha go croí ionam as an tacaíocht a thug siad dár bhfeachtais, as an maoiniú a thug siad dár mic léinn chumasacha trí thacaíocht a thabhairt do scoláireachtaí, agus as cabhrú linn ár bhfoireann teagaisc ceannais a fhorbairt, beocht a thabhairt dár dtaighde agus as ár n-uaillmhianta forbartha caipitil a mhúscailt. Tá mé buíoch as a dtiomantas agus as an mhuinín a chuireann siad san obair a dhéanaimid agus sa todhchaí atáimid ag iarraidh a chruthú.

> ***Téann flaithiúlacht ár alumni, ár gcairde, agus ár gcomhpháirtithe corporáideacha go croí ionam*** *as an tacaíocht a thug siad dár bhfeachtais, agus as an maoiniú a thug siad dár mic léinn chumasacha.*

## Rannpháirtíocht an Phobail

Lean an clár 'UCD sa Phobal' ar aghaidh ag déanamh teagmhála le heagraíochtaí pobalbhunaithe i rith 2018/19. Eagraíodh Lá na nOibrithe Deonacha i mí Dheireadh Fómhair 2018, a chuimsigh Aonach Deonach agus ceardlanna éagsúla ar fud an champais.

Tharla achainí bhliantúil do phacáistí cúraim Simon Community Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag, i gcomhpháirt le Coláiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir mar chuid dá clár 'Localise'. A bhuí le flaithiúlacht fhoireann teagaisc, foireann agus mic léinn UCD, cuireadh le chéile 270 pacáiste cúraim inar cuireadh ar fáil nithe bunriachtana do dhaoine a chodlaíonn lasmuigh i lár Chathair Átha Cliath.

Bhí UCD sa Phobal an-sásta comhoibriú a dhéanamh le Age & Opportunity arís dá gcúrsa 'Touchstone', a bhí ar siúl gach seachtain ar feadh ocht seachtaine in UCD. Ghalc fiche rannpháirtí ón bpobal áitiúil páirt ann. Cúrsa gearrthéarmach is ea Touchstone, a bhfuil mar aidhm aige scileanna agus eolas daoine a fhorbairt, daoine ar mhian leo a bpobail a dhéanamh níos oiriúnaí do dhaoine aosta.

Tar éis an rath a bhí ar an ócáid in 2018, bhí an-áthas ar UCD agus ar Lions Club Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirt le Simon Community Bhaile Átha Cliath, 'Hope Fest' eile a eagrú ar an Satharn 18 Bealtaine i nGairdíní Uíbh Eachach. Is féile folláine í seo do dhaoine a bhfuil taithí acu a bheith gan dídean. Cuireadh ar fáil seibhísí lónadóireacht, chomh maith le ceol ó Chór Pobail UCD agus áit folláine, áita raibh ár n-aíonna in ann leas a bhaint as seirbhísí éagsúla, amhail bearradh gruaige a fháil, seirbhísí cosliachta agus ióga. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann teagaisc, foireann agus mic léinn UCD a d'oibrigh go deonach chun an 'fhéile' iontach seo a eagrú.

Cuireann 'UCD Explore' spás corraitheach oideachasúil chun deis a thabhairt do dhaltaí bunscoile a bheith ag spraoi agus foghlaim tríd an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht, na healaíona agus an mata. In 2018/19, cheadaigh maoiniú ó Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Intel Ireland do 1070 dalta ó 34 scoil páirt a ghlacadh i gcláir scoileanna UCD Explore.

## Mar Fhocal Scoir…

Ba bhliain iontach í 2018/19 do UCD, agus, ag féachaint siar mar a rinneamar le linn phróiseas an phleanála straitéisigh, ba thréimhse thar cionn í an tréimhse cúig bliana seo i stair na hOllscoile. In ainneoin doicheall Rialtas na hÉireann dul i ngleic leis an ngéarchéim a bhaineann le maoiniú san ardoideachas, tá dul chun cinn déanta ag UCD: táimid anois níos mó ná mar a bhí riamh; tá ag éirí níos fearr linn ná riamh ó thaobh eispéireas ár mac léinn, caighdeán, méid agus tionchar ár dtaighde, agus ó thaobh na rannpháirtíochta. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil ardú 50% tagtha ar ár rannpháirtíocht idirnáisiúnta, ardú 120% ar ár rannpháirtíocht leis an tionscal, agus ardú 300% ar ár rannpháirtíocht le alumni le cúig bliana anuas. Ní thagann ach 35% dár n-ioncam ó chistí a chuireann an stát ar fáil, an cóimheas is ísle i stair na hollscoile, agus figiúir a fhreagraíonn don chóimheas is ísle i measc Institiúidí Ardoideachais in Éirinn. Ag an am céanna, tá an líon is mó mac léinn (FTE), foireann teagaisc agus foireann ginearálta againn, an líon is mó mac léinn idirnáisiúnta, an líon is mó mac léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta agus an leibhéal is airde tacaíochta daonchairdiúil againn. Is éachtaí iad seo ar chóir go mbeadh pobal iomlán UCD bródúil astu agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine ónár bpobal a raibh lámh acu i mbaint amach an leibhéil iontach feidhmíochta seo.

Soláthraíonn an tuarascáil seo níos mó sonraí faoi na héachtaí seo agus faoi éachtaí eile nach bhfuil an spás agam anseo iad a lua. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as léamh faoin méid atá bainte amach againn agus go ndéanfaidh tú ceiliúradh linn. Tá mé ag tnúth le do thacaíocht leanúnach sa todhchaí.



**An tOllamh Andrew J Deeks**
Uachtarán UCD



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 8 11/02/2020 15:00

## UCD 2014-2019

# Cúig bliana ina ndearnadh dul chun cinn Iontach

## 12 Eochairtháscaire maidir le dul chun cinn

**+5%**
Sástacht Mic Léinn

**-4.2%**
Cóimheas Mac Léinn: Foireann Teagaisc

**+50%**
Rannpháirtíocht Dhomhanda

**+5.5%**
Caighdeán an Taighde

**+100%**
Líon na Mac-Chuideachtaí

**+53%**
Tacaíocht Dhaonchairdiúil

**+302%**
Rannpháirtíocht Alumni

**+131%**
Rannpháirtíocht Tionscail

**+23%**
Caighdeán an Taighde

**+39%**
Ioncam nach ón Státchiste é

**+13.3%**
Líon Fostaithe

**+10.5%**
Líon Mac Léinn

Nótaí

**Sástacht Mic Léinn:** feabhas ar an scór i Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn

**Cóimheas Mac Léinn:Foireann Teagaisc:** méadú % ar an gcóimheas mac léinn:foireann teagaisc

**Rannpháirtíocht Dhomhanda:** méadú % na mac léinn neamh-AE

**Rannpháirtíocht Alumni:** méadú % ar líon na n-imeachtaí do chéimithe

**Rannpháirtíocht Tionscail:** méadú % ar líon na bhfoilseachán SciVal arna gcomhscríobh ag an tionscal

**Méid Taighde:** méadú % ar líon na bhfoilseachán SciVal arna gcomhscríobh ag UCD

**Caighdeán an Taighde:** méadú % ar Thionchar Lua agus é Ualaithe de réir Réimse, bunaithe ar mheán cúig bliana

**Líon na Mac-Chuideachtaí:** % méadaithe sna cúig bliana roimhe seo

**Tacaíocht Dhaonchairdiúil:** % méadaithe sna cúig bliana roimhe seo

**Líon na Mac Léinn:** méadú % ar líon na mac léinn ar champais UCD in Éirinn





# Forbairt champas UCD









*Radharc ón aer de Champas Belfield lena n-áirítear íomhá 3T d'fhoirgnimh Chéim 1 den Champas Todhchaí: Lárionad don Chruthaitheacht agus Lárionad Foghlama don Todhchaí; a chuimsíonn na foirgnimh chónaitheacha do mhic léinn atá le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2020.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 10 11/02/2020 15:00

# UCD IN UIMHREACHA




## Staitisticí faoi mhic léinn UCD ar Champais na hÉireann







10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 11 11/02/2020 15:00


## Staitisticí faoi mhic léinn UCD sna hOibriúcháin Thar Lear





## Mic Léinn UCD in Éirinn




## Miondealú ar líon Fhochéimithe/Chéimithe UCD





## Mic Léinn UCD Fireanna/Baineanna




## Foireann UCD Fhireann/Bhaineann





## Staitisticí maidir leis an bhFoireann in Éirinn



## Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiúin

2018/19




## Líon na bhFochéimithe agus na gCéimithe UCD de réir Disciplín

Éire 2018/19

| Réimse Ábhair | Fochéimí | Céimí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cláir agus cáilíochtaí cineálacha | 281 | – | **281** |
| Oideachas | 23 | 616 | **639** |
| Ealaíona agus Daonnachtaí | 3,489 | 405 | **3,894** |
| Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus faisnéis | 2,041 | 880 | **2,921** |
| Gnó, riarachán agus dlí | 3,777 | 2,376 | **6,153** |
| Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí | 2,280 | 979 | **3,259** |
| Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TCFanna) | 490 | 732 | **1,222** |
| Innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil | 1,668 | 1,101 | **2,769** |
| Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht agus tréidliacht | 1,752 | 564 | **2,316** |
| Sláinte agus leas | 3,697 | 1,971 | **5,668** |
| Seirbhísí* | 158 | 21 | **179** |
| **Iomlán** | **19,656** | **9,645** | **29,301** |

Déantar na figiúirí a rangú faoin Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar Oideachas (ISCED) a bhíonn in úsáid ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus a úsáidtear go forleathan chun comparáidí a dhéanamh idir staitisticí oideachais i dtíortha éagsúla ar bhonn sainmhíniú aonfhoirmeach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.

* Cuimsítear sna seirbhísí sin cláir amhail Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 14 11/02/2020 15:00

## An 20 Tír a bhfuil an líon is mó Céimithe UCD iontu*

**207,829**
(1) Poblacht na hÉireann

**13,273**
(2) Na Stáit Aontaithe

**12,541**
(3) Singeapór

**10,226**
(4) An Ríocht Aontaithe
(Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann)

**5,581**
(5) Srí Lanca

**3,525**
(6) An tSín

**3,135**
(7) Hong Cong

**3,013**
(8) An Fhrainc

**2,841**
(9) An Ghearmáin

**2,093**
(10) An Spáinn

**1,758**
(11) An India

**2,152**
(12) Ceanada

**1,393**
(13) An Iodáil

**2,994**
(14) An Astráil

**952**
(15) An Mhalaeisia

**773**
(16) An Bheilg

**1,004**
(17) An Ísiltír


**815**
(18) An Eilvéis

**400**
(19) An Ostair

**417**
(20) An tSualainn

* Líon na gcéimithe a bhfuil a sonraí teagmhála againn.

## Céadroghanna CAO






10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 15 11/02/2020 15:00

# OIDEACHAS



## Réamhrá ón gCláraitheoir agus ón Leas-Uachtarán

**An rud is tábhachtaí faoi ollscoil ná na daoine. Ní mór an fhoireann teagaisc, an fhoireann ghinearálta agus na mic léinn a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach i ngach rud a dhéanann siad. Áit le haghaidh comhoibrithe is ea ollscoil, ag cruthú pobail a mbíonn spreagadh, tacaíocht agus coláisteacht mar bhonn agus mar thaca faoina uaillmhian, áit speisialta chun obair agus staidéar a dhéanamh.**

Tá mé iontach sásta an achoimre seo a chur i láthair maidir le roinnt de héachtaí atá déanta ag UCD i réimsí an oideachais agus an eispéiris i mbliana. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don fhoireann teagaisc ar fad, sna Coláistí agus sna Scoileanna, a bhfuil lámh acu i gnó laethúil na hOllscoile agus a chinntíonn go bhfeidhmíonn sí mar is ceart. Déanaimid neamhshuimh de chuid mhaith de na rudaí a dhéanaimid; ár gcumas a bheith in ann 33,900 mac léinn a chlárú ar chláir éagsúla; beagnach 288,000 measúnú aonair a dhéanamh agus breis agus 1.75 milliún cuairt chuig ár leabharlanna a éascú.

I mbliana bhí an t-am againn machnamh agus ullmhúchán a dhéanamh. Rinneamar rialacháin nua acadúla a fhaomhadh, rialacháin a ndéanfaidh an rialachas atá mar bhonn faoinár gcuid oideachais a athrú go mór. Cruthóidh na rialacháin sin deiseanna don nuálaíocht i gcur i gcrích na gclár; cuirfear socrúcháin agus intéirneachtaí oibre ar fáil; déanfar malartú idirnáisiúnta a spreagadh agus beidh tuilleadh soiléireachta ann do mhic linn agus don fhoireann teagaisc ó thaobh an mheasúnaithe agus an aiseolais de. Rinneamar athbhreithniú ar chóras 'Aiseolas ar Mhodúil na Mac léinn' chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir aiseolas ó mhic léinn a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Beidh an-tionchar ag torthaí na dtionscnamh sin agus iad á gcur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, déanfar imscrúdú ar chaighdeán institiúideach UCD in 2019 mar chuid d'athbhreithniú tráthrialta 7 mbliana. Mar ullmhúchán dó seo, rinneamar athbhreithniú ar éifeacht ár bpróisis cháilíochta trí chomhairliúchán a dhéanamh ar fud na hOllscoile, agus i mí Iúil chuireamar ár Tuarascáil Institiúideach Féinmheasúnaithe agus ár bPróifíl Institiúideach isteach chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Is deis thábhachtach é an t-athbhreithniú tráthrialta dúinn ár dtiomantas do mhachnamh agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí a léiriú.

I mí Márta reáchtálamar an tríú imeacht 'Work Smarter Together' a chuireann cruthaitheacht agus nuálaíocht phobal UCD chun cinn agus a thugann aitheantas dó. Anuas air sin, ghlac 300 ball foirne páirt i gcláir oiliúna Agile, rud a chur lenár gcumais feabhas leanúnach a dhéanamh. Thugamar isteach Timpeallacht Fhíorúil Foghlama chun caighdeán eispéireas foghlama ár mac léinn a fheabhsú agus d'fhoilsíomar Straitéis UCD um Fhorbairt Gairmiúil agus Fhostaíocht chun ár gcuid oibre a threorú maidir le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus teagmháil a dhéanamh leo.

Agus straitéis reatha na hOllscoile á cur i gcrích, táimid dírithe fós ar eispéireas oideachas atá iomlánaíoch a chur ar fáil, agus nach sainíonn mic léinn de réir a gcúlra acadúil nó na riachtanas pearsanta atá acu. An téama a bhí ag Siompóisiam maidir le Rochtain UCD, a bhí ar siúl i mí Bealtaine, ná *You'll never walk alone*, ag leagan béime ar chomh tábhachtach atá sé ollscoil ionchuimsitheach a chruthú ina bhfuil mic léinn ar a suaimhneas agus ina mothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu. Ní chaitheann mic léinn lipéid. An aidhm atá againn ná áit a chruthú ina bhfuil ár gcuraclaim agus ár bpróisis oiriúnach do gach mac léinn ón tús, ag laghdú an gá a mbeadh le heisceachtaí a dhéanamh agus lipéid a chruthú. Tá dul chun cinn déanta againn i dtreo na sprice seo agus táimid ag tnúth le tionchar éachtaí ár mic léinn san oideachas a fheiceáil.



**An tOllamh Mark Rogers**
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 16 11/02/2020 15:00



An tOllamh Mark Rogers le céimithe Agile 2018/19 agus iad ag fáil teastas Green Belt (ó chlé go dea): Derek Reilly, An Dr Sabine Harrison, An Dr Dimitrios-Stavros Kapetanakis, Maria McDonald, Iseult Ó Síocháin, Pia Polotto agus Tom Cannon.

## Cláir Mhúinte agus Disciplíní

Lean UCD ar aghaidh ag feabhsú eispéireas acadúil na mac léinn ar fud ár gclár múinte agus ár ndisciplíní lena n-áirítear athbhreithnithe a dhéanamh ar ár rialacháin acadúla; cur chuige nua maidir le measúnachtaí a fhorbairt; agus tús áite a thabhairt don fhorbairt ghairmiúil agus don fhostaíocht. I mí na Samhna, chun ceiliúradh a dhéanamh ar seachtó bliain tiomantas don oideachas ar feadh an tsaoil, d'eagraíomar sraith léachtaí saor in aisce mar 'réamhbhlaiseadh' den staidéar ollscoile, rud a mheall breis agus 600 foghlaimeoir ar feadh an tsaoil. Chomh maith leis sin, thugamar isteach ceithre conair oideachais nua tríd an bhFoghlaim Oscailte sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí, sna hEolaíochtaí Sóisialta agus sa Dlí agus san Eolaíocht. Tá an fhoráil ag fás go fóill agus breis agus 190 mac léinn cláraithe anois.

### Athbhreithniú ar Rialacháin Acadúla

Rinneamar grinnfhiosrúchán ar ár Rialacháin Acadúla ar aon dul lenár gcuspóir straitéiseach chun curaclam a thairiscint do mhic léinn atá bunaithe go hiomlán ar thorthaí agus a bhfuil solúbthacht aige maidir leis an bhfoghlaim agus an mheasúnacht. Bunaithe ar aighneachtaí ón bhfoireann teagaisc agus ó Choláistí agus Scoileanna, forbraíodh sraith amháin de rialacháin do gach clár múinte san Ollscoile, agus sraithe eile rialacháin do mhic léinn iarchéimithe taighde. Cuireadh bearta áirithe san áireamh chun próisis chothroma chóra thrédhearcacha a chinntiú chomh maith le haiseolas pras éifeachtach a thabhairt do mhic léinn ar gach saothar a dhéantar measúnú air. Tugadh struchtúir nua clár isteach chun comhleanúnachas clár agus dul ar aghaidh pras agus solúbtha do mhic léinn a chur chun cinn. Thacaigh Rúnaíocht Ollscoile UCD an t-athbhreithniú seo a dhéanamh agus tiocfaidh na rialacháin nua i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2019.

D'éiligh na rialacháin nua feidhmiú céimneach chóras nua chun eolas faoin gcuraclam a fháil freisin. Arna dhearadh ag Clárlann UCD agus Seirbhísí TF UCD, ceadaíonn sé don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ginearálta eolas maidir le modúil, príomhábhair agus cláir a chur isteach sa chóras. Forbraíodh brabhsalaí nua curaclaim freisin chun acmhainn chuardaigh níos fearr a sholáthar.

### Measúnú

Freastalaíonn na rialacháin acadúla nua ar fhorbairtí nua i modhanna measúnaithe, amhail measúnú comhtháite thar mhodúil éagsúla agus measúnú ar thorthaí foghlama lasmuigh de na struchtúir thraidisiúnta a bhíonn ag modúil. Bunaíodh an tionscnamh 'Creatlach Chur chun Feidhme Fheabhsúcháin Mheasúnaithe' i mbliana chun tuilleadh forbartha a dhéanamh air seo. D'fhoilsigh UCD, in éineacht le IADT, *Cás-Staidéar Dearaidh Uilíoch ar Mheasúnacht Ionchuimsitheach & Aiseolas ó IADT agus UCD*chun cur chuige nua sa mheasúnacht a chur chun cinn. Léiríonn an foilsiúchán tábhachtach seo réimse cur chuige nuálaíoch a úsáidtear sa mheasúnacht, áit a ndéanann mic léinn a gcuid foghlama a comhchruthú.

### Foghlaim Chumaisc

I mbliana chuireamar tús leis an aistriú chuig Brightspace, ár dTimpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE) nua. Tá comhéadan lánfhreagrúil ag Brightspace agus tá radharc clár ríomhaireachta aige a cheadaíonn do mhic léinn féachaint ar sheanmhódúil agus ar mhódúil atá ar bun faoi láthair agus iad ag dul ar aghaidh ina n-aistear foghlama. Chomh maith le heispéireas níos seasmhaí a chruthú de réir mhodúil trí chomhéadan caighdeánaithe a chur ar fáil, feabhsaíonn sé go mór eispéireas an fhoghlaimeora. D'eagraigh Seirbhísí TF UCD agus Teagasc agus Foghlaim UCD ceardlanna don fhoireann teagaisc chun aistriú gan dua a chinntiú agus chun na gnéithe nua a chuireann Brightspace ar fáil a thaispeáint. D'éascaigh Líonra Comhairliúchán Teicneolaíochta Oideachasúil UCD (ETAN), i gcomhar le Leas-Uachtaráin UCD don Teagasc agus don Fhoghlaim, le Teagasc agus Foghlaim UCD agus le Seirbhísí TF UCD, an tsraith EdTECx UCD bunaithe ar an téama *Beyond Transition: Leveraging the Potential of Brightspace.*

Cumraíodh Brightspace chun go mbeadh sé ag tacú leis na rialacháin acadúla nua, agus cuimsíonn sé ráithí, scálaí uasdátaithe malairte agus an cumas aiseolas

pras a sholáthar ag baint úsáide as níos mó modhanna seachadta ná riamh.

### Soláthar Chúrsaí Roghnacha

Leanamar orainn ag leathnú an churaclaim trí roghanna chúrsaí roghnacha nua nuálacha a sholáthar. Leathnaíodh réimse na Modúl Fionnachtana ar féidir le mic léinn a dhéanamh mar chúrsaí roghnacha i mbliana, lena n-áirítear topaicí a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leo amhail Spriocanna Forbartha Domhanda, Cogadh, An Óige, Fuinneamh, Athrú Aeráide agus Beartas. Dearadh na modúil seo chun tuiscint na mac léinn ar dhearcthaí éagsúla disciplíní ar thopaicí tábhachta a neartú. Múintear iad ar fud go leor scoileanna éagsúla agus bíonn léachtaí bunaithe ar an taighde is úire mar chuid daoibh.

### Forbairt Gairme agus Infhostaíocht

In 2018 agus 2019, chuir rangú an QS maidir le hInfhostaíocht Céimithe UCD sa 75ú háit (2018) agus sa 74ú háit (2019) ar domhain. Choinnigh sí an chéad áit in Éirinn. D'fhoilsíomar straitéis nua na hOllscoile maidir le forbairt gairme agus infhostaíocht, an 'Straitéis um Fhorbairt Gairme agus Infhostaíocht', i gcomhar leis an bhfoireann teagaisc, leis an bhfoireann agus le fostóirí. Tabharfaidh an Straitéis treoir dár gcuid oibre agus muid ag tacú le mic léinn a n-acmhainneacht ghairmiúil a fhorbairt agus a gcuid deiseanna fostaíochta amach anseo a neartú.

### Dearbhú Cáilíochta

Tá cur chuige ilsrathach ag UCD maidir le dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta atá bunaithe ar phríomhphointí cinnteoireachta ag leibhéil na hOllscoile, an Choláiste, na Scoile agus na n-aonad. Cuireann príomh-mhéadrachtaí atá ag teacht le Straitéis UCD 2015-2020 bonn eolais faoinár nAthbhreithnithe Tráthrialta Cáilíochta agus ár n-aonaid tacaíochta. I mbliana, rinneadh athbhreithnithe ar Scoileanna Oideachais UCD; Scoil na Síceolaíochta; Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis; Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis; Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte; Coláiste Gnó UCD; Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD; Coláiste Idirnáisiúnta Beijing-Bhaile Átha Cliath agus, ina ról mar Sholáthraí atá Nasctha le UCD, Institiúid na Baincéireachta. Léirítear go bhfuil cultúr cáilíochta ag UCD trí athbhreithniú agus feabhas leanúnach beartas agus próiseas a chur i bhfeidhm, amhail na Rialacháin Acadúla.


## Taighde Chéimithe

Ba thréimhse thorthúil í an ceann seo do UCD ó thaobh ár gclár oibre maidir le dearbhú cáilíochta na gcéimithe a chur chun cinn, trí athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar shonraí UCD ón Suirbhé Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Mhac Léinn chomh maith lena scaipeadh, agus na scileanna inaistrithe a chuirimid ar fáil do mhic léinn a chur chun cinn. Leathnaíomar líonra chéimithe UCD i mbliana freisin trí chomhaontú tábhachtach a dhéanamh le Coimisiún an AE, agus chuireamar lenár dtiomantas don chomhpháirteachas domhanda trínár ndea-chleachtas agus saineolas a roinnt le hollscoileanna idirnáisiúnta eile.

### Oideachas PhD

Gnóthaíonn céimithe PhD teicnící taighde agus anailíse ardleibhéil go nádúrtha trína ngníomhaíochtaí taighde agus gnóthaíonn siad réimse scileanna inaistrithe trí thaighde agus forbairt ghairmiúil ghinearálta a chur i gcrích. D'oibrigh Stáidéir Iarchéime UCD le Lárionad Scríbhneoireachta UCD i mbliana chun seachtain ceardlanna dian-oiliúna a thairiscint do mhic léinn taighde iarchéime. D'éirigh thar barr le 'Seachtain na nIarchéimithe' inar cuireadh feabhas ar scileanna scríbhneoireachta na mac léinn dochtúireachta. Is tionscnamh breise iontach é seo a eagraítear i gcomhar lenár dtionscnaimh Scileanna Inaistrithe. Is gné lárnach de gach céim thaighde a dhéantar in UCD na ceardlanna scileanna inaistrithe. I mbliana, i gcomhpháirt le 'UCD Agile' agus mar chuid den thionscadal chrios buí chun próisis a fheabhsú, rinneamar athbhreithniú ar ghlacadh na n-áiteanna sna ceardlanna trí modheolaíochtaí, uirlisí agus teicnící níos barainne a chur i bhfeidhm. Bhí ardú ar an gcóimheas idir tinreamh agus clárúchán i mbliana, ó 33% go 38% mar gheall ar an toradh rathúil seo.

In UCD amháin a fhaightear Comhairleoir um Ghairmeacha agus Scileanna do Mhic Léinn Dochtúireachta, trína chuirtear ar fáil cóitseáil gairme duine ar dhuine, rannpháirtíocht fostóirí agus oiliúint






10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 18 11/02/2020 15:00

*Tá UCD tiomanta don taighde san ardoideachas, sa teagasc agus tuilleadh feabhais a chur ar fhorbairt ghairmiúil na foirne teagaisc sa teagasc agus sa mhaoirseacht taighde; agus aitheantas a thabhairt don fhoireann teagaisc mar mhúinteoirí iontacha trí* ***Ghradaim Teagaisc agus Comhaltachtaí****a bhronnadh.*

i scileanna gairme idirdhisciplíneacha agus grúpa-shonraithe dár mic léinn. Tugadh aitheantas do UCD i mbliana ar an leibhéal náisiúnta nuair a bronnadh Association of Higher Careers Services Award uirthi mar gheall ar an nuálaíocht agus an barr feabhais a léirigh sí i dtacaíocht gairme a thabhairt do mhic léinn taighde iarchéime. Is féidir an rath seo a lua leis an gceannasaíocht a fuarthas ó Líonra Gairmeacha UCD, Staidéir Iarchéime UCD agus comhghleacaithe ó Choláistí agus Institiúidí Taighde UCD, Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar UCD agus ó Chomhairleoirí na Mac Léinn.

Foilsíodh Lámhleabhar Mic Léinn um Thaighde Iarchéime i mbliana. Déanann an Lámhleabhar cur síos ar na treoracha, na beartais agus na próisis a bhaineann le cláir chéimeanna taighde UCD. Is cáipéis an-tábhachtach é seo dár bpobal taighde mar cuireann sé an príomheolas ar fad le chéile in aon áit amháin, agus é mar aidhm aige cabhrú leis an léitheoir tacaíochtaí, seirbhísí agus an príomheolas a aimsiú gan stró.

Bhuaigh buaiteoir chomórtas 'Thesis in Three' UCD na bliana anuraidh, mac léinn in Institiúid Bia agus Sláinte UCD, an 'People's Choice Award' sa chomórtas 'Three Minute Thesis' faoi 21 bliain i mí Dheireadh Fómhair 2018, ag déanamh ionadaíocht dhomhanda ar son UCD.


### Aiseolas ó Iarchéimithe Taighde

In 2018, seoladh Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn Iarchéime in Éirinn (ISSE-PGR) ar bhonn píolótach. Spreag UCD na mic léinn iarchéime an suirbhé a líonadh isteach, agus bhí ráta freagartha 39% in UCD, ráta níos airde ná an ráta freagartha náisiúnta de 32.5%. Líon beagnach 600 mac léinn Taighde Iarchéime an suirbhé amach, mic léinn PhD (531) a bhformhór. Rinne Staidéir Iarchéime UCD anailís ar shonraí an tsuirbhé ISSE-PGR píolótach agus chruthaigh siad tuarascáil chuimsitheach faoi na torthaí faoi réir théamaí an tsuirbhé, ag déanamh athbhreithniú ar na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Rinneadh sonraí a chomhthiomsú don Ollscoil ar fad agus rinneadh comparáid idir iad sin agus sonraí institiúidí comhionanna sa tír, i.e. iad siúd a raibh níos mó ná 250 freagróir acu. Chun bonn eolas a chur faoi phleanáil feabhais cháilíochta na Scoileanna agus na gColáistí, rinneadh comparáid idir na sonraí ó gach Coláiste de réir théamaí an tsuirbhé.

### Comhoibríochtaí Idirnáisiúnta

D'óstáil UCD an 14ú comhdháil Bhliantúil ORPHEUS (Organisation for PhD Education in Biomedicine and Health Science in the European System) i mí Márta.

**Líon Iarchéimithe UCD**






*Sa ghrianghraf ag Bronnadh na nGradam Teagaisc agus Foghlama UCD 2018 (ó chlé go deas) sa líne chúil tá: An tOllamh Breandán Kennedy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD; An Dr Shane Bergin, Scoil an Oideachais UCD; An Dr Sarah Morton, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta; Niamh O'Donoghue, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD; An Dr Zeljka Doljanin, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; Niamh Kelly, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD; An Dr Scott Hamilton, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; An Dr Caitriona Cunningham, Mol Fisió UCD; An Dr Sinead Mc Mahon, Mol Fisió UCD; Karen Cradock agus Ciaran Purcell, Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt.*

*Sa chéad líne: Suzanne Bailey, Spórt UCD; An Dr Ulrik Mc Carthy, Mol Fisió UCD; An Dr Catherine Blake, Mol Fisió UCD; An Dr Linda Dowling-Hetherington, Scoil Ghnó UCD; An Dr Katie Mishler, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; An Dr David McKinney, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; An Dr Audrey McNamara, Lárionad Scríbhneoireachta UCD; agus Thomond Coogan, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD.*

Mheall an téama *Quality Training Environments for Biomedical Researchers* breis agus 120 rannpháirtí ó gach cearn den domhan. Mar chomhalta feidhmeannach de chuid ORPHEUS, tá an cumas ag UCD eolas a roinnt leis an bhfoireann teagaisc agus leis an bhfoireann maidir leis an gcleachtas is fearr san oideachas PhD.

Tugadh cuireadh do UCD ár saineolas i maoirseacht taighde a roinnt ag an gComhdháil um Maoirseacht Iarchéime ag Ollscoil Stellenbosch i mí Márta ar *The Global Scholar: Implications for Postgraduate Studies and Supervision* agus trí chuireadh a fháil chuig Ollscoil Johannesburg. Tugadh cuireadh freisin do UCD a saineolas maidir le meabharshláinte agus folláine mhic léinn taighde iarchéime a roinnt ag cruinniú faoi 21 bliain Ghrúpa na nEolaíochtaí Sláinte in Melbourne i mí Mheán Fómhair, cruinniú Déin agus Stiúrthóirí Staidéir Iarchéime U21 in Birmingham i mí Márta agus a bheith mar eochairchainteoir ag an gcéad Chomhdháil Idirnáisiúnta faoi Mheabhairshláinte agus Fholláine Thaighdeoirí Iarchéime de chuid Council for Graduate Education na RA in Brighton i mí Bealtaine.

### Comhpháirtíocht nua san Oideachas PhD

Forbairt shuntasach a tharla i mbliana ná an chomhpháirtíocht nua idir UCD agus Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) Choimisiún an AE. Is ionann an JRC agus seirbhís eolaíochta agus eolais Choimisiún an AE a sholáthraíonn comhairle eolaíochta agus tacaíocht neamhspleách do cheapadh beartas san AE. Chuir an JRC gairm amach chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh corraitheach nua, an Chomhpháirtíocht Dhochtúireachta Chomhoibríoch. Is iad cuspóirí JRC i mbunú na scéime seo ná comhoibrithe straitéiseacha a spreagadh i réimsí téamacha ar leith ina ndéantar institiúidí ardoideachais a rangú de réir a mbarr feabhais sa taighde agus a gclú idirnáisiúnta sa réimse chun:

- glúin nua iarchéimithe dochtúireachta san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a oiliúint agus iad dírithe ar bheartais eolaíochta
- staidéir dhochtúireachta idir institiúidí ardoideachais agus JRC a chomhfhorbairt, a chomhóstáil agus a chomh-stiúradh
- an comhoibriú idir JRC agus institiúidí ardoideachais a neartú trí chomh-fheabhsú scileanna agus cumas ábhartha a chur chun cinn, ag cur eolas agus acmhainní atá ann cheana le chéile agus ag cur feabhas ar an líonrú i réimsí tábhachtacha eolaíochta.

Bronnadh dhá chomhpháirtíocht ar UCD as an 138 iarratas a fuarthas ó gach tír san Eoraip. Ceadóidh an comhoibriú seo do mhic léinn PhD UCD, atá faoi stiúr Phríomh-Stiúrthóir



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 20 11/02/2020 15:00

UCD, a dtaighde dochtúireachta a dhéanamh in UCD agus i gceann d'áiseanna taighde JRC san Eoraip agus, dá bhrí sin, a gcuid taighde acadúil a chur chun cinn trí pháirt a glacadh i gcroílár chomhéadan beartais eolaíochta Choimisiún an AE.

## Teagasc agus Maoirseacht

Tá UCD tiomanta don taighde san ardoideachas, sa teagasc agus i bhforbairt ghairmiúil na foirne teagaisc a neartú maidir leis an teagasc agus an maoirseacht taighde; agus d'aitheantas a thabhairt don fhoireann teagaisc mar mhúinteoirí iontacha trí Ghradaim agus Comhaltachtaí Teagaisc a bhronnadh. De bharr forbairtí nua i gclár forbartha an Stiúrthóra Taighde, tháinig instiitiúid nua rannpháirteach idirnáisiúnta chun cinn, Institiúid Karolinksa sa tSualainn. Dhírigh ár gcuid oibre agus ár gclár ar phríomhthopaicí a tugadh aghaidh orthu laistigh den oideachas dochtúireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Lárionad Léann an Ardoideachais

D'óstáil Lárionad Léann an Ardoideachais UCD a chéad mhórchomhdháil idirnáisiúnta *Getting Sustainability into Higher Education Curricula* i mí Bealtaine. Óstáladh an chomhdháil in éineacht le Dúshlán Domhanda Líonra Domhanda na nOllscoileanna san Ardoideachas, líonra domhanda don ardoideachas agus don taighde a bhfuil 23 ollscoil mór le rá i 13 tír ar sé mhór-roinn páirteach ann. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh an Ollamh Simon Marginson, ó Ollscoil Oxford, a thug an eochairaitheasc ar *Global higher education into the 2020s: openness, mobility and barriers*, agus an tOllamh Emerita Sue Clegg ó Leeds Beckett University a labhair faoin téama *Inclusivity, equity, and quality: discursive tensions and structural constraints*.

### Forbairt Ghairmiúil

Tríd a gcláir creidiúnaithe UTL, cuireann Teagasc agus Foghlaim UCD deiseanna ar fáil don fhoireann teagaisc atá ag staid éagsúla ina gcuid gairmeacha athbhreithniú a dhéanamh ar a scileanna teagaisc agus feabhas a chur orthu chomh maith lena dtuiscint ar chur chuige agus ar theoiricí san ardoideachas éifeachtach a fheabhsú. Tá tiomantas fhoireann teagaisc UCD don oideolaíocht agus don scoláireacht le feiceáil go soiléir agus breis agus ochtó rannpháirtí ag clárú go bliantúil ar chláir chreidiúnaithe. Chun ár gcuspóir straitéiseach sainchultúr domhanda a fhorbairt a chur chun cinn, thugamar modúl nua corraitheach isteach i mbliana, 'Teaching Across Cultures'. Díríonn an modúl seo ar fheasacht agus tuiscint a chothú faoin teagasc thar chultúir, ag spreagadh teagascóirí a mhúineann grúpaí idirnáisiúnta idirchultúrtha chun smaoineamh criticiúil a dhéanamh faoina gcumas idirchultúrtha pearsanta agus gairmiúil.

### Comhaltaí Teagaisc

Tá ról tábhachtach ag na Comhaltachtaí sa Teagasc agus san Fhorbairt Acadúil i struchtúr forbartha fhoireann teagaisc UCD agus díríonn siad isteach ar thionscnaimh feabhsaithe sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud na hollscoile. Ceapadh dhá fhoireann taighde Comhaltachta i mí na Nollag ar feadh tréimhse dhá bhliain chun díriú ar bheartas straitéiseach agus ar an taighde cleachtasbhunaithe faoi na téamaí seo a leanas: 'Teagasc agus Foghlaim Thraschultúrtha' agus 'Dearadh agus Foghlaim sa VLE'. Cuireann taighde agus saineolaithe idirnáisiúnta sa réimse bonn eolais faoi na gníomhaíochtaí comhaltachta agus neartaíonn siad clú UCD maidir le barr feabhais i nuálaíocht an oideachais agus sa scoláireacht.

### Gradaim Teagaisc agus Foghlama

Is iad Gradaim Teagaisc agus Foghlama UCD an onóir is airde ar féidir leis an Ollscoil bronnadh ar an bhfoireann teagaisc agus ar an bhfoireann ginearálta le aitheantas a thabhairt dá mbarr feabhais sa teagaisc agus dá n-iarrachtaí iontacha ar son fhoghlaim na mac léinn. I mbliana, bhronn an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán gradaim ag searmanas i mí Feabhra ar sheisear dhuine aonair agus ar thrí fhoireann a raibh tionchar suntasach acu ar eispéireas foghlama na mac léinn. D'fhreagair pobal UCD an t-éileamh d'ainmniúchán le fonn, agus chuir na mic léinn, an fhoireann teagaisc agus an fhoireann ghinearálta 2,363 ainmniúchán isteach. Tháinig breis agus 90% de na hainmniúcháin ó mhic léinn agus bhí 53 gradam ag leibhéal an Choláiste

*Sa ghrianghraf ag an Siompóisiam maidir le Rochtain tá (ó chlé go deas): An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD; An tOllamh Grace Mulcahy, Cathaoirleach Choiste um Rannpháirtíocht a Leathnú UCD An tOllamh Phil Scraton, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; agus an Dr Anna Kelly, Stiúrthóir na Rochtana agus na Foghlama ar feadh an tSaoil.*






10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 21 11/02/2020 15:00



*Sa ghrianghraf ag searmanas bronnta na nGradam UCD 'See One, Be One Role Model' tá (ó chlé go deas): Conor Moore, a fuair gradam 'Role Model'; An tOllamh Grace Mulcahy, Cathaoirleach Choiste um Rannpháirtíocht a Leathnú UCD agus Fiona Sweeney, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD.*

agus naoi ngradam ag leibhéal na hOllscoile mar thoradh air seo. Dheimhnigh na hainmniúcháin na sárscileanna teagaisc agus an cúram agus an iarracht a chuirtear isteach i bhforbairt na mac léinn, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Thaispeáin siad chomh maith an tionchar a bhí ag an teagasc ar mhuinín na mac léinn agus ar a n-eispéireas san Ollscoil go ginearálta. Leagadh béim chomh maith ar sárscileanna cumarsáide, ar an gcumas a bhaineann le topaicí casta a mhíniú agus ar chur chuige solúbtha i leith an teagaisc.

### Maoirseacht Taighde

Reáchtáladh an clár Tacaíochta agus Forbartha do Stiúrthóirí Taighde (RSSDp), a bhunaigh UCD le TCD agus RCSI, idir mí Feabhra agus mí Bealtaine 2019. Is clár uathúil é seo san earnáil don fhoghlaim idir piaraí agus déanann sé eolas do stiúrthóirí taighde ó na trí institiúid, chomh maith len iad a thacú agus a fhorbairt. Bhí an-áthas orainn i mbliana cuireadh a thabhairt do chomhalta nua de chuid RSSDp, Institiúid Karolinska, an díospóireacht a stiúradh ag ár Siompóisiam do Stiúrthóirí Taighde i mí Feabhra. Dhírigh an imeacht seo ar an meabharshláinte, eochair-réimse forbartha do stiúrthóirí. Rinneamar plé freisin ar mhic léinn dhochtúireachta a stiúradh in ollscoil dhomhanda agus an tionchar a bhíonn aige sin ar ról an stiúrthóra sa 21ú haois. Chonacthasd go soiléir tiomantas fhoireann teagaisc UCD do thábhacht na maoirseachta i mbliana, agus breis agus 40 stiúrthóir UCD ag glacadh páirt sa siompóisiam. Leanaimid orainn ag cur chun cinn na gnéithe atá riachtanach chun eispéireas acadúil dearfach agus rathúil a chruthú do stiúrthóirí agus mic léinn araonn, agus go dtí seo tá creidiúnú sa mhaoirseacht bainte amach ag os cionn 120 de stiúrthóirí UCD.

Gach bliain measaimid tionchar RSSDp trí shuirbhé a dhéanamh le rannpháirtithe. Rinneadh scrúdú i mbliana ar thionchar fadtéarmach an chláir trí cheisteanna a chur ar bhreis agus 100 rannpháirtí deimhnithe agus na hathruithe a tharla dá gcuid eolais, scileanna agus cleachtais maoirseachta mar thoradh ar pháirt a ghlacadh ar an gclár a mheas. Leag freagróirí béim ar thionchar dearfach na hoiliúna ar a gcleachtas maoirseachta agus an slí a d'éirí siad níos muiníne chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an maoirseacht dochtúireachta.

## Tacaíocht Acadúil do Mhic Léinn

Soláthraíonn UCD réimse leathan tacaíochtaí acadúla agus pearsanta, a bhfuil rochtain ag na mic léinn ar fad orthu, chomh maith le cabhair speisialaithe breise dóibh siúd a bhfuil riachtanais aonair acu. Áirítear leo seo treoir phearsanta, tacaíocht le matamaitic agus leis an scríbhneoireacht, agus tacaíochtaí do mheasúnachtaí agus tionscnaimh amhail an 'chat café', 'film at five' agus na seisiúin 'walk & talk'. Déanaimid teagmháil freisin leis an bpobal máguaird; chuidigh Leabharlann UCD i mbliana le seanóirí bunscileanna digiteacha don 21ú haois a fhoghlaim.

An príomhchúram i mbliana ná ionchuimsiú gach mac léinn agus muid ag cur an tionscnamh 'University for All' chun cinn i gcónaí trí chomhoibriú a dhéanamh le hAonaid agus Boird na gClár chun tacaíochtaí do mhic léinn a sheachadadh de réir a chéile. Soláthraíonn Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD réimse tacaíochtaí do mhic léinn atá cláraithe lena seirbhísí lena n-áirítear treoir aonair, atreorú chuig tacaíochtaí príomhshrutha, soláthar ceardlanna seachtainiúla acadúla; tacaíocht mhíchumais agus fhoghlama, lena n-áirítear measúnachtaí ar riachtanais aonair, cóiríocht

> ***Soláthraíonn UCD réimse leathan tacaíochtaí acadúla agus pearsanta*** *agus cuirtear cabhair speisialaithe bhreise ar fáil dóibh siúd a bhfuil riachtanais aonair acu.* „



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 22 11/02/2020 15:00

do scrúduithe agus teicneolaíocht oiriúnaitheach. Is áis iontach an foilsiúchán a sheolamar, *Toolkit for Inclusive Practice in Higher Education,* a bhfuil mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann cur chuige iomlánaíoch a chur i bhfeidhm chun ollscoil ionchuimsitheach a dhéanamh de UCD.

Cuireadh beagnach 2,000 comhairliúchán scríbhneoireachta duine le duine ar siúl i mbliana i Lárionad na Scríbhneoireachta, méadú 13.7% ar an mbliain acadúil seo caite. Rinne teagascóirí Lárionad na Scríbhneoireachta 77 ceardlann chomh maith, a d'fhreastail 1,884 mac léinn orthu. Is méadú 19.7% é sin ar líon na ndaoine a d'fhreastail orthu anuraidh. Tá rath i gcónaí ar Ionad Tacaíochta sa Mhatamaitic UCD sa tacaíocht a thugann sé do mhic léinn. Tugadh 5,560 cuairt ar an ionad agus tharla 3,878 seisiún duine le duine ann.

Cuirtear líon tacaíochtaí airgeadais ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear:

- An clár scoláireachta 'Cothrom na Féinne' agus Ciste Cúnaimh na Mac Léinn (SAF) - déantar cinneadh ar cháilitheacht le tástáil acmhainne (faoi bhun leibhéal ioncaim de €45,790), agus mic léinn ó grúpa áirithe cothromais, nó iontráil trí bhealaí áirithe iontrálacha (HEAR, DARE, MY, FET, UAP). In 2018/2019, fuair 335 mac léinn €2,000 an duine (ina gcónaí as baile) nó €1,500 an duine (ina gcónaí sa bhaile).
- Ciste Cúnaimh Mac Léinn (SAF) - dáileadh €311,000 idir 622 mac léinn. Cuireadh maoiniú ar fáil chomh maith do 55 tuismitheoir aonair agus 25 mac léinn páirtaimseartha. I mí Eanáir, d'fhógair an HEA go dtabharfaí tacaíocht do mhic léinn rochtana a dhéanann staidéar ar na cláir MGO/Oideachas na hEolaíochta; fuair 12 mac léinn €3,000 i sparánachtaí in aghaidh na bliana.
- Sparánachtaí PATH 1916 d'ocht mac léinn nua, ar luach €5,000 in aghaidh an mhic léinn in aghaidh na bliana staidéir (pro-rata do mhic léinn pháirtaimseartha). Tugadh 17 sparánacht PATH eile do mhic léinn leantacha.

Is é aidhm UCD LEAP (Live Engagement and Attendance Project), a fuair maoiniú i mí Eanáir ó dheontas iomaíoch ón HEA, tionchar féideartha bunaithraitheach na hanailísíochta sonraí ar eispéireas agus dul chun cinn mac léinn aonair ina gclár roghnaithe staidéir a threisiú. Arna threorú i gcomhpháirtíocht le Déan Mic Léinn UCD agus Leas-Uachtarán Teagaisc agus Foghlama UCD i gColáiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD, tá an tionscnamh á reachtáil ar bhonn píolótach i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Léirítear tinreamh na mac léinn ag baint úsáide as teicneolaíocht mhóibíleach a aimsíonn rabhcháin Bluetooth i spásanna foghlama ar fud an champais. Is cuid é seo de chomhpháirtíocht níos leithne le DCU atá á treorú ag UCD, á maoiniú ag Ciste Nuálaíocht agus Claochlaithe HEA a leithdháil breis agus €1 milliún thar trí bliana.

## Ollscoil Tearmainn

Chun aitheantas a thabhairt do UCD mar gheall ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil dóibh siúd ag dul isteach san oideachas tríú leibhéil ó phobal na n-iarrthóirí tearmainn, tugadh stádas 'Ollscoil Tearmainn' do UCD. Neartaíodh tacaíochtaí airgeadais i mbliana do mhic léinn atá i mbun an phróisis tearmainne agus leathnaíodh clár na Scoláireachtaí 'Cothrom na Féinne' chuig an ngrúpa seo in 2018. As na 83 iarratas, bronnadh scoláireachtaí ar 26 mac léinn, a bhfuil luach €1,500 acu in aghaidh na bliana staidéir. Rinneadh geallltanas chun athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar riachtanais na mac léinn seo.



*Sa ghrianghraf ag searmanas bronnta na Scoláireachtaí Iarchéime don Spórt tá (ó chlé go deas): Paul Kiernan, MSc sa Chomhairleacht Bainistíochta agus faighteoir na Scoláireachta Rugbaí agus Colm Small, Scoil Iarchéime Ghnó Smurfit UCD.*

> Tá *UCD tiomanta do dheiseanna a sholáthar do mhic léinn* ***scileanna idirphearsanta idirchultúrtha saoil a fhorbairt*** *laistigh agus lasmuigh den seomra ranga trí intéirneachtaí, obair dheonach agus socruithe oibre a chur ar fáil.* ”

### Ardáin Éifeachtacha don Rannpháirtíocht Fhíorúil

Rinneadh 'UCD Mobile' a thabhairt suas chun dáta i mbliana chun leagan amach nua a léiriú agus chun rochtain níos tapa ar sheirbhísí a sholáthar. Is féidir le mic léinn na chéad bliana leagan amach saincheaptha a fháil anois a bhfuil eolas níos mionsonraithe treoraithe ann agus tá cnaipe Brightspace ann a nascann le háit staidéir gach mac léinn. Is féidir le UCD Mobile teachtaireachtaí laistigh den Aip a sheoladh anois chuig úsáideoirí UCD Mobile faoi imeachtaí agus spriocdhátaí tábhachtacha na hollscoile.

## Rannpháirtíocht na Mac Léinn agus Scileanna Saoil

Tá UCD tiomanta deiseanna a sholáthar do mhic léinn scileanna saoil idirphearsanta idirchultúrtha a fhorbairt laistigh agus lasmuigh den seomra ranga trí intéirneachtaí, obair dheonach agus socruithe oibre a chur ar fáil. Cuirimid i gcuimhne do na mic léinn go fóill an luach a bhaineann le taithí idirnáisiúnta a fháil agus spreagaimid iad a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ceannasaíochta.

### Intéirneachtaí

Gach bliain déanann breis agus 1,400 mac léinn suas le 1,800 intéirneacht acadúil taithíbhunaithe mar chuid thábhachtach dá gcláir staidéir agus tá na huimhreacha seo ag dul in méid i gcónaí. D'oibrigh Líonra Gairmeacha UCD, an Lárionad Ghairmiúil roimh seo, go dlúth leis Grúpa Fiontair de chuid Seirbhísí TF UCD chun 'Ardán um Bainistíocht Intéirneachtaí' uathúil a fhorbairt. Is féidir próiseas na hintéirneachta a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla anois toisc go gcuireann sé ar chumas ár Scoileanna agus ár gColáistí comhaontuithe intéirneachta, agus na foirmeacha glactha a bhaineann le hintéirneachtaí na mac léinn, a bhainistiú agus a stóráil go sábháilte. Leas eile a bhaineann leis an gcóras ná gur féidir le mic léinn a aimsíonn a n-intéirneachtaí féin iad a chur isteach tríd an ardán lena bhfaomhadh. Bhí an-tionchar aige seo go háirithe ar chláir ar a bhfaigheann formhór na mac léinn a n-intéirneachtaí iad féin. Níos tábhachtaí fós, dearadh tairseach na n-intéirneachtaí le go mbeidh an t-oiread solúbthachta aige agus is féidir agus le rannpháirtíocht le hóstaigh intéirneachtaí a éascú ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha tionsclaíochta iad. Go dtí seo tá 80% soláthraí intéirneachtaí UCD ag úsáid na táirsí seo agus beidh sí ina háis thábhachtach chun sonraí a chur le chéile le haghaidh tionscnamh, amhail Rangú Infhostaíochta Chéimithe QS.

### Eispéireas Mic Léinn a Mhapáil

I mbliana, dhírigh UCD Agile ar thionscnaimh fheabhsaithe chórasacha ilfhearann dírithe ar ár mic léinn. Cruthaíodh agus reáchtáladh Tionscnamh Mhapála Eispéireas na Mac Léinn (SEMP) idir mí Eanáir agus mí Bealtaine. D'inis mic léinn dúinn conas a chaitheann siad a saol in UCD, ag leagan béime ar na príomhláidreachtaí, chomh maith le roinnt de na dúshláin a bhíonn roimpu. Ag eascairt as SEMP, faomhadh ceithre thionscnamh athraithe: tionscnamh 'inaimsithe' ag díriú ar chabhair a thabhairt do mhic léinn na rudaí atá de dhíth orthu a aimsiú sa chóras tacaíochta; tionscnamh 'duine dílis' bunaithe ar an gcaoi a roghnaíonn mic léinn na daoine a dhéanann siad teagmháil leo nuair a theastaíonn tacaíocht uathu agus cabhrú leis na 'daoine dílse' seo mic léinn a nascadh leis an eolas agus leis na tacaíochtaí atá uathu; tionscnamh 'maireachtáil agus foghlaim a mhúnlú' dírithe ar chabhair a thabhairt do mhic léinn an timpeallacht UCD thugaimid dóibh a mhúnlú de réir a riachtanas aonair; tionscnamh 'éagsúlachtaí' dírithe ar chinntiú go mbíonn eispéireas na mac léinn ar ardchaighdeán an t-am ar fad.

### Dea-Shamplaí a Cheiliúradh

Bhí stádas 'rochtana' ag 32% d'fhochéimithe i mbliana, lena n-áirítear 8.4% de dhaoine ó chúlra le hioncam íseal; 11.6% de mhic léinn le míchumas; 9.9% de mhic léinn aibí; 5.7% de mhic léinn pháirtaimseartha agus 2.0% QQI. Chun rath na nglúnta mic léinn rochtana roimhe seo a cheiliúradh, sheol foireann Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD an chéad sraith de ghradaim *UCD See One, Be One Role Model Awards* a rinne ceiliúradh ar chéimithe rochtana UCD.

Chomh maith le meantóirí piaraí agus ambasadóirí mic léinn ó phobal UCD a chur ar fáil, leanann UCD ar aghaidh ag spreagadh na ceannasaíochta piaraí lena chlár 'Access Leader'. Déantar éacht na ndaoine a ghlacann páirt ann a thaifead ar fhorlíonadh a ndioplómaí agus is féidir leo freisin a n-eispéireas a úsáid chun gradam chomh-churachlam UCD Advantage a bhaint amach. Ag feidhmiú mar eiseamláirí, in 2018 thug 85 mac léinn rochtana spreagadh do dhaoine eile a lorg a leanúint. Chomh maith leis sin, thug siad cabhair do Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD i réimse imeachtaí, lena n-áirítear turais ar an gcampas, seimineáir, agus feidhmiú mar ambasadóirí digiteacha.

Ba é seo an t-ochtú bliain inar eagraíodh Clár Meantóireachta 'Future You' UCD, clár a thairgtear in 18 meánscoil nasctha, a thugann deis do dhaltaí meantóireacht a fháil ó mhic léinn rochtana UCD. Thug Leabharlann UCD tacaíocht do breis agus 400 dalta Ardteistiméireachta freisin, lena n-áirítear daltaí ó scoileanna DEIS, trí áiseanna na Leabharlainne a chur ar fáil dóibh i mí Bealtaine agus Meithimh, ionas go mbeadh áit chiúin ag daltaí chun staidéar a dhéanamh.

Cuireadh an tsamhail mheantóireachta seo ar fáil don phobal i gcoitinne trí chuibhreannas cúig institiúid tríú



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 24 11/02/2020 15:00



*Sa ghrianghraf ag an searmanas sínithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcomhaontú a cuireadh i gcrích idir Airmheán Comhpháirteach Taighde an AE agus UCD, sa líne tosaigh tá (ó chlé go deas): Patricia Reilly, Leas-Cheann Foirne don Choimisinéir um Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt, leis an Ollamh Barbara Dooley, Déan Staidéir Iarchéime agus Leas-Chláraitheoir UCD. Sa líne chúil (ó chlé go deas) tá an tOllamh Prof Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD don Taighde; An Dr Emer Cunningham, Staidéir Iarchéime UCD; Jerica Zupan, Airmheán Comhpháirteach Taighde an AE, Oifigeach Tionscadal na Forbartha Eolaíochta don Chlár CDP; An tOllamh Denis Shields, Príomh-Imscrúdaitheoir UCD-JRC sa Ghéanómaíocht agus sa Bhithfhaisnéisíocht; An tOllamh Padraig Cunningham, Príomh-Imscrúdaitheoir UCD-JRC - An Mheaisínfhoghlaim; Susan Hedigan, Ceann na gClár Idirnáisiúnta Taighde, Coláiste na hEolaíochta UCD; An Dr Douglas Proctor, Stiúrthóir UCD Domhanda; An Dr Mark Scanlon, Príomh-Imscrúdaitheoir na Meaisínfhoghlama; agus Gerard Kiely, Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chuig Éirinn.*

leibhéil (UCD, IADT, MIE, NCAD agus TCD), arna treorú ag UCD, a bhunú le cúnamh chistiú PATH. Tá oiliúint faighte ag breis agus céad mac léinn ón gcúig institiúid le bheith in a meantóirí agus ghlac siad páirt i gCruinniú Mullaigh na Meantóireachta i mí Dheireadh Fómhair. I mí Aibreáin sheol an Cuibhreannas an chéad bhabhta den Fhéile 'Dublin Learning City' i nDánlann Hugh Lane, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus i mí Mheithimh, d'eagraigh sé Scoil Samhraidh na hEalaíona Cruthaitheacha inar chaith seasca rannpháirtí lá amháin i ngach ceann de na coláistí thar seachtain amháin.

## Sláinte agus Folláine na Mac Léinn

Cuireann UCD ar chumas mhic léinn a sláinte agus a bhfolláine a bhainistiú go réamhghníomhach, agus buanna a fhorbairt chun gur féidir leo an chuid is fearr a bhaint óna n-eispéireas ollscoile. Soláthraíonn comhghleacaithe tiomanta ar fud an phobail, lena n-áirítear comhairleoirí mic léinn, oifigigh chlubanna agus chumainn mhic léinn, an fhoireann chónaitheach, comhairleoirí, dochtúirí, altraí agus riarthóirí gairmiúla an saineolas is gá chun an aidhm sin a bhaint amach.

### Comhairle do Mhic Léinn

Tá Seirbhís Chomhairleach Mhic Léinn UCD ag fás i gcónaí chun gur fearr is féidir freastal ar riachtanais na mac léinn. Ceapadh Comhairleoir Mic Léinn breise do chláir na nEalaíona agus na nDaonnachtaí agus ceapadh Comhairleoir nua chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn taighde iarchéime go háirithe. Rua a fhaightear in Éirinn amháin, oibríonn Comhairleoirí Mic Léinn ar fud réimsí clár agus comhoibríonn siad go dlúth le seirbhísí tacaíochta eile UCD chun a chinntiú go bhfaigheann mic léinn tacaíocht leanúnach ón gcúrsa ionduchtaithe go dtí bronnadh na gcéimeanna. Reáchtálann Comhairleoirí tionscnaimh nuálaíocha comhoibrithe leis an bhfoireann teagaisc, leis an bhfoireann agus le mic léinn amhail grúpa ceardaíochta Purl Jam, agus i mbliana, eagraíodh seisiúin Líníochta Colainne ag am lóin agus an tionscnamh 'Dublin in December', bricfeasta ceiliúrtha a chuirtear ar fáil ar an gcampas Lá Nollag.

### Meabhairshláinte agus Folláine

Rinne UCD infheistíocht i dtacaíochtaí breise do mhic léinn, lena n-áirítear Ceann nua Comhairleoireachta Mic Léinn a cheapadh, foireann chomhairleoireachta bhreise




*Sa ghrianghraf ag seoladh leabhair 'Inclusive Assessment and Feedback. Universal Design Case Studies from IADT and UCD' tá (ó chlé go deas): An Dr Andrew Power, Cláraitheoir IADT agus an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD.*

a earcú chun tacaíocht a thabhairt do mheasúnachtaí 'point-of-service' do mhic léinn agus réitigh fheabhsaithe teicneolaíochta a chur ar fáil. I mí Dheireadh Fómhair, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda na Meabhairshláinte, d'fhógair Sláinte Mac Léinn UCD go mbeadh Silvercloud ar fáil in UCD. Is spás slán sábháilte ar líne é Silvercloud a thairgeann cláir thiomnaithe fhéinchabhracha chun cabhrú le mic léinn a bhfuil imní agus strus ag cur isteach orthu.

Chomhoibrigh Comhairleoirí na Mac Léinn le hAontas na Mac Léinn UCD, an tSéiplíneacht, an Roinn Acmhainní Daonna agus UCD Sláintiúil imeachtaí a eagrú chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Meabhairshláinte: ceardlanna Gharchabhair don Mheabhairshláinte, drumadóireacht Sheapánach, seisiúin machnaimh agus díospóireacht phainéil faoin mheabharshláinte.

Tá baint freisin ag folláine na mac léinn leis an inrochtaineacht agus leis an tsábháilteacht i ngach gné den timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta. Trí Sheirbhísí Eastáit UCD d'eagraíomar seisiúin oiliúna faoin bhfeasacht ar mhíchumas dár gCúntóirí Cónaitheacha agus chuireamar i gcrích ár dtionscadal do Chomharthaíocht Inrochtana i naoi bhfoirgneamh a aithníodh mar thosaíocht. Mar gheall ar an tionscadal seo chuireamar comharthaí inrochtana seasmhacha isteach, le daoine faoi mhíchumas a threorú chuig bealaí inrochtana gan chéimeanna, leibhéil urlár, ardaitheoirí, príomhoifigí agus léachtlanna. Tá UCD tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht an champais agus an barr a bhaint de na rialacháin foirgneamh. Ba mhaith linn slat tomhais den scoth a bhaint amach i ndáil leis an gcur chuige 'University for All', agus tá sé mar aidhm againn 10 mbliana de thionscadail inrochtaineachta a chur ar taispeáint i Siompóisiam Inrochtaineachta 2020.

Ag comhoibriú le Aontas na Mac Léinn UCD agus Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, rinne Foireann Bainistíochta na hOllscoile gealltanas grúpa UCD 'Ending Sexual Harassment and Violence in Third Level Education (ESHTE)' a chruthú. I rith 2018/19, rinne an chomhoibríocht seo cinnte de go raibh físeán faoi thoiliú gnéis feicthe ag gach mac léinn nua. Anuas air sin, sheol Coiste Comhairleach Náisiúnta NWCI EHSTE, a bhfuil UCD mar chomhalta bunaidh ann, an Feachtas *It Stops Now*, agus taifeadadh físeán an fheachtais ar champas UCD. Agus é ina Chathaoirleach ar ghrúpa ESHTE UCD, bhí Déan na Mac Léinn UCD i láthair ag seoladh náisiúnta an fheachtais mar shainchomhalta den phainéal. Choimisiúnaigh grúpa UCD cúrsaí oiliúina do dhaoine ar an láthair agus tuairisciú anaithnid a fhorbairt. Agus iad á dtreorú ag Rannpháirtíocht Mac Léinn UCD in éineacht le hÉagsúlacht Comhionannas agus Cuimsiú UCD, cuirfear na tionscnaimh seo i bhfeidhm i mbliain acadúil 2019/2020.

## Forbairt trí Spórt

I mí Dheireadh Fómhair bronnadh onóracha ar mhic léinn UCD ó shé réimse clár éagsúla ag searmanas do Scoláireachtaí Iarchéime Spóirt. Tacaíonn an clár seo lenár lúthchleasaithe iarchéime feabhas a chur ar a gcuid oibre acadúil. Bhronn Coláiste na hEolaíochta UCD, Scoileanna na Ríomheolaíochta, an Dlí, na hEacnamaíochta, na Bainistíochta Spórt, an Oideachais, na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD agus Scoil Ghnó Smurfit UCD na scoláireachtaí.

Bronnadh onóir ar Spórt UCD, a mbíonn breis agus 6,000 ball mac léinn acu gach bliain, ag Gradaim bhliantúla Teagaisc agus Foghlama UCD mar gheall ar an méid iontach atá déanta acu ar son fhoghlaim na mac léinn. Tugadh gradam don fhoireann as clár cuimsitheach oiliúna a bhunú do bhaill den chlub, rud a thug deis do mhic léinn scileanna saoil a fhorbairt i réimsí áirithe amhail garchabhair saothair, cúram éigeandála scoite, Safetalk, na meáin shóisialta agus oiliúint sa chaidreamh poiblí, gan ach beagán a lua. Tá foireann bheag dhíograiseach ag Spórt UCD atá tiomanta do thacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus tá an gradam tábhachtach seo tuillte go maith acu.

## Forbairt trí Chumainn

Leanann ár gcumainn ar aghaidh ról tábhachtach a bheith acu i bhforbairt cheannairí mac léinn. Sa téarma acadúil seo chuireamar réimse mhór deiseanna meantóireachta leis an bhfoireann ar fáil do bhreis agus 16,000 mac léinn ar thopaicí éagsúla amhail, rannpháirtíocht na mac léinn a mhéadú, baill a spreagadh agus comhoibriú le páirtithe leasmhara chun rud a thabhairt ar ais don phobal i gcoitinne.

Cuireadh ceardlanna faoi bhainistíocht imeachtaí, riarachán buiséadach, forbairt urraíochta, cumarsáid ar líne agus margaíocht straitéiseach ar fáil chun rannpháirtíocht na mac léinn a fheabhsú agus chun éifeachtacht na n-oibríochta laistigh de chumainn a fhorbairt. Tá scileanna inaistrithe amhail scileanna ceannasaíochta, scileanna fiontraíochta, scileanna idirbheartaíochta, scileanna a bhaineann le hobair foirne, scileanna taidhleoireachta agus scileanna áitithe le feiceáil i measc na mball mic léinn i reáchtáil laethúil na gcumann seo. Agus gníomhaíochtaí ár mic léinn ag fás i rith na bliana, bíonn borradh ar a gcumainn ag an am céanna. Tugadh aitheantas don fhorbairt seo ag searmanas bronnta na nGradam Bliantúil do Chumainn UCD i mí Bealtaine.

### Rannpháirtíocht a Leathnú – Cláir Fhochéime (Teastais, Dioplómaí agus Céimeanna)

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (céimeanna lánaimseartha amháin) (1) | 1,717 | 1,746 | 1,320 | 1,406 | 1,120 | 1,198 |
| Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (lánaimseartha) (2) | 1,311 | 1,349 | 1,473 | 1,564 | 1,940 | 2,113 |
| Mic léinn ag tuairisciú Míchumais (páirtaimseartha) | 23 | 48 | 51 | 59 | 17 | 63 |
| Mic léinn lánfhasta (lánaimseartha) (3) | 997 | 967 | 1,021 | 1,060 | 923 | 810 |
| Mic léinn lánfhásta (páirtaimseartha) | 777 | 814 | 836 | 796 | 830 | 907 |
| An Fhoghlaim pháirtaimseartha agus Sholúbtha (4) | 827 | 1,006 | 1,064 | 910 | 1,094 | 782 |
| An Fhoghlaim Oscailte | | | | | | 183 |
| Mic léinn ag teacht isteach faoin gclár HEAR (5) | | | | | | 843 |
| Mic léinn a bhfuil stádas Dídeanaithe acu (Lánaimseartha & Páirtaimseartha) (6) | | | | | | 24 |
| FETAC/HETAC (lánaimseartha) | 232 | 262 | 178 | 291 | 345 | 449 |
| **Líon Iomlán Mhic Léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe UCD** | **4,375** | **4,437** | **4,755** | **4,965** | **4,993** | **5,492** |
| **IOMLÁN na bhfochéimithe* UCD** | **16,301** | **16,310** | **16,687** | **17,054** | **17,169** | **17,186** |
| **% na Mac Léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe** | **26.8%** | **27.2%** | **28.5%** | **29.1%** | **29.1%** | **32.0%** |

### Iontrálaithe nua do Bhunchéimeanna – Bealaí Isteach Breise

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| HEAR | 255 | 234 | 269 | 210 | 253 | **221** |
| DARE | 196 | 153 | 233 | 246 | 264 | **340** |
| Lánfhásta | 248 | 233 | 193 | 184 | 196 | **162** |
| QQI-FET | 69 | 72 | 100 | 99 | 107 | **180** |
| Future You | | | | | | **16** |
| Iarrthóir Tearmainn | | | | | | **11** |

**Nótaí:**

(1) Mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíoch D, F & G. D'athraigh an HEA a mhodheolaíocht don bhliain 2015/16 agus, mar sin de, cuimsíonn an SEG grúpa J anois agus ní chuirtear san áireamh ach iad siúd atá idir 18 agus 20 bliain d'aois. Athraíonn an treocht sonraí seo in 2016 ag freagairt do chur san áireamh ghrúpaí D, F, G agus J ach gan ach iad siúd idir 18 agus 20 bliain d'aois a léiriú.

(2) Mic léinn a dhéanann míchumas a thuairisciú trí chlárú do thacaíochtaí le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil nó a fhaigheann áit trí DARE; NÓ a thugann le fios go bhfuil míchumas acu sa Suirbhé um Chothroime Rochtana

(3) Mic léinn atá 23 bliain nó níos mó an bhliain a thosaíonn siad in UCD, agus nach ndearna bunchéim roimhe seo

(4) Páirtaimseartha, gan an Fhoghlaim Oscailte san áireamh

(5) Na mic léinn a thagann isteach faoi scéim HEAR. Roimh 2019, níor tugadh áit ar leith dóibh sa tuarascáil seo

(6) Mic léinn a bhfuil stádas dídeanaithe acu cibé ar áitigh siad an stádas sin agus an t-iarratas á dhéanamh acu nó ar áitigh siad é agus an suirbhé EAS a líonadh isteach acu

* Ní áirítear leis seo fochéimithe fánacha, seachas iad siúd ar chúrsaí foghlama oscailte.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 27 11/02/2020 15:01

# TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS TIONCHAR



## Réamhrá ón Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

### Is údar áthais dom é achoimre a dhéanamh ar na buanna a bhí ann thar bhliain an-rathúil ar fad don taighde, don nuálaíocht agus don tionchar ag UCD.

Don dara bliain as a chéile, fuair taighdeoirí UCD méid iomlán deontais sheachtracha taighde ná mar a fuarthas riamh. Léiríonn figiúir iomlán na bliana seo, €151 milliún, méadú €29 milliún, nó 24%, ar an mbliain 2017/18, 55% níos mó ná an t-iomlán a fuarthas in 2016/17. Is figiúr den scoth é sin a léiríonn ardchaighdeán agus dúthracht ár dtaighdeoirí agus ár bhfoireann tacaíochta taighde.

Chuir roinnt deontas mór go sonrach leis an rath seo. Tá láithreacht shuntasach ag UCD i roinnt Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a fuair maoiniú sa dara babhta i mbliana, agus fuair dhá Ionad Teicneolaíochta a óstálann UCD agus a fhaigheann maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann maoiniú freisin. Faigheann na hionaid seo ar fad cistiú suntasach ó rogha éagsúil de chomhpháirtithe tionsclaíochta freisin. Bhí rath freisin ag na scéimeanna nua a thugamar isteach le linn 2018/2019, go háirithe Ionaid um Oiliúnt Taighde (CRT) SFI agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF), arna tacú ag An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Maidir le cistiú Eorpach, bhí rath orainn arís go háirithe leis an gComhairle Eorpach um Thaighde agus le Marie Skłodowska Curie Actions.

Rinne UCD infheistíocht shuntasach breise ónár bhfoinsí féin i scéimeanna inmheánacha maoinithe taighde i mbliana freisin. Ba é 2018/19 an chéad bhliain den scéim UCD ADVANCE, a dhéanfaidh €10 milliún a infheistiú i staidéireachtaí thar na cúig bliana seo chugainn, agus déanfaidh scéim UCD EQUIP €10 milliún eile a infheistiú in athnuachan trealamh taighde. Reáchtáladh an tríú sciar de scéim inmheánach chistithe Deich mBliana na gCuimneachán i mbliana. Tá na scéimeanna seo an-tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí laistigh de UCD agus chun gealltanas na hOllscoile i leith taighde iontaigh a léiriú.

Bhuaigh taighdeoirí UCD líon ghradam tábhachtach i rith na bliana seo caite. I measc na ngradam seo bhí: An tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha, an chéad bhean Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann a fháil; An tOllamh David Farrell, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, a fuair an Brown Democracy Medal mar gheall ar a chuid oibre ar Thionscadal Thionól Saoránach na hÉireann; An tOllamh Catherine Godson, Scoil an Leighis UCD, a fuair an Gradam 'Women In Science' ón International Association of Inflammation Societies; agus an tOllamh Margaret Kelleher, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, a fuair Duais Michael J Durkan ón gComhdháil Mheiriceánach do Léinn na hÉireann.

Leathnaigh ár ngníomhaíochtaí sa nuálaíocht, agus rinneadh dul chun cinn suntasach i mbliana ar leathnú fhisiciúil NovaUCD, ar ár ngníomhaíochtaí in aistriú an eolais agus ar chlár nua luasaire 5G/IoT a thabhairt isteach i gcomhpháirtíocht le Vodafone agus Ericsson. Ainmníodh an tOllamh Eoin Casey, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, comhbhunaitheoir na cuideachta OxyMem, mar Fhiontraí SFI na Bliana do 2018.

Léirigh na héachtaí seo scil agus díograis ár bhfoireann teagaisc, taighdeoirí agus foireann tacaíochta taighde. Tá a ngealltanas leanúnach san eolas a chur chun cinn agus i dtionchar a dhéanamh tríd an taighde agus an nuálaíocht lárnach i rath UCD.



**An tOllamh Orla Feely**
An Leas-Uachtarán um Thaighde,
Nuálaíocht agus Thionchar



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 28 11/02/2020 15:01

Foilseacháin Taighde: tá sonraí ar na foilseacháin taighde uile a foilsíodh thar thréimhse na tuarascála ar fáil ar líne ag.**www.ucd.ie/research/publications**

## Cistiú Taighde 2018/19

Cláraíodh conarthaí taighde seachtracha ar luach €151 milliún i rith na bliana (féach Tábla 1). Is iad SFI agus Fiontraíocht Éireann chur leis an méadú seo don chuid is mó, a cuireadh chun cinn de bharr athnuachan na n-ionad SFI agus CRTanna, agus dámhachtainí a fuarthas ó Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann (EI) agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF). Tá na sonraí iomlána faoi na deontais is mó le feiceáil i dTábla 2.

Bhí ceithre dheontas is tríocha, ar mhaoinigh an tAE iad, ann le linn na tréimhse airgeadais 2018/19. Lena linn sin, d'fhás an catagóir 'Eile', comhpháirtithe Tionsclaíochta san áireamh, faoi €7.4 milliún, agus thart ar €5.8 milliún de sin ag teacht ó ghnó na hÉireann.

### Tábla 1: Dámhachtainí Taighde

| Bliain | Luach Iomlán na gConarthaí arna Síniú, lena n-áirítear Ranníocaíochtaí d'fhorchostais (€ milliún) | Ranníocaíochtaí Iomlána d'Fhorchostais (€ milliún) | Líon Iomlán na gConarthaí a Bronnadh | Líon na dTograí a Cuireadh Isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2009/2010 | 49.5 | 6.7 | 449 | 1,069 |
| 2010/2011 | 103.3 | 17.0 | 510 | 1,123 |
| 2011/2012 | 75.7 | 9.5 | 532 | 1,263 |
| 2012/2013 | 113.3 | 17.4 | 614 | 1,167 |
| 2013/2014 | 114.1 | 16.5 | 672 | 1,245 |
| 2014/2015 | 106.3 | 17.2 | 627 | 1,603 |
| 2015/2016 | 93.7 | 13.2 | 652 | 1,372 |
| 2016/2017 | 97.5 | 12.3 | 661 | 1,336 |
| 2017/2018 | 122.38 | 17.3 | 706 | 1,411 |
| 2018/2019 | 151.04 | 20.5 | 607 | 1,354 |
| **Foinse Maoinithe 2018/2019** | | | **Líon na gConarthaí** | **Luach (€ milliún)** |
| **Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)** | | | 72.00 | 65.16 |
| An Coimisiún Eorpach (CE) | | | 34.00 | 13.97 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) | | | 107.00 | 7.64 |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | | | 97.00 | 24.63 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara | | | 10.00 | 1.98 |
| Eile | | | 286.00 | 37.67 |
| **Iomlán** | | | **606** | **151.04** |



*Fógraíodh i mí Bealtaine 2019 go raibh trí Líonra Oiliúna Nuálaíochta ann a bhfuair gach ceann acu €4 mhilliún maoinithe faoi scéim Marie Skłowdowska-Curie Actions. Sa phictiúr ag an seoladh tá (ó chlé go deas): An Comhollamh Trudee Fair, EUROVA, An Comhollamh Siobhan McClean, BactiVax, An tOllamh Orla Feely, an Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar. agus an Dr Fionnuala Murphy, AgRefine.*

**Tábla 2: Na Dámhachtainí is Mó a Bronnadh ar UCD in 2018/19**

| Ceannaire | Foinse Maoinithe | Clár | Teideal | Costais Iomlána Dhíreacha €M |
|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Brian Caulfield agus a chomhghleacaithe | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde-Athnuachan | INSIGHT II - Ionad Éifeachtach Olltiomsú Sonraí agus Anailísíochta Éireann (Céim 2) | 12,603,812 |
| An Dr Edward McDonnell | Fiontraíocht Éireann | Ionad Teicneolaíochta | CeADAR Ionad um Anailísíocht Fheidhmeach Sonraí agus um Intleacht Meaisín | 9,288,460 |
| An tOllamh Dolores O'Riordan | Fiontraíocht Éireann | Ionad Teicneolaíochta | Food for Health Ireland 3 (FHI 3) [Bia do Shláinte Éireann 3] | 5,605,923 |
| An Dr Brian Mac Namee leis an Dr Georgiana Ifrim | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár na nIonad don Oiliúint Taighde | ML-Labs: Accelerating Ireland's Machine Learning Expertise | 5,577,955 |
| An tOllamh Patrick Guiry leis an Ollamh Kevin O'Connor, agus comhghleacaithe | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Comhpháirtíocht Ionaid EPSRC-SFI le haghaidh Oiliúna Dochtúireachta | Comhpháirtíocht BEACON le hIonad Oiliúna Dochtúireachta Ollscoil Nottingham (CDT-2AP) Atoms-to-Products - an Integrated Approach to Sustainable Chemistry (Adaimh go Táirgí - Cur chuige Comhtháite i leith Ceimic Inbhuanaithe) | 4,440,280 |
| An Comhollamh Isobel Claire Gormley leis na hOllúna Nial Friel agus Thomas Brendan Murphy | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár na nIonad don Oiliúint Taighde | Ionad don Oiliúint Taighde (CRT) i mBunphrionsabail na hEolaíochta Sonraí | 4,241,495 |
| An tOllamh Mark Keane agus comhghleacaithe | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Ionaid Taighde - Togra Iomlán | Ionad Taighde SFI VistaMilk | 3,136,516 |
| An tOllamh Walter Kolch agus comhghleacaithe | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Bonneagar Taighde | Bonneagar Taighde | 2,686,127 |
| An tOllamh Peter Doran | Genomics Medicine Ireland (Leigheas Géanómaíochta Éireann) | Tionscadal Taighde | Genomics Clinical Research Support (Tacaíocht do Thaighde Cliniciúil sa Ghéanómaíocht) | 2,551,397 |
| An tOllamh Walter Kolch leis an Ollamh William Gallagher agus comhghleacaithe | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár um Chomhpháirtíocht Straitéiseach | Clár um Chomhpháirtíocht Straitéiseach | 2,511,542 |
| An tOllamh Julie Berndsen leis an Dr Benjamin Cowan | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | Clár na nIonad don Oiliúint Taighde | Ionad SFI don Oiliúint Taighde sa Réaltacht Leasaithe go Digiteach (D-REAL) | 2,072,000 |
| An tOllamh Dympna Devine, An Dr Deirdre McGillicuddy, An Dr Jennifer Symonds, An Dr Seaneen Sloan | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | Tairiscint | Children's School Lives (CSL) [Saolta Scoile Páistí] | 2,064,880 |
| An tOllamh Frederic Dias | HORIZON 2020 | Ard-Deontas ES - ERC | Breaking of highly energetic waves (HIGHWAVE) [Tonnta an-fhuinniúil a bhriseadh] | 2,059,957 |



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 30 11/02/2020 15:01

*Sa phictiúir tá bunaitheoirí Naiad, An tOll. Cúnta Emmanuel G Reynaud, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD agus an tOllamh Brian Rodriguez, Scoil na Fisice UCD. Is comhaltaí iad an bheirt acu de chuid Institiúid Conway UCD agus bhuaigh siad Clár VentureLaunch Accelerator UCD in 2018.*




## Scéim Shíolchistithe

Fuarthas 274 iarratas incháilithe do Scéim Shíolchistithe 2019. Bhí 94 iarratas rathúla ann (34%), agus deontais ar €150,000 nach mór, mar thoradh air. I mbliana, dhírigh an scéim ar Scaipeadh agus ar Tháirgeachtaí, ar Chomhionannas, ar Éagsúlacht agus ar Ionchuimsiú agus ar Chláir d'Ollúna ar cuairt.

**Tábla 3: Scéim Shíolchistithe UCD**

| Síolchistiú 2019 de réir Chláir | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas€ | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí€ |
|---|---|---|---|---|
| Scaipeadh agus Torthaí | 216 | 426,224 | 85 | 99,995 |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe A | 34 | 323,300 | 2 | 10,279 |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe B | 9 | 21,723 | 2 | 2,721 |
| Ollúna ar Cuairt – Ag Teacht Isteach agus ag Dul Amach | 15 | 219,039 | 5 | 37,000 |
| **An tIomlán** | **274** | **990,287** | **94** | **149,995** |

| Síolchistiú 2019 de réir Choláiste | Líon na nIarratas | Luach na nIarratas€ | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí€ |
|---|---|---|---|---|
| Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | 22 | 101,707 | 11 | 9,175 |
| An Coláiste Gnó | 5 | 15,699 | 1 | 1,389 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | 51 | 152,696 | 16 | 26,609 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | 53 | 218,256 | 20 | 41,571 |
| Coláiste na hEolaíochta | 81 | 245,126 | 25 | 51,571 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | 62 | 256,802 | 21 | 19,956 |
| **An tIomlán** | **274** | **990,287** | **94** | **149,995** |

*Sa phictiúir tá an Dr Crystal Fulton, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide, a bhuaigh an Comórtas Cás-Staidéar ar Thionchar Taighde in 2018. Is de thoradh ar a cuid taighde 'Playing Social Roulette: The impact of gambling on individuals and society in Ireland' a ndearnadh iniúchadh leantach, arna mhaoiniú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus a spreagadh athruithe sa reachtaíocht chomh maith le hábhar a sholáthair do rialacháin úra. Ba í Joan Burton, a bhí ina Tánaiste agus ina hAire Coimirce Sóisialaí ag an am, a sheol torthaí na chéad tuarascála.*



## Deich mBliana na gCuimhneachán 2019

Reáchtáladh an tríú ceann i sraith gairmeacha faoi scéim Deich mBliana na gCuimhneachán i mbliana. Fuarthas 23 iarratas ag éileamh €252,000 i dteannta a chéile. Bhí rath ar shé thogra dhéag agus bronnadh €100,000 i maoiniú.

*D'éirigh le sé thogra dhéag agus rinneadh **€100,000 maoinithe** a bhronnadh.*

**Tábla 4: Scéim Deich mBliana na gCuimhneachán**

| Príomhiarratasóir | Teideal | Coláiste | Scoil | An Méid a Bronnadh |
|---|---|---|---|---|
| An Dr Jennifer Wellington | Ruptures and reconfigurations: 1919 in Global Context (Réabadh agus athchumraíocht: 1919 i gComhthéacs Domhanda) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | 3,000 |
| An Dr Hussein Omar | The Age of the 'Minority': 1913-1923-1933 | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | 7,000 |
| An tOllamh Regina Uí Chollatáin | The Global Irish Revival 1922-2022: International Conference (Athnuachan Domhanda Éireann 1922-2022: Comhdháil Idirnáisiúnta) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis | 7,000 |
| An Dr Conor Mulvagh | Social mobility and higher education: UCD Student Census, 1913-23 (An tsoghluaisteacht shóisialta agus an t-ardoideachas: Daonáireamh Mhic Léinn UCD, 1913-23) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | 4,727 |
| An tOllamh Margaret Kelleher | Ulysses 2022: Joyce's Coming Home (Taispeántas - Ulysses 2022: Teacht Abhaile Joyce) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta | 11,000 |
| An Dr Róisín Kennedy | Constructing Identity - Visual Culture in the post 1918 state (Féiniúlacht a Chothú - Cultúr Físe sa stát tar éis 1918) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha | 3,741 |
| An tOllamh Eoin Carolan | Constitution-making and constitutional transitions: 1922-2022 | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil an Dlí | 4,500 |
| An tOll. Gerardine Meaney | The Cyclops Project: Towards Ulysses 2022 (Tionscadal Cyclops: i dTreo Ulysses 2022) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta | 9,500 |
| An Dr Mary McAuliffe | 'Gender, Violence and War; Irishwomen and militancy in the War of independence and Civil War' ('Inscne, Foréigean agus Cogadh; Mná na hÉireann agus míleatacht i gCogadh na Saoirse agus i gCogadh na gCarad') | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta | 4,148 |
| An tOllamh Diarmaid Ferriter | 'Irregular News: Anti-Treaty Broadsides, News Sheets and Ephemera 1922-1923 - A Digitisation Project' ('Nuacht Neamhrialta: Mórbhileoga, Bileoga Nuachta agus Ephemera in éadan an Chonartha - Tionscadal Digitithe') | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | 1,483 |
| An Dr Luca Crispi | Joyce's 'Ulysses': Centenary Reading, Performance and Arts Series ('Ulysses' Joyce: Sraith Léamha, Taibhithe agus Ealaíon Comórtha Céad Bliain) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta | 1,000 |
| An Dr Conor Mulvagh | A History of the Irish Revolution in 100 documents. From the collections of UCD Archives (Stair Réabhlóid na hÉireann i 100 doiciméad. Ó bhailiúcháin Chartlanna UCD) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | 12,400 |
| An Comhollamh Niamh Mary Howlin | Irish Barristers - A Centenary Celebration (Abhcóidí Éireann - Ceiliúradh Céad Bliain) | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil an Dlí | 1,800 |
| An Dr Danielle Petherbridge | Intellectual History of Irish Women 1919-2023 (Stair Aos Eagna Mhná na hÉireann 1919-2023) | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil na Fealsúnachta | 3,700 |
| An Dr Ciarán Crilly | The Civil War Cantata: An Interdisciplinary Response to Commemoration (Cantáid Chogadh na gCarad: Freagairt Idirdhisciplíneach i leith Comóraidh) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Cheoil | 24,000 |
| An Dr Aoife Whelan | Reporting Revolution: Media, Politics and the State (Réabhlóid a Thuairisciú: Na Meáin, an Pholaitíocht agus an Stát) | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis | 1,000 |



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 32 11/02/2020 15:01

## Scéim PhD UCD ADVANCE

Ghin an chéad scéim chistithe PhD UCD ADVANCE €2 mhilliún, roinnte thar tríocha gradam, le linn bhliain acadúil 2018/19.

**Tábla 5: Scéim PhD UCD ADVANCE**

**Croí-Scéim PhD ADVANCE**

| Teideal | Céadainm an Phríomhiarratasóra | Sloinne an Phríomhairratasóra | PA_Coláiste | PA Scoil | Comh-iarratasóirí | An Painéal a nDearnadh an tIarratas dó | An méid a bronnadh € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Dr | Gerald | Barry | Coláiste nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis Tréidliachta | | Eolaíochtaí na Beatha | 115,500 |
| An Dr | Kazim | Buyukboduk | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 69,000 |
| An Dr | Shane | Donohue | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 103,620 |
| An Comhollamh | Jane | Grogan | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta | | AHSS, B&L | 64,000 |
| An Dr | Jana | Haase | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 114,650 |
| An Dr | Melinda | Halasz | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 115,905 |
| An Dr | Dónal | Holland | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar | | AHSS, B&L | 63,000 |
| An Dr | Joanna | Kacprzyk | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil | An Dr Paul McCabe | Eolaíochtaí na Beatha | 106,000 |
| An Dr | Jennifer | Keating | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | | AHSS, B&L | 64,150 |
| An Comhollamh | Emily | Mark-Fitzgerald | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha | | AHSS, B&L | 70,500 |
| An tOllamh | Amanda | McCann | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | An Dr Pamela Kelly | Eolaíochtaí na Beatha | 115,900 |
| An Dr | Daniel | McCrum | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta | An Dr Liliana Pasquale | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 73,433 |
| An Comhollamh | Susan | McDonnell | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInneaitóireachta Ceimicí agus Bithphróisis | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 111,600 |
| An Dr | Gráinne | O'Donoghue | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt | An tOll. Donal O'Shea | Eolaíochtaí na Beatha | 113,150 |
| An Dr | Clíodhna | O'Connor | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | AHSS, B&L | 71,700 |
| An tOllamh | John | O'Connor | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 79,000 |
| An Dr | Síofra | Pierse | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD | | AHSS, B&L | 64,000 |
| An Dr | John | Quinn | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Fisice | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 89,500 |
| An Dr | Rebecca | Stephenson | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta | | AHSS, B&L | 73,990 |
| An tOllamh | Cormac | Taylor | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 119,000 |
| **An Méid Iomlán a Bronnadh** | | | | | | | **1,797,598** |

## Scéim PhD UCD ADVANCE

| Teideal | Céadainm an Phríomhiarratasóra | Sloinne an Phríomhairratasóra | PA_Coláiste | PA_Scoil | Comh-iarratasóirí | An Painéal a nDearnadh an tIarratas dó | An méid a bronnadh € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Dr | John | Baugh | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 56,000 |
| An Dr | Eoin | Brennan | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 25,000 |
| An Dr | Deirdre | Coffey | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Fisice | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 5,000 |
| An Dr | Dearbhaile | Dooley | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis | | Eolaíochtaí na Beatha | 40,600 |
| An Dr | Rainer | Melzer | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil | | Eolaíochtaí na Beatha | 19,000 |
| An Comhollamh | Grace | Morgan | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Ceimice | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 38,000 |
| An Dr | Conor | Mulvagh | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil na Staire | | AHSS, B&L | 32,895 |
| An tOll. Cúnta | Niamh | O'Sullivan | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis | An Dr Paul McCabe | Eolaíochtaí na Beatha | 46,000 |
| An tOllamh | Adrian | Ottewill | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 1,662 |
| An Comhollamh | James | Sullivan | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Ceimice | | Eolaíochtaí Fisiceacha & Innealtóireacht | 20,000 |
| **An Méid Iomlán a Bronnadh** | | | | | | | **284,157** |




*Sa phictiúir nuair a fógraíodh torthaí 15 bliana NovaUCD tá Julie Sinnamon, POF Fiontraíocht Éireann agus Tom Flanagan, Stiúrthóir na Fiontraíochta agus na Tráchtálaíochta UCD.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 34 11/02/2020 15:01

## Scéim UCD EQUIP

Is í seo an chéad ghairm don chlár maoinithe de chuid UCD EQUIP, a mbeidh sciartha eile ag teacht go bliantúil. Soláthróidh sé seo cistiú do threalamh lárnach taighde chun tacaíocht a thabhairt don sár-thaighde agus nuálaíocht atá á ndéanamh ag réimse leathan taighdeoirí UCD. Cuireadh ciste €2 mhilliún ar fáil don chlár EQUIP in 2018/19.

### Tábla 6: Clár UCD EQUIP

| Príomh Iarratasóir | Foireann an Iarratais | Coláiste | Scoil | Costas (lena n-áirítear CBL) | Earra Trealaimh |
|---|---|---|---|---|---|
| An tOll. Jez Simpson | An tOll. Ulla Knaus, An Comhollamh Oliver Blacque, An tOll. Eoin Casey, An tOll. Sabine Koeller, An tOll. Kenneth Dawson, An Comhollamh Susan Quinn, An tOll. Wim Meijer, An Comhollamh Niamh O'Sullivan | Eolaíocht | SBES/Conway | €397,382 | Micreascóp Comhfhócasach Fluaraiseachta |
| An Comhollamh Margaret McGee | An tOll. Corman Taylor, An tOll. Jeremy Simpson, An tOll. Michael Keane, An Comhollamh Patricia Maguire, An Comhollamh Oliver Blacque, An tOll. Cúnta Gerald Barry, An tOll. Cúnta Siobhan McClean, An tOll. Cúnta Neil Docherty, An tOll. Cúnta Yan Yan, An Comhollamh Amanda McCann, Fiona McGillicuddy | Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | SBBS/Conway | €317,230 | ultra-lártheifneoir le seasamh ar urlár agus ar bharr boird (2 uirlis) |
| An tOll. Carl Ng & An Dr Angela Feechan | An tOll. Fiona Doohan, An Comhollamh Paul McCabe, An Dr Saoirse Tracy, An Dr Sonia Negrao, An Dr Grace Cott, An Dr Joanna Kacprzyk, An Dr Brian Tobin, An Dr Rainer Melzer | Eolaíocht/ Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | SBES/ Talmhaíocht agus Eolaíocht an Bhia | €219,278 | Soilsiú LED & uasghrádú comhbhrúiteora do na Goradáin Fáis Plandaí atá ann cheana |
| An Comhollamh Aoife Gowen | An tOll. Colm O'Donnell, An tOll. Kevin McDonnell, An tOll. Da Wen Sun, An Comhollamh Claire Gormley, An tOll. Cúnta Amalia ScannellAn tOll. Cúnta Fionnuala Murphy, An Dr Junli Xu, An tOll. Cúnta Mert Celikin, An tOll. Cúnta Ciaran McNally, An Dr Ana Herrero-Langero | Eolaíocht | Innealtóireacht Bithchóras & Bia | €186,673 | Léibheann um Íomháú hipirspeictreach Vis-SWIR |
| An tOll. Frank Monahan | An Dr. Nigel Brunton, An Dr. Marina Rubini, An tOll. Kevin O'Connor, An Dr. Angela Feechan, An Comhollamh Eileen Gibney, An Dr. Andrew Philips, An Dr. Brendan Rooney, An Dr. Breige McNulty | Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | Talmhaíocht & Eolaíocht an Bhia | €162,500 | Mais-Speictriméadar/ Crómatagraf Gáis |
| An tOll. Brendan Kennedy | Comhalta Taighde, David Gomez Matallanas, An Comhollamh Tara McMorrow, An tOll. Cúnta Melinda Halasz, An Comhollamh Oliver Blacque, An tOll. Catherine Godson, An tOll. Cúnta Alison Reynolds | SBBS/Conway | SBBS | €160,820 | Deisiú & Uasghrádú den áis reatha don iasc séabrach in Institiúid Conway |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An tOll. Pat Guiry | An tOll. Lorraine Brennan, An tOll. Declan Gilheany, An Comhollamh Grace Morgan, An tOll. Stefan Oscarson, An Comhollamh Marina Rubini, An Comhollamh Paul Evans, An Comhollamh Eoghan McGarrigle, An Comhollamh Aifric O'Sullivan, An Comhollamh Breige McNulty, An Comhollamh Chandralal Hewage | Eolaíocht | Ceimic | €134,420 | Malartóir Sampla Róbatach d'Uirlis NMR |
| An Dr Jana Haase | An tOll. Therese Kinsella, An tOll. David Brayden, An tOll. Eamonn Gormley, An Comhollamh Albert Smolenski, Léachtóir Gerard Cagney, An Comhollamh Kathy O'Boyle, An Comhollamh Margaret McGee, An tOll. Wim Meijer, Léachtóir Nigel Brunton | Eolaíocht | SBBS/Conway | €121,361 | Áiritheoir Drithlíochta Leachta |
| An tOll. Paul McLoughlin | An tOll. Gerry Wilson, An tOll. Catherine Godson, An tOll. Lorraine Brennan, An tOll. Keith Murphy, An tOll. Helen Roche, Léachtóir/Oll. Cúnta Derek Costello | Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | Scoil an Leighis | €110,725 | Trealamh Íomháú Digiteach (scanóir Li-Cor, ceamara CCD & córas braite) |
| An tOll. Brendan Loftus | An tOll. Catherine Godson, Stiúrthóir, Walter Kolch, An tOll. Desmond Tobin, An Comhollamh Yan Yan, An Comhollamh Trudee Fair, An Dr. Melinda Halasz, An tOll. Donal Brennan, An Comhollamh John Crean, An tOll. David McHugh, An tOll. Jonathan Bond | Sláinte & Eolaíocht Talmhaíochta/ Institiúid Mhic Con Mí | Leigheas & Institiúid Mhic Con Mí | €99,000 | 10X córas géanómaíochta aonchille |
| An tOll. Michael Gilchrist | An tOll. Kenneth Stanton, An tOll. Fengzhou Fang, An Comhollamh Susan Kelleher, An Comhollamh Aoife Ahearne, | Innealtóireacht & Ailtireacht | Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar. | €95,000 | Nanai-Dheascadh Gaile Fisiceach |
| An tOll. Eamonn Delahunt | An tOll. Brian Caulfield, An tOll. Giuseppe De Vito, An Comhollamh Ulrik McCarthy Persson, An Comhollamh Denise McGrath, An Comhollamh Massimiliano Ditroilo, An Comhollamh Olive Lennon, An Comhollamh Giacomo Severini, An Comhollamh Donal Holland, An Comhollamh Nuala Brady, An tOll. Madeleine Lowry | Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Spóirt | €91,511 | Oiriúintí crua-earraí, bogearraí agus tomhais ghluaisne 3T |
| An tOll. Ulla Knaus | An tOll. Paul McLoughlin, An tOll. Keith Murphy, An ComhollamhFiona McGillicuddy, An tOll. Catherine Godson, An ComhollamhEoin Brennan, An tOll. Donal Buggy, An ComhollamhNeil Docherty, An tOll. Wenxin Wang, Assoc. An tOll. John Baugh | Eolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte | Leigheas & BMF | €57,000 | Glantóir Cásanna |
| An tOll. Madeline Lowery | An tOll. Cúnta Giacomo Severini, An tOll. Cúnta Ciara Greene, An tOll. Cúnta Olive Lennon, An tOll. Cúnta Donal Holland, An Comhollamh Simon Kelly, Taighdeoir Sinsearach Stephen Redmond, An Comhollamh Catherine Mooney | Innealtóireacht & Ailtireacht | Innealtóireacht leictreach & leictreonach | €52,128 | Modúl Aimplitheora Ard-Dlúis EMG/ EEG |



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 36 11/02/2020 15:01

## Scéim Tacaíochta UCD do Thaighde bunaithe ar Thorthaí (OBRSS)

Tá gníomhaíocht taighde an-tábhachtach i dtaca le clú UCD mar ollscoil dhomhanda den chéad scoth a chinntiú. Tuigimid go mbíonn tionchar ag ár dtiomantas do thaighde barrfheabhais ar chlú UCD agus nach gclúdaíonn deontais taighde go leor de chostais laethúla na ngníomhaíochtaí taighde. Mar fheagra air seo, bhunaigh UCD an Scéim Tacaíochta do Thaighde bunaithe ar Thorthaí (OBRSS) chun cistiú a sholáthar do bhaill na foirne teagaisc mar thacaíocht le taighde, agus an cistiú sin bunaithe ar thorthaí a gcuid taighde, arna mheas de réir foilseachán agus maoirseacht PhDanna. Le linn na bliana seo caite bronnadh cistí tacaíochta ar sheacht gcéad nócha is triúr ón fhoireann teagaisc tríd an OBRSS.


**Tábla 6: Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Thorthaí**

| Coláiste | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDeontas € |
|---|---|---|
| Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | 85 | 57,442.00 |
| An Coláiste Gnó | 45 | 32,722.81 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | 90 | 133,117.69 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | 209 | 236,880.09 |
| Coláiste na hEolaíochta | 186 | 187,598.69 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | 169 | 148,320.38 |
| Eile | 9 | 11,205.25 |
| **Iomlán** | **793** | **807,286.91** |

## Méadracht Foilseachán

In 2018, rinneadh 3,695 páipéar de chuid UCD a liostáil in Elsevier SciVal (féach Tábla 7). Cé nach bhfeagraíonn na sonraí liostáilte seo de chuid SciVal do gach táirgeacht taighde de chuid UCD (6,124 an líon iomlán don bhliain), is méadracht thábhachtach é seo.

***Tábla 5 Líon na bhfoilseachán a rinneadh taifead orthu in SciVal in aghaidh na bliana***





**Foinse:** Elsevier Scopus/SciVal (ceadaithe 10 Meán Fómhair, 2019)

## Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse

Is éard is tionchar luanna ualaithe de réir réimse ann ná comparáid idir an líon luanna atá faighte ag alt agus an líon luanna a bhfuiltear ag súil go bhfaigheadh ailt den chineál céanna doiciméid (alt, léirmheas nó páipéar faoi imeachtaí comhdhála), den bhliain foilsithe chéanna agus den réimse ábhair céanna.

Léiríonn tionchar lua ualaithe de réir réimse de 1.00 go bhfuil na foilseacháin a bhaineann le hinstitiúid ar leith luaite go díreach mar a mbeifeá ag súil leis, bunaithe ar an meán domhanda i measc foilseacháin den chineál céanna. Agus úsáid á baint as an méadracht seo, luadh foilseacháin UCD le cúig bliana anuas 75% níos minice ná an meán domhanda, rud a chiallaíonn go bhfuil UCD ar an leibhéal céanna le go leor ollscoileanna idirnáisiúnta den chéad scoth atá dírithe go príomha ar thaighde. Le cúig bliana anuas, bhí 20% d'fhoilseacháin UCD i measc an 10% de na foilseacháin is mó a luadh ar fud an domhain. Ina theannta sin, scríobhadh 59% de na foilseacháin i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, rud a léiríonn go soiléir gur ollscoil dhomhanda é UCD.

***Tábla 8 Tionchar Lua Ualaithe de réir Réimse i ngach tréimhse 5 bliana***




**Foinse:** Elsevier Scopus/SciVal (ceadaithe 10 Meán Fómhair, 2019)




*Sa phictiúr tá an tOllamh Mark Ferguson, Ardstiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; An tOllamh Eoin Casey, UCD Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, Fiontraí na Bliana 2018 SFI agus an Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 38 11/02/2020 15:01

## Foireann Nua Anailísíocht agus Thionchar an Taighde

Tá tionchar ag teacht chun cinn i dtírdhreach an taighde le cúpla bliain anuas, ach ní i gcónaí go mbíonn sé éasca tionchar shaothar taighde a mheas nó a chur in iúl. Tá foireann Anailísíocht agus Tionchar Taighde bunaithe ag UCD chun cabhrú le taighdeoirí éifeachtaí a saothar ar an tsochaí a thaispeáint agus a chur in iúl.

Reáchtálann an fhoireann nua ceardlanna ar thionchar an taighde agus tá canbhás tionchair cruthaithe chun cabhrú le taighdeoirí tionchar a ghabháil agus a chur in iúl i mbealach struchtúrtha. Reáchtálann an fhoireann Comórtas bliantúil do Chás-staidéar Thionchar an Taighde chun taighdeoirí a spreagadh cás-staidéar tionchair a fhorbairt ar a gcuid oibre. Tá taispeántas iontach éagsúil de thionchar thaighde UCD forbartha ag an gcomórtas, lena n-áirítear tionscadail a mhúnlaigh polasaithe in Éirinn, atá ag feabhsú sláinte agus oideachas páistí agus atá ag dul i ngleic le fadhbanna tábhachtacha sa tsochaí.

*Tá **Foireann um Anailisíocht agus um Thionchar Taighde** curtha ar bun in UCD le cuidiú le taighdeoirí tionchar a gcuid oibre ar an tsochaí a thaifeadadh agus a chur in iúl.*

## Réimsí Tosaíochtaí Straitéiseacha Taighde UCD – Príomh-Bhuaicphointí

In UCD, déanaimid iarracht taighde den scoth a dhéanamh sna réimsí inar féidir leis an Ollscoil a bheith ina ceannródaí domhanda, agus oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun é seo a bhaint amach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé théama tosaíochta sainaitheanta againn:

1. **Agraibhia**
2. **Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí**
3. **Fuinneamh agus Déantúsaíocht**
4. **Comhshaol**
5. **Sláinte**
6. **TFC**

### Agraibhia

Tá an earnáil agraibhía ar thús cadhnaíochta ó thaobh na réiteach atá againn ar chuid de na dúshláin dhomhanda is práinní atá ann, agus is í an earnáil seo an tionscal dúchasach is mó in Éirinn. Tá UCD ag obair i gcomhar leis an earnáil chun a inbhuanaitheacht agus a acmhainn iomaíochta dhomhanda a chinntiú, agus chun bianna sábháilte nua a thairiscint, a chuirfidh sláinte daoine chun cinn. Tríd an saineolas atá againn sa zótheicnic agus sa tréidliacht, cuirimid táirgeadh beostoic chun cinn atá éifeachtúil, inbhuanaithe, sláintiúil agus neamhdhíobhálach d'ainmhithe. Is ceannairí san earnáil agraibhia ár gcéimithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

#### *Buaicphointí san Agraibhia*

Lean ceannairí agraibhia UCD ar aghaidh ag cur iad féin chun cinn go hidirnáisiúnta sa saol acadúil, tionsclaíochta agus polasaí. Liostaíodh an tOllamh Da-Wen Sun, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD i measc an chéad 1% taighdeoirí a raibh an méid is mó foilseachán tagartha acu sna hEolaíochtaí Talmhaíochta, rud a d'innéascaigh Clarivate Analytics don cheathrú bliain as a chéile. Bhí ocht bhfoilseachán is seasca ag an Ollamh Sun a rangaíodh mar 'Pháipéir Ard-Luaite' agus tá breis agus 500 páipéar irise piarmheasta foilsithe aige, arna n-innéascú ag Web of Science, agus a bhfuil innéacs Web of Science 95, innéacs SCOPUS 101 agus innéacs Google Scholar 110 acu – áirítear é mar Uimhir 1 sna hEolaíochtaí Talmhaíochta ar domhan dá bharr.

Bhí bród ar UCD i mí Bealtaine trí Líonra Oiliúna Nuálaíochta (LON) ar luach €4 milliún a fhógairt, a bhfuil á maoiniú ag Marie Skłodowska-Curie Actions, a bhfuil fócas agraibhia ag dhá cheann acu. Is comhordaitheoir LON AgRefine í an Dr Fionnuala Murphy, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia, a chuireann oiliúint ar thaighdeoirí PhD i réimsí ábhair teicneolaíochta lena n-áirítear an innealtóireacht cheimiceach agus phróisis, an eolaíocht bhitheolaíochta, measúnacht na saolré agus an eacnamaíocht. Comhordóidh an tOllamh Cúnta Trudee Fair, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, EUROVA, a dhaingneoidh taighde Eorpach ar bhitheolaíocht úicíte agus a chuirfidh oiliúint ar ghrúpa nua eolaithe atáirgthe agus é i gceist nuálaíocht a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí cuidithe atáirgthe (ART), pórú ainmhithe, caomhnú speicis atá i mbaol, leigheas athghiniúnach agus tocsaineolaíocht atáirgthe.

Anuas air sin, seoladh an LON PROTECT ar luach €2.1 milliún i mí Bealtaine, chun oiliúint a chur ar thaighdeoirí ard-oilte ar réimse uirlisí tuarthacha múnlaithe chun éifeachtaí an athrú aeráide ar shábháilteacht bhia a mheas. Agus é á threorú ag an Ollamh Cúnta Enda Cummins, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, cuimsíonn an clár cúig chomhpháirtí déag ó aon thír Eorpach déag, a chuimsíonn ocht gcomhpháirtí acadúla, sé chomhpháirtí tionsclaíochta agus FAO na Náisiún Aontaithe.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 39 11/02/2020 15:01

Nocht Ollamh na hEolaíochta Eachaí, Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, atá mar Phríomhoifigeach na hEolaíochta le comhlacht na heolaíochta eachaí Plusvital, fionnachtain i dtaighde ar ghéin na gcapall folaíochta. Arna fhoilsiú i mí Iúil san iris eolaíochta *Animal Genetics*, chuir an saothar béim ar ról na 'géine spreagtha' mar phríomhghné sa chinneadh faoi cibé ar chóir capall rása a chur ag rasaíocht nó nár chóir. D'oscail aimsiú na príomhghéine seo féidearthachtaí corraitheacha sa rannóg seo.

Is comhpháirtí é UCD i gcúig cinn de na 27 tionscadal a bhfaighidh cistiú sa chéad sciar de Chiste Nuálaíochta Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha an Stáit. Tá €75 milliún sa chiste don chéad trí bliana eile, agus tionscadail UCD ag fáil €18.7 milliún. Bhuaigh an tOllamh David MacHugh ó Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus comhpháirtí tionsclaíochta IdentiGEN, €1.4 milliún dá dtaighde maidir le lipéadú bia ag baint úsáid as seicheamhú ilphléacsaithe don chéad ghlúin eile chun criptea-chúltaca a sholáthar d'fhíordheimhniú bia mar ionadaí do chórais chostasacha a mbíonn go leor earráidí acu maidir le lipéadú agus deimhniú.

Ar deireadh, bhuaigh an tOllamh Lorraine Brennan, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD céad Ghradam Mhná na hÉireann le haghaidh Seirbhísí don Eolaíocht agus don Teicneolaíocht, mar aitheantas ar a saineolas agus díograis i leith an chothaithe agus an taighde sláinte. Treoraíonn an tOllamh Brennan grúpa taighde ar mheitibileacht in UCD agus tá sí lárnach i bhforbairt na meitibileachta don taighde cothaithe.

## Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí

Tá clú ar UCD as a thaighde agus tionchar a thaighde i réimsí na nEalaíon, na nDaonnachtaí, an Ghnó, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí. Tá taighdeoirí UCD fós chun tosaigh i scoláireacht na hÉireann agus a timpeallacht dhomhanda: ag baint ciall as an am atá thart, ag ceistiú ár linne féin go criticiúil, agus ag samhlú na todhchaí. Bíonn tionchar acu ar bheartais agus ar dhíospóireacht phoiblí, agus cuireann siad go mór leis an gcultúr.

### *An Geilleagar Cultúrtha agus Buaicphointí na Sochaí*

Bhuaigh an t-údar agus an scoláire iomráiteach, an Comhollamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, duais Leabhar na Bliana ag An Post Irish Book Awards 2018 agus an duais 'Newcomer of the Year' dá leabhar sárdhíola Notes to Self – cnuasach glé cumhachtach d'aistí pearsanta a thugann aghaidh ar an alcólachas, neamhthorthúlacht agus drochíde. Agus í ag doimhniú thionchar a saothar, chur sí teistiméireacht óna cuid taighde, 'Industrial Memories', isteach i ndánlanna UNESCO. Tá aitheantas tugtha dá saothair ag an Aire Leanaí, a raibh sí mar chomhairleoir di.

Fuair Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD breis agus €10 milliún i ndeontais sheachtracha taighde in 2018/19. Bronnadh an deontas mór le rá ERC, ar luach €2 mhilliún é, ar an Ollamh Eoin Carolan, Scoil Dlí Sutherland UCD chun imscrúdú a dhéanamh ar conas a bhíonn tionchar ag treochtaí reatha sóisialta agus polaitíochta ar scaradh cumhachtaí i gcórais éagsúla daonlathais.

Anuas air sin, i Scoil an Oideachais UCD, bhronn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta breis agus €2.1 milliún ar an Ollamh Dympna Devine agus a foireann don staidéar, a bhfuil an fócas is leithne aige, ar chóras na bunscoilíochta a mhaoinigh an Stát riamh.

Bronnadh go leor gradam mór le rá ar thaighdeoirí Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí le bliain anuas. Ó Scoil na Fealsúnachta UCD, fuair an tOllamh Dragos Calma gradam saoil 'Friedrich Wilhelm Bessel Research Award' dá chuid taighde. Agus an iliomad foilsithe aige ar Proclus, stiúrann an tOllamh Calma tionscadal de chuid Dheontas Comhdhlúiteora an ERC ag UCD ar an Nua-Phlatónachas agus ar Thraidisiúin Abrahámacha. Chomh maith leis sin, bhuaigh an tOllamh Maria Baghramian deontas Horizon 2020 ar luach €3 mhilliún le haghaidh tionscadal taighde trí bliana darb ainm 'Policy, Expertise and Trust in Action', a bhaineann le ról na heolaíochta i gcinnteoireacht agus leis na coinníollacha inar chóir do dhaoine muinín a bheith acu as tuairim shaineolach a mhúnlaíonn beartas poiblí.

Fuair an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha Bonn Ór Acadamh Ríoga na hÉireann mar gheall ar a cuid oibre sna Daonnachtaí - an chéad bhean riamh a bhfuair an gradam.

Fuair an tOllamh David Farrell, Ceann Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD an Brown Democracy Medal as a chuid oibre ar Thionscadal Thionól Saoránach na hÉireann, a aithnítear mar gheall ar a éifeacht chlaochlaitheach ar pholaitíocht, ar shochaí agus ar chultúr na hÉireann le deich mbliana anuas. Fuair an Dr Jane Suiter an bonn in éineacht leis an Ollamh Farrell ag Ollscoil Penn State, na chéad scoláirí Éireannacha ar bronnadh an gradam seo orthu.

## Fuinneamh agus Déantúsaíocht

Ag UCD, táimid ag lorg réiteach ar fhadhbanna fuinnimh na 21ú haoise. Cuimsíonn ár saineolas taighde na foinsí fuinnimh traidisiúnta, chomh maith le comhtháthú fuinnimh inbhuanaithe agus an comhéadan idir fuinneamh agus TFC i réimsí amhail Eangacha Cliste agus Cathracha Cliste. Déanaimid anailís ar ghnéithe eacnamaíochta agus eolaíochta iompraíochta a bhaineann le roghanna fuinnimh, agus déanaimid iarracht úsáid fuinnimh éifeachtúil inbhuanaithe a chomhtháthú sa chreat beartais, agus spreagaimid teacht chun cinn fiontar fuinnimh nua. Cruthaímid comhpháirtíochtaí go forleathan le cuideachtaí fuinnimh inár taighde, agus is céimithe de chuid UCD go leor de na ceannairí san earnáil fuinnimh



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 40 11/02/2020 15:01

náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is réimse eile é déantúsaíocht ardleibhéil ar éirigh le UCD toilleadh suntasach taighde a bhunú. Tá iomaíochas déantúsaíochta sainaitheanta ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde mar phríomhréimse taighde, agus tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD ag cur a straitéis in oiriúint ionas go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sa réimse seo.

### *Buaicphointí Fuinnimh*

Táimid i lár aistriú suntasach fuinnimh faoi láthair, ag aistriú ó chóras fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise chuig ceann gan charbón. Tá gníomh práinneach ag teastáil maidir le dícharbónú earnáil an fhuinnimh agus an fuinneamh inathnuaite ag athrú an bealach ina chruthaímid, a dháilimid agus a úsáidimid fuinneamh. Tugann aistriú pras rialaithe cóir fuinnimh dúshlán gan fasach, ceann a gcabhróidh taighde agus nuálaíocht le córas fuinnimh dícharbónaithe, díláraithe agus digitithe a fhorbairt.

Tá ról lárnach ag Institiúid Fuinnimh UCD sna cúrsaí seo agus é ag moladh córas fuinnimh gan charbón, córas fuinnimh comhtháite a chur chun cinn agus an saoránach a chumasú tríd an oideachas, an nuálaíocht agus an digitiú (féach Institiúidí Taighde UCD).

### *Buaicphointí Déantúsaíochta*

I ndiaidh a sheolta rathúil i mí Mheán Fómhair 2018, tá I-Form, Ionad Taighde Ard-Déantúsaíochta SFI bunaithe go hiomlán anois, agus taighde ceannródaíoch á dhéanamh aige maidir le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí digiteacha sa déantúsaíocht. Is in UCD atá an ceanncheathrú, agus tá DCU, TCD, OÉ Gaillimh, IT Sligeach, IT Phort Láirge agus OÉ Maigh Nuad ina mbaill den chuibhreannas.

Tá fócas faoi leith ag an ionad ar an déantúsaíocht bhreiseán (priontáil 3T) agus tá sé ag obair le comhpháirithe tionsclaíochta in earnálacha amhail uirlisí leighis, an chógaisíocht agus an innealtóireacht mionchruinnis – ag díriú ar éifeachtachtaí na teicneolaíochta priontála a fheabhsú d'úsáideoirí reatha, chomh maith lena caoithiúlacht a mheas do phróisis nua déantúsaíochta.

Fuair an tIonad cistiú breise le déanaí chun tacú le hionad oiliúna dochtúireachta SFI/EPSRC atá nasctha le hOllscoileanna Sheffield agus Manchain, agus beidh 25 mac léinn PhD á n-earcú ag I-Form dá bharr sna blianta atá amach romhainn. Anuas air sin, bhí stiúrthóir I-Form, an tOllamh Denis Dowling i gceannas ar rannpháirtíocht UCD i gcuibhreannas Déantúsaíochta €400+ milliún na hInstitiúide Eorpaí don Nuálaíocht agus don Teicneolaíocht (EIT). Tá sé seo dírithe ar an oideachas, an nuálaíocht agus cruthú an ghnó a chur chun cinn in earnáil na déantúsaíochta ar fud na hEorpa.

## Comhshaol

Baineann cuid mhór de na dúshláin dhomhanda atá romhainn inniu leis an gcumas a bheidh againn comhshaol inbhuanaithe a chruthú agus acmhainní nádúrtha a úsáid go ciallmhar. Cuireann taighdeoirí UCD réitigh phraiticiúla ar fáil i réimsí amhail maireachtáil inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, athrú aeráide, guaiseacha nádúrtha agus an timpeallacht thógtha. Tá saineolas acu i réimse leathan disciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí bitheolaíochta agus fisiciúla, chomh maith leis an eacnamaíocht, an t-iompar agus an rialachán, agus tá siad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh chomhshaol na hÉireann, mar aon leis na bagairtí atá ann don domhan i gcoitinne.

### *Buaicphointí Comhshaoil*

Ceapadh an tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis, atá in stiúrthóir ar Ionad Taighde Bitheacnamaíochta SFI BEACON, chuig bord bunchuspóra an AE maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, lena nÁirítear Athrú Sochaíoch. Seoladh an t-ionad BEACON €22.2 milliún, á threorú ag UCD, i mí Dheireadh Fómhair seo caite mar chuid de straitéis náisiúnta na bitheacnamaíochta.

Leanann iCRAG, Ionad Taighde an SFI do na Geo-Eolaíochtaí Feidhmeacha, de thaighde ceannródaíoch a sheachadadh ar na foinsí mianraí, uisce agus fuinnimh atá ag teastáil chun sochaí inmharthana a chruthú. I measc na mbuaicphointí a bhain le Scoil Idirnáisiúnta Samhraidh ReSToRE ar inmharthanacht foinsí faoi phátrúnacht UNESCO a reáchtáil bhí foilsiúchán an pháipéir bháin ar chuidiú le hiarrachtaí Eorpacha maidir leis an athrú domhanda agus taispeántais a dhéanamh ag comhdhálacha geo-eolaíochta agus ar fhoinsí nádúrtha ar fud na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh.

Ar deireadh, tá an Dr Francesco Pilla, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil ag obair ar na tionscadail iomadúla chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile na hEorpa. Faoi láthair tá an taighde ag comhdhearadh agus ag tástáil idirghabhála le saoránaigh chun droch-chaighdeán aeir agus na héifeachtachtaí sláinte a bhaineann leis a mhaolú, chun tuilte i gceantair faoi leith a thuar agus chun pleanáil a dhéanamh i gcoinne imeachtaí cosúil leo sin agus chun measúnú a dhéanamh ar luach spásanna glasa maidir leis an sláinte agus leis an bhfolláine dhaonna.



*Sa phictiúr tá an tOll. Eoin Carolan, Scoil Dlí Sutherland UCD ar bronnadh deontas ERC mór le rá air in 2019.*



*Sa phictiúr tá fochéimithe UCD le Pepper, Andróideach Daonnóideach Acadamh Nuálaíochta UCD ag freastal ar sheoladh Sheachtain Nuálaíochta UCD in PwC*

Tá an taighde ag méadú na feasachta i measc na saoránach cheana féin agus an gá a bhaineann le níos mó inmharthanachta agus tá an idirghabháil deartha don tionchar ar scála mór san Eoraip.

### Sláinte

In UCD, táimid ag breathnú amach romhainn ar thodhchaí an chúraim sláinte, todhchaí ina mbeidh teiripí, teicneolaíochtaí agus feistí nua a eascraíonn ón gcomhoibriú idir úsáid na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta. Tá ár gcur chuige bunaithe ar an leighis mionchruinn, agus soláthraíonn sé deiseanna iontacha i dtaobh na dteiripí is fearr a roghnú agus fo-iarmhairtí a laghdú thar réimse speisialtachtaí, lena n-áirítear an ailse, galair mheitibileacha agus chardashoithíocha, agus an deirmeolaíocht. Díríonn OneHealth, ceann de réimsí tosaíochta UCD, ar ghalair thógálacha agus neamhchoiteanna, agus bíonn sé ag plé le sláinte ainmhithe chomh maith le sláinte daoine. De bharr na rochtana atá ag UCD ar an líonra ospidéil is mó sa tír, Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG), a fhreastalaíonn ar phobal othar níos mó ná 1.1 milliún, bíonn deiseanna ar leith aige, teiripí a aistriú agus a chur i bhfeidhm. Is ceannródaithe muid freisin i gcur chun cinn na sláinte agus bíonn tionchar againn ar bheartais agus ar chleachtas, agus oibríonn ár gClár Sláinte Nasctha i gcomhar le cliniceoirí, leis an tionscal agus le hothair chun an dóigh a gcuirtear cúram sláinte ar fáil a athrú.

### *Buaicphointí Sláinte*

Díríonn taighdeoirí UCD ar an otracht go fóill, ceann de na fadhbanna sláinte is tábhachtaí in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tá aghaidh á tabhairt ar an ábhar ó phointí éagsúla idir aistí bia, an aclaíocht, athrú polasaí agus an mháinlíocht bhairiatrach, chomh maith le taighde ar ghalair a bhaineann leis an otracht amhail galar CV, strócanna agus an ailse. Bhí Príomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD, an tOllamh Cecily Kelleher rannpháirteach i dTogra Faire Otracht na hÓige de chuid WHO (COSI) – an taighde is mó dá leithéid, ag amharc ar breis agus 100,000 páiste idir 6 bliana agus 9 mbliana d'aois in 22 tír. Léirigh an taighde seo gur mó seans go mbeadh leanaí a dtugtar bainne foirmle dóibh murtallach ná iad siúd a dtugtar beathú cíche dóibh. In Éirinn níor thug beagnach leath de mháithreacha (46%) beathú cíche, i gcomparáid le 77% de na máithreacha san Eoraip.

> *In UCD, **táimid ag breathnú amach romhainn ar thodhchaí an chúraim sláinte**, todhchaí ina mbeidh teiripí, teicneolaíochtaí agus feistí nua a eascraíonn ón gcomhoibriú idir úsáid na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 42 11/02/2020 15:01

Stiúir an tOllamh Carel Le Roux, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD staidéar eile a raibh triail chliniciúil le Medfit, ionad fisiteiripe agus athshlánúcháin, do chóireáil deacrachtaí a bhaineann leis an otracht amhail réamhdiaibéiteas, aipnia chodlata, hipirtheannas agus diaibéiteas, mar chuid de. Rinne an staidéar scrúdú ar mheascán d'aistí bia, aclaíocht agus leigheas chun cailliúint meáchain 15% (idir dhá chloch agus trí chloch) a bhaint amach i measc na n-othar.

Tá UCD chun tosaigh sa Leigheas Mionchruinnis – cur chuige criticiúil bunaithe ar an othar aonair le drugaí agus cóireálacha nua a fhorbairt atá saincheaptha don duine aonair, in ionad modheolaíocht 'an toise céanna do chách'. Fuair an Ollscoil mórfhás san infheistíocht sa réimse seo anuraidh, lena n-áirítear maoiniú €2.7 milliún don Ollamh Walter Kolch, Stiúrthóir Chórais Bitheolaíochta Éireann, le haghaidh ardáin náisiúnta don anailís chuimsitheach mhóilínigh.

D'fhógair an Ollscoil mórchomhpháirtíocht le Genomics Medicine Ireland mar chuid de mhórchlár taighde ar an daonra náisiúnta, thar breis agus seasca galar, lena n-áirítear scléaróis iolrach, diaibéiteas, galar athlastach na bputóg, agus galar Alzheimer. Tá an chomhoibríocht seo ar ceann de na comhoibríochtaí acadúla agus tionsclaíochta is mó sa taighde domhanda ar ghéanómaíocht agus tá poitéinseal mór ann chun drugaí nua a fhorbairt chomh maith le scileanna agus saineolas na hÉireann sa réimse seo a chur chun cinn.

De réir spriocanna choincheap UCD 'One Health' – a aithníonn an leanúntas idir an comhshaol agus sláinte daoine agus ainmhithe – bunaíodh comhaontas trasatlantach, arna mhaoiniú ag Zoetis, idir UCD agus Ollscoil Davis California, agus é mar aidhm aige dul i ngleic leis na príomhdhúshláin amhail an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach. Bunaíodh ciste nua chun tacú le comhoibríochtaí straitéiseacha in One Health le hOllscoil Dhún Éideann freisin.

Ba thairbhithe de DTIF an Stáit iad taighdeoirí UCD sna heolaíochtaí sláinte freisin. Tá an tOllamh Wenxin Wang, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Deirmeolaíochta Charles UCD, atá i gceannas ar thionscadal ar luach €8.4 milliún i gcomhar leis na comhpháirtithe Amryt Pharma, Curran Scientific agus DEBRA Ireland, ag déanamh taighde ar ardán teiripe do ghéin bhunathraitheach a d'fhéadfaí a chur in ionad víreas i gcóireáil fadhbanna géiniteacha amhail Epidermolysis Bullosa.

Tá an tOllamh Ronan Cahill, Scoil an Leighis UCD, ag stiúradh cuibhreannas tionscadail leis an RCSI, IBM Research agus Deciphex – cuibhreannas ar bronnadh €5.7 milliún air – do thaighde a bhfuil mar aidhm aige diagnóis ailse colaireictí a athrú ó bhun agus a chóireáil trí eolas cinnteoireachta a chur ar fáil nuair is gá chun idirghabháil níos gasta agus níos cruinne a sholáthar.

D'éirigh leis an Dr Attracta Lafferty, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte, agus Stiúrthóir Comhlach an Lárionad um Chosaint Seanóirí (NCPOP), duais an 'Emerging Investigator' a fháil ó Bhord an Taighde Sláinte. Agus beagnach €800,000 faighte aige, tá sé mar aidhm ag tionscadal an Dr Lafferty clár bunaithe ar an áit oibre a fhorbairt chun iompair sláinte agus féinchúraim i measc cúramóirí oibre teaghlaigh a chur chun cinn, i gcomhpháirt le Family Carers Ireland.

Ar deireadh, fuair an Dr Caoileann Murphy, bia-eolaí taighde UCD – taighdeoir iardhochtúireachta ag Institiúid Mhic Con Mí UCD – duais 'Drummond Early Career Scientist' de chuid an British Nutrition Foundation i mí na Samhna seo caite, scéim bhliantúil a aithníonn bia-eolaithe go luath ina ngairmré a léiríonn an-acmhainneacht bheith ina gceannairí sa réimse amach anseo.

## TFC

Cuireann taighde TFC in UCD eolas nua ar fáil agus soláthraíonn sé taighdeoirí ardoilte i réimsí amhail anailísíocht sonraí, intleacht shaorga (IS), Idirlíon na nEarraí, córais chliste, príobháideachas agus slándáil. Cruthaíonn an taighde sin naisc idir na réimsí seo agus réimsí eile freisin, agus aghaidh á tabhairt ar fheidhmeanna amhail an talmhaíocht chliste, an tsláinte nasctha, agus na daonnachtaí digiteacha.

### *Buaicphointí TFC*

De réir thuarascáil a rinne Cybersecurity Ventures le déanaí maidir leis an gcibearchoireacht, tá méid agus minicíocht na n-ionsaithe cibearshlándála ag dul i méid gach bliain, agus tá géarghanntanas speisialtóirí cibearshlándála agus réitigh ar fáil chun dul i ngleic leis. Meastar go sroichfidh costas na coireachta nua-aimseartha seo $6 trilliún go domhanda faoi 2021.

Agus é ailínithe leis an riachtanas tromchúiseach seo, tá taighde sa réimse seo mar phríomhfhócas anois do UCD. D'óstáil an Ollscoil a gCollóiciam Cibearshlándála i mí Bealtaine chun leithead a dtaighde den scoth a chur ar taispeáint le hionchur ó chomhpháirtithe lena n-áirítear IBM, EXEDEC, Mastercard agus DAC Beachcroft.

Fógraíodh i mí Feabhra go gcomh-stiúrfaidh an Dr Liliana Pasquale, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus Lárionad Taighde SFI Lero, foireann taighdeoirí Éireannacha ag cruthú cuid de chuibhreannas a roghnaíodh le haghaidh tionscadal cibearshlándála H2020 a bhfuil luach €15 milliún aige, CyberSec4Europe. Neartóidh an tionscadal dhá mhí is daichead cumas taighde agus nuálaíochta agus acmhainní cibearshlándála Bhallstáit an AE.

I mí Márta d'óstáil UCD an ócáid ríomhaireachta candamaí is mó in Éirinn, á heagrú i gcomhpháirt le IBM Research Ireland, Taighde UCD, agus Institiúid um Fhionnachtain UCD. Dhírigh Collóiciam Teicneolaíochtaí Candamacha UCD-IBM ar dheiseanna taighde atá ag teacht chun cinn sa réimse – réimse taighde idirdisciplíneach go dlúth



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 43 11/02/2020 15:01

> *Cuireann taighde TFC in UCD **eolas nua ar fáil agus soláthraíonn sé taighdeoirí ardoilte** i réimsí amhail anailísíocht sonraí, intleacht shaorga (IS), Idirlíon na nEarraí, córais chliste, príobháideachas agus slándáil.*

a fhorbraíonn mar gheall ar an saineolas san Eolaíocht agus san Innealtóireacht ach a meastar go mbeadh thar a bheith trioblóideach do réimse disciplíní eile.

Fuair dhá thionscadal TFC de chuid UCD cistiú ó Chiste Nuálaíocht na dTeicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Bhuaigh an tOllamh Tahar Kechadi agus an Dr Brian MacNamee, an bheirt acu ó Scoil na Ríomheolaíochta UCD, agus an tOllamh Jonathan Dodd, Scoil an Leighis UCD, in éineacht le IBM Ireland, Nova Leah, DKIT agus Davra Networks, bhuaigh siad €2.2 milliún dá dtionscadal íomháithe leighis chun ardán a thógáil a tháirgeann teicneolaíochtaí cumasúcháin ar féidir leo sonraí íomhánna agus téacs a óstáil, a bhainistiú, a phróiseáil agus a anailísiú, ag cruthú éiceachóras de ghníomhairí i bhfearann an íomháithe leighis.

Anuas air sin, bhuaigh an Dr Oisin Boydell, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus CeADAR Technology Centre for Applied Artificial Intelligence, in éineacht le comhpháirtithe Exertis Supply Chain Services agus Sonalake, €1 mhilliún do thionscadal tháirgeacht blocshlabhraí a bhfuil mar aidhm aige teicneolaíocht tháirgeacht an shlabhra soláthair a athrú ó bhun.

Tá príomhróil cheannasaíochta ag taighdeoirí UCD sna ceithre Ionad SFI nua don Oiliúint Taighde (CRT), mar chuid d'infheistíocht €100 milliún chun oiliúint a chur ar fáil do 700 iarchéimí i Scileanna Digiteacha, Sonraí agus TFC don Todhchaí. Tá an Dr Brian McNamee, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, i gceannas ar an CRT don Mheaisínfhoghlaim in éineacht leis an Dr Georgiana Ifrim, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, mar chomhstiúrthóir in éineacht le comhghleacaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus DCU.

Tá an tOllamh Julie Berndsen, Scoil na Ríomheolaíochta UCD ina comh-stiúrthóir ar an CRT don Réaltacht Feabhsaithe Dhigitigh in éineacht le comhghleacaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, DCU agus OÉ Gaillimh. Tá an Comhollamh Claire Gormley, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD ina comh-striúrthóir ar an CRT do Bhunús na hEolaíochta Sonraí, in éineacht le comhghleacaithe in Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Mhá Nuad, agus tá an tOllamh Denis Shields, Scoil an Leighis UCD ina chomh-striúrthóir ar an IOT don Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta, i gcomhpháirt le OÉ Gaillimh, RCSI, COC agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

## Instiúidí Taighde UCD

Chomh maith le hobair a dhéanamh ar mhaithe leis na réimsí taighde tosaíochta thuasluaite, bhí baint ag insitiúidí taighde UCD le roinnt tionscnamh leathan ar fud na hOllscoile, a ndéantar cur síos ar chuid acu thíos.

### Institiúid Mhic Con Mí UCD

Tá Comhalta Mhic Con Mí UCD, an Dr Antoinette Perry agus a foireann ag stiúradh fhorbairt tástáil nua a úsáideann fual chun ailse phróstatach a aimsiú. Léirigh staidéir go dtí seo go raibh an tástáil 70% uaire níos sonraí don ailse phróstatach i gcomparáid leis an tástáil fola atá á húsáid ag dochtúirí i láthair na huaire. D'fhéadfadh tuilleadh bailíochtaithe mar gheall ar an tástáil nua 'epiCaPture' cabhrú le fir a bhfuil tástálacha ionracha ag teastáil uathu a aithint ar bhealach níos cruinne. Foilsíodh torthaí na foirne taighde in iris an American Society of Clinical Oncology *JCO Precision Oncology* le déanaí.

Mhaoinigh Cumann Ailse na hÉireann an forleathnú náisiúnta ar an tionscnamh 'Patient Voice in Cancer' agus, ag an gceardlann i mí Aibreáin 2019, thug othair comhairle don Chlárlann Náisiúnta Ailse in Éirinn maidir le dearadh an tsuirbhé náisiúnta ar mharthanas ailse. Mar gheall ar imeachtaí amhail Choirs for Cancer agus Cancer Stories ar Lá Domhanda na hAilse 2019, leanaimid orainn naisc a fhorbairt idir pobail, othair agus taighdeoirí.

Ar deireadh, rinne an tsraith rannpháirtíochta poiblí, Debating Ageing, imscrúdú ar dul in aois mar fheiniméan casta a dteastaíonn fráma anailíse trasdisciplíneach uaidh. Chomheagraigh Institiúid Mhic Con Mí UCD, Institiúid um Fhionnachtain UCD, Institiúid don Léann Daonna UCD, Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí, Lárionad UCD do Stair an Leighis agus Clár Ignite Connect UCD HRB é.

### Institiúid um Fhionnachtain UCD

Oibríonn Institiúid um Fhionnachtain UCD go comhoibríoch chun naisc idirdhisciplíneacha thar phobal taighde UCD agus comhpháirtithe tionsclaíochta a fhorbairt agus a chothú chun iad a chumasú bealaí nuálaíochta agus cruthaitheacha a aimsiú chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí.

I rith na bliana seo caite, chomhóstáil agus thacaigh Fionnachtain UCD le roinnt imeachtaí idirdhisciplíneacha a bhfuil an-tionchar ag baint leo, amhail 'AI for Good', 'Food for Thought' agus an Collóiciam Cibearshlándála, chomh maith le cuireadh a thabhairt do go leor comhaltaí iomráiteach ar cuairt ó institiúid ceannródaíocha domhanda tríd ár gClár Comhaltachta Idirnáisiúnta ar Cuairt – an tOllamh Noel Sharkey, Ollamh IS agus Róbataice agus Ollamh na Rannpháirtíochta Poiblí ag Ollscoil Sheffield; an tOllamh Alan Winfield, Ollamh na hEitice Róbataice ag Ollscoil Iarthar Shasana; Christopher



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 44 11/02/2020 15:01

Painter, iar-chibearthaidhleoir tosaigh na Stát Aontaithe agus cibearshaineolaí a bhfuil clú domhanda air; agus Joanna Goodey, Ceann Roinn na Saoirsí agus Dlí ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chearta Bunúsacha.

### Institiúid Domhaneolaíochta UCD

Bhí Institiúid Domhaneolaíochta UCD ag leathnú a bhallraíochta chun leithead iomlán an tsaineolais chomhshaoil in UCD a chuimsiú agus le bheith rannpháirteach leis, agus sé choláiste agus naoi gcinn déag dá scoileanna á gcuimsiú aige anois. Tá ról láidir á ghlacadh aige mar chuid de fhreagra UCD mar gheall ar na dúshláin a léirítear sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ag stiúradh an eagrúcháin a bhain le sraith samhraidh a thug aghaidh ar gach sprioc le painéal idirdisciplíneach a raibh cainteoirí inmheánacha agus seachtracha air, chomh maith le ceardlann chun sineirgí agus deiseanna taighde a chíoradh.

Tá an tsraith seo mar chuid de chlár beoga imeachtaí á reáchtáil ag an Institiúid chun taighdeoirí chomhshaoil a thabhairt le chéile chun teagmháil a dhéanamh leis na príomhchomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal go ginearálta. Cheadaigh na himeachtaí seo do chomhoibríochtaí idirdhisciplíneacha tarlú agus bhí iarratais rathúla ar mhíniú mar thoradh air i réimse topaicí lena n-áirítear an éiceolaíocht agus bainistíocht na bhfianna in Éirinn, agus an cuardach le haghaidh barr atá seasmhach i gcoinne na haeráide.

Tá comhéadan darb ainm ECOBROKER bunaithe ag tionscadail tosaíochta straitéiseacha na Institiúide Domhaneolaíochta chun cleachtóirí comhshaoil a nascadh le taighdeoirí comhshaoil, agus tá comhoibríocht curtha ar bun acu chun cur le bunús na fáisnéise d'éiceachórais chomhshaoil talmhaíochta atá seasmhach in gcoinne na haeráide.

### Institiúid Fuinnimh UCD

Cuireann Institiúid Fuinnimh UCD forbairt an taighde chun gnímh ina thrí bhunthionscadal: bunchlár taighde idirdhisciplíneach; EMPowER, tionscadal múnlaithe inmheánach don pholasaí comhshaoil; agus a Shaotharlann Fuinnimh Chomhtháite. Leanann sé ar aghaidh freisin ag obair go dlúth le heagraíochtaí ar nós an ÚFT chun infheistíocht eachtrach a mhealladh, agus chun Éire a chur ar taispeáint mar eiseamláir don athrú sa chóras leitreachais chun dícharbónú a bhaint amach ar scála mór.

Aithníonn EMPowER, arna chistiú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, bearta ar féidir a bhaint amach agus atá éifeachtach ó thaobh an chostais de, bearta ciallmhara a d'fhéadfadh Éire glacadh chun an bearna a líonadh agus spriocanna astaíochta 2030 agus níos faide ar aghaidh a bhaint amach. Trí EMPowER, tá an Institiúid ag déanamh imscrúdú ar impleachtaí an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide (CAP) a foilsíodh i mí Meithimh 2019 – an ráiteas is mionsonraithe agus is radacaí de chuid na hÉireann ar bheartas ar son na haeráide go dtí seo. Ar an drochuair, de réir na fáisnéise ó na déaga seo caite, léirítear gurbh fhéidir le himeacht suntasach bheith ann idir cuspóirí, spriocanna agus torthaí. Cuireann EMPowER taighde cainníochtúil trasdhisciplíneach ar fáil ar féidir leis eolas a dhéanamh do bheartas ar son na haeráide go díreach.

In 2019, thosaigh an Institiúid Taighde ar Chumhacht Leictreach (EPRI) EPRI na hEorpa, an mol nua R&D Eorpach do réimse taighde ar an eangach cliste agus ar an bhfuinneamh comhtháite. Gné cinnteoireachta chriticiúil don EPRI ab ea caidreamh straitéiseach an EPRI le hInstitiúid Fuinnimh UCD, agus a gcomhfhiontar le Saotharlann Fuinnimh Chomhtháite na Institiúide Fuinnimh UCD ach go háirithe, ina bhunáit Eorpach a lonnú in Éirinn.

Is é an Clár Ildisciplíneach Comhpháirtíochta i gCórais Fuinnimh Chomhtháite (ESIPP) príomhchlár Institiúid Fuinnimh UCD, ag fáil €11 milliún i gcomh-mhaoiniú ón SFI, ó chomhpháirtithe tionsclaíochta agus ó thabhartais dhaonchairdiúla. Tá ESIPP ag sárú spriocanna agus a punann maoinithe á éagsúlú agus d'éirigh leis €7.26 milliún a ghiaráil i maoiniú Eorpach agus maoiniú idirnáisiúnta óna thús in 2015, lena n-áirítear comhordú na gceithre ghradam Horizon 2020 agus ERC ar luach na milliúin iad. Anuas ar ghiaráil an mhaoinithe idirnáisiúnta seo, tá maoiniú suntasach náisiúnta/áitiúil/státchiste ag foireann an ESIPP trí ghníomhaireachtaí amhail SFI, Fiontraíocht Éireann agus SEAI, ag fáil €8.1 milliún ar an iomlán go dtí seo – €4.1 milliún de sin a fuarthas sa bhliain airgeadais is déanaí.

### Institiúid Bia agus Sláinte UCD

D'éirigh leis an Institiúid tairiscint rathúil a chur isteach le haghaidh céim 3 de chlár Food for Health Ireland (FHI) Ionad Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann, le maoiniú ar luach €14.4 milliún. Agus é á threorú ag Stiúrthóir na hInstitiúide, an tOllamh Dolores O'Riordan agus leis an POF, an Dr Nessa Noronha, soláthróidh FHI 3 clár eolaíochta idirnáisiúnta piarmheasta chun na hardáin teicneolaíochta is úire a chur ar fáil chun príomhchomhlachtaí agraibhia na hÉireann a chumasú nuálaíocht a dhéanamh i bpríomhréimsí an éilimh ar easpórtáil dhomhanda.

D'éirigh leis an Institiúid, i gcomhpháirt le Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD, Dioplóma Gairmiúil i Slándáil agus Ardchaighdeán an Bhia a bhronnadh ar ghrúpa bainisteoirí sinsearacha ó mhórchomhlacht ilnáisiúnta bia. Bronnfar céimeanna ar chéad chéimithe an chláir seo i mí Mheán Fómhair 2019.

I mí Eanáir 2019, sheol an Insititiúid a Shraith Léachtaí Poiblí ar mhórthopaicí roghnaithe sa Chothú agus sa Sláinte – chun eolas iontaofa eolaíochtúil bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar ar fhadhbanna a bheadh ina n-ábhair spéise don mhórphobail, a mbíonn mearbhall orthu agus a bhíonn searbhasach i leith an ábhair mar gheall ar eolas míchruinn.

### Institiúid Uí Ghadhra UCD

D'fhoilsigh foireann SPRING (Studying Peer Review in Grants), arna cistiú ag an SFI, a chéad mhórshaothar, suirbhé measúnaithe ar an litríocht a bhaineann leis an múnlú bunaithe ar ghníomhairí in ábhair phiarmheasta. Chomh maith leis sin, rinne an fhoireann imeacht aon



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 45 11/02/2020 15:01




*Sa phictiúr (ó chlé go deas) nuair a fógraíodh clár luasaire 5G/IoT tá; Tom Flanagan, Stiúrthóir Fiontair agus Tráchtálaithe, UCD; Max Gasparroni, Príomhoifigeach Teicniúil Eatramhach Vodafone Ireland ar scairt holagrafach ón nGearmáin John Griffin, Stiúrthóir Bainistíochta, Ericsson Ireland agus Anne O'Leary, POF, Vodafone Ireland.*

lá ar chomhoibríochtaí idir ollscoileanna agus tionscail (UIC) ag Ollscoil Mhá Nuad, ag tabhairt scoláirí agus comhpháirithe tionsclaíochta le chéile chun an cleachtas is fearr agus an fhoghlaim in UIC a phlé.

Chuaigh ceann de príomhthionscadail na hInstitiúide le dhá bhliain déag anuas, Preparing for Life, amach arís in 2019 le feiceáil an bhfuil na móréifeachtaí cláir a fuarthas ag aois a cúig le fáil go fóill ag aois a naoi. Cé go bhfuair an mheastóireacht thrialach ar an gclár luath-idirghabhála seo in Éirinn go raibh sé éifeachtach i scileanna cognaíochta agus sochmhothúchánacha na bpáistí a fheabhsú ag deireadh na hidirghabhála, faigheann staidéir eile ar chláir luath-idirghabhála go bhfuil claonadh ann go laghdaíonn na chéad fheabhsuithe nuair a thagann deireadh leis an idirghabháil.

Cuirfidh foireann na hEolaíochta Iompraíochta tús go luath le tionscadal Horizon 2020 eile dar teideal 'Mind the Gap: Understanding the drivers of intention-behaviour gaps in the consumption of meat and single-use plastics,' faoi stiúr an Dr Kate Laffan. Chomh maith leis sin, beidh an fhoireann i gceannas ar phacáiste oibre eile ar an mórchlár H2020, 'Policy, Expertise, and Trust in Action (PEriTiA),' faoi stiúr an Ollaimh Maria Baghramian. Coinníonn an grúpa sraith ghníomhach seimineár agus ceardlann, agus d'óstáil sé comhdháil de chuid International Association for Research in Economic Psychology (IAREP) i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath le déanaí.

Go dtí seo, mhapáil an Tionscadal ERC, Polaitíocht Saothair agus Nua-Réimeas Rialaithe Eacnamaíoch an AE, á threorú ag an Ollamh Roland Erne, 'sean'-idirghabháil rialaithe an AE chomh maith le hidirghabháil nua (a) i gcaidreamh tionsclaíochta, (b) i soláthar chúram sláinte, (c) i soláthar an uisce, agus (d) i soláthar iompar uirbeach poiblí sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Rómáin agus in Éirinn. Thosaigh an fhoireann ar taighde a dhéanamh ar fhreagraí na gceardchumann agus na gluaiseachtaí sóisialta sna réimsí seo ag leibhéal an AE chomh maith.

Ar deireadh, tugadh an t-ardán ar líne d'eolas a chur ar fáil do pholasaí poiblí agus chun díospóireacht a dhéanamh air in Éirinn, PublicPolicy.ie, le chéile laistigh d'Institiúid Uí Ghadhra UCD. Soláthraíonn sé faisnéis neamhspleách chun eolas a dhéanamh do pholasaithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil agus chun torthaí taighde ábhartha a scaipeadh le déantóirí polasaithe agus saoránaigh a mbeadh spéis acu ann.

## Institiúid don Léann Daonna UCD

Bhí bliain thorthúil eile ag an Institiúid don Léann Daonna UCD, agus sceideal gnóthach acu le himeachtaí taighde agus oiliúna. In éineacht le foireann lán mac léinn PhD agus comhaltaí iardhochtúireachta i mbliana, chuireamar fáilte roimh Chomhaltaí ar Cuairt ón Íoslainn – an Dr Gunnþórunn Guðmundsdóttir (Ollscoil na hÍoslainne) ag obair ar an Ireland-Iceland Memory Cultures Network – agus ón Ríocht Aontaithe, leis an Dr Hilary Bishop (Liverpool John Moores University) ag obair ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

Thug an tOllamh Professor Ute Frevert, Stiúrthóir na hInstitiúide Max Planck don Fhorbairt Daonna i mBeirlín, an tAoi-Léacht Céimiúil, 'The History of Emotions: Promises, Projects and Achievements,' i mí Aibreáin na bliana seo.

Bhuaigh an Institiúid an 'Wellcome Trust Small Grant' sna Daonnachtaí agus san Eolaíocht Shóisialta le haghaidh 'Framing Ageing: A Clinical, Cultural and Social Dialogue' – tionscadal aon bhliain comhoibríochta sna Daonnachtaí Leighis le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 46 11/02/2020 15:01




Sa phictiúr tá an Dr Elaine Sullivan, comhbhunaitheoir agus PFO Carrick Therapeutics, buaiteoir Ghradam Fhiontraí Éiritheach na Bliana EY 2018.

Lean Daonnachtaí UCD lena shraith léachtaí éagsúla ar an rannpháirtíocht phoiblí leis an tsraith 'Plotting the Future: Scenes and Scenarios of Speculation' (Mark O'Connell) agus leis an tsraith 'Truth to be Told' (Philip Kitcher; Jan Assmann).

## Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta dá príomhról in éiceachóras nuálaíochta agus malartaithe eolais na hÉireann mar áisitheoir fáis gheilleagraigh agus mar eagraíocht a chuireann le forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta. Tacaímid leis an tiomantas seo trínar mic léinn agus céimithe nuálacha agus fiontraíocha, trí chomhpháirtíocht a fhorbairt le gnólachtaí, gníomhaireachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha, trí thorthaí taighde a thráchtálú, trí fhiontair nua a chruthú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a mhéadú, agus trí phoist a chruthú.

Sampla den ghealltanas seo ná infheistíocht €6.5 milliún na hOllscoile chun an clós thoir ag NovaUCD a fhorbairt agus a leathnú, tionscadal atá á chur i gcrích anois. Beidh méadú 50% ar chumas na hOllscoile chomhlachtaí nuathionscanta a lonnú mar thoradh ar an bhforbraíocht seo.

Léiríodh tionchar ghealltanas leanúnach na hOllscoile do thacaíocht a thabhairt do gnólachtaí nuathionscanta fás agus forbairt go domhanda i dtorthaí shuirbhé 15 bliain NovaUCD a fógraíodh le linn na bliana.

Léiríonn na torthaí seo gur thacaigh UCD le breis agus 360 comhlacht agus fiontar sna luathchéimeanna trí NovaUCD ó bhí 2003 ann. Tá breis agus €760 milliún saothraithe i maoiniú gnáthscaireanna ag na comhlachtaí a tugadh tacaíocht dóibh. Bhí breis agus €113 milliún san iomlán saothraithe i láimhdeachas cuimsithe bliantúil ag na comhlachtaí in 2018 agus le chéile fostaíonn siad breis agus 1,040.

Anuas air sin, tá UCD lántiomanta do réimse leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas na bpáirtithe leasmhara, amhail an earnáil tionscail, an earnáil phoiblí agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, leas a bhaint as saibhreas na teicneolaíochta, an taighde, na nuálaíochta agus an tsaineolais a chruthaíonn an Ollscoil.

Ina thaobh seo, ceann de na príomhchláir nua a tugadh isteach i mbliana ná Clár Luasaire 5G/IoT á urrú ag Vodafone Ireland agus Ericsson. Aidhm an chláir seo ná cuidiú le fiontraithe a dteastaíonn uathu táirgí agus seribhísí cumasaithe ag líonra 5G/IoT a sheoladh go rathúil. Tabharfaidh 5G/IoT luasanna aistriú sonraí deich n-uaire níos gasta ag cumasú feidhmchlár amhail réadúlachtaí fíorúla, breisithe agus measctha a sheachadaítear trí líonra le haghaidh eispéiris fhoghlama agus cluichíochta níos saibhre. Beidh moilleanna níos gaire sa chumarsáid mar thoradh air seo, ag cumasú drón, feithiclí uathrialaitheacha agus róbaitic Tionscail 4.0 cumarsáid níos gasta a dhéanamh. Cuirfidh 5G ar chumas níos mó daoine, gléasanna agus braiteoirí cumarsáid a dhéanamh lena chéile ag soláthar feidhmchlár do champais chliste, do láithreacha cliste agus do chathracha cliste.

Ar deireadh, le linn na bliana, faomhadh polasaithe agus nósanna imeachta uasdátaithe na hOllscoile mar gheall ar bhainistíocht maoine intleachtúla agus coinbhleachta leasa agus cuireadh i bhfeidhm iad ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

### Tionscadail Nua le Déanaí

Athfhógraíodh Painéal Meantóireachta NovaUCD le linn na bliana agus mheallamar meantóirí agus comhpháirtithe gnó leasmhara chuig ár líonra trí fheachtais dhigiteacha, trí láithreacht ag príomhimeachtaí éiceachórais agus trí rannpháirtíochtaí straitéiseacha. D'fhás an líonra, agus anois tá breis agus 40 bunaitheoir agus ceannaire gnó a bhfuil taithí acu thar raon réimsí tionsclaíochta atá rannpháirteach inár gclár.

Le linn na bliana, bhunaigh NovaUCD agus Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD clár scoláireachta nua d'intéirneachtaí Fiontair agus Nuálaíochta. Cuirfidh an clár naoi mí seo

*Tá UCD tiomanta dá príomhról in éiceachóras nuálaíochta agus malartaithe eolais na hÉireann mar **áisitheoir fáis gheilleagraigh** agus mar eagraíocht a chuireann le forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 47 11/02/2020 15:01

ar chumas fhochéimithe gnó oibriú le dhá ghnólacht nuathionscanta NovaUCD le linn an chláir.

Bhunaigh UCD na hOifigí Aistrithe Eolais in ospidéil in Ospidéal San Uinseann agus Ospidéal an Mater anuraidh le cumas tráchtála na dtorthaí taighde atá ag teacht amach as an dá ospidéal a fhorbairt, agus cumhacht na bhforbairtí leighis a mhéadú ionas gur féidir a oiread méadaithe agus is féidir a chur ar líon na n-othar ar fud an domhain a bhainfidh leas astu.

Reáchtáladh 16 chlinic agus dhá sheimineár nuálaíochta chliniciúla ar an iomlán sna hospidéil le linn na bliana agus nochtaigh dochtúirí comhairleacha, altraí cliniciúla agus comhordaitheoirí trialacha cliniciúla 30 smaoineamh fhéideartha dá mbarr. Tá cúig cinn de na smaointe seo á bhforbairt i láthair na huaire agus cuireadh dhá cheann acu isteach chuig Gradaim Nuálaíochta Fiontraíochta Chlinic Éireann-Cleveland 2019.

Is é aidhm an tionscnaimh 'Scabhtaí Aistrithe Eolais' pobal de chomhaltaí iardhochtúireachta, mic léinn PhD agus riarthóirí taighde ar leith a chothú agus a thógáil, pobal a bhfuil suim aige tuilleadh a fhoghlaim maidir le teicneolaíocht a thráchtálú. Cuidíonn sé le foireann aistrithe eolais UCD deiseanna nua tráchtála a aithint laistigh dá gColáistí, dá Scoileanna agus dá n-Institiúidí féin. Le linn na bliana cuireadh líon fionnachtana chuig na Scabhtaí.

Bhí clár Intéirneachtaí Gnó NovaUCD ar siúl ar feadh sé seachtaine le linn an tsamhraidh le cúigear mac léinn gnó ó na Stáit Aontaithe a d'oibrigh le haghaidh cúig fhiontar luathchéimeanna UCD. Rinne na hintéirnigh anailís mhargaidh, mar chuid den chlár, le scóip agus méid an spriocmhargaidh ábhartha a thuiscint don fhiontar; d'fhorbair siad ábhair mhargaíochta agus straitéis le cur ar chumas fiontair a nuálaíocht a chur os comhair custaiméirí féideartha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

### ConsultUCD

Tá ConsultUCD, seirbhís bainistíochta comhairleachta na hOllscoile, ag obair ar bhonn gníomhach leis na hearnálacha tionscail agus gnó le deiseanna comhairleoireachta a fhorbairt. Mar gheall ar na deiseanna sin, bainfear leas as ár saineolas in Éirinn agus ár saineolas idirnáisiúnta ó thaobh na heacnamaíochta agus na sochaí de agus beidh rochtain níos leithne agus níos éasca ag páirtithe leasmhara seachtracha ar eolas agus saineolas UCD. Tá scoláirí atá i mbun comhairleachta ábalta na fáltais a úsáid lena ngníomhaíochtaí taighde agus tráchtálaithe a chistiú.

D'oibrigh ConsultUCD le scoláirí ó bhreis agus dhá Scoil UCD déag chun tacú leo lena gcomhairleacht sheachtrach. D'oibrigh comhairleoirí acadúla le réimse eagraíochtaí lena n-áirítear innealtóirí, fondúireachtaí carthanachta, déantóirí carr, SME agus údaráis rialaithe.

Le linn na bliana nocht torthaí ó staidéar Toyota Ireland a rinne taighdeoirí UCD agus a coimisiúnaíodh trí ConsultUCD, go dtiomáineann córas gléasra cumhachta hibride Toyota i modh saor ó astaíochtaí (ZEV)ar feadh breis agus leath (62%) den am, agus breis agus 40% d'fhad an turais, i gcoinníollacha tipiciúla timaistrithe na hÉireann.

Bhí an tOllamh Robert Shorten agus an tOllamh Cúnta Giovanni Russo, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, an Comhollamh Francesco Pilla, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD agus an Comhollamh David Timoney, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD ina n-údair ar an staidéar dar teideal *Energy Behaviour of Toyota Prius Hybrid Vehicles in Sample Irish Commuting Conditions*.

Anuas air sin, le linn na bliana, d'éirigh leis an gComhollamh Tara Cusack, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD freagra a thabhairt ar thairiscint ó CORU chun seirbhísí tástálacha cumais a sholáthar thar thréimhse trí bliana.

## Ag Obair i gComhar le lucht Tionscail

Tá sárobair déanta ag UCD ó thaobh oibriú le lucht tionscail de, agus bíonn UCD ag iarraidh rannpháirtíocht láidir straitéiseach a bheith aige le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha; ar an mbealach sin cuirtear leis an luach, leathnaítear líonraí agus pléitear bealaí nua ina bhféadfadh tionchar a bheith againn trí obair a dhéanamh le chéile.

I measc ár n-éiceachóras nuálaíochta tá cláir mhórscála chomhoibríocha cosúil le CSETanna, nó Ionaid agus Braislí Straitéiseacha Taighde, arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ionaid teicneolaíochta arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus an earnáil tionscail.

Anuas air sin, thug os cionn 250 cuideachta cistiú i gcomhair taighde ag UCD le blianta beaga anuas agus chomhoibrigh níos mó ná 1,000 cuideachta le UCD ar thionscadail taighde.

Tá os cionn 50 cuideachta, idir ghnólachtaí ardteicneolaíochta nuathionscanta agus gnólachtaí seanbhunaithe atá á dtreorú ag nuálaíocht, lonnaithe in UCD anois. Tá na cuideachtaí sin bunaithe go príomha ag NovaUCD nó NexusUCD, An tIonad Comhpháirtíochta Tionsclaíochta, agus tá meascán earnálacha i gceist, idir thalmhaíocht, bia-eolaíocht, eolaíocht na beatha, TFC, eolaíocht fhisiceach, innealtóireacht agus teicneolaíocht ghlan. Tá siad lonnaithe ar an gcampas d'fhonn a bheith ag comhoibriú níos cóngaraí le UCD.

### Tráchtálú Torthaí Taighde

Cuireann NovaUCD gorlann ghnó shaintógtha den chéad scoth ar fáil do chuideachtaí dlútheolais, chomh maith le clár cuimsitheach tacaíochta gnó.

Le linn na bliana, thug roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta, ó thíortha amhail an Astráil, an tSín, an Indinéis, an India, Cuáit, an Rómáin, an Téaváin, Uganda agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuairt ar NovaUCD le tuilleadh a fháil amach faoi rath UCD sa tráchtálú agus sa bhfiontraíocht.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 48 11/02/2020 15:01

Chomh maith leis sin, i dteannta le foireann aistriú eolais UCD bunaithe ag NovaUCD, tugtar cabhair do thaighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) maoin intleachtúil (IP) a eascraíonn as cláir taighde a shainaithint agus a chosaint, agus mar sin is féidir féachaint chuige tráchtálú a dhéanamh ar an IP trí cheadúnú a thabhairt do chuideachtaí agus trí mac-chuideachtaí a bhunú.

Thuairiscigh taighdeoirí UCD 78 aireagán le linn na bliana. Ina theannta sin, chomhdaigh UCD 23 iarratas tosaíochta ar phaitinn i réimsí na hinnealtóireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus na n-eolaíochtaí beatha. Rinne UCD 24 comhaontú ceadúnais le réimse cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta freisin.

Rinneadh sé mac-chuideachta nua de chuid UCD a chorprú chomh maith: AzaCor Therapeutics, Equal1 Labs, Naiad 3D Bioprinting, Output Sports, ProvEye agus Reneurx Research and Development.

Rinneadh AzaCor Therapeutics le 5-asaicítidín (5-AZA) a fhorbairt ar mhaithe le cóireáil a chur ar Cairdimiópaite Hipeartrófach Thoirmeascach (HOCM). Is iad seo a leanas bunaitheoirí na cuideachta; An Comhollamh John Baugh, Scoil an Leighis UCD agus an Dr Chris Watson.

Táthar ag forbairt cineál nua ríomhaire candamach in Equal1 Labs a bheidh bunaithe ar CMOS (Leathsheoltóir Comhlántach Ocsaíd Mhiotail). Is iad seo a leanas bunaitheoirí na cuideachta; An Dr Dirk Leipold, Mike Asker agus An tOllamh R. Bogdan Staszewski, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD.

Táthar ag forbairt Bithphrintéir 3T in Naiad 3D Bioprinting a stiúrann airíonna 'bithdhúigh' chun aithiris níos fearr a dhéanamh ar struchtúr agus feidhm fíochán. Déanfaidh an Bithphrintéir 3T micri-fhíocháin orgánaitíopacha fheabhsaithe agus inatáirgthe a sholáthar ar mhaithe le fionnachtain drugaí a chur ar fáil don tionscal bith-theicneolaíochta agus cógaisíochta. Is iad bunaitheoirí na cuideachta An tOllamh Cúnta Emmanuel Reynaud, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, agus an tOllamh Brian Rodriguez, Scoil na Fisice UCD.

Bunaíodh Output Sports chun teicneolaíocht a thráchtálú a úsáidtear chun feidhmíocht lúthchleasaithe a rianú agus a thástáil, ag úsáid bhraiteoir inchaite aonair. Is iad seo a leanas bunaitheoirí na cuideachta; An tOllamh Brian Caulfield, Julian Eberle, An Dr Martin O'Reilly agus an Dr Darragh Whelan, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD.

Bunaíodh ProvEye chun réitigh bhogearraí cheann go ceann a sholáthar le haghaidh gnáthaimh ceartaithe íomhánna atá forbartha agus uathoibrithe, ar féidir iad sin a chomhtháthú go díreach isteach i réitigh digiteacha agus beachtais talmhaíochta custaiméirí. Is iad seo a leanas bunaitheoirí na cuideachta; An tOllamh Nick Holden agus an Dr Jerome O'Connell, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD.

Bunaíodh Reneurx Research and Development le Nefiracetam a fhorbairt ar mhaithe le cóireáil a chur ar Scléaróis Iolrach. Is iad seo a leanas bunaitheoirí na cuideachta; An tOllamh Keith Murphy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD agus an Dr Mark Pickering, Scoil an Leighis UCD.

Ó bhí 2003 ann, rinneadh 45 mac-chuideachta de chuid UCD a chorprú; rinneadh os cionn 825 aireagán a rinne taighdeoirí UCD a nochtadh; rinneadh os cionn 280 iarratas tosaíochta ar phaitinn agus cuireadh níos mó ná 200 comhaontú ceadúnaithe i gcrích le réimse gnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta amhail gcás Amdocs, Amryt agus Glanbia.

Tacaíonn an fhoireann oiliúna um Fhorbairt Fiontar agus Oideachas Nuálaíochta ag NovaUCD le taighdeoirí a gcuid torthaí IP a thráchtálú trí shraith clár oiliúna a chur ar fáil, lena n-áirítear na cláir 'Innovation Sprint', 'Commercialisaton Bootcamp' agus 'VentureLaunch Accelerator'.

### Cláir Tráchtálaithe UCD

Le linn na bliana eagraíodh dhá chlár aon-lae MedTech Innovation Sprint do bhaill foirne Ospidéal an Mater, ceann amháin díobh san ospidéil féin agus an ceann eile ag NovaUCD. Is é aidhm fhoriomlán an chláir forbairt ar thorthaí tráchtála a thagann as taighde atá ar siúl san ospidéal a spreagadh, agus déanfar caidreamh a bhunú le taighdeoirí níos luaithe sa phróiseas tráchtálaithe chun é sin a bhaint amach.

Le linn na bliana, chríochnaigh 32 taighdeoir trí Ghrodchúrsa Tráchtálaithe, arna n-eagrú ag NovaUCD. Ghlac ionadaithe ó 25 tionscadal tráchtála féideartha a d'eascair as taighde atá ar siúl in UCD páirt sna

> *Ó bhí 2003 ann, rinneadh 45 mac-chuideachta de chuid UCD a chorprú;* ***rinneadh os cionn 825 aireagán a rinne taighdeoirí UCD a nochtadh****; rinneadh os cionn 280 iarratas tosaíochta ar phaitinn agus cuireadh níos mó ná 200 comhaontú ceadúnaithe i gcrích le réimse gnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta amhail gcás Amdocs, Amryt agus Glanbia.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 49 11/02/2020 15:01



*Sa phictiúr (ó chlé go deas) ag NovaUCD tá: Danila Fedotov, Corcaigh; Jennifer McCarthy, Corcaigh; Michael Kirby, Ciarraí; Roisin O'Connor, Uíbh Fhailí; agus Jack O'Connor, Luimneach, buaiteoirí foriomlána Ghrodchúrsa Gnó BTYSTE 2019.*

grodchúrsaí. Is é aidhm fhoriomlán Ghrodchúrsaí Tráchtálaithe UCD deiseanna tráchtála a eascraíonn as cláir a neartú.

## Cláir Fiontraíochta do Mhic Léinn

### Grodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT 2019

Is é aidhm do Ghrodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT, a eagraíonn BT gach bliain i gcomhar le UCD, an bhearna idir oideachas agus gnó a laghdú do mhic léinn a léiríonn cumas fiontraíochta agus géire intinne gnó.

Ba í seo an deichiú bliain den ghrodchúrsa. Reáchtáladh an campa nuálaíochta agus scileanna in NovaUCD i mbliana, agus ghlac 30 daltaí dara leibhéal as gach cearn d'Éire páirt ann. Léirigh na daltaí go raibh sé de chumas acu a thuiscint cén tslí agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a thiontú ina fhiontar tráchtála inmharthana.

Roghnaíodh na daltaí a bhí páirteach ann as na daltaí meánscoile go léir a ghlac páirt i dTaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019.

Fógraíodh gurbh iad grúpa de chúigear déagóirí as Corcaigh, Ciarraí, Luimneach agus Uíbh Fhailí a bhuaigh an Ghrodchúrsa dá dtionscadal dar teideal 'Helping Hemp Heal - The design of a nano-formulation to increase the absorption of cannabidiol in the gastro-intestinal tract.'

### Clár Réaltaí Ghnólachtaí Nuathionscanta UCD

Le linn na bliana, cuireadh Réaltaí Ghnólachtaí Nuathionscanta UCD ar siúl, clár tacaíochta fiontraíochta do mhic léinn fhochéime agus iarchéime ar mian leo a bheith ag obair le chéile chun gnólachtaí nuathionscanta a chur ar bun. Reáchtáil NovaUCD an clár, atá ar siúl le cúig bliana anuas, le tacaíocht ó Acadamh Nuálaíochta UCD agus ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD.

Roghnaíodh seacht dtionscadal luathchéime le mic léinn agus ghlac na mic léinn ar leo na tionscadail páirt i ndianchlár meantóireachta ag NovaUCD thar thréimhse ceithre seachtaine. Ba é aidhm an chláir tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a smaointe nuathionscanta a bheachtú. Mar chuid den chlár, reáchtáladh sraith ceardlann le saineolaithe ón tionscal, ceardlanna idirghníomhacha agus seisiúin rialta phitseála, agus bhí meantóireacht ar fáil.

Ba é MLN buaiteoir foriomlán Chlár Réaltaí Ghnólachtaí Nuathionscanta UCD 2019. Mhol MLD aip inmheánach shlán fíor-ama comhroinnt carranna a chruthú le haghaidh eagraíochtaí meánmhéide agus móra. I measc na rannphháirtithe eile a bhí ar chlár na bliana bhí Blue Scooters agus baill d'fhoireann Formula Student UCD. Tá Blue Scooters ag féachaint leis an gcéad seirbhís scútar gan duga ar cíos in Éirinn a sheoladh in 2020 agus i mí Iúil chuir foireann Formula Student UCD an comórtas Formula Student i gcrích a bhí ar siúl ag rásraon Silverstone sa Ríocht Aontaithe.

Le linn an tsamhraidh cuireadh tuilleadh meantóireachta agus tacaíochta ar fáil do thionscadail Réaltaí Ghnólachtaí Nuathionscanta UCD agus táthar ag déanamh dul chun cinn ar a gcuid pleananna gnó. I measc na dtopaicí a clúdaíodh bhí aimsiú agus caidreamh custaiméirí, maoiniú, agus straitéisí bainistíochta riosca a bhaineann leis an tírdhreach iomaíocht agus leis an reachtaíocht.

Is iad urraitheoirí chlár Réaltaí Ghnólachtaí Nuathionscanta UCD ná; AIB, Arthur Cox, Goodbody Stockbrokers agus Xilinx.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 50 11/02/2020 15:01

## Gradaim NovaUCD

### Gradam Ghnólacht Nuathionscanta na Bliana 2018 UCD arna Buachaint ag Naiad

Fógraíodh gurbh é Naiad, fiontar éirítheach in eolaíochtaí na beatha, buaiteoir foriomlán Chlár VentureLaunch Accelerator 2018 UCD. Tacaíonn an clár seo le cruthú agus seoladh fiontar nua inmharthana brabúsach, atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil a eascraíonn as cláir taighde UCD.

Táthar ag forbairt teicneolaíocht bhithphrintéireachta 3T núíosach bunaithe ar leacht in Naiad a chabhraíonn le taighdeoirí múnlaí fíocháin 3T an-inatáirgthe a dhéanamh a dhéanann aithris níos fearr ar chastacht éagsúil fhíochán an duine. Ós rud é go ndéanfar múnlaí nua in ionad na múnlaí neamhéifeachtacha a úsáidtear faoi láthair, cabhróidh teicneolaíocht Naiad le tástálacha ar thocsaineacht agus éifeachtúlacht drugaí, agus mar sin de déanfar na teiprátaí arda a bhaineann le haimsiú drugaí a laghdú.

Is iad bunaitheoirí Naiad ná An tOllamh Cúnta Emmanuel Reynaud, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, agus an tOllamh Brian Rodriguez, Scoil na Fisice UCD. Is comhaltaí an bheirt acu de chuid Institiúid Conway UCD.

### Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2018

Bronnadh Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2018 ar an Ollamh Stephen Pennington, Scoil an Leighis UCD. Ba é Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, a bhronn an gradam ag ócáid a bhí ar siúl in NovaUCD.

Bronnadh an Gradam air le haitheantas a thabhairt dá chuid díograise agus don mhéid a bhain sé amach ina thaighde ar bhithchomharthaí sóirt próitéineacha. Tá an taighde sin ar siúl aige le 15 bliana in UCD, agus bhí sé ar siúl aige roimhe sin sa Ríocht Aontaithe. Rinneadh an taighde a aistriú chuig tástálacha diagnóisice ar féidir a úsáid go cliniciúil, agus féadann na tástálacha dea-thionchar a imirt ar shaoil othar ar fud an domhain.

Is é an tOllamh Pennington bunaitheoir Atturos freisin, mac-chuideachta de chuid UCD, ina bhfuiltear ag déanamh réimse tástálacha il-mharcóirí núíosacha fola a fhorbairt. Tástáil don ailse phróstataigh atá i gcéad tástáil Atturos, OCProDx, a chabhróidh le fir áirithe róchóir leighis a sheachaint in éadan na hailse.

## Dul chun cinn sa Tiomsú Airgid

Le linn na bliana, bhí rath ar roinnt cuideachtaí altrama de chuid UCD ó thaobh airgead a thiomsú agus poist nua a fhógairt. Ina measc bhí; O.C.E. Technology agus THEYA Healthcare.

O.C.E. Technology, cuideachta a fhorbraíonn bogearraí d'fheidhmchláir theicniúla agus a sholáthraíonn comhpháirteanna slis-leibhéil cruaite ag radaíocht, agus na hearraí sin dírithe go bunúsach ar na hearnálacha spáis agus ard-iontaofachta, d'éirigh leis an gcuideachta infheistíocht €200,000 a fháil ó Zhuhai Orbita Aerospace Science and Technology. Cabhróidh an infheistíocht le leathnú O.C.E. isteach i margadh SAM.

D'éirigh le THEYA Healthcare, a dhéanann baill éadaigh shláinte a dhearadh agus a mhonarú, maoiniú €665,000 a bhaint amach i gcaitheamh na bliana. Déanfaidh an maoiniú, a fuarthas ó infheisteoirí i ngnólachtaí nuathionscanta (angel investors) agus ó Fhiontraíocht Éireann, leathnú na cuideachta i margadh SAM a éascú agus beidh na poist nua díolacháin agus mhargaíochta a chruthaítear in ann tacú leis an leathnú straitéiseach sin.

Bhunaigh Ciara Donlon an chuideachta in 2015, agus rinne an chuideachta margadh a shíniú le Greenhealth Exchange (GX), comharchumann ceannaigh ón SAM. Mar thoradh air sin, beidh THEYA Healthcare mar sholáthraí roghnaithe ag 11 chóras mhóra Sláinte san SAM, lena n-áirítear; Mayo Clinic, Dignity Health agus Dartmouth-Hitchcock Medical.

### Dul Chun Cinn Eile

Le linn na bliana, rinneadh Dr Elaine Sullivan, comhbhunaitheoir agus POF Carrick Therapeutics, a ainmniú mar bhuaiteoir Ghradam EY Emerging Entrepreneur of the Year ™ 2018 (EOY). Bunaíodh Carrick Therapeutics in 2016 agus tá $95 milliún cistiúcháin cruinnithe ag an gcuideachta, a bhfuil sé mar aidhm aige príomhchuideachta oinceolaíochta na hEorpa a fhorbairt.

Ainmníodh an tOllamh Eoin Casey, Ceann Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, mar Fhiontraí na Bliana 2018 le Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá an tOllamh Casey i gceannas ar ghrúpa mór taighde in UCD, agus díríonn a thaighde ar shaothrú agus rialú ar bhithsceo baictéar i próisis cóireála uisce.

In 2007 rinne an tOllamh Casey a chéad iarratas ar phaitinn do theicneolaíocht nua, an tImoibreoir Bithsceo Scannán-Aeraithe (MABR) do chóireáil fuíolluisce. Rinneadh turgnaimh ar scála beag i dtús báire in UCD, agus ansin rinneadh turgnamh ar scála níos mó in ionad mór cóireála fuíolluisce, a thug le fios gur úsáid teicneolaíocht MABR suas le 75% níos lú fuinnimh i gcomparáid le boilgeoga aeir chun tacú le baictéir a úsáidtear sa phróiseas córeála fuíolluisce.

Ónar cuireadh paitinn ar theicneolaíocht MABR, Chomhbhunaigh an tOllamh Casey - i dteannta leis an Dr Eoin Syron agus Wayne Byrne - OxyMem, mac-chuideachta UCD, chun an teicneolaíocht a thráchtálú. Ónar éirigh leis na tástálacha allamuigh, rinneadh teicneolaíocht OxyMem a úsáid ar scála tráchtála i 30 mórthionscadal cóireála uisce i 14 thír ar fud an domhain.

Ceapadh an Dr Ivan Coulter mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ATXA Therapeutics, cuideachta chógaisíochta atá dírithe ar dhrugaí nua a aimsiú agus a fhorbairt in aghaidh galair croí agus scamhóige, Hipirtheannas Artaireach Scamhóige (PAH) san áireamh. Roimhe seo, ba é Dr Coulter a bhunaigh agus a bhí mar POF ar Sigmoid Pharma, cuideachta ar a dtugtar Sublimity Therapeutics anois. Bhunaigh an tOllamh Therese Kinsella ATXA Therapeutics in 2015 mar mhac-chuideachta de chuid Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 51 11/02/2020 15:01

## Acadamh Nuálaíochta UCD

Tá Acadamh Nuálaíochta UCD ag fás agus ag forbairt an t-am ar fad ina chaidreamh le pobail na mac léinn agus leis an bpobal acadúil, ar an gcampas agus ar bhonn idirnáisiúnta, le linn na bliana, chomh maith le cur leis an gcaidreamh leis an earnáil phoiblí agus le lucht tionscail.

Chuimsigh sé sin:

**427 fochéimithe** a ghlac páirt i modúil lena n-áirítear; Tús Eolais ar Smaointeoireacht Chruthaitheach, Dianiarracht Fiontraíochta, Fiontraíocht Shóisialta, Smaointeoireacht Deartha agus Forbairt ar Inniúlacht Idirchultúrtha (mar chuid de thionscnamh Erasmus+);

**236 meánbhainisteoirí agus bainisteoirí sinsearacha** ó thionscail agus earnálacha éagsúla a ghlac an Dioplóma Gairmiúil sa Chruthaitheacht, Nuálaíocht agus Ceannaireacht lena gcuid inniúlachta i gcomhair na nuálaíochta a fhorbairt;

**160 céimí** a ndearnadh scileanna nua a theagasc dóibh tríd an Teastas Iarchéime sa Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Fiontar i gcomhar le Lingchlár+, clár de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas;

**102 dalta meánscoile** ó cheantar Bhaile Átha Cliath, 50% díobh ó Scoileanna DEIS, a ghlac páirt i gclár samhraidh na Cruthaitheachta, na Nuálaíochta agus na Fiontraíochta, arna mhaoiniú i bpáirt ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ag PwC;

**175 mac léinn PhD** a ghlac páirt i modúil bunaithe ar Smaointeoireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht Shóisialta, Giniúint agus Aithint Dheiseanna;

**Mic léinn** ó Choláiste na hEolaíochta UCD agus Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD a ghlac páirt i modúl ar líne bunaithe ar Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Nuálaíocht;

**73 oideoir gairmiúil**, 42 ball den fhoireann teagaisc in UCD ina measc, a ghlac páirt sa Teastas Gairmiúil agus sa Dioplóma d'Oideoirí Fiontraíochta.

Le linn na bliana rinne Acadamh Nuálaíochta UCD forbairt ar an gcaidreamh le PwC, agus comhairle agus oiliúint á gcur ar bhaill foirne a ghlac páirt in 'Disrupt X', togra tionscnaimh nuálaíochta an ghnólachta. Thug níos mó ná 200 fochéimithe UCD, ó 26 tír, faoina gcuid cúrsaí roghnacha sheimeastar 2 a dhéanamh le hAcadamh Nuálaíochta UCD ag PwC. Chun deireadh a chur leis an dianchúrsa cúig lá, eagraíodh Lá Dúshlán PwC, ina ndeachaigh foirne ildisciplíneacha i ngleic le dúshláin a bhain le Cruthaitheacht, Forbairt Tallaine, Múnlaí Nua Gnó agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach.

Chuir Acadamh Nuálaíochta UCD fáilte roimh Pepper chun na foirne, an chéad Róbat Cónaithe Daonnóideach in ollscoil Éireannach, atá mar chuid de thiomantas na hollscoile do théama teicneolaíochta a imeascadh thar na modúil agus na cláir go léir.

D'éirigh le hAcadamh Nuálaíochta UCD an clár InnovationAcademy@ESB a chur i láthair den tríú bliain chomh maith, clár saincheaptha a bhfuil mar aidhm aige cumas nuálaíochta na mball foirne a roghnaíodh ó gach réimse de Bhord Soláthair an Leictreachais a fhorbairt. Roghnaíodh beirt iarrthóirí PhD de chuid UCD chomh maith le páirt a ghlacadh sa chlár sin, agus d'oibrigh na rannpháirtithe as lámha a chéile chun tionscnaimh nua a fhréamhshamhaltú don chuideachta.

Rinne Acadamh Nuálaíochta UCD a chaidreamh leis an clár nuálaíochta na hearnála poiblí a fheabhsú, arna stiúradh ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nuair a tugadh cuireadh don Stiúrthóir Bunaidh, an tOllamh Suzi Jarvis, a bheith páirteach sa bhFoireann Gníomhaíochta, dírithe ar Chultúr na Nuálaíochta a Chothú san Earnáil Phoiblí. Chomh maith leis sin, Rinne Acadamh Nuálaíochta UCD Dúshlán an Ard-Rúnaí a éascú mar chuid den chéad Seachtain Nuálaíochta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Le linn na bliaina, lean Acadamh Nuálaíochta UCD de bheith ag obair ar bhonn idirnáisiúnta ar thionscnamh comhoibríoch a chur ar fáil le hOllscoil Náisiúnta Vítneam, Hanáí, chun cleachtas teagaisc 100 ball den fhoireann acadúil a fheabhsú mar chuid de Thionscnamh Malartú Oideachais Déthaobhach Vítneam-Éireann. Cuireadh fáilte roimh bhaill foirne chuig Baile Átha Cliath chomh maith mar chuid den mhalartú seo.

A bhuí le maoiniú ó Chlár Soghluaisteacha ÚAO, d'éirigh le hAcadamh Nuálaíochta UCD agus leis an Ionad Tionscnaimh Tallainne agus Smaointeoireachta Fiontraíochta ag Ollscoil Malae modúl ar smaointeoireacht fhiontraíoch a chur ar fáil don dara huair do 320 mac léinn fochéime chomh maith. Rinne Acadamh Nuálaíochta UCD an modúl a éascú.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 52 11/02/2020 15:01




# RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA

Is é misean Oibrithe Deonacha Thar Sáile UCD deiseanna a thabhairt do Phobal UCD plé le gníomhartha a bhaineann le hobair dheonach agus oideachas forbartha ar bhonn idirnáisiúnta. Déantar na gníomhartha sin a phleanáil i gcomhar le pobail áitiúla agus i gcomhréir le creatlacha forbartha idirnáisiúnta.

## Tá dul chun cinn déanta ag Straitéis Rannpháirtíochta Dhomhanda UCD chun Ollscoil Dhomhanda na hÉireann a dhéanamh de UCD.



**An tOllamh Dolores O'Riordan**
An Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda

Eochairimeacht i mbliana ab ea dearadh agus seoladh an Chreat Rannpháirtíochta Domhanda, rud a chabhróidh le UCD comhpháirtíochtaí tábhachtacha institiúide a aithint agus a chothú ar fud an domhain.



*Ceiliúrann Treoraí Domhanda UCD Sneha an fhéile Díbheálaí*

Tháinig méadú breise ar líon na mac léinn idirnáisiúnta; tá 8,428 anois ann, figiúir a fhreagraíonn do bheagnach 29% de na mic léinn go léir atá ar champais Bhaile Átha Cliath UCD, agus rud a thugann an-éagsúlacht dár bpobal de thairbhe mic léinn ó 136 tír éagsúil a bheith againn. Le linn na bliana, reáchtálamar réimse leathan imeachtaí leis an éagsúlacht chultúrtha atá againn a cheiliúradh. Ina measc, bhí Dinnéar Lá an Altaithe do mhic léinn ó na Stáit Aontaithe agus ceiliúradh an Díbheálaí a mbíonn tarraingt mhór air i gcónaí. Cuireadh ceiliúrthaí cultúrtha ar siúl i gcomhar le mic léinn, an fhoireann teagaisc agus baill foirne. Rinneadh Lá Náisiúnta na hAraibe Sádaí a cheiliúradh i mí Mheán Fómhair, ócáid a d'fhreastail a Shoilse Nail Al-Jubeir, Ambasadóir na hAraibe Sádaí air, in éineacht le Attaché Cultúrtha na hAraibe Sádaí, an tOllamh Abdullah Al-Dhelaan.

Níos faide i gcéin ná Baile Átha Cliath, cláraíonn UCD beagnach 4,000 mac léinn ar chláir a mhúintear thar lear. Tá an-fhás le feiceáil i gColáiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath. D'fhonn tacaíocht a thabhairt d'uaillmhianta UCD díriú isteach níos mó ar chláir acadúla chomhpháirteacha sa tSín, ceapadh Déan Idirnáisiúnta don tSín i mí Iúil.

D'fhonn cur le rannpháirtíocht UCD i ngréasáin agus cuibhreannais idirnáisiúnta, d'eagraigh UCD comhdháil agus cruinniú ginearálta bliantúil Worldwide Universities Network (WUN: Gréasan Domhanda Ollscoileanna) i mí Bealtaine 2019. I measc buaicphointí na comhdhála eagraíodh seisiún speisialta faoi Mheabhairshláinte Mhic Léinn, agus Siompóisiam na nUachtarán a thug aghaidh ar an topaic 'Oideachas Liobrálach don21ú hAois'.

Chun tacú le Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD, reáchtáladh sraith Seimineáir ar Léargas Domhanda don fhoireann teagaisc, baill foirne agus mic léinn. Sna seimineáir seo, cuireadh i láthair dearcthaí difriúla ar an rannpháirtíocht dhomhanda agus ar an iliomad gnéithe idirnáisiúnta a bhaineann leis an ardoideachas.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 53 11/02/2020 15:01




*An tOll. Dolores O'Riordan, Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda le mic léinn ó Ollscoil Johannesburg a d'fhreastail ar Scoil Samhraidh Ghaeilge UCD, (ó chlé go deas): Semanga Mabuza, Joyce Maxinwa, Edwin Mzila, Nomthandazo Mngomezulu, Papali Mahooana, S'busile Mdlalose, Aaron Mabaso agus Lesego Shibambu.*

Léiríodh tiomantas UCD do dheiseanna soghluaisteachta a chur ar fáil don fhoireann teagaisc, baill foirne agus mic léinn nuair a bunaíodh an Grúpa Oibre Soghluaisteachta Amach. Tá príomh-mholtaí aitheanta ag an ngrúpa chun tacú le huaillmhianta UCD san ábhar seo. Cuirfear tús leis an bhfeidhmiú in 2019/20.

Tá UCD ag baint tairbhe le fada as cláir Erasmus+ agus fuarthas €1,003,905 in 2019 le maoiniú a thabhairt do 430 mac léinn le haghaidh staidéar soghluaiseachta, do 60 mac léinn le haghaidh cúrsaí oiliúna, agus do 25 ball foirne ar mhaithe le soghluaisteacht san Eoraip in 2019/20. Ina theannta sin, bhronn ciste um Shoghluaisteacht Creidiúna Idirnáisiúnta Erasmus+ €128,810 ar UCD chun tacú le 26 mac léinn, ball foirne agus baill den fhoireann teagaisc bogadh idir Éire agus réimse tíortha (an tSín, an tSeoirsia agus Vítneam ina measc) sna 24 mí atá le teacht.

D'éirigh go han-mhaith arís le clár oideachais um Obair Dheonach agus Fhorbairt UCDVO - rinne 103 mac léinn, céimithe agus ball foirne UCD obair dheonach i dtrí thír (Uganda, an Tansáin agus an India). Rinne siad obair i réimsí amhail forbairt pobal, cúram sláinte, oideachas, agus forbairt bonneagair.

Ag teacht le fís UCD maidir leis an Rannpháirtíocht Dhomhanda, 'Tabharfaimid an chuid is fearr den domhan go hÉirinn, agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúir éagsúla san áireamh, chuig an domhan'. Thacaigh UCD ar Fud na Cruinne le himeachtaí céimithe ar fud an domhain, i gCalifornia, Beijing, sa Danmhairg, i Riyadh agus Dubai. Tharla ceann de na himeachtaí ba speisialta i Nua-Eabhrac i mí an Mhárta, ag an am céanna ag a raibh ceolchoirm mhór Scoláirí Corúla Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i Halla Carnegie.

Faoi stiúir an Dr Douglas Proctor, tacaíonn foireann UCD Domhanda go gníomhach le Scoileanna agus Coláistí le hearcú mac léinn idirnáisiúnta, soghluaisteacht mac léinn, tacaíocht do mhic léinn, agus le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thógáil. Ina ról mar Ollscoil Dhomhanda Éireann, tá UCD gníomhach ar fud an domhain, rud atá soiléir ó ghníomhaíochtaí na cúig Lárionad Dhomhanda UCD atá ag feidhmiú i SAM, sa tSín, san India, sa Mhalaeisia agus in Dubai. I mí Eanáir 2019, seoladh Lárionad Domhanda UCD in Dubai go hoifigiúil. Ba é a Shoilse Aidan Cronin, Ambasadóir na hÉireann d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a rinne an oscailt oifigiúil.

Chun tacú le tuiscint níos fearr a thabhairt ar rannpháirtíocht dhomhanda UCD agus ar an leibhéal gníomhaíochtaí atá ag dul i méid i gcónaí sna hilchríocha ar fad, reáchtáil UCD Domhanda Fóram Domhanda i mí Bealtaine 2019 d'fhoireann teagaisc agus baill foirne UCD, inar tharla sraith cainteanna agus díospóireachtaí faoi thíortha agus réigiúin ríthábhachtacha.

Tá Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha (ALC) UCD ag cur lena sholáthar sna réimsí seo a leanas: méadú 22% i líon na mac léinn a cláraíonn ar chúrsa conaire réamhsheisiúin an tsamhraidh, Teastas Gairmiúil a chruthú i dTeagasc an Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile arna thabhairt ar an gcampas do mhic léinn de chuid ár gcomhpháirtí Ollscoil Chang'an, Cóiréis agus Polainnis a thabhairt isteach, agus teagmháil a dhéanamh le hambasadóirí agus attachés cultúrtha lenár Mhodúil i dTeangacha Domhanda a chur chun cinn. I mí Bealtaine 2019, rinne an Lár-ionad an phríomh-chomhdháil maidir le tástáil teangacha, EALTA, a reáchtáil, agus bhí 220 toscaire ó 34 tír i láthair ann. Cuireann baill foirne ón Lár-ionad réimse leathan comhdhálacha maidir le hoideolaíocht teangacha i láthair i gcónaí.

Bhí tús bhliain acadúil ghnóthach ag Institiúid Confúicias Éireann (CII) UCD agus muintir na hInstitiúide ag bogadh chuig a bhfoirgneamh úr a bhfuil duaiseanna buaite aige i mí Mheán Fómhair. Ba é A Shoilse Tian Xuejun, Leas Aire Oideachais na Síne, a bhí i mbun shearmanas nochta an fhoirgnimh úir roinnt míonna ina dhiaidh sin



*Toscairí ag freastal ar Chomhdháil WUN agus cruinniú ginearálta bliantúil in UCD i mí Bealtaine*

i mí Feabhra. I láthair chomh maith bhí Ambasadóir na Síne d'Éirinn ag an am, A Shoilse. an Dr Yue Xiaoyong, Leas-Ardstiúrthóir Feidhmiúcháin Hanban, an tOllamh Ma Jianfei, Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew J Deeks, agus níos mó ná 130 ball foirne agus mic léinn ó UCD.

Rinneadh 40 bliain ó bunaíodh naisc thaidhleoireachta idir Éirinn agus an tSín a cheiliúradh le taispeántas de chultúr bia fíor-Shíneach i mí Bealtaine. D'eagraigh CII UCD Féasta fíor-Shíneach i gcomhar le hOllscoil Turasóireachta Sichuan. I measc na n-imeachtaí cultúrtha eile, eagraíodh an chéad Fhéile Idirnáisiúnta Scannaíochta Shíneach-Éireannach. Tharla an fhéile i mBÁC i mí Mheithimh thar sé lá, agus léiríodh 22 scannán Síneach-Éireannach i bpictiúrlanna áitiúla in Éirinn.

Bhí an-rath ar an dara Siompóisiam Idirnáisiúnta de Chumann Eorpach do Theagasc na Sínise (EACT) a d'eagraigh an Institiúid Éireannach don Léann Síneach (IICS) agus CII i mí Aibreáin. Bhí níos mó ná 200 scoláire agus oideoirí Sínise ó 22 tír i láthair.

D'eagraigh IICS cúrsa oiliúna ó mí Feabhra go mí Bealtaine 2019 do mhúinteoirí áitiúla Sínise in Éirinn ar spéis leo an tSínis agus an cultúr na Síne a theagasc.

I mbliana cuireadh na tionscnaimh Ghaeilge ar fad, a mbíonn Bord na Gaeilge na hOllscoile ag tacú leo, faoi cheannteideal amháin, 'Gaeltacht UCD', Lárionad Domhanda UCD don Ghaeilge agus don Chultúr Gaelach. I mí an Mheithimh 2019, glacadh le Gaeltacht UCD mar chuid de phunann Rannpháirtíochta Domhanda UCD.

Lean Gaeltacht UCD de bheith ag cur le taithí na mac léinn agus ag tabhairt deiseanna do phobal domhanda UCD tairbhe a bhaint as oidhreacht shaibhir teanga agus chultúrtha na hÉireann.

I mí an Mhárta 2019, bhí Gaeltacht UCD i gceannas ar an gcéad chlár Gaeilge agus cultúr Gaelach do na 120 mac léinn dé-chéime UCD in Ollscoil Chang'an, an tSín. Ba iad sárcheoltóirí agus amhránaithe ó Theach na Gaeilge UCD – Scéim Chónaithe Ghaeilge do Mhic Léinn ag an lárionad, a bhfuil duaiseanna buailte aige – a chuir an chuid chultúrtha den chlár i láthair.

Don tríú bliain as a chéile, d'eagraigh Gaeltacht UCD Tionól Gaeilge UCD, Scoil Chónaithe Samhraidh Idirnáisiúnta inar tháinig cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'fhreastail rannpháirtithe ó Mheiriceá Thuaidh, ón Eoraip, ón Áise agus ón Afraic ar ranganna faoi chultúr, stair agus béaloideas na hÉireann. D'oibrigh Gaeltacht UCD i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí tábhachta laistigh *d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin Fhoras na Gaeilge*, ag cur leis na naisc láidre idir pobal beoga UCD agus *Saol na Gaeilge*, lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus níos faide ar shiúl.

Míle buíochas le gach duine a chuir le rath imeachtaí na bliana seo agus a bhfuil tacaíocht leanúnach á tabhairt acu do chur i gcrích ghnéithe deireanacha straitéis dhomhanda UCD 2016-2020 sa bhliain atá amach romhainn.

**Dolores O'Riordan**
An Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda

*A Shoilse, Aidan Cronin, Ambasadóir na hÉireann d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE) agus an tOll. Dolores O' Riordan, Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda, ag seoladh Lárionad Domhanda UCD in Dubai go hoifigiúil.*



# COMHIONANNAS ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ



Coiste MENU: Chiara Zaccheo, Joanna Kozielec, Clár Ní Bhuachalla, Ulyana O'Neill, Oksana Osiniene, Stephen Lucek, Licia Carlesi, Laura Serrano, an Dr Arun Kumar, Suad Taimur Inam, agus Caroline Mangan.

**Má táthar chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI) a chur chun cinn i dtimpeallacht ollscoile, is gá aird a thabhairt ar na dúshláin a mbíonn roimh an bhfoireann teagaisc, an fhoireann i gcotinne agus na mic léinn, ar na polasaithe, cleachtais agus cultúir eagraíochtúla atá i bhfeidhm, agus ar na deiseanna ar leith atá ar fáil san ollscoil don smaointeoireacht shuaithinseach agus do thionscnaimh nuálacha.**



**An tOllamh Colin Scott**
Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Mar chuid den obair le linn na bliana ar chúrsaí EDI, rinneadh an-chuid machnaimh, go háirithe sna Scoileanna sin a bhfuil iarratas curtha isteach acu d'aitheantas Athena SWAN Cré-umha, faoi éifeachtúlacht thuarascálacha féinmheasúnaithe agus phleananna gníomhaíochta maidir le comhionannas inscne.

I measc na nuálaíochtaí is tábhachtaí, ceapadh Leas-Phríomhoidí EDI sna Coláistí, a mbeidh mar phointe teagmhála idir polasaithe, coistí agus Scoileanna na hOllscoile. Céim an-tábhachtach é sin chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le polasaithe a chur i bhfeidhm. Ba mhaith linn an deis a thapú ár bpolasaithe agus ár gcleachtais a oiriúnú níos fearr dár n-acmhainn oideachais agus taighde, mar shampla, déanfar foghrúpa nua EDI don Taighde agus don Churaclam a bhunú, agus eagrófar ceardlann ina ndéanfar plé ar na deiseanna agus dúshláin a bhaineann le hoiliúint a thabhairt maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach.

Tá ár gcuid eolais agus taithí roinnte againn, trí fhoilsiú an *Toolkit on Inclusive Higher Education Practice (Sraith Straitéisí don Chleachtas Ardoideachais Cuimsithe)* agus rinneamar ceardlann mhór ar éagsúlacht agus cuimsiú san ardoideachas a reáchtáil do Chomhlachtas Eorpach na nOllscoileanna (EUA). Bhí cuid mhór imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar shiúl le linn na bliana chun teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann teagaisc, le baill foirne agus mic léinn agus a n-aird a tharraingt ar cheist an EDI. Chuige sin, seoladh Tuarascáil Bhliantúil agus doiciméid nua ar Pholasaithe agus Straitéisí maidir le EDI. Ba ábhar áthais dúinn an Gradam CIPD a ghnóthú as ár bpolasaithe maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú, rud a thug aitheantas dár bPolasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne go háirithe.

Táim buíoch de bhaill na foirne teagaisc, don fhoireann agus do na mic léinn ar fad a raibh baint acu EDI a chur chun tosaigh ar ár gcampas, agus táim buíoch go háirithe don Aonad EDI, at'faoir stiúir Marcellina Fogart, agus d'fhoireann Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil, faoi stiúir an Dr Anna Kelly. Tá cuid mhór dúshlán agus deiseanna le plé go fóill agus muid ag comhoiriúniú polasaithe agus cleachtas EDI do Straitéis nua na hOllscoile sa bhliain atá ag teacht.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 56 11/02/2020 15:01

## Tionscnaimh EDI

Bunaíodh an ról Leas-Phríomhoide an Choláiste le haghaidh EDI i mí Mheán Fómhair 2018, agus tá sé de fhreagracht ar shealbhóir an róil sin polasaithe, gníomhaíochtaí agus athruithe cultúir a chur chun cinn ar fud an Choláiste lena mbaineann siad. Imríonn na leas-phríomhoidí ról lárnach ag tacú le EDI ag leibhéal an Choláiste agus tá tuilleadh tacaíochta ar fáil acu sa ról seo acu ónar cuireadh ar bun ról Ionadaithe EDI na Scoileanna.

Bunaíodh foghrúpa nua EDI don Taighde agus don Churaclam i mí an Mhárta 2019. Tá sé mar aidhm ag an bhfoghrúpa comhoibriú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde agus oideachais sa réimse EDI ar fud na hollscoile, d'fhonn réimsí tosaíochta a aithint, agus torthaí ó chláir thaighde agus oideachais a úsáid mar bhonn eolais do ghníomhaíochtaí faoi phlean straitéiseach gníomhaíochta EDI. Tá roinnt tosaíochtaí aitheanta ag an bhfoghrúpa a ndéanfar iad a chur chun cinn i rith na bliana acadúla 2019/2020.

Bhunaigh foghrúpa Ilchultúrtha EDI an Líonra Ilchultúrtha d'Fhostaithe (MENU) in UCD mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas ó fhostaithe. Is é aidhm an fhoghrúpa fáilte mhór a chur roimh fhostaithe idirnáisiúnta, chun cuidiú leo imeascadh i bPobal UCD agus chun smaointe a mhalartú, ag díriú isteach ar éagsúlacht chultúrtha agus tuiscint a chur chun cinn. Tá breis agus 100 ball ag an líonra faoi láthair.

D'éirigh le sé Scoil de chuid UCD agus le Coláiste amháin (a bhfuil sé Scoil eile mar chuid de) gradaim chré-umha Athena SWAN a bhaint amach ó bhí Samhain 2018 ann. Tá coistí EDI curtha ar bun ag gach ceann de na Scoileanna/Coláistí sin le tacú leo a bpleananna gníomhaíochta maidir le chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm. Beidh tionchar suntasach ag na gradaim sin ó thaobh aird an phobail a tharraingt ar cheist na hinscne agus ar an gclár EDI i gcoitinne ar fud na hOllscoile, agus déanfar tionscnaimh a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil chun é sin a bhaint amach. Tá baint ag os cionn fiche Scoil UCD le próiseas Athena SWAN ag céimeanna éagsúla faoi láthair.

Sheol an Dr Eva Egron-Polak, iar Ard-Rúnaí Chomhlachas Idirnáisiúnta na nOllscoileanna 'The Toolkit for Inclusive Practice in Higher Education: From Vision to Practice (2018)', arna forbairt ag an Dr Anna Kelly agus an Dr Lisa Padden, i mí na Samhna 2018. Scaipeadh an foilseachán thar earnáil an ardoideachais, agus glacadh go fonnmhar leis ag an gComhdháil AHEAD i mí an Mhárta 2019.

## Imeachtaí EDI

B'imeacht comhoibríoch idir EDI agus EUA í comhdháil EUA, a raibh mar sprioc aige dialóig agus díospóireacht oscailte a spreagadh, chomh maith le comhoibriú a spreagadh ar ábhair a bhaineann le héagsúlacht san ardoideachas. Tháinig níos mó ná 30 ceannasaí agus bainisteoir ollscoile ó 15 thír le chéile mar chuid den seimineár chun a gcuid straitéisí a phlé i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, chomh maith le smaointe faoin dea-chleachtas a mhalartú. Mar chuid den seimineár thug an Dr Anne Kelly, Stiúrthóir ar Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, agus an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir UCD, cainteanna faoi thionscnamh Ollscoil do Chách UCD. Thug Rory Carey, Stiúrthóir ar Chultúr agus Rannpháirtíocht UCD, agus Marcellina Fogarty, Bainisteoir ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD cainteanna freisin ar Pholasaí UCD - a bhfuil duaiseanna buaite aige – maidir leis an bhFéiniúlacht agus an Léiriú Inscne. Thug comhghleacaithe ó EUA cur i láthair faoi thionscadal INVITED faoin teideal: 'Strategies towards Equity, Diversity and Inclusion at Universities' (Straitéisí ar mhaithe le Cothromas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in Ollscoileanna) agus faoi réamhthorthaí an tsuirbhé INVITED, inar bailíodh sonraí ó níos mó ná 160 institiúid ardoideachais ar feadh 36 córas Eorpach.

Reáchtáladh comhdháil i mí an Mhárta 2019 maidir leis an gClaonadh Neamh-Chomhfhiosach, dar teideal 'A Critical Assessment of Unconscious Bias: Emergence, Evolution and Effectiveness' (Measúnú Criticiúil ar an gClaonadh Neamh-Chomhfhiosach: Teacht chun cinn, Forbairt agus Éifeachtacht). Trí mheascán eochairóráidí, díospóireachtaí painéil agus ceardlanna, chlúdaigh an chomhdháil seo réimse ábhar amhail theacht chun cinn agus forbairt

*Licia Carlesi, Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin CÉC, an Dr Siobhan McCabe, an Dr Meriel McClatchie, an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, Marcellina Fogarty, Bainisteoir CÉC, An tOllamh Frank Monahan, An tOllamh Torres Sweeney, agus Eimear O'Reilly, Oifigeach Tionscadail CÉC.*






*Martin Shanahan, POF IDA Ireland, Marie O'Connor, Cathaoirleach ar Údarás Rialaithe UCD, An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD, Marcellina Fogarty, Bainisteoir CÉC, An tOllamh Colin Scott, Leas-Uachtarán do CÉC, agus an tOllamh Judith Harford.*

an Chlaonta Neamh-Chomhfhiosaigh, an éifeachtacht a bhaineann le múscailt feasachta ó thaobh leithcheal a dhíbirt, agus céimeanna praiticiúla a aithint ar féidir a glacadh amach anseo.

Eagraíodh roinnt maidineacha caife, seimineár agus ceardlanna chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2019 a cheiliúradh. Roinn cainteoirí spreagúla a gcuid scéalta maidir le dul i ngleic le neamh-chomhionannas inscne agus ciníocha, le ceannasaíocht a thabhairt chun athruithe a chur i bhfeidhm, agus cultúr níos ionchuimsithí san ardoideachas, sa spórt agus san ionad oibre a chruthú do mhná in Éirinn. I measc na gcainteoirí a labhair ag an imeacht am lóin 'Shifting the Dial' bhí: An Dr Ebun Joseph, Sainchomhairleoir Gairmeacha, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, comhordaitheoir den chéad mhodúl UCD riamh ar Staidéir ar an gCine Gorm agus Dearcthaí Ciníocha; Su Carty, Ball de Chomhairle Rugbaí an Domhain, Úinéir Gnó, Bainisteoir Feidhmíochta is Folláine Gnó agus Spóirt agus Iar-Bhainisteoir Forbartha Ban; agus an tOllamh Orla Felly, Leas-Uachtarán do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar agus Cathaoirleach de Ghrúpa Gníomhaíochta Chomhionannas Inscne, UCD.

Ar 29 Samhain 2018, rinne an Ollscoil a stádasmar Ollscoil Aoisbháúil a cheiliúradh agus seoladh an t-imeacht *70 bliain den Fhoghlaim ar feadh an tSaoil in UCD*. Eagraíodh sraith cuir i láthair mar chuid den imeacht seo.

## Forbairt Polasaithe EDI (Comhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú)

Bhí baint ag EDI le roinnt tionscnamh le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus cúramóirí in UCD.

Forbraíodh suíomh gréasáin chun eolas a chur ar fáil ar pholasaithe agus ar thionscnaimh atá dírithe ar theaghlaigh, polasaí nua san áireamh, dar teideal 'Support for Employees taking Family Related Leave' (Tacaíocht d'Fhostaithe a glacann Saoire Teaghlaigh). Tugtar treorú sa pholasaí seo roimh agus le linn na saoire sin d'fhostaithe agus do bhainisteoirí agus ar theacht ar ais don duine chun na hoibre.

Bronnadh gradam CIPD ar UCD i mí an Mhárta 2019 sa chatagóir Éagsúlacht agus Cuimsiú as polasaithe agus treoirlínte UCD i leith na hInscne agus Léirithe a fhorbairt. Bronnadh an gradam seo chun aitheantas a thabhairt don chur chuige comhairleach a glacadh agus am polasaí seo á fhorbairt agus don tionchar atá imeartha ag an bpolasaí ar an Ollscoil agus ar bhonn náisiúnta is idirnáisiúnta. Luadh an tionscnamh i bpáipéar ar shamplaí den dea-chleachtas ar fud Ollscoileanna Eorpacha a d'fhoilsigh grúpa CESAER.

Tá an Ollscoil tiomanta d'fhostaithe ó chúlraí éagsúla a mhealladh agus iad a choinneáil. Glacadh roinnt céimeanna chun tacú le cleachtais ionchuimsitheacha earcaíochta lena n-áirítear ráitis ar an éagsúlacht a bheith lárnach inár bhfógraí agus critéir riachtanacha EDI a bheith mar chuid dár sainchuntais ar phoist.

Ar an 4 Márta 2019, seoladh Straitéis agus Polasaí nua EDI UCD, chomh maith le Plean Gníomhaíochta. Rinneadh an polasaí a athbhreithniú chun an cultúr níos ionchuimsithí atá ag pobal na hOllscoile anois a léiriú. Déanann an polasaí seo riachtanais na reachtaíochta a shásamh agus tuilleadh lena chois, agus mar chuid den pholasaí leagtar síos stádas socheacnamaíoch mar an deichiú bonn comhionannais san Ollscoil.

Leagann an straitéis amach **sé chuspóir straitéiseacha** agus na gníomhartha a glacfar chun iad a bhaint amach.

1. Tacaíocht a thabhairt don Ollscoil an misean agus an fhís atá aici leanúint de bheith ina phobal cothrom, éagsúil agus ionchuimsitheach a bhaint amach.
2. Cur le eispéireas na mac léinn agus na bhfostaithe in UCD chun daoine ó gach cúlra a mhealladh agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh a ndícheall a dhéanamh ina gcuid staidéir agus oibre, agus a bheith mar chéadrogha ollscoile do chách, grúpaí atá faoi ghannionadaíocht san áireamh.
3. Cultúr a chothú ina n-urramófar dínit, meas agus folláine do chách, agus ina ndéanfar gach cineál leith leithcheala a dhíbirt.
4. Creatlach a fhorbairt chun sonraí láidre agus iontaofa comhionannais agus éagsúlachta a bhailiú maidir le mic léinn agus fostaithe sna 10 mbonn atá ag an Ollscoil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh na gannionadaíochta de.
5. Feasacht a ardú i measc pobal na hOllscoile trí thuiscint agus rannpháirtíocht maidir le ceisteanna EDI a chur chun cinn ar fud na hOllscoile.
6. Comhoibriú le forais sheachtracha ar cheisteanna a bhaineann le EDI, d'fhonn a bheith ar an Institiúid tríú leibhéal is mó chun tosaigh in Éirinn le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a thabhairt chun cinn.

Chomh maith leis na cuspóirí straitéiseacha thuas, leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag forbairt tionscadail shaincheaptha maidir leis an gcomhionannas, tionscadal a bheidh ag cloí leis na riachtanais is gá.



*Rory Carey, Stiúrthóir ar Chultúr agus Rannpháirtíocht, Eimear O'Reilly, Oifigeach Tionscadail CÉC, an Dr Ebun Joseph, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Su Carthy, Cumann Rugbaí na hÉireann, Marcellina Fogarty, Bainisteoir CÉC, An tOll. Orla Feely, Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, agus an tOll. Colin Scott, Leas-Uachtarán um CÉC.*

*Sa phictiúr ag Comhdháil EUA tá (ó chlé go deas): Marcellina Fogarty, Bainisteoir EDI; An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, UCD; An tOllamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD; An tAire Mary Mitchell O'Connor TD; An Dr Anna Kelly, Stiúrthóir ALL; agus an tOllamh Colin Scott, Leas-Uachtarán um EDI.*



## Dúshláin agus Deiseanna

Tá dúshláin áirithe ag baint le EDI a chur i bhfeidhm, chomh maith le riachtanais sheachtracha agus reachtaíochta a bhaint amach, ach tugann siad sin deiseanna don Ollscoil straitéis EDI a chur chun cinn.

Ónar bunaíodh forais amhail Ionad Barr Feabhais Inscne an Údaráis um Ard-Oideachas agus próiseas iarratais Athena SWAN a bhfuil riachtanais tuairiscithe agus monatóireachta aige, tá tús áite tugtha ag an Ollscoil do bhailiú sonraí a bhainneann le EDI. Cé go mbaineann neart dúshlán le bailiú sonraí, tá an-dul chun cinn déanta i ndáil leis seo ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngléas Monatóireachta Éagsúlachta agus gléas anailísíochta inscne á fhorbairt do na Scoileanna.

Cruthóidh seoladh Straitéis na hOllscoile 2020-2024 deiseanna maidir le Straitéis EDI a chur i bhfeidhm, agus déanfar athbhreithniú air chun a chinntiú go bhfuil an dá straitéis ag teacht lena chéile, agus déanfar eochairtháscairí feidhmíochta agus méadrachtaí chun an méid atá baint amach againn sa réimse seo a léiriú.

Tugann comhoibriú le forais agus eagraíochtaí seachtracha seans dúinn foghlaim a roinnt agus deiseanna a chruthú. Is iad seo a leanas samplaí den chomhoibriú atá déanta ag an Ollscoil go dtí seo, agus a dhéanfar amach anseo: Leas-Uachtarán IUA don Líonra Comhionannais, Coiste Náisiúnta Athena SWAN, rannpháirtíocht le IHREC, Grúpa CESAER agus EUA.

**An tOllamh Colin Scott**
Leas-Uachtarán um Chomhionannas,
Éagsúlacht agus Cuimsiú




10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 59 11/02/2020 15:01

## Fostaithe de réir Inscne

| CATAGÓIR FOIRNE | | BAINEANN | FIREANN | ANAITHNID | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **TACAÍOCHT** | Lán-Ollamh | 40 | 128 | | 168 |
| | Ollamh | 29 | 69 | | 99 |
| | Comhollamh | 103 | 148 | | 250 |
| | Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thuas Den Bharra | 253 | 265 | | 518 |
| | Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thíos Den Bharra | 31 | 22 | | 52 |
| | Foireann Acadúil agus Teagaisc Eile | 88 | 49 | 1 | 138 |
| **IOMLÁN ACADÚIL** | | **545** | **680** | **1** | **1226** |
| **TAIGHDEOIR** | Taighdeoir | 218 | 257 | 3 | 478 |
| **TAIGHDE IOMLÁN** | | **218** | **257** | **3** | **478** |
| **ACADÚIL** | Acadúil Riarachán / Gairmiúil | 372 | 82 | | 455 |
| | Riaracháin/Gairmiúil | 413 | 206 | 1 | 620 |
| | Foireann Tacaíochta Eile | 151 | 157 | 1 | 309 |
| | Tacaíocht - Lán-Ollamh | 3 | 2 | | 5 |
| | Tacaíocht - Ollamh | 1 | 1 | | 2 |
| | Tacaíocht Taighde | 155 | 127 | | 282 |
| | Teicniúil | 139 | 109 | | 248 |
| **TACAÍOCHT: IOMLÁN** | | **1234** | **684** | **2** | **1920** |
| **FOSTAITHE UILE** | | **1997** | **1621** | **6** | **3623** |

## Cóimheasa na bhFostaithe Fir/Mná






10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 60 11/02/2020 15:01

# AIRGEADAS AGUS FORBAIRT CAIPITIL



*Íomhá Coincheapa den Lárionad Cruthaitheachta atá beartaithe*



David Kelly
Spáránaí

In ainneoin go raibh dúshláin an-mhór airgeadais roimh an Ollscoil i rith na bliana, go háirithe an t-easpa cinnteachta faoi mhaoiniú athfhillteach an Rialtais, d'éirigh leis an Ollscoil san am céanna buiséad comhardaithe a bhaint amach, chomh maith le barrachas beag €0.2 milliún a ghiniúint don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2019 ina gníomhaíochtaí atá bunchistithe ag an Údaráis um Ard-Oideachas.

I rith na bliana, d'fhás ioncam comhdhlúite na hOllscoile go dtí os cionn €500 milliún, agus ba iad na táillí teagaisc an chuid is shuntasaí d'ioncam foriomlán na hOllscoile i gcónaí. Ag an am céanna, rinneadh monatóireacht agus rialachán géar ar chostais chun inmharthanacht airgeadais a chinntiú ar bhonn fadtéarmach. Bhí giniúint airgid dearfach ann i rith na bliana, rud a d'fhág go rabhthas in ann leanúint den infheistíocht in áiseanna agus bonneagar fisiceach faoi mar a beartaíodh.

## Cistiú Stáit don Ardoideachas

Is iomaí dúshlán atá i saol reatha an oideachais agus tá easpa cisithe na hearnála go fóill ar an dúshlán airgeadais is mó roimh an Ollscoil, rud a chuireann brú ar inmharthanacht oibríochtaí agus ar an mbonneagar, agus líon na mac léinn ag méadú i rith an ama. Cé gur tháinig méadú ar an gcistiúchán deonaithe athfhillteach in 2017 den chéad uair ó bhí na géarchéimeanna geilleagracha ann in 2008, cuireadh an chuid ba mhó den chistiú sa bhreis in áirithe chun críocha ainmnithe, agus níor leor bundheontas an Stáit le haghaidh UCD le costais na ndeontas íocaíochta a chomhlíonadh in 2019. Bíodh sin mar atá, d'éirigh le UCD dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a chuspóirí straitéiseach á baint amach, agus d'fhan taobh istigh den bhuiséad le linn na tréimhse sin. Ba iad: cóimheasa mic léinn is baill foirne, seirbhísí tacaíochta do mhic léinn agus bonneagar ar an gcampas a bhí thíos leis.

Ullmhaíodh buiséad na hOllscoile do 2019/20 ar an tuiscint nach mbainfear amach easnamh 2019 cistiúcháin



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 61 11/02/2020 15:01

i leithdháileadh na ndeontas in 2020, ach go mbeidh costas breise na ndeontas íocaíochta go hiomlán cistithe in 2020. Is ceist dháiríre an t-easnamh cistiúcháin do bhuiséad 2019/20 na hOllscoile agus is baol mór an cistiú amach anseo. Níltear ag súil leis go bhfaighfear a dhóthain cistiúcháin le dul i ngleic leis an méadú i líon na mac léinn, ná go dtabharfar ar ais an cistiú in 2020 go dtí na leibhéil a bhí ann roimh seo. É sin ráite, tá creat láidir ag an Ollscoil chun inmharthanacht fhadtéarmach a chinntiú, agus déanfar clár suntasach ar chaiteachas caipitiúil a bhainistiú chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú trí theagasc agus foirgnimh thaighde d'ardchaighdeán a sholáthar i gcónaí.

Ós rud é nach bhfaightear faisnéis ilbhliantúil ar bhonn tráthúil i ndáil le cistiúchán an Stáit, imríonn sin drochthionchar ar ábaltacht na hOllscoile buiséid bhliantúla agus pleananna ilbhliantúla a leagan amach. É sin ráite, tá laghdú tagtha ar an drochthionchar a imríonn an éiginnteacht sin ar an bpleanáil le roinnt blianta anuas óir déantar buiséid acadúla agus aonaid tacaíochta UCD a ullmhú mar chuid de phróiseas comhtháite ina ndéantar na pleananna scoile, rollaithe agus airgeadais a ullmhú thar thréimhse cúig bliana agus is é ioncam nach ón státchiste é a bhrúnn an fás. Nuair a mheastar nach n-éireoidh le haonad na spriocanna a bhaint amach maidir le glanchaiteachas díreach, féadann an t-aonad úsáid a bhaint as aon cúlchiste carnach saothraithe sna blianta roimhe, chomh fada agus a dhéantar plean cúig bliana a fhorbairt. Tá UCD fós ag leanúint de líon na mac léinn iarchéime agus idirnáisiúnta a thugtar isteach a mhéadú, chomh maith le cur lena gníomhaíochtaí tráchtála, chun dul i ngleic leis na laghdaithe i gcistiú an Státchiste, agus leis na seirbhísí acadúla agus tacaíochta atá ann a choinneáil.

Tá buiséadú cúramach á dhéanamh ag an Ollscoil le cuid mhaith blianta anuas le bheith cinnte gur féidir na dúshláin a shárú, agus tá plean meántéarmach airgeadais a bhfuil mar aidhm aige stádas an airgeadais a neartú i bhfeidhm, rud a chuirfidh ar chumas na hOllscoile infheistíocht a dhéanamh chun an straitéis a sholáthar.

Foilsíodh an Tuarascáil leis an Sainghrúpa maidir le Cistiú sa Todhchaí don Ardoideachas i mí Iúil 2016. Is é an moladh lárnach atá ann gur gá d'Éire méadú suntasach a dhéanamh i leibhéal na hinfheistíochta san ardoideachas le cinntiú go mbeidh an córas in ann tacú leis an bhforbairt náisiúnta gheilleagrach agus shóisialta, agus sin a dhéanamh go hiomlán éifeachtach. Sainaithnítear trí rogha fhéideartha cistithe sa tuarascáil; i.e. córas atá cistithe go príomha ag an stát; méadú ar chistiú an stáit agus táillí mac léinn fós ann; nó méadú ar chistiú stáit in éineacht le híocaíocht iarchurtha táillí trí iasachtaí atá ag brath ar ioncam.

Mheas an Sainghrúpa go bhfuil cistiú breise bliantúil €600 milliún ag teastáil ó earnáil an ardoideachais faoi 2021 agus €1 billiún faoi 2030 chun torthaí ar chaighdeán níos airde a sholáthar agus le freastal ar dhéimeagrafaigh mhéadaithe mac léinn. Chiallódh sé sin: cóimheasa feabhsaithe mac léinn is ball foirne, caidreamh gníomhach níos fearr leis na mic léinn, agus seirbhísí tacaíochta feabhsaithe don fhoireann teagaisc agus do na mic léinn. Ina theannta sin, d'éiligh an grúpa go ndéanfaí athbhreithniú práinneach ar an gclár tógála caipitil. Mheas an grúpa go bhfuil gá le hinfheistíocht chaipitiúil €5.5 billiún sna 15 bliana atá romhainn le freastal ar líon méadaithe na mac léinn, le huasghráduithe caipitil, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, athnuachan trealaimh agus cothabháil i rith an ama. Chomh maith leis sin, mhol an grúpa go gcuirfí €100 milliún sa bhreis in aghaidh na bliana ar fáil le córas níos éifeachtaí tacaíochta airgeadais a sholáthar do mhic léinn.

Ó foilsíodh an tuarascáil, glactar go forleathan go bhfuil gá le cistiú breise a chur ar fáil don earnáil. Tharla go leor díospóireachta faoi bhuntáistí na roghanna éagsúla i gcomparáid lena chéile, ach ní dhearnadh aon chinneadh go fóill ar cá bhfaighfear an cistiú sin.

D'iarr na hollscoileanna ar an Rialtas agus ar pháirtithe an fhreasúra Tuarascáil an tSainghrúpa a chur i bhfeidhm agus cuireadh in iúl dóibh gurb é freagracht an chórais pholaitiúil na roghanna deacra atá de dhíth a dhéanamh le cistiú ollscoileanna, agus an bealach a leithdháiltear an cistiú sin, a fheabhsú.

In aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Rialtais, luaigh Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) gur chóir Buiséad 2019 a úsáid le dul i ngleic go práinneach leis na bunfhadhbanna caighdeáin atá ann mar gheall ar dheich mbliana tearcmhaoinithe, agus é a úsáid freisin

> *"D'éirigh le UCD dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a chuspóirí straitéiseacha a baint amach, agus d'fhan an Ollscoil taobh istigh den bhuiséad le linn 2019."*

chun cur leis an acmhainn atá ag ollscoileanna déileáil leis an bhfás suntasach atá tagtha ar líon na mac léinn. D'éiligh IUA, ina aighneacht Réamh-Bhuiséideach, méadú €130 milliún sa bhunchistiú agus méadú €104 milliún in uasghrádú riachtanach caipitil in 2019.

## Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte chun Institiúidí Ardoideachais a Chistiú

Tar éis na blianta tearcinfheistíochta agus líon na mac léinn ag ardú i rith an ama sin, thug an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla atá ann le haghaidh maoiniú deontais a leithdháileadh in earnáil an ardoideachais. Déanfaidh an t-athbhreithniú agus na moltaí istigh ann treo, feidhmíocht agus tionchar an ardoideachais a mhúnlú amach anseo.





10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 62 11/02/2020 15:01




*Íomhá Coincheapa den Lárionad Cruthaitheachta atá beartaithe.*

Tá HEA fós tiomanta don chuspóir athbhreithniú a dhéanamh ar shásra cistiúcháin RGAM (Múnla um Dheontais Athfhillteacha a Leithdháileadh) atá ann agus é a leasú i gcomhréir leis na moltaí sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030. Déanfar a chinntiú chomh maith go mbeidh a bpróisis leithdháilte chistithe ag teacht agus ag tacú leis na cuspóirí straitéiseacha náisiúnta don ardoideachas.

Tá torthaí an tSainghrúpa curtha san áireamh ag HEA ina athbhreithniú den mhúnla leithdháilte le haghaidh institiúidí ardoideachais a chistiú agus, tar éis tréimhse chomhairliúcháin, tá HEA tiomanta do mhúnla nua cistithe a sheoladh. San aighneacht a cuireadh faoi bhráid HEA, thacaigh UCD go láidir le cur chuige ilbhliantúil chun pleanáil a éascú agus cinnteacht níos fadtéarmaí a chinntiú. Chomh maith leis sin, mhol UCD gur chóir an cistiú ar fad le haghaidh teagaisc a chur san áireamh nuair atá ualú á chur i bhfeidhm i múnla athbhreithnithe, chun na costais choibhneasta a bhaineanna le disciplíní agus leibhéil clár éagsúla a léiriú.

Táimid dóchasach go gcuirfear coigeartú ar leithdháiltí bliantúla san áireamh sa mhúnla leithdháilte athbhreithnithe, chun ualú iomlán bunaithe ar dhisciplíní a chur i bhfeidhm ar an ioncam teagaisc iomlán, rud a rachaidh chun tairbhe UCD. Is dócha go gcuirfear é sin i bhfeidhm thar roinnt blianta, áfach. Bíodh sin mar atá, ní bheidh aon éifeacht ag coigeartuithe den mhúnla leithdháilte ach amháin má dhéantar iad sin mar chuid den mhéadú suntasach cistithe atá molta ag an Sainghrúpa.

## Méadú ar Chistiú Neamhstáit

Lean an Ollscoil de dhíriú ar roghanna eile foinsí maoinithe seachas an státchiste i rith na bliana chun staid inbhuanaithe airgeadais a choinneáil.

I mbliana, bhí méadú suntasach eile in earcú mic léinn idirnáisiúnta agus de bharr obair déanta ag an nGrúpa um Rannpháirtíocht Dhomhanda tá ionaid earcaíochta mac léinn bunaithe i dtíortha éagsúla, go háirithe san Áise Thoir Theas.

Tá fás ag teacht i gcónaí ar fhoinsí ioncaim ó ghníomhaíochtaí samhraidh ar an gcampas. I gcomhar le hOifig Idirnáisiúnta UCD, tá suíomh gnóthaithe an gclár 'Samhradh in UCD' neartmhar sna hearnálacha domhanda oideachais, i bpáirt mar gheall ar chomhpháirtíochtaí láidre UCD le mór-ollscoileanna SAM. Chomh maith leis sin, de thairbhe réimse leathan comhdhálacha, imeachtaí agus ceardlanna a óstáil, cuireadh ardán iontach ar fáil do UCD a scoth-áiseanna acadúla, cónaithe agus spóirt na hollscoile a thaispeáint,.

## Múnla Cistithe UCD Bunaithe ar Fheidhmíocht

Ba é 2018/19 an cúigiú bliain den mhúnla buiséadaithe bunaithe ar fheidhmíocht, agus mar chuid den mhúnla sin déantar acmhainní breise a leithdháileadh ar bhonn struchtúrtha idir na Scoileanna agus na Coláistí a chruthaíonn ioncam breise agus an Ollscoil. Cuimsítear an t-ioncam a fhaightear ó tháillí fhochéimithe AE mar chuid den mhúnla cistithe, rud a thugann le fios an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht lárnach seo, agus a fhágann go ndéantar í a mhaoiniú ar bhonn cothrom taobh le gníomhaíochtaí céimithe agus neamh-AE. De bharr an ioncaim bhreise a leithdháiltear ar na Scoileanna, cuirtear ar chumas na Scoileanna níos mó smachta a fháil ar chúrsaí airgid, ach tá an t-ioncam sin an-teoranta i gcomparáid leis an gcistiú Stáit a tarraingíodh siar le blianta beaga anuas, agus ní leor é chun an chailliúint a chúiteamh.

Tá fás ar an t-ioncam a fhaightear ó tháillí mhic léinn idirnáisiúnta i gcónaí, agus tá sin ag teacht le Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD, ach tá fás freisin ag teacht ar an iomaíocht ó ollscoileanna eile ó thaobh mic léinn neamh-AE a mhealladh. Ceadaítear do na Scoileanna cuid de ghlanioncam na dtáillí a choinneáil, tar éis lamháil a fhágáil do scoláireachtaí agus coimisiúin. Úsáidtear scoláireachtaí táillí le cuidiú le daoine in am an ghátair, agus úsáidtear iad mar uirlis mhargaíochta chun mic léinn neamh-AE a earcú.

Rinne scoileanna agus aonaid tacaíochta a gcuid pleananna cúig bliana a nuashonrú in 2019, in éineacht lena bpleananna straitéiseacha, mar chuid den timthriall pleanála airgeadais bliantúil. Mar sin féin, is fadhb shuntasach fós d'aonaid é an éiginnteacht atá ann maidir le leibhéal agus nádúr an chistithe stáit, agus a gcuid pleananna airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá Oifig an Sparánaí ag cuidiú le Coláistí agus Scoileanna aonair pleananna airgeadais cúig bliana a chur le chéile a bheidh ag teacht go ginearálta le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile, agus chun radharc ilbhliantúil a chur ar fáil de na gníomhaíochtaí atá pleanáilte ag gach aonad, mar aon le riachtanais acmhainní.

Rinneadh an múnla inmheánach cistithe a athrú i mbliana chun aon sábháil bheag íocaíochta in aonaid aonair ar



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 63 11/02/2020 15:01



*Taispeánann Santiago Astorga (Seirbhísí Eastáit UCD) an múnla dár Máistirphlean Cónaithe do Mhic Léinn do chuairteoirí ag Féile UCD 2019.*

fud na hOllscoile a neartú nuair a bhíonn bearnaí sealadacha i measc na foirne, e.g. nuair atáthar ag fostú ball foirne nua nuair a imíonn ball eile. Úsáidtear an cistiúchán comhdhlúite chun críocha straitéiseacha, mar cheann de na foinsí cistithe do Thobar Lárnach na gCeapachán Acadúil a chuideoidh linn ár gcóimheas foirne is mac léinn a fheabhsú.

Tá dúshlán roimh an Ollscoil ar fad ós rud é gur gá straitéis agus bearta a chur i bhfeidhm, go háirithe tionscnaimh chun ioncam breise a ghiniúint agus costais a shábháil. Tá an obair atá á déanamh i rith an ama ag Coiste na hOllscoile um Airgeadas, Luach Saothair agus Bainistíocht Sócmhainní ag plé leis an dúshlán sin.

## Córas Pleanála agus Buiséadaithe

Lean an Ollscoil den chóras Oracle le haghaidh pleanála agus buiséadaithe a fhorbairt le linn na bliana d'fhonn éifeachtúlacht agus caighdeán próiseas an bhuiséid bhliantúil a fheabhsú. Leathnaíodh amach córas Oracle chun pleanáil maidir le clárú mac léinn agus ioncam táillí a chur san áireamh i mbuiséad 2019/20 agus chun réamhaisnéisiú agus tuairisciú feabhsaithe a sholáthar i dtaobh pleananna. Fágann an córas buiséadaithe agus pleanála go ndéantar réamhaisnéisiú agus tuairisciú rialta a éascú, agus tugann sé deis dúinn tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh amach anseo i ngníomhaíochta airgeadais agus gníomhaíochtaí pleanála eile.

Tá feabhsuithe breise déanta do mhodúl phleanáil na foirne, agus tá feidhmíocht uaslódála níos fearr ann. I mbliana, rinneadh tuilleadh feabhsaithe sa leibhéal tuairiscithe a rinne Scoileanna agus Coláistí maidir le hioncam táillí agus caiteachas bainteach le táillí. Is cuid lárnach é sin dár n-acmhainn réamhaisnéise cúig bliana. Cuirtear béim níos mó anois i gcuntais bhainistíochta ar na cúlchistí tiomanta agus lánroghnacha a thuairisciú ag leibhéal na Scoile agus leibhéal an aonaid tacaíochta. Tugadh isteach réimse leathan tuarascálacha bainistíochta chun go mbeifear in ann cinntí a dhéanamh ag leibhéal na scoile. Rinneadh buiséid acadúla agus buiséid do na haonaid tacaíochta a ullmhú mar chuid de phróiseas comhtháite. Sa phróiseas seo, déantar pleananna na scoile, pleananna clárúcháin mac léinn agus pleananna airgeadais a ullmhú. Déantar na buiséid a ullmhú i gcomhthéacs na bpleananna airgeadais cúig bliana. Nuair a mheastar nach n-éireoidh le haonad na spriocanna a bhaint amach maidir le glanchaiteachas díreach, féadann an t-aonad úsáid a bhaint as aon cúlchiste carnach saothraithe sna blianta roimhe, chomh fada agus a dhéantar plean cúig bliana a fhorbairt.

## Soláthar

Tá athruithe suntasacha tagtha chun cinn i gcleachtais soláthair san earnáil phoiblí le roinnt blianta anuas. Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais in 2013 d'fhonn caiteachas straitéiseach iomlán do cheannacháin choitianta ag comhlachtaí san earnáil phoiblí a bhainistiú, ollscoileanna san áireamh. Tá leasú ar sholáthar poiblí ar cheann de na mórthionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ar leith ag baint leo i bplean leasaithe seirbhísí poiblí an stáit.

Cé go bhfuil Oifig Soláthair UCD ag obair go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí soláthair UCD ag teacht le cuspóirí na



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 64 11/02/2020 15:01

hOifige um Sholáthar Rialtais, déanann Oifig Soláthair UCD tairiscintí a chur amach go fóill ar son na hOllscoile agus tugann tacaíocht agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar fud na hOllscoile.

Cuireadh i bhfeidhm an córas lárnach ceannacháin ar líne le ceannaitheoirí oilte ar bhonn níos leithne i mbliana. Tá sé mar aidhm ag an gcóras seo comhordú ghníomhaíochtaí ceannaitheoirí a fheabhsú ar fud na hOllscoile, chomh maith le hardleibhéal comhlíontachta le beartais soláthair an Rialtais a choimeád.

## Forbairt Campais

Le linn na bliana acadúla 2018/19, rinneadh roinnt pleananna iontacha don champas a chur chun cinn, pleananna a ndeánfaidh fás agus forbairt eastát na hOllscoile a shoiléiriú i gcomhréir le Plean Forbartha Straitéiseach Champas UCD (SCDP) 2016-2021-2026.

> *Cuspóir eile atá ag Céim 1 de Champas na Todhchaí ná **feabhas suntasach** a chur ar an riocht phoiblí agus ar eispéireas dhaoine a thagann go dtí an eochairshuíomh seo ar champas Belfield, trí dhearadh uirbeach d'ardchaighdeán, thírdreachú agus comhfhorbairt áite a dhéanamh.*

Áirítear leo siúd:

- Campas Todhchaí UCD - Céim 1
- Limistéar Spóirt agus Conláistí do Mhic Léinn UCD
- Máistirphlean Cónaithe do Mhic Léinn UCD

Tá na máistirphleananna seo bunaithe ar na prionsbail atá leagtha síos sa SCDP agus cuireann siad fís níos mionsonraithe ar fáil maidir leis na trí Réimse Carachtair ar Champas Belfield. Is iad sin: Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht; Áiseanna Spóirt agus Mic Léinn; agus áiteanna Cónaithe.

Níos luaithe i mbliana ceapadh beirt stiúrthóirí a ndéanfaidh forbairtí agus oibríochtaí eastát na hOllscoile a threorú, eastát atá ag fás i gcónaí. Ceapadh Tadgh Corcoran ina Stiúrthóir ar na hEastáit – Forbairt an Champais, agus ceapadh PJ Barron ina Stiúrthóir ar na hEastáit – Oibríochtaí an Champais.

## Campas Todhchaí UCD - Céim 1

I mbliana, ceapadh gnólacht aitheanta idirnáisiúnta deartha, Steven Holl Architects, le maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích Chéim 1 de Mháistirphlean Champas na Todhchaí. Beidh trí ghné éagsúil ach chomhcheangailte mar chuid den tionscadal bunathraitheach seo:

- Lárionad Cruthaitheachta
- Lárionad Foghlama don Todhchaí
- Dearadh agus Tírdhreachú Uirbeach

Déanfaidh an Lárionad Cruthaitheachta, arna dhearadh ag Steven Holl Architects, áiseanna nua-aimseartha saintógtha a chur ar fáil do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD a bheidh gar don Ionad Eolaíochta Innealtóireachta agus Ábhar atá ann cheana. Ina theannta sin, beidh sé mar shéadchomhartha agus mar thairseach fháiltithe lárnach ag an bealach isteach chuig campas na hOllscoile, áit a mbeidh spás le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus gailearaí ann.

Déanfar foirgneamh eile, an Lárionad Foghlama don Todhchaí, arna dhearadh ag RKD Architects, a fhorbairt mar chuid de Chéim 1. Beidh ról lárnach ag an Lárionad Foghlama don Todhchaí chun cabhrú leis an Ollscoil fás a dhéanamh. Díreofar ar modhanna teagaisc a éascú a chumasaíonn foghlaim ghníomhach i bhfoirgneamh lárnach saintógtha teagaisc is foghlama a bheidh oscailte do gach disciplín.

Cuspóir eile atá ag Céim 1 de Mháistirphlean an Champais sa Todhchaí ná feabhas suntasach a chur ar an riocht phoiblí agus ar eispéireas dhaoine a thagann go dtí an eochairshuíomh seo ar champas Belfield, trí dhearadh uirbeach d'ardchaighdeán, thírdreachú agus comhfhorbairt áite a dhéanamh.

Bhí lúcháir ar phobal UCD go raibh Steven Holl ar fáil chun eochairléacht a thabhairt le linn Fhéile UCD, ag cur in iúl an fhís atá aige don limistéar tábhachtach seo de champas Belfield, lena n-áirítear an Lárionad Cruthaitheachta. Ghlac an fhoireann teagaisc, baill foirne, céimithe agus comharsana go fonnmhar leis na pleananna agus tá obair á dhéanamh i gcónaí ar dhearadh mionsonraithe.

D'éirigh le hiarratas UCD don HESIF (Ciste Bonneagar Straitéiseach Ardoideachais), agus tugann sin léargas ar na buntáistí a mbeidh ag an tionscadal, lena n-áirítear acmhainn bhreisithe do mhic léinn le linn tréimhse ina bhfuil éileamh breise ar áiteanna tríú leibhéal, chomh maith le háiseanna oideachais ardchaighdeáin a sholáthar agus eispéireas na mac léinn a fheabhsú.

## Limistéar Spóirt agus Conláistí Mhic Léinn UCD

Roghnaíodh gnólacht ailtireachta bunaithe i mBaile Átha Cliath, Heneghan Peng Architects, le máistirphlean a dhearadh do Limistéar Spóirt agus Conláistí Mac Léinn i gcomhar le páirtithe leasmhara na hOllscoile.

Soláthraíonn an máistirphlean Spóirt agus Conláistí Mhic Léinn fís straitéiseach d'fhonn limistéar comhtháite ciallmhar a dhearadh. I gcomhairliúchán le pobal na mac léinn, molann an máistirphlean roinnt forbairtí nua a bhfuil mar aidhm acu na háiseanna spóirt agus na conláistí sa limistéar a fheabhsú.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 65 11/02/2020 15:01






*(Barr) Íomhá Coincheapa Raon Reatha UCD.*

*(Clé) Íomhá Coincheapa Spásanna Stiúideo san Ionad le haghaidh Cruthaitheachta atá beartaithe.*

Cuimsíonn an fhís roinnt forbairtí poitéinsiúla, ag brath ar mhaoiniú, lena n-áirítear halla spóirt ilchuspóireach nua, páirc imeartha faoi dhíon, chomh maith le síneadh a chur le Lárionad na Mac Léinn chun go mbeifear in ann Halla Astra a chur isteach ann, agus spás taibhithe breise.

An chéad fhorbairt a dhéanfar mar chuid den mháistirphlean ná raon reatha nua atá deimhnithe ag Cumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta (IAAF) a chur ar fáil do UCD. Tá cead pleanála faighte agus táthar le tús a chur leis an bhfoirgníocht le linn Ráithe 1, 2019/2020.

## Máistirphlean Cónaithe UCD

Tá Máistirphlean uaillmhianach Cónaithe deartha ag Reddy Architecture + Urbanism á chur i bhfeidhm ag UCD i gcónaí. Tá Céim 1 á forbairt faoi láthair, agus cuireadh gnéithe tábhachtacha struchtúrtha i gcrích san Earrach, 2019. Is céim thar a bheith spreagúil agus beoga é seo den fhorbairt, agus tugann sé léargas dúinn ar an tslí a gcuirfidh an chomharsanacht chónaithe chomhtháite seo leis an gcampas. Táthar ag súil le Céim 1 a chur i gcrích i samhradh 2020, agus déanfar 924 spás leapa a chur ar fáil chomh maith le foirgneamh conláistí do mhic léinn. Beidh foirgneamh na gconláistí ina lárionad sráidbhaile don chlós cónaithe nuafhorbartha. Beidh tairiscintí miondíola agus bia, chomh maith le hionad aclaíochta agus ionad sláinte is folláine, ar fáil san fhoirgneamh conláiste seo. Úsáidfear léachtlann taobh istigh den fhoirgneamh le haghaidh teagaisc Ollscoile ach beidh sí ar fáil le haghaidh imeachtaí mic léinn taobh amuigh d'uaireanta teagaisc.

San am céanna, tá Seirbhísí Eastáit UCD agus an fhoireann deartha á n-ullmhú le Céim 2 den Mháistirphlean Cónaithe a chur ar aghaidh. Nuair a chuirfear sin i gcrích, beidh 1,254 spás leapa sa bhreis ann, chomh maith le 600 spás páirceála a chuirfear in ionad iad siúd a cailleadh mar gheall ar an bhforbraíocht.

## Forbairtí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus atá Pleanáilte:

Tá Ionad Gnó Moore UCD, síneadh le Scoil Ghnó Quinn, beagnach críochnaithe agus tá an tIonad le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2019. Cuirfidh sé seo go suntasach le háiseanna na hOllscoile agus acmhainn cheannródaíoch a bheidh ann. Cuirfear ar fáil spás breise teagaisc ann, chomh maith le spásanna breise don staidéar foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, spásanna sóisialta, Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Svuít do na Meáin, Áit Tacaíochta do Scileanna, Saotharlann THINK, agus léachtlann 320 suíochán.

Cuireadh Club na hOllscoile i gcrích agus osclaíodh i mbliana é, agus eispéireas nua ite agus fáilte ar an gcampas anois dá bharr. Forbraíodh Club na hOllscoile mar shíneadh le Halla O'Reilly, ag cur leis na háiseanna a bhí ann cheana in áit lárnach ar Champas Belfield.

Tá an Ollscoil ag déanamh infheistíochta i gcónaí sna foirgnimh atá ann cheana. Rinneadh oibreacha athchóirithe ar fhoirgnimh Newman agus Tierney le



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 66 11/02/2020 15:02





*Déanann Ailtire Steven Holl a fhís do Champas na Todchaí a chur in iúl ag Féile UCD 2019.*

linn na bliana seo caite, agus tá timpeallacht oibre agus teagaisc i bhfad níos fearr ann dá bharr. Tá gné thábhachtach inbhuanaitheachta ag baint leis na tionscadail athchóirithe seo; trí na struchtúir choincréite atá ann cheana a athúsáid, agus uasghrádú a dhéanamh ar an soilsiú, na fuinneoga agus insliú fhoirgnimh na 1960idí, déantar ídiú fuinnimh a laghdú go suntasach, agus cuirtear le saolré na bhfoirgneamh.

Thóg UCD uirthi féin oidhreacht thógtha an champais a chaomhnú agus a athchóiriú, na tithe seanré san áireamh. Cuirfear tionscadal athchóirithe Theach Newman i gcrích i mí Mheán Fómhair 2019, agus beidh Músaem Litríochta na hÉireann (MoLi) lonnaithe ann. Cuirfidh Músaem Litríochta na hÉireann, atá á fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus a fuair tacaíocht ó Fáilte Ireland, go mór le sócmhainní stairiúla, liteartha agus cultúrtha UCD agus beidh éileamh mór idirnáisiúnta ar an áit.

Tá tús curtha le hathchóiriú Theach Ardmore, agus tá pleananna ann chun gnéithe seanré a athchóiriú, cruth a chur ar fheidhm an fhoirgnimh maidir le fáiltithe, cruinnithe agus spás oifige, agus cinntiú go bhfuil an foirgneamh ag comhlíonadh na gcaighdeán sábháilteacht dóiteáin agus rochtana míchumais is déanaí.

Tá síneadh Theach Merville, baile NovaUCD, críochnaithe anois. Déanann forbraíocht Chlós an Oirthir méadú 50% a chur le hacmhainní. Tá 23 aonad gnó sa bhreis ann dá bharr, oifig, saotharlann agus spás comhoibre san áireamh. I gcomhréir leis an gclár caomhnaithe agus athchóirithe, coimeádadh sciatháin stairiúla agus rinneadh iad a athchóiriú.

## Seirbhísí Fáilte, Comhdhálacha agus Imeachtaí

Le himeacht ama, tá éileamh níos mó ná riamh ar Champas Belfield mar áit iontach chun comhdhálacha agus imeachtaí a reáchtáil. Le bliain anuas, roghnaigh 11 chumann UCD mar áit chun a gcomhdhálacha bliantúla a reáchtáil, agus chuir Belfield fáilte roimh níos mó ná 4,000 toscaire le linn mhíonna an tsamhraidh, ó Bhealtaine go Lúnasa. Rinne Ambasadóirí Comhdhála UCD ceannasaíocht ar gach ceann de na 11 chomhdháil, a chuir thart ar €10 milliún le geilleagar na hÉireann.

I mí an Mheithimh, reáchtáladh an chomhdháil is mó riamh go dtí seo ar an gcampas, nuair a d'fhreastail níos mó ná 2,500 toscaire ar Chomhdháil EURO-K maidir le Taighde Oibríochtúil. Bhí 80 seisiún comhuaineach ar siúl gach lá, agus tharla an t-imeacht ar fud an champais. I mí Bealtaine, Rinne UCD Comhdháil agus Cruinniú Ginearálta Bliana WUN (Gréasán Domhanda na nOllscoileanna) a óstáil, rud a thug deis dúinn ár n-áiseanna a thaispeáint d'ionadaithe ó ollscoileanna ar fud na cruinne.

Cuireadh fáilte roimh a lán mic léinn idirnáisiúnta mar chuid den chlár 'Samhradh in UCD' agus tugadh seans dóibh taitneamh a bhaint as an gcuid is fearr de Bhaile Átha Cliath agus d'Éirinn.

Tá an Ollscoil fós ag obair le Sláinte UCD agus soláthraithe seirbhíse bia ar an gcampas chun roghanna sláintiúla bia a thairiscint do phobal UCD. Mar thoradh ar ár dtionscnamh deochanna milsithe a bhfuil ardleibhéal siúcra iontu a dhíbirt ón gcampas anuraidh, cuireadh an ruaig ar 3.27 milliún gram siúcra ón gcampas le linn na bliana acadúla seo caite.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 67 11/02/2020 15:02

> *Tá ag éirí go sásúil le UCD maidir le feabhas **33%** san éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.*



*Móinéir áille bláthanna fiáin UCD*

Le bliain anuas, rinneadh roinnt caiféanna ar an gcampas a athchóiriú le go mbeadh siad níos nua-aimseartha, lena n-áirítear Pi restaurant, café Bluebird, Quinn café agus Readers café. Tá leagan amach agus roghanna bia níos fearr iontu do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do baill foirne i gcoitinne. Mar chuid dár dtiomantas don inbhuanaitheacht, baineadh cupaí, soip agus sceanra plaisteacha aonúsáide amach as caiféanna ina bhfuil bia le fáil iontu agus as bhialanna an champais.

## Tírdhreachú agus Bithéagsúlacht

Tá meascán saibhir bithéagsúlachta ar champais UCD, ar a bhfuil coillte aibí, cúrsaí uisce, lochanna agus faichí uaine. Cinntíonn bainistiú cúramach na timpeallachta seo go dtugtar tacaíocht agus spreagadh don bhithéagsúlacht.

Baineann gné thábhachtach de seo leis an obair a dhéantar faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá an Ollscoil tiomanta do phrionsabail an Phlean um Pailneoirí agus cuireadh cuid mhaith céimeanna bhaineann leis i bhfeidhm i mbliana, amhail stop a chur le gliofosáit a úsáid i mbainistiú limistéar conláiste. Trí lomadh féir a laghdú, agus limistéir nua-phlandaithe agus móinéir bláthanna fiáin a chur ar fáil, cruthaítear foinse bia agus gnáthóige luacmhar do bheacha agus feithidí pailnithe eile, rud a chuireann le timpeallacht nádúrtha coilleach an champais. Rinneadh an líonra siúlta coille a leanann teorainn hollscoile a neartú trí spor nua a chur isteach timpeall ar Lárionad na Seandálaíocht turgnamhagh i Reabóg, agus cuirfear tuilleadh feabhais air tríd an gclár plandála crainn leathanduillí a chuirfear bhfeidhm le linn an chéad tséasúir eile.

## Comaitéireacht

Tá níos mó daoine de Phobal UCD ná riamh ag roghnú modhanna inbhuanaithe taistil chun a bheith ag comaitéireacht chun an champais. Tá méadú 1% tagtha ar líon na ndaoine a roghnaíonn modhanna inbhuanaithe taistil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn 78% mac léinn, baill den fhoireann teagaisc agus baill foirne ag taisteal chuig an gcampas gach lá de chois, ar rothar, nó ar iompar poiblí.

Trí teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an bpobal, lena n-áirítear an Grúpa Oibre Taisteal níos Cliste a bhfuil an tOllamh Mark D'Alton ina chathaoirleach orthu, tá Seirbhísí Eastáit UCD ag aithint agus ag cur i bhfeidhm tionscnamh a dhéanann na háiseanna comaitéireachta atá in UCD agus na seirbhísí chuig UCD a fheabhsú i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

I mbliana, cuireadh spásanna páirceála breise clúdaithe do rothair isteach; tá seastáin le rothair a dheisiú ar fáil i láithreacha éagsúla i mBelfield is ar an gCarraig Dhubh, agus tá tobshiopa rothair á reáchtáil anois gach Déardaoin ag an Margadh Bia.

Seoladh seirbhís bus nua uimhir 155 i mí an Mhárta 2019. Ritheann an tseirbhís ó Bhré go Ikea, ag stopadh ag UCD ar an mbealach. Tá an-tóir ar sheirbhís nua 175 i measc iad siúd a bhíonn ag taisteal ó Thamhlacht, Ráth Fearnáin agus an ceantar máguaird, chomh maith leo siúd a fhaigheann an Luas ó Dhún Droma.

I mbliana, fuarthas os cionn 6,700 freagra ar an suirbhé bliantúil comaitéireachta, méadú 6% ón mbliain roimhe. Tá an suirbhé seo thar a bheith luachmhar ó thaobh tionscadail phleanála de le tacú le Plean Taistil UCD 2016-2021-2026 agus na spriocanna sa phlean sin.

## Fuinneamh

Tá UCD ar an mbóthar ceart maidir le feabhas 33% san éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi mar a éilíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an Rialtas. Go dtí seo, tá feabhas 32.5% bainte amach ag an Ollscoil trí dhíriú isteach ar bharr feabhais a chur ar chórais, tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, agus iarrachtaí spriocdhírithe a dhéanamh taobh istigh den chlár forbartha caipitil.

Rinneadh córais bainistíochta fuinnimh na hOllscoile a athdheimhniú ar chaighdeán ISO50001 in 2019, rud a thugann aitheantas do Sheirbhísí Eastáit UCS as díriú isteach i gcónaí ar phróisis a fheabhsú. Caighdeán bainistíochta idirnáisiúnta é seo a éilíonn go ndéanfaí príomh-úsáidí fuinnimh a aithint, go ndéanfaí monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid, agus deiseanna do chaomhnú fuinnimh a aithint.




10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 68 11/02/2020 15:02

Tá foireann Sheirbhísí Eastáit UCD i gcónaí ag breathnú ar an tionchar agus na deiseanna a thagann as na cláir oibreacha caipitiúla agus mionoibreacha. Le linn tionscadail athchóirithe, aithnítear deiseanna chun feabhas a chur ar aghaidheanna foirgneamh, cóiriú fuinneog agus feidhmíocht fuinnimh an tsoilsithe agus déantar na deiseanna sin a thapú más féidir. I dtionscadail nua, déantar caighdeáin 'Foirgneamh ar Ráta Úsáide Fuinnimh gar do Nialas' (NZEB) agus 'Rátáil Fuinnimh Foirgnimh' 'A' a chur i bhfeidhm ó thús an tionscadail.

An samhradh seo, rinneadh córas fótavoltach gréine ar Champas na Carraige Duibhe a mhéadú, ag cur leis an méid leictreachas in-athnuaite a ghintear ar an láthair.


Chomh maith leis sin, ar an gCarraig Dhubh, rinneadh córas pumpála teasa aerfhoinseach a choimisiúnú a sholáthróidh teas ardéifeachtúil d'fhoirgneamh na bialainne. Foinse foghlama a bheidh ann don Ollscoil sa teicneolaíocht réasúnta nua seo agus déanfar monatóireacht ghéar ar fheidhmíocht an chórais. Mar gheall ar an laghdú astaíochtaí carbóin atá ann mar gheall ar na tionscadail seo, fuarthas maoiniú i bpáirt i leith na gcóras ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.



David Kelly
Spáránaí

**Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh**

**2018 EnPI = 254 kWh / Achar Urláir (m2)** **Sprioc EnPI = 252 kWh / Achar Urláir (m2)**




3.4% níos fearr ná 2017

32.5% níos fearr ná an bonnlíne

Feabhsú 0.7% de dhíth faoi 2020

5.9% níos fearr ná an sprioc "céim ar chéim"

**20KWH**

**Laghdú ar úsáid phríomhfhuinnimh/m² in 2018/2019 i gcomparáid le 2017/2018**

**Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh Leibhéal 2**

| | |
|---|---|
| Leictreachas = 142 kWh / Achar Urláir (m2) | 2.6% níos fearr ná 2017 |
| Teirmeach = 112 kWh / Achar Urláir (m2) | 4.5% níos fearr ná 2017 |
| Iompar = 0 kWh / Achar Urláir (m2) | 0.1% níos fearr ná 2017 |

| | **2013/2014** | **2014/2015** | **2015/2016** | **2016/2017** | **2017/2018** | **2018/2019** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Achar Iomlán m2* | 314,400 | 314,400 | 319,706 | 319,706 | 319,706 | 321,765 |
| Leictreachas kWh | 26,304,456 | 24,495,179 | 26,064,323 | 27,471,804 | 29,876,628 | 24,670,214 |
| Gás kWh | 70,970,958 | 66,771,867 | 61,444,804 | 54,158,751 | 49,284,855 | 55,847,866 |
| Príomhfhuinneamh Iomlán kWh** | **135,385,463** | **125,207,367** | **123,966,415** | **118,639,005** | **115,460,428** | **109,858,630** |
| Príomhfhuinneamh (kWh) in aghaidh m2 | 431 | 398 | 388 | 371 | 361 | 341 |



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 69 11/02/2020 15:02

# ACMHAINNÍ DAONNA, S.I.R.C. AGUS GNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA



*Rannpháirtithe i gClár Ceannasaíochta Aurora 2019 do Mhná.*



**Tristan Aitken**
Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna, SIRC agus Gnóthaí Dlíthiúla

In 2018/19, cuireadh ar bun cuid de na tionscnaimh lárnacha i Straitéis HR UCD 2016-2020 – *Growing through people.*Mar gheall ar an dúthracht agus díograis as cuimse a léirigh m'fhoireann, chomh maith le comhoibriú leathan ar fud na hOllscoile, cuireadh tionscadail mhóra bainteach le daoine i gcrích, tionscadail amhail Performance for Growth (P4G: Feidhmíocht chun Fáis), Job Sizing Framework, Additional Academic Appointments Programme (Clár na gCeapachán Acadúil Breise), clár suntasach rannpháirtíochta fostaithe agus aitheantas Ollscoile agus Scoile i nGradaim Chomhionannas Inscne Athena.

Mar is cuí, bhí UCD ar an gcéad eagraíocht in Éirinn dhá ghradam a bhaint sa bhliain chéanna ag searmanas náisiúnta CIPD (an Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra). Thug an gradam do Chuimsiú agus Éagsúlacht aitheantas do ról ceannasaíochta UCD cultúr ionchuimsitheach a chruthú do phobal na hOllscoile, beag beann ar fhéiniúlacht inscne. Tugann an gradam seo aitheantas do chuid mhór de bhaill phobal UCD a chuireann leis an gclár tábhachtach oibre seo. Thug gradam Fhoireann HR agus L&D na bliana



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 70 11/02/2020 15:02



*Agus iad i mbun meabhrán tuisceana a shíniú le hOilimpicí Speisialta Éireann, chuir lúthchleasaithe cispheile Oilimpicí Speisialta Éireann cluiche taispeántais ar siúl. Sa phictiúr leo tá an tOll. Joe Carthy, Cathaoirleach ar an Líonra Rannpháirtíochta Fostaithe agus Matt English, POF ar Oilimpicí Speisialta Éireann.*

aitheantas do straitéis bhunathraitheach HR UCD, do sheachadadh leanúnach na straitéise seo chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOllscoile, agus don athstruchtúrú a rinneadh ar an aonad le cinntiú go raibh sé in ann clár mór athraithe a sholáthar. Mheas na moltóirí gur sampla thar a bheith maith a bhí anseo d'fhoireann ag obair as lámha a chéile chun athruithe HR ó bhonn a thabhairt isteach.

Chuireamar ár bpróiseas athbhreithnithe cáilíochta i gcrích le linn na bliana, leis. Tasc machnaimh luachmhar ab ea an Tuarascáil Fhéinmheasúnaithe a fhorbairt, agus chuir sin ar chumas ár bhfoirne súil a choinneáil ar dhul chun cinn, dul i gcomhairle lenár bpobal páirtithe leasmhara, ár láidreachtaí agus deiseanna a thabhairt le fios agus a dheimhniú, agus ár ndúshláin a mheas. Bhí cuairt suímh an Ghrúpa Athbhreithnithe an-dearfach agus fiúntach. Tabharfar aghaidh ar na moltaí a rinneadh maidir lenár n-oibríochtaí a fheabhsú sa phróiseas Pleanála um Fheabhsú Cáilíochta. Táimid chun an Phleanáil um Fheabhsú Cáilíochta a chur taobh lenár gclár straitéiseach oibre chun tacú le Straitéis nua na hOllscoile 2020-2024.

I gcaitheamh na bliana, bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh oifig SIRC (Sábháilteacht, Árachas, Riosca agus Comhlíontacht) agus oifig Ghnóthaí Dlithiúla UCD isteach i mo phunann.

## Seirbhís agus Comhpháirtíocht a Athrú ó Bhonn

Samplaí de thionscnaimh sa réimse seo is ea Core International a chur i bhfeidhm, feidhmchlár bogearraí a úsáideann HR agus Airgeadas chun tacú le hacmhainní, pinsin, párolla agus costais, agus a imríonn tionchar ar gach forbairt ar fhoirmeacha ar líne. Fágann an infheistíocht seo i dteicneolaíocht go bhfuil ár bhfoireann in ann clár digitithe na hOllscoile a chur i bhfeidhm, a chuirfidh le féin-seirbhís bainisteoirí agus fostaithe.

Bhí an-rath ar chéim 1 de Chlár na gCeapachán Acadúil Breise. Rinneadh 93 tairiscint agus 77 glacadh san iomlán go fóill thar na trí mhodh fostaithe (Ad Astra – 71 glacadh; An Modh Frithghníomhach – sé ghlacadh; an Modh Straitéiseach – ag céim na fógraíochta go fóill ). Tá athbhreithniú déanta ar an gclár agus táthar le tús a chur le céim a dó i mí Dheireadh Fómhair 2019.

I mí na Nollag 2018, tháinig An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018, i bhfeidhm de réir an dlí. Rinneadh foráil ann go dtiocfadh ardú ar an aois scoir éigeantaigh ó 65 go 70 d'fhostaithe a fuair post sa tseirbhís phoiblí roimh 2004, rud a fhágann go mbeidh athruithe sa chóras agus tacaíocht bhreise d'fhostaithe ag teastáil.

## Cultúr Feidhmíochta a Chumasú

Seoladh creat P4G – Feidhmíocht chun Fáis – go rathúil, creat a chinntíonn gur féidir lenár gcuid fostaithe comhrá fiúntach a bheith acu maidir lena gcuid feidhmíochta, cuspóirí agus forbartha. Bhí ráta críochnaithe 90% ann faoi mhí Lúnasa, a léirigh an-éacht do gach duine a bhí páirteach. Tá an t-eolas a fuarthas an-dearfach, agus cuireadh béim ar an deis a thugann P4G aitheantas, aiseolas agus tacaíocht le gairm bheatha a fhorbairt.

I mí Iúil 2019, bhí UCD ar an gcéad Ollscoil Éireannach a fuair faomhadh ón Rialtas cur chuige a chur i bhfeidhm a fhágann gur féidir, faoi choinníollacha áirithe, róil a uasghrádú. Is féidir mar sin aitheantas a thabhairt do bhaill aonair foirne, áiteanna a bhfuil fás tagtha ar róil sna réimse a chlúdaítear agus nuair a glacadh le freagrachtaí breise go sásúil.

Rinneadh forbairt bhreise ar an gCreat 'Job Family' (Poist Chosúla) a chur i bhfeidhm le linn na bliana, le formáid nua ina ndéantar cur síos ar inniúlachtaí a bhaineann le róil ghairmiúla agus riaracháin.

Le linn 2018/19, bhí Foireann Chomhpháirtithe HR an-ghnóthach le dearadh eagraíochta, athstruchtúrú agus gníomhaíochtaí bainistithe athraithe; tá borradh suntasach faoin ngníomhaíocht seo ó seoladh an Straitéis HR.

## Ár dTallann a Fhorbairt

Agus muid ag leanúint de bhéim a chur ar thallann a fhorbairt, rinneadh athbhreithniú mór ar an tsraith tairiscintí forbartha chun go mbeadh sí ag teacht níos



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 71 11/02/2020 15:02


gaire leis na hinniúlachtaí a dtángthas orthu sa Chreat Poist Chosúla. Mar chuid de na tairiscintí seo tabharfar aitheantas do na riachtanais atá ann an fhoireann teagaisc agus theicniúil a fhorbairt. Tá ár gcumas ceannasaíochta á neartú againn i gcónaí lenár gClár Ceannasaíochta agus ár gClár Bainistíochta Daoine, chomh maith le Clár Ceannasaíochta Aurora 2019 do Mhná.

Agus muid ag cur leis an rath a bhain le clár píolótach 2018/19, cuireadh le Clár Forbartha na nOllamh Cúnta ionas go dtiocfadh leis an bhfoireann teagaisc nuacheaptha agus Comhaltaí Ad Astra a bheith páirteach ann. Mar chuid den clár spriocdhírithe seo tá meantóireacht, gníomhaíochtaí foirmiúla forbartha agus imeachtaí líonraithe. Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú lena gcuid fáis agus a chinntiú go n-éireoidh go geal leo in UCD.

Dhírigh Foireann Chomhpháirtithe HR ar oiliúint a sholáthar d'fhoirne ceannasaíochta agus bainisteoirí daoine, ag tacú le clár oibre tallainne, ag teacht leis an straitéis logánta agus ag comhoibriú le comhghleacaithe. Sa tslí sin, bhí baill na foirne in ann tacú le hidirghabhálacha forbartha eagraíochta a aithint, a dhearadh agus a sholáthar.

## Bheith inár Rogha Fostóra agus Ollscoile

Agus muid ag tógáil ar an suirbhé a rinneadh ar fhostaithe in 2016 maidir le Cultúr agus Rannpháirtíocht, seoladh suirbhé 2018 i mí Mheán Fómhair, agus chuaigh na torthaí isteach i bpróiseas pleanála na Scoile agus an Choláiste. Rud a bhí suntasach, thug an suirbhé le fios go raibh feabhas in dhá chatagóir, Aitheantas & Gradam, agus Cumarsáid, dhá réimse a raibh tionscnaimh forbartha ag an aonad Cultúir & Rannpháirtíochta agus i gcomhar leis an Líonra Rannpháirtíochta Fostaithe. I measc na dtionscadal, tugadh isteach den chéaduair na Gradaim do Luachanna Beo, Gradaim Fadseirbhíse, as seirbhís 10, 25 agus 40 bliain, a thug aitheantas do sheisear – idir dhaoine aonair agus foirne – a d'aimnigh a gcomhghleacaithe as a n-iarrachtaí beocht a chur i Luachanna UCD. Chomh maith leis sin, thug an líonra urraíocht do pholasaí nua UCD don Obair Dheonach a thugann tacaíocht d'fhostaithe obair dheonach a dhéanamh go háitiúil nó thar lear. Mar chuid den tionscnamh seo, roghnaíodh dhá charthanacht inmheánacha ar mhaith le comhpháirtíochtaí a chur



*Cór Pobail UCD agus iad ag canadh ag an Lá Rannpháirtíochta 2019, a eagraíodh chun an réimse deiseanna forbartha, tacaíochtaí agus sochair atá ar fáil d'fhostaithe a chur in iúl.*



*Fostaithe UCD agus €24,000 a cruinníodh mar chuid dá seó Oskars UCD á bhronnadh acu ar Oibrithe Deonacha Thar Lear UCD, Ciste Seaimpíní UCD agus Oilimpicí Speisialta Éireann.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 72 11/02/2020 15:02




*Foireann HR UCD agus an Gradam CIPD Foireann HR agus L&D na Bliana a bhronnadh orthu ag an searmanas bronnta i mí Feabhra 2019.*

ar bun leo: Ciste Scoláireachta Sheaimpíní UCD agus Oibrithe Deonacha Thar Lear UCD agus roghnaíodh carthanacht sheachtrach amháin, Oilimpicí Speisialta Éireann. Eagraíodh an dara Lá Rannpháirtíochta d'fhostaithe freisin; dearadh an lá chun cuntas a thabhairt ar an réimse deiseanna forbartha, tacaíochtaí agus sochair atá ar fáil dár gcuid fostaithe go léir.

Tá an obair as cuimse a dhéanann an fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI), bunaithe san aonad Cultúir agus Rannpháirtíochta, fite fuaite le réimsí eile HR agus UCD ó thugann tacaíocht d'fhostaithe agus mic léinn, agus tá cuntas ar a gcuid oibre le fáil sa Tuarascáil seo.

Rinneadh iarrachtaí móra ar son an chomhairliúcháin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí dínite agus measa UCD. Tá sé mar aidhm ag an obair seo, atá faoi stiúir Fhoireann um Chaidreamh Fostaithe agus an Fhoireann EDI, cultúr dearfach dínite agus measa a chothú a rachaidh i bhfeidhm ar fhostaithe agus ar mhic léinn araon.

## Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin & Comhlíontachta UCD (SIRC)

Agus imeachtaí Ollscoile i gcéin is i gcóngar ag fairsingiú i gcónaí, tá Oifig SIRC ann le cinntiú go bhfuil clár neartmhar árachais ar fáil don Ollscoil á bhronnadh orthu as sa tréimhse seo ina bhfuil an-luaineacht sna margaí agus éiginnteacht ann maidir le héilimh. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig saineolas ar fáil do chomhghleacaithe thar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le comhlíontacht agus sábháilteacht. Tá dúshláin úra ag teacht chun cinn i réimsí amhail sábháilteacht radaíochta, ceadúnú rialaithe onnmhairí agus sábháilteacht nanacháithníní. Tugadh aitheantas do cháilíocht na hoiliúna sábháilteachta a chuireann Oifig SIRC ar fáil. Bhí ceardlann ann, á reáchtáil i gcomhar le comhghleacaí ón bhfoireann teagaisc i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Foilsíodh tuairisc ón gceardlann sin sa *Journal of Nanotoxicology* a ndéantar athbhreithniú piaraí air.

> *Agus imeachtaí Ollscoile i gcéin is i gcóngar ag fairsingiú i gcónaí,* ***tá Oifig SIRC ann le cinntiú go bhfuil clár neartmhar árachais ar fáil*** *don Ollscoil sa tréimhse seo ina bhfuil an-luaineacht sna margaí agus éiginnteacht ann maidir le héilimh.*

## Oifig Gnóthaí Dlithiúla UCD

Tá líon agus castacht na n-ábhar a pléann Oifig Gnóthaí Dlíthiúla UCD thar réimse leathan oibre ag fás i gcónaí. I gcaithreamh na bliana chuimsigh sé sin comhairle a thabhairt ar chásanna a bhain le deontais a bhfuil gnéithe maoine intleachtúla a gabháil leo, comhaontais ghinearálta, réadmhaoin, athbhreithniú beartas, forbairt idirnáisiúnta, ábhar a bhain le HR agus le mic léinn, chomh maith le comhairle a chur ar chuid mhaith grúpaí oibre agus coistí, agus páirt a ghlacadh sna grúpaí agus coistí sin. Lena chois sin, phléigh an tAonad Saorála Faisnéise le níos mó Iarratas Saorála Faisnéise agus Iarratas Rochtana ar Shonraí ná riamh. Tá Oifig an Oifigigh Chosanta Sonraí in aice le hOifig Gnóthaí Dlíthiúla UCD. Tá ceannasaíocht á tabhairt ag Oifig an Oifigigh Chosanta Sonraí ó thaobh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chur i bhfeidhm ar fud na hOllscoile. Tá sé mar aidhm ag an Oifig a bheith réamhghníomhach, comhairle shoiléir oibiachtúil phraiticiúil dhlíthiúil a thabhairt, agus is léir go mbaintear sin amach ón aiseolas an-dearfach a bhfaigheann an Oifig ó phobal na hOllscoile i gcoitinne.

**Tristan Aitken**
Stiúrthóir Acmhainní Daonna,
SIRC agus Gnóthaí Dlíthiúla



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 73 11/02/2020 15:02

# COLÁISTE NA nEALAÍON AGUS NA nDAONNACHTAÍ





**An tOllamh Sarah Prescott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

**I mí Mheán Fómhair bhí lúcháir ar phobal an Choláiste fáilte a chur roimh na chéad mhic léinn ar an gCéim BA sna Daonnachtaí a mhaireann ceithre bliana.**

Mar gheall ar phunann athbhreithnithe clár an Choláiste, cuireadh ar chumas an Choláiste éagsúlacht sna hábhair a chur ar fáil, agus bealaí nua chun staidéar a dhéanamh a thabhairt isteach; lena n-áirítear intéirneachtaí, tionscadail bhreisithe taighde, agus fócas níos dírithe ar scileanna fostaíochta agus eispéireas na mac léinn. Chun tacú leis na forbairtí seo, bhog foireann oifig an Choláiste chuig spás nua-athchóirithe ar bhunurlár Fhoirgneamh Newman, a fhágann go bhfuil siad go léir in aon láthair thiomnaithe fháilteach amháin. Chuaigh athchóiriú forleathan go mór chun tairbhe Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis freisin, áit a bhfuil timpeallacht fheabhsaithe oibre ar fáil do na mic léinn, don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne.

In 2018, chuir an chéad ghrúpa fhochéimithe sa Bhéarla le Scríbhneoireacht Chruthaitheach tús lena gcuid céimeanna, agus ceapadh an t-údar Anne Enright, ar tugadh ardmholadh di, mar an gcéad Ollamh le Ficsean in Éirinn. Chun cur níos mó leis an gcáil litríochta atá orainn cheana, ceapadh an file Julie Morrissy mar an chéad Chomhalta John Pollard Newman le Cruthaitheacht.

Chuireamar fáilte chomh maith roimh an scríbhneoir agus craoltóir tábhachtach Sinéad Gleeson agus í mar Comhalta Cónaithe Scríbhneoireachta de chuid na Comhairle Ealaíon. Ina theannta sin, bhí an Coláiste sásta cúig sparánacht mhaoinithe PhD a fháil faoi scéim PhD Advance UCD i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, Scoil na Staire, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta, agus Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha.

Bhí mothúchán ann go raibh rud éigin curtha i gcrích ag bronnadh na nDámhachtain Teagaisc agus Foghlama a eagraíodh sa Choláiste i mí na Nollag. Ba í Príomhoide an Choláiste agus an Comhollamh Naomi McAreavey, an Leas-Phríomhoide um Teagaisc agus Foghlama, a d'óstáil an ócáid. Comhghairdeas leo siúd ar bronnadh dámhachtain orthu as a dtiomantas don bharr feabhais as a ndúthracht: An Dr Martin Brady agus An Dr Aude Doody, Scoil na gClasaicí; An Dr Catríona Clutterbuck, An Dr Deirdre Flynn, An Dr Cormac O'Brien agus an Comhollamh Nerys Williams, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; An Dr Mary Farrelly agus An Dr Sabine Krobb, Scoil na dTeangacha,



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 74 11/02/2020 15:02

Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí
**An tOllamh Sarah Prescott**

Déan Comhlach na nEalaíon agus na nDaonnachtaí
**An tOllamh Comhlach Fionnuala Dillane**

Comhordaitheoir Chlár na nEalaíon BA:
**Comhollamh An Dr Gillian Pye**

Comhordaitheoir Chlár na nDaonnachtaí BA: **An tOllamh Comhlach Paul Rouse**

An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda:
**An Dr Aoife Whelan**

An Leas-Phríomhoide don Staidéar Iarchéime: **An tOllamh Comhlach Elva Johnston**

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim:
**An Dr Naomi McAreavey**

An Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar:
**An tOllamh William Mulligan**

Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD
Ceann na Scoile
**An Comhollamh Nicola Figgis**

Scoil na gClasaicí UCD
Ceann na Scoile
**An Dr Alexander Thein**

Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD
Ceann na Scoile
**An tOllamh Danielle Clarke**

Scoil na Staire UCD
Ceann na Scoile
**An tOllamh Robert Gerwarth**

Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD
Ceann na Scoile
**An tOllamh Regina Uí Chollatáin**

Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD
Ceann na Scoile
**An tOllamh Bettina Migge**

Scoil an Cheoil UCD
Ceann na Scoile
**An Dr Ciarán Crilly**



*An tOll. Frank McGuinness, agus bonn Ulysses á bhronnadh air ag an Oll. Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD.*

na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD; An tOllamh Tadhg Ó hAnnracháin, Scoil na Staire UCD agus an Dr Zeljka Doljanin agus an fhoireann in Ionad Scríbhneoireachta UCD.

Le linn na bliana, ghlac an fhoireann teagaisc le réimse ceapacháin mheasúla chomh maith le dámhachtainí seachtracha agus inmheánacha ag thabhairt aitheantais as barr feabhais sa taighde. Bronnadh Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Kathleen James Chakraborty, ó Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD. An tOllamh Frank McGuiness, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, a fuair Bonn Ulysses UCD, agus bhronn an Chomhdháil Mheiriceánach don Léann Éireannach Duais Michael J Durkan ar an Ollamh Margaret Kelleher as *The Maamtrasna Murders*. Ceapadh an tOllamh John McCafferty, Scoil na Staire UCD ina Chathaoirleach ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Bhí an-rath poiblí ar an Dámh i saol an fhoilseacháin i mbliana, agus mar chuid de sin bronnadh 'Newcomer of the Year' agus 'Book of the Year' ar an gComhollamh Emilie Pine ag Duaiseanna Leabhair na hÉireann as a bailiúchán aistí sárdhíola *Notes to Self*. San am céanna, bhí Scoil na Staire UCD ar an ngearrliosta in dhá chatagóir: An tOllamh Diarmaid Ferriter as *On the Edge* sa chatagóir 'Leabhar Neamhfhicsean na Bliana'; agus an Comhollamh Paul Rouse sa chatagóir 'Leabhar Spóirt na Bliana' as a staidéar *The Hurlers*. Osclaíodh an taispeántas *Living Inside* i mbliana i bPríosún Chill Mhaighneann le stair athchóiriú na bpríosún in Éirinn a fhiosrú. An Comhollamh Catherine Cox ó Roinn na Staire UCD a rinne an taighde don taispeántas agus is í a roghnaigh na dtaispeántán. Ag plé i gcónaí le seirbhís príosún na hÉireann, chuir Lárionad UCD do Stair an Leighis in Éirinn, i bpáirt le Brokentalkers Theatre Company, *The Examination* ar stáitse sa Projects Arts Centre agus The Axis agus ina dhiaidh sin ag Edinburgh Fringe Festival. Bhuaigh an léiriúchán seo an gradam don léiriúchán is fearr agus gradaim eile ag an Dublin Fringe Festival.

Ba é Fintan O'Toole, duine de na húdair agus iriseoirí is mó le rá in Éirinn, a bhuaigh Gradam na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD don bhliain 2018. Bronnadh Dochtúireacht Oinigh sa Litríocht ar Moya Doherty, Cathaoirleach RTÉ agus comhbhunaitheoir Riverdance, as a ceannasaíocht sna healaíona cruthaitheacha agus as a cuid oibre mar ambasadóir cultúrtha d'Éirinn.

Chuir Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD fáilte roimh an Uachtarán Mícheál D. Ó hUigínn don chéad sraith 'Léacht de hÍde', comhthionscnamh idir UCD agus Ollscoil na hÉireann. Thug an tUachtarán léacht spreagúil dar teideal *The Legacy of Douglas Hyde*, teideal an-oiriúnach, agus bhain sé taitneamh as a bheith ag caint le réimse leathan mic léinn, céimithe, baill den fhoireann teagaisc agus baill foirne ag an bhfáiltiú ina



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 75 11/02/2020 15:02

diaidh. I mí na Samhna, d'óstáil an Coláiste an dara Léacht Bhliantúil a thug an staraí iomráiteach ó Ollscoil Princeton, an tOllamh Linda Colley. Thug an tOllamh Colley léacht tráthúil ar bhunreachtanna, dar teideal *Inscribing the Modern World: Constitutions Across Histories and Literatures*. I bpáirtíocht leis an Léacht Bhliantúil, bhí lúcháir ar Scoil na Staire, UCD fáilte a chur roimh Sir David Cannadine, Uachtarán Acadamh na Breataine, le labhairt faoin todhchaí atá roimh na healaíona agus na daonnachtaí sa saol tar éis an Bhreatimeachta. I mí an Mhárta, chuaigh Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach i ngleic le téama an-tábhachtach. Thug an tOllamh Brian Klass, University College London agus the Washington Post, agus an tOllamh Scott Lucas, Ollscoil Birmingham agus EA World View, léacht in Acadamh Ríoga na hÉireann a thug aghaidh ar an gceist *Is America Doomed?*

Rinne an Coláiste Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh i Nua-Eabhrac i mbliana. Thug Scoláirí Córúla an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, á stiúradh ag an Dr Desmond Earley, ceolchoirm thar barr ar fad i Halla Carnegie le fiche bliain ó bunaíodh iad, chomh maith le halbam nua leo *Perpetual Twilight* a cheiliúradh. I mí Aibreáin, rinne an Dr Ciarán Crilly, Ceann Scoil Cheoil UCD, Ceolfhoireann Shiansach UCD agus Cór Fiolarmónach UCD a stiúradh sa cheolchoirm *A Russian Festival* sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath, a bhí lán go doras.

Le linn na bliana, rinne scoileanna agus institiúidí taighde an Choláiste réimse beoga éagsúil léachtaí agus ceardlanna, chomh maith le sraith seimineár, a eagrú. Chuir an coláiste sraith seimineár *'Conversations Across the Sea'* ar bun i gcomhar le hOllscoil Nottingham. Bhí na seimineáir ar siúl i mBaile Átha Cliath agus in Nottingham. Bhí siad ar an gcéad chéim i gcomhoibriú níos leithne dámh le dámh faoin líonra idirnáisiúnta



*An tÚdar Anne Enright, a tháinig isteach i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, agus í ar an gcéad Ollamh le Ficsean in Éirinn riamh.*

*Le linn na bliana, rinne scoileanna agus institiúidí taighde an Choláiste* ***réimse beoga éagsúil léachtaí agus ceardlanna, chomh maith le sraith seimineár, a eagrú.*** ”




*Dara Léacht Bhliantúil an Choláiste, 'Inscribing the Modern World: Constitutions Across Histories and Literatures' leis (ó chlé go deas) An Oll. Sarah Prescott, Sir David Cannadine, An tOll. Linda Colley agus An tOll. Robert Gerwarth.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 76 11/02/2020 15:02

Universitas 21, an chéad chomhoibriú dá chineál riamh. Rinneadh comhpháirtíochtaí a bhunú idir Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Institiúid Goethe chun *Bauhaus Effects* a óstáil i dteannta a chéile, comhdháil idirnáisiúnta trí lá le céad bliain Scoil Bauhaus a chomóradh. Rinne Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD an chéad chomhdháil bhliantúil a bhí ag Associated Writing Programmes Ireland (AWPI) a óstáil, ar phobal uile-oileáin é atá bunaithe ar chleachtas na scríbhneoireachta cruthaithí do chláir tríú leibhéal sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Is é an Dr Paul Perry ón Scoil a bhunaigh an pobal, agus cuireadh fáilte roimh Chraobh-Údar d'Fhicsean na hÉireann, Sebastian Barry, leis an eochairléacht a thabhairt.

Sheol Katherine Zappone TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, *Survivors' Stories*, saothar de chuid Emilie Pine, Comhollamh; bailiúchán de scéalta a taifeadadh ó na daoine a tháinig slán as institiúidí cónaithe do mhná agus leanaí in Éirinn, a cuireadh le chéile i gcomhar le Cnuasach Bhéaloideas Éireann. Rinne Cathaoirleach Craig Dobbin ar an Léann Ceanadach na bliana seo, an tOllamh Gregory Betts, comhdháil idirnáisiúnta a eagrú maidir le *Téacs/Fuaim/Léiriú* a rinne ceiliúradh ar chultúr avant-garde ó gach cearn den domhan. Bhí meascán idirdhisciplíneach ann, idir litríocht, ealaíon agus ceol. Thug an tOllamh Andrew Wallace-Hadrill, Ollscoil Cambridge, léacht a raibh freastal maith air do Chumann Clasaiceach UCD. Labhair sé faoin téama: *The Secret of Power under the Emperor Augustus*.

**An tOllamh Sarah Prescott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí



*Uachtarán UCD, An tOll. Andrew Deeks (ar chlé), Moya Doherty ag glacadh le Dochtúireacht Oinigh agus an Comhollamh PJ Matthews.*




*An tOll. Sarah Prescott sa phictiúir le Fintan O'Toole, buaiteoir Ghradam na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, ag freastal ar Dhinnéar Fleáchais Ghradaim na gCéimithe, 2018.*

# COLÁISTE NA nEALAÍON AGUS NA nDAONNACHTAÍ **IN UIMHREACHA**

**2,595**

*Líon iomlán na mac léinn (Coibhéis Lánaimseartha) in* ***Éirinn***

**455**

Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**2,140**

***Fochéimithe*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**654**

*Líon iomlán na mac léinn iarchéime* ***thar lear*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**208**

**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**150**
*Tacaíocht*

**23**
*Taighdeoirí*

**35**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€1.69m**

***Taighde:*** *Duaiseanna*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 78 11/02/2020 15:02

# AN COLÁISTE GNÓ





**An tOllamh Anthony Brabazon**
Príomhoide an Choláiste agus Déan an Ghnó

**Mar cheannaire na hÉireann san oideachas gnó, leanann Coláiste Gnó UCD d'eispéireas foghlama bunathraitheach a chur ar fáil. Lenár gcláir agus ár gcomhpháirtíochtaí nuálacha, déanaimid ceannairí gnó na todhchaí a chumasú is a ullmhú le tionchar dearfach a bheith acu ar an tsochaí.**

## Taighde, nuálaíocht agus tionchar

Tá an Coláiste ag infheistiú go leanúnach inár n-innúlachtaí taighde, agus chuireamar fáilte roimh roinnt ball foirne nua teagaisc chuig ár bpobal, ar aon dul leis an mbéim a chuirimid ar oideachasóirí dúthrachtacha a earcú, a bhfuil taithí idirnáisiúnta acu, chomh maith le cumas láidir acu sa teagasc agus sa taighde.

Tá fás agus forbairt tagtha ar ár dtionchar taighde, agus ba é an Dr Darren Baker, a rinne obair éifeachtach ar ghairmeacha na mban i ngairm an airgeadais agus na cuntasaíochta, an chéad iontráil riamh a chuir an Coláiste isteach do Chomórtas Chás-staidéir UCD.

Bhí rath ar roinnt iarratas maoinithe i rith na bliana. Fuair an tOllamh Gerardine Doyle agus an tOllamh Andreas Hoepner dámhachtainí cistithe iomadúla as a gcuid oibre ar an tsláinte chomhnasctha agus ar chúrsaí airgeadas an chomhshaoil, faoi seach. Bronnadh cistiú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh John Cotter agus ar an gComhollamh Thomas Conlon chun tacú lena gcuid gníomhaíochtaí taighde i réimse theicneolaíocht an airgeadais. Bronnadh cistiú ar an Ollamh Cúnta Paula Carroll as a cuid oibre ar chórais fuinnimh.

D'ainmnigh Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na Breataine an tOllamh Niamh Brennan mar an 25ú duine chun an Gradam Céimiúil Acadúil a fháil. Is í an tOllamh Brennan an chéad duine Éireannach riamh a fuair an gradam.

Ba é an Dr David Lynch, i gcomhar leis an Ollamh Michael O'Neill, an Dr David Fagan, an Dr Mike Fenton ó Ghrúpa UCD um Thaighde agus Cur i bhFeidhm sa Ríomhaireacht Nádúrtha, chomh maith lena gcuid comhoibrithe ó Shaotharlanna Nokia Bell (an Dr Holger Claussen agus an Dr Stepan Kucera), a bhuaigh Humies Gold Award ag Comhdháil ACM (Genetic and Evolutionary Computation) as Intleacht Shaorga Iomaíoch Daonna (Human Competitive Artificial Intelligence) a bhaint amach.

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Is amhlaidh go mbeidh Lárionad Moore do Ghnó UCD, sciathán nua de Scoil Quinn UCD, críochnaithe sula bhfad. Le hoscailt ag deireadh 2019, i measc phríomhghnéithe an tionscadail nua tá Léachtlann

Príomhoide an Choláiste agus Déan an Ghnó
**An tOllamh Anthony Brabazon**

Déan Comhlach agus Stiúrthóir, Scoil Smurfit UCD
**An tOllamh Gerardine Doyle**

Déan Comhlach agus Stiúrthóir, Scoil uí Chuinn UCD
**An Comhollamh Maeve Houlihan**

Déan Comhlach Idirnáisiúnta
**An tOllamh Brian Fynes**

Stiurthóir, Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit UCD
**Helen Brophy**

An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
**An tOllamh Donna Marshall**

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim
**An tOllamh Séamas Kelly**

Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
**An tOllamh Andreas Hoepner**

PwC – spás bunathraitheach a spreagann dialóg idir mic linn ina bhfuil maidhceanna inchaite agus suíochán ar nós amfaitéatair ann, Ceantar Scileanna KPMG a thacaíonn le forbairt phearsanta agus ghairmiúil an mhic léinn, Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta EY, agus Spás Digiteach Comhoibritheach George Moore, a chuireann ar chumas mhic léinn gnó dul i ngleic le smaointe casta gnó agus leas á bhaint as an teicneolaíocht foghlama is nua-aimseartha. Tá spásanna fairsinge comhoibre a dhéanann aithris or spásann i ngnólachtaí nuathionscanta agus i moil nuálaíochta ann, rud a spreagann idirghníomhaíocht agus comhoibriú neamhfhoirmiúil agus foirmiúil. Cuid de na buaicphointí atá sa timpeallacht foghlama fhadradharcach seo ná svuíteanna na meán, seomraí réiteach fadhbanna ina bhfuil fearais cinn réaltachta fíorúla Oculus ar fáil iontu, díon glas agus limistéar scíthe chun machnamh a spreagadh.

Tharraing ár mic léinn cáil ar an gColáiste agus ar Éirinn agus iad thar lear. Ba iad Jessica Toal, Mac Léinn MSc sa Ghnó Idirnáisiúnta ó Scoil Smurfit UCD, agus Eimear Hickey, Mac Léinn Tráchtála ó Scoil Quinn UCD, a bhain an Gradam do na Toscairí is Fearr ag an ócáid 'International Change the World Model United Nations'. Is iadsan na chéad mhic léinn as Éirinn riamh a fuair an gradam céimiúil seo, agus tugadh aitheantas dóibh roimh Chomhthionól Ginearálta iomlán na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac.

Agus iad ag freastal ar Chomórtas Chás Teicneolaíochta IBM in Ollscoil Georgetown, Washington DC, bhuaigh cúigear mic léinn lánaimseartha MBA an chéad duais fhoriomlán. Ba iad an chéad fhoireann riamh nach as SAM dóibh a bhuaigh an duais.

Níos gaire don bhaile, chuir na mic léinn atá ag dul don Mháistreacht i mBainistíocht Tionscadal tionscadail dheireadh an tseimeastair i láthair. Bhí siad seo dírithe ar chistiú a fháil agus aird a dhíriú ar naoi gcarthanacht Éireannach. Tá an modúl bliantúil seo á reáchtáil ó bhí 2008 ann, agus baineadh amach sprioc thábhachtach nuair a cruinníodh os cionn €500,000 d'eagraíochtaí seachbhrabúsacha Éireannacha.

## Nuálaíochtaí Nua i gCláir

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar churaclaim roinnt clár le linn na bliana. Is léargas é sin ar athruithe sa tionscal agus ar riachtanais na mac léinn. Tugadh isteach MSc sa Mhargaíocht agus sa Nuálaíocht Mhiondíola i mí Mheán Fómhair chun na mic léinn a ullmhú le go n-éireoidh leo i gceann de na tionscail is síorathraithí ar an domhain.

## Ár dTiomantas don Bharr Feabhais Teagaisc

Bhronn an tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD, Gradam na hOllscoile as Barr Feabhais Teagaisc ar an Dr Linda Dowling-




*Tá Clár Scoláireachtaí Aspire ar an bhfód le deich mbliana anois, clár a bhfuil tacaíocht tugtha aige do níos mó ná 100 mac léinn chun a gcuid aidhmeanna gairmiúla agus cáilíocht iarchéime ó Scoil Smurfit UCD a baint amach.*






*Is í an tOllamh Niamh Brennan, Ollamh Michael MacCormac le Bainistíocht agus Bunaitheoir agus Stiúrthóir Acadúil ar Lárionad um Rialachas Corparáideach, an chéad duine Éireannach riamh a fuair an Gradam Céimiúil Acadúil ó Chumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na Breataine.*

*Tugadh aitheantas don Dr Laurence Crowley, CBE, leis an gcéad 'Outstanding Contribution to Business Education Award', as an gceannasaíocht agus an fhís a léirigh sé mar chathaoirleach feidhmiúcháin bunaidh Scoil Smurfit UCD. Ba é Uachtarán UCD, an tOll. Andrew Deeks, a bhronn an gradam air.*

Hetherington. Bhí Linda ar dhuine amháin as seisear ar fud na hOllscoile a fuair an t-ardmholadh seo.

Rangaíodh Scoil Smurfit UCD i measc na scoileanna gnó is fearr ar domhan, arís, rud a léiríonn ár dtiomantas don bharr feabhais i ngach rud a dhéanaimid. Bhronn The Financial Times an 89ú áit sa domhan ar ár gclár lánaimseartha MBA. Bhain ár gclár in Oideachas Feidhmiúcháin – Clárúchán Oscailte an 43ú áit amach. I Rang-ordú Mháistreacht Ghnó QS, tá rath ár mac léinn agus ár gcéimithe le feiceáil sna rang-orduithe arda domhanda atá bainte amach ag cláir aonair lena n-áirítear MSc san Anailísíocht ar Ghnó (18ú), MSc Margaíochta (18ú), MSc Airgeadais (29ú) agus Máistreacht sa Bhainistíocht (36ú).

## Pobal

Tá ár bpobal alumni gnó tar éis méadú go dtí níos mó ná 95,000 ball i níos mó ná 137 tír, pobal gníomhach 40 craobh idirnáisiúnta alumni san áireamh. Eagraíodh níos mó na 58 imeacht do chéimithe gnó ar bhonn domhanda le bliain anuas, i suíomhanna amhail Baile Átha Cliath, Londain, Nua Eabhrac agus Singeapór.

Buaicphointe d'Fhéile UCD na bliana ba ea an *Díospóireacht maidir le Tionscal Uisce Beatha agus Jin na hÉireann* a glac céimithe ón gColáiste Gnó, UCD, agus fiontraithe uisce beatha páirt ann, ina measc, Jack Teeling (Teeling Whiskey), Brian Fagan (Glendalough Distillery), Gerry Ginty (Powerscourt) agus June O'Connell (Skellig Six 18). Bhí Gavin ina chathaoirleach ar an imeacht móréilimh seo agus reáchtáladh é i gClub na hOllscoile mar chuid de cheiliúradh theacht le chéile ranganna BComm.

Bhí ár nDinnéir Fleáchais Bhlantúla do Dhámhachtainí Chéimithe Gnó i mBaile Átha Cliath, Nua Eabhrac agus Londain sna ceannlínte gnó agus sóisialta arís. Leanamar dár n-imeachtaí inaitheanta féin, teacht le chéile BComm, agus bhí níos mó i láthair ná a bhí riamh. I mbliana reáchtálamar 12 imeacht san iomlán ar an gcampas, a thug 4,000 céimí ar ais le chéile chun a gcuid garspriocanna a cheiliúradh.

## Rochtain a Leathnú

Ceapadh an tOllamh Andreas Hoepner mar chéad Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú an Choláiste, agus tá coiste bunaithe ar EDI curtha ar bun. Beidh an tOllamh ag dul le Foireann Bainistíochta an Choláiste agus le Feidhmeannacht an Choláiste le cinntiú go bhfuil dearcadh EDI lárnach inár bpróisis chinnteoireachta.

Léirigh Scoil Quinn UCD an tiomantas a thiomantas do níos mó éagsúlachta a bhaint amach i measc iarratasóirí fochéime nuair a ghlac an Scoil páirt *i gClár Meantóireachta 'Future You' le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD*. Ghlac mic léinn ó 18 scoil ó réigiún Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin páirt i seisiún chun blaiseadh a fháil ar ghnó a thug an tOllamh Anne Keegan agus Tara Walsh. Thug Elizabeth Aderogba, Mac Léinn Gnó agus Dlí Céim 2 tráchtaireacht ar an taithí a bhí aici ag dul chun cinn in UCD tríd an gclár HEAR.

> *Chun léargas a thabhairt ar ár dtiomantas ó thaobh barr feabhais i ngach rud a dhéanaimid, **rangaíodh Scoil Smurfit UCD i measc na scoileanna gnó is fearr ar domhan, arís eile.*** »

## Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Tá cumhacht ag deiseanna oideachais saolta daoine a athrú ó bhonn. Le tacaíocht ó shíntiúis dhaonchairdiúla fhadcheannacha, cuireadh ar ár gcumas tacaíocht scoláireachta a chur ar fáil do réimse mac léinn, idir fhochéimithe agus iarchéimithe. Tá tacaíocht leanúnach tugtha ag Clár Scoláireachtaí Aspire go háirithe do níos mó ná 100 mac léinn le deich mbliana anuas. Chuir sé seo ar chumas céimithe cumasacha ó gach cearn den tír a n-aidhmeanna gairmiúla a leanúint agus cáilíocht iarchéime ó Scoil Smurfit UCD a bhaint amach. Sheol Scoil Quinn UCD an clár dámhachtainí do Scoláireachtaí Intéirneachtaí Gnó agus Sochaí le linn na bliana, a dtabharfaidh tacaíocht airgeadais do mhic léinn ar mian leo intéirneachtaí a dhéanamh san earnáil sheachbhrabúsach.

Tá líonraí seachtracha ina ngné ríthábhachtach de bhonneagar an Choláiste, rud a chuireann ar ár gcumas naisc a neartú le fostóirí, le ceannasaithe daonchairdiúla agus le scoileanna gnó tábhachtacha eile. Bímid ag obair go crua chun caidreamh a bhunú lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha agus bíonn go leor rannpháirtíocht againn le saol an ghnó, le cláir intéirneachta agus mheantóireachta, aoichainteoirí ón tionscal, tionscadail cuideachtaí, agus ceardlanna curtha ar fáil ag corparáidí. Gach bliain, leagaimid béim níos láidre ar na deiseanna foghlama ó thaithí a chuireann na comhpháirtíochtaí sin ar fáil.

Táimid ag leanúint orainn de pháirt a ghlacadh i líonraí piaraí scoileanna gnó, lena n-áirítear CEMS, GNAM agus PIM. Ceadaíonn na líonraí sin dúinn cláir mhalartaithe a thairiscint do mhic léinn agus comhchláir a thairiscint i gcomhar leis na scoileanna gnó is mó ar fud an domhain. I mí Aibreáin, rinne Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit UCD Cruinniú Bliantúil Oideachais Feidhmiúcháin GNAM 2019 a óstáil. Bhuail ionadaithe ó 11 scoil ghnó dhomhanda agus cliaint thábhachtacha amhail ICON plc agus A&L Goodbody le chéile chun plé a dhéanamh faoi stádas geilleagrach reatha na hÉireann agus faoi fhorbairtí sa mhargadh domhanda don oideachas feidhmiúcháin.

I mí an Mheithimh, eagraíodh an 30ú Comhdháil Eorpach maidir le Taighde Oibriúcháin (Euro 2019) in UCD. Cuireadh fáilte roimh níos mó ná 2,300 rannpháirtí a chuir níos mó ná 2,000 páipéar i láthair. Má dhéantar naisc mar seo idir an tionscal agus anailísíocht ghnó ag chomhdhálacha tábhachtacha mar seo, ardaítear próifíl idirnáisiúnta an Choláiste agus déantar an taighde ríthábhachtac atá ar bun ag ár bhfoireann teagaisc a chur chun cinn. Ba é an Dr Sean McGarraghy agus a chomhghleacaithe ó réimse ábhar na Bainistíochta Córais Faisnéise a d'eagraigh an chomhdháil.

Rinne Scoil Smurfit UCD Comhdháil Thagarmharcála CEMS a óstáil. Bhí baill ó Chomhghuaillíocht agus Pobal Domhanda CEMS i láthair, lena n-áirítear ionadaithe ó 30 de na Scoil Ghnó is tábhachtaí ar domhan. Bhí Cumann Alumni CEMS i láthair freisin, chomh maith le níos mó ná 20 Comhpháirtí Corparáideach de chuid CEMS, lena n-áirítear Facebook, Google, Salesforce, H&M agus P&G.



**An tOllamh Anthony Brabazon**
Príomhoide an Choláiste agus Déan an Ghnó



*Déan an Ghnó, UCD, an tOllamh Anthony Brabazon, ag déanamh comhghairdis le Jessica Toal, mac léinn MSc sa Ghnó Idirnáisiúnta, an chéad mhac léinn Éireannach riamh a fuair an Gradam don Toscaire is Fearr ag an ócáid 'International Change the World Model United Nations'.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 82 11/02/2020 15:02

# AN COLÁISTE GNÓ: **NA HUIMHREACHA**

**3,163**
*Líon iomlán na mac léinn in **Éirinn** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,517**
Mic léinn ***Iarchéime*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,646**
***Fochéimithe*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**2,081**
*Líon iomlán na mac léinn **thar lear** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**177**
***Fochéimithe***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,904**
Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**257**
**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**116**
*Tacaíocht*

**20**
*Taighdeoirí*

**121**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€1.06m**
***Taighde:*** *Duaiseanna*

# COLÁISTE NA hINNEALTÓIREACHTA AGUS NA hAILTIREACHTA





**An tOllamh Michael Bruen**
Príomhoide Eatramhach an Choláiste /
Déan na hInnealtóireachta

**Bhí bliain an-rathúil in 2018/2019 ag Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta. Seoladh trí chlár nua go rathúil, agus d'éirigh leis an gColáiste cistiú tábhachtach taighde a mhealladh agus forbairt a dhéanamh ar a chuid comhpháirtíochtaí.**

## Taighde, nuálaíocht agus tionchar

Bliain mhaith eile ab ea 2018/19 don taighde, don nuáil agus don tionchar sa Choláiste agus cistiú curtha ar fáil do níos mó ná 160 tionscadal taighde le dámhachtainí seachtracha nua don taighde ar luach thart ar €16 milliún. Áirítear leis seo cistiú ó chláir Eorpacha, lena ngabhann comhair fhairsinge idirnáisiúnta, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí sa TFC, teicneolaíochtaí tionscail, fuinneamh agus athrú aeráide. Mar shampla, tá an Comhollamh Enda Cummins, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia (SBFE) UCD, ina stiúrthóir ar an Líonra Oiliúna Horizon 2020 PROTECT ar luach €2.1 milliún, trína ndírítear ar thionchar an athrú aeráide ar shábháilteacht bia. I measc dámhachtainí eile bhí Laureate Tosaithe ón gComhairle um Thaighde in Éirinn don Dr Philip Cardiff, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar (SMME) UCD le haghaidh tionscadail ina gcuirtear modhanna domhainfhoghlama i bhfeidhm chun ionsamhluithe innealtóireachta ar phróisis ard-déantúsaíochta a shaibhriú, agus Deontas Tosaithe Neamhspleách ó SFI don Dr Amanda Sosa-Avenandano, SBFE, le haghaidh tionscadail ar dhramhaíl talmhaíochta a thiontú go táirgí ardluacha, ísealcharbóin.

Tá ionaid taighde mhóra fós ag dul i méid. Fuair I-Form, Ionad Taighde Ard-Déantúsaíochta an SFI faoi stiúir an Ollaimh Denis Dowling, SMME, os cionn €4 milliún le haghaidh EPSRC - Ionad SFI um Oiliúint Dochtúireachta in Ardchórais Mhiotalacha a sholáthróidh, i gcaitheamh cúig blianaoiliúint PhD fheabhsaithe do 25 mhac léinn in Éirinn (agus í roinnte idir UCD agus DCU). Comhthionscnamh le hOllscoil Sheffield agus le hOllscoil Mhanchain sa RA atá san Ionad Oiliúna Dochtúireachta seo.

Freisin d'fhógair SFI infheistíocht bhreise do roinnt Ionad Taighde de chuid TFI, lena n-áirítear:

- SSPC, Ionad Taighde an SFI don Chógaisíocht, a raibh foireann teagaisc ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis (SCBE) UCD rannpháirteach ann: An tOllamh Brian Glennon, an Dr Steven Ferguson, an Dr Philip Donnellan agus an Ioscani Jimenez Del Val.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 84 11/02/2020 15:02

Uachtarán Eatramhach an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta
**An tOllamh Michael Bruen**

Uachtarán Nua an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta
**An tOllamh Aoife Ahern (ón 21 Meitheamh 2019)**

Déan na hAiltireachta
**An tOllamh Hugh Campbell**

Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
**Comhollamh Elizabeth Shotton**

Leas-Phríomhoide um Idirnáisiúnú
**An tOllamh Ravi Thampi**

An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
**An tOllamh David Browne**

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim
**A tOllamh Comhlach Amanda Gibney**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe
**An Dr Neal Murphy**

Tá sé scoil i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD:

- Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil, UCD, Ceann na Scoile
  **An tOllamh Eoin O'Neill**
- Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD Ceann na Scoile
  **An tOllamh Colm O'Donnell**
- Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis Ceann na Scoile
  **An tOllamh Eoin Casey**
- Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta Ceann na Scoile
  **An tOllamh Aoife Ahern**
- Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí Ceann na Scoile
  **Comhollamh Peter Kennedy**
- Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD Ceann na Scoile
  **An tOllamh Kenneth Stanton**




*Ag bronnadh Dhámhachtain Fiontraíochta SFI 2018: An tOllamh Mark Ferguson Ard-stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann; An tOllamh Eoin Casey, a fuair Dhámhachtain Fiontraíochta SFI 2018; An Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí, an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta*

- INSIGHT II – Ionad na hÉireann um Olltiomsú Sonraí agus Taighde Anailísíochta, atá faoi chomhstiúir UCD agus a raibh foireann teagaisc ó Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí (SEEE) UCD páirteach ann: An tOllamh Madeleine Lowery, Ollamh Comhlach Stephen Redmond agus an Dr Donal Holland, SMME.

Corpraíodh dhá mhac-chuideachta nua i rith na bliana le tacaíocht ó NovaUCD. Bunaíodh Equal1 ag an Ollamh R Bogdan Staszewski, SEEE i réimse na ríomhaireachta candamaí. Soláthróidh ProvEye Ltd, a bhunaigh an tOllamh Nick Holden agus an Dr Jerome O'Connell, SBFE, réitigh bhogearraí ceann go ceann le haghaidh ardcheartú agus ceartú uathoibríoch íomhánna um fheidhmeanna talmhaíochta digití agus beaichte. Bronnadh deontais Chruthúnas-Coincheapa an ERC ar bheirt atá ina sealbhóirí deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) an tOllamh Aoife Gowen, SBFE agus an tOllamh Madeleine Lowery, SEEE, chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainn thorthaí a dtaighde teorann arna mhaoiniú ag an ERC don ghnó agus don tsochaí.

Tá an t-aschur foilsithe fós de chaighdeán ard agus bíonn tionchar ard aige ar fud an Choláiste a aithníodh trí dhámhachtainí éagsúla. Mar shampla, bronnadh Dámhachtain Fiontraíochta an SFI 2018 ar an Ollamh Eoin Casey, SCBE le haghaidh a chuid oibre ar theicneolaíocht Imoibreoir Bhithscannán Aeraithe Scannáin (IBAS) ar tháinig mac-chuideachta UCD, OxyMem chun cinn as. Tá 68 páipéar ag an Ollamh Da-Wen Sun, SBFE, atá lipéadaithe 'Luaite go leor' agg bunachar sonraí Tháscairí Bunúsacha na hEolaíochta (TBE) agus tá sé sa chéad áit ar an domhan sna hEolaíochtaí Talmhaíochta.

Ainmníodh an tOllamh Sheila O'Donnell, ó Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil (APEP), UCD, agus ó chomhlacht O'Donnell Tuomey, mar Ailtire na Bliana ag Dámhachtainí na mBan san Ailtireacht. Is í an chéad ailtire Éireannach riamh a toghadh mar chomhalta eachtrach den American Academy of Arts and Letters. I rith 2018 cheiliúir APEP freisin bronnadh Bhoinn Ulysses UCD ar alumni agus iar-ollúna taca, Yvonne Farrell agus Shelley McNamara, mar aitheantas dá ról san ailtireacht dhomhanda, a gceapadh mar chaomhnóirí Biennale na Veinéise i 2018 san áireamh.

Rinneadh Comhalta d'Institiúid na Matamaitice agus dá Feidhmeanna den Ollamh John Sheridan, SEEE. Toghadh an tOllamh Orla Feely, SEEE agus Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar mar Leas-Uachtarán ar Engineers Ireland, agus



Sa phictiúr tá: Uachtarán Engineers Ireland, Peter Quinn agus Comhollamh Amanda Gibney agus Comhaltacht Engineers Ireland á bronnadh uirthi.



*Bronnadh Deontas um Thosú Taighde Neamhspleách de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar an Dr Amanda Sosa-Avendano.*

mar Leas-Uachtarán Acmhainní agus Cisteoir ar CESAER, comhlachas neamhbhrabúis d'ollscoileanna ceannródaíochta eolaíochta agus teicneolaíochta san Eoraip.

Glacadh beirt bhall de Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta (SCE), an Comhollamh Amanda Gibney, agus an tOllamh Michael Bruen mar Chomhaltaí de Engineers Ireland. Ceapadh an tOllamh Francis Butler, SBFE chuig Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ainmníodh an tOllamh Peter Clinch, APEP, mar Chathaoirleach Ainmnithe Bhord Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann agus seirbheálann sé mar chomhairleoir neamhspleách sinsearach don Rialtas ar iomaíochas, thrádáil agus bheartas eacnamaíoch.

Leanann an Coláiste d'aird a tharraingt go poiblí ar bharr feabhais taighde na mball foirne teagaisc, agus úsáidtear sraith de Chás-Staidéir Éifeachta do lucht léitheoireachta neamhtheicniúil leis sin a dhéanamh. Tá siad sin ar fáil ar líne agus ar scáileáin tadhaill idirghníomhacha sa Choláiste.Cuireann siad sin le Balla na bhFrámaí a thaispeánann na 24 fhoilseachán is mó tionchair gach bliain.

> *"Leanann an Coláiste d'aird a tharraingt go poiblí ar bharr feabhais taighde na mball foirne teagaisc, agus úsáidtear sraith de Chás-Staidéir Éifeachta do lucht léitheoireachta neamhtheicniúil leis sin a dhéanamh. Tá siad sin ar fáil ar líne agus ar scáileáin tadhaill idirghníomhacha sa Choláiste."*

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

I mí Mheán Fómhair 2018, seoladh an BSc sa Phleanáil Chathrach agus sa Bheartas Comhshaoil, faoi stiúir APEP. Sa tSín, cuireadh tús leis an gcéim BE sa Bhonneagar Innealtóireachta Sibhialta agus 117 mac léinn ag tabhairt fúithi. Comhchéim í sin i gcomhar le hOllscoil Chang'an agus tá sí faoi stiúir Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta in UCD.

I mí Mheán Fómhair 2018, cuireadh tús leis an ME san Innealtóireacht Optach agus leis sin leathnaíodh an raon disciplíní atá ar fáil ar leibhéal máistreachta. Tá cláir ME mór le rá againn fós agus leanann an tionscal ar aghaidh ag plé lenár gclár don taithí oibre ghairmiúil.

Cuireadh tús leis an BSc san Ailtireacht Tírdhreacha agus é ag tairiscint deiseanna intéirneachta do mhic léinn i gCéim 3 dá gcuid staidéar; chuir cuid mhór mac léinn agus comhpháirtithe gairmiúla spéis ann. Fuair clár Ailtireachta UCD faomhadh le haghaidh a chlár BArchSc nua, ar clár ceithre-bliana é.

I mí Aibreáin 2019, leag Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta isteach a iarratas Athena SWAN um shannadh Dámhachtana Cré-umha. Cuireadh an t-iarratas sin ar leibhéal Coláiste le chéile ag foireann faoi stiúir an Chomhollaimh Elizabeth Shotton (VP EDI) agus cúnamh aici ón gComhollamh Donal Finn a rinne plean gníomhaíochta daingean agus fadchuimsitheach ina raibh 70 pointe tar éis féinmheasúnaithe fhairsing. Cuirfidh sé sin athrú ó bhonn i gcrích sa Choláiste, agus é stiúrtha ag a Foireann nua um Chur i bhFeidhm an Chomhionannas Inscne.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 86 11/02/2020 15:02

## Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Cuireadh tús le himeachtaí Chumann Céimithe Innealtóireachta UCD i Meán Fómhair 2018 le Searmanas Bonn Óir agus Gradaim EGA, ar bronnadh Boinn Óir EGA lena linn ar mhic léinn a bhfuil éachtaí déanta acu ina gcuid disciplíní.

I mí Dheireadh Fómhair 2018 reáchtáladh Plé Phainéal Fómhair an EGA ar 'Engineering Better Health - The Coming Together of Engineering and Health Care'. Thóg an imeacht sin le chéile painéalaithe le haghaidh a gcuid smaointe ar an gcaoi ar fheabhsaigh an innealtóireacht chliste an talmhaíocht, an innealtóireacht theicneolaíoch, an innealtóireacht bhithmheicniúil agus an leigheas.

I mí Bhealtaine 2019, chuir an EGA i láthair Plé Phainéal Fómhair 2019 ARUP maidir le 'hUisce, Fuinneamh agus Dúshlán na hAeráide in Éire sa 21ú hAois'. Ag an imeacht sin, a raibh go leor i láthair aige, agus a urraíodh go cineálta ag Arup, pléadh an t-ábhar spéisiúil sin agus páirt glactha ann ag Jerry Grant, Iar-stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann; an Dr Eddie O'Connor, Cathaoirleach Mainstream Renewable Power; agus Peter O'Shea, Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus Rialála ag ESB, agus rinne Catherine Buckley, Bainisteoir Uisce ARUP, modhnóireacht ar dhíospóireacht bhríomhar.

**An tOllamh Michael Bruen**
Príomhoide Eatramhach an Choláiste/
Déan na hInnealtóireachta



**An tOllamh Aoife Ahern**
Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta

## Teachtaireacht ón bPríomhoide Nua

Tá an-áthas orm agus is mór an phribhléid dom bheith ceaptha mar Uachtarán Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD agus freisin beidh mé i mo Dhéan Innealtóireachta. Seo an chéad uair gur shealbhaigh bean ceachtar post, agus is mór an onóir dom é.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Micheal Bruen as a stiúrthóireacht chumasach agus oilte ar an gColáiste tar éis gur ceapadh Iar-Uachtarán ár gColáiste, an tOllamh David Fitzpatrick, mar Uachtarán Ollscoil Theicneolaíoch Bhaile Átha Cliath ar an 1 Eanáir 2019. Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo beirt as a gceannaireacht leanúnach, láidir ar an gColáiste agus a fhorbairt.

Leanann an Coláiste air ag forbairt a chuid comhar domhanda sa tSín agus ag mealladh mic léinn iarchéime ó go leor réigiún, agus é ag méadú a éagsúlachta agus ag feabhsú a chothrom inscne. Tá an Coláiste fós chun tosaigh in Éirinn maidir le fairsinge agus caighdeán na gclár arna dtairiscint agus leanann sé air ag forbairt clár nua chun freagairt do riachtanais agus dhúshláin dhomhanda. Táim ag tnúth le tacú le Scoileanna chun a gcuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus ina bhfás amach anseo.

Tá an Coláiste ag tosú anois ar thréimhse an-chorraitheach mar Champas na Todhchaí de chuid UCD, ina bhfuil ról lárnach ag an gColáiste seo trí Lárionad na Cruthaitheachta, ina fhorbraíonn sé tríd an gcéim pleanála agus le tosú na hoibre tosaigh.

Bliain thábhachtach a bheidh sa bhliain seo chugainn agus muid ag ullmhú le cothrom céad bliain ó bhunú Scoileanna na hInnealtóireachta Sibhialta, Leictrí agus Leictreonaí agus na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar a cheiliúradh. Deis chuí a bheidh ansin chun machnamh a dhéanamh ar fheabhas agus chruthaitheacht an Choláiste, a stair, a chuid céimithe agus bheith ag tnúth le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí.

**An tOllamh Aoife Ahern**
Príomhoide an Choláiste/
Déan na hInnealtóireachta

> *Tá an-áthas orm agus is mór an phribhléid dom bheith ceaptha mar* ***Uachtarán Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta.***

# COLÁISTE NA hINNEALTÓIREACHTA AGUS NA hAILTIREACHTA **IN UIMHREACHA**

**2,167**
*Líon iomlán na mac léinn in **Éirinn** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**60**
***Mic léinn** Iarchéime*
(Coibhéis Lánaimseartha)

**1,037**
Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**207**
*Iomlán na mac léinn **thar lear** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,130**
***Fochéimithe** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**330**
**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**128**
*Tacaíocht*

**98**
*Taighdeoirí*

**104**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€15.96m** Dámhachtainí ***Taighde***



*Buaiteoirí Bhonn Óir an EGA 2018 [ról cúil c-d] Hugh Gowing, Innealtóireacht Leictreonach; Mark Hutchinson, Innealtóireacht Mheicniúil; Conor Power, Innealtóireacht Leictreonach; agus Mark McGarry, Innealtóireacht Shibhialta. Ró tosaigh c-d:] Niamh MacPherson, Innealtóireacht Cheimiceach; Cathy Goulding, Innealtóireacht Bhithmheicniúil; agus Ecaterina Guzun, Innealtóireacht Struchtúrach le hAiltireacht. As láthair ón ngrianghraf: Chloe Loh, Ailtireacht; Mark McGarry, Innealtóireacht Shibhialta Giacomo del Grippo, Bithchórais agus Innealtóireacht Bia; Rachel Ward, Innealtóireacht le Gnó*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 88 11/02/2020 15:02

# COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ TALMHAÍOCHTA AGUS SLÁINTE






**An tOllamh Cecily Kelleher**
Príomhoide an Choláiste

**I mbliana seoladh ár gcáipéis ar Fhís, Mhisean agus Chuspóirí Straitéiseacha ina leagtar amach ár dtosaíochtaí maidir le taighde, oideachas agus oiliúint, rannpháirtíocht dhomhanda agus bonneagar.**

Stiúrtar na tionscnaimh sin trínár gcoistí Coláiste ina n-déantar sineirgí a aithint agus a uasmhéadú, agus trínár gcúig Comhscoil.

Leanann ár gcuid Scoileanna orthu ag cruthú go maith sa rangú domhanda agus áiríodh trí hábhar ar an 50 ábhar is fearr: Tá an Eolaíocht Tréidliachta sa 26ú áit, rud a chiallaíonn gurb é an t-ábhar is airde atá rangaithe in UCD, tá an tAltranas sa 31ú áit, agus tá Ábhair Spórtbhunaithe sa 50ú áit. Tá na hEolaíochtaí Talmhaíochta in UCD i measc na n-eolaíochtaí talmhaíochta is fearr ar an domhan, dar leis an. Rangú is deireanaí ón U.S. News & World Report. Is é UCD, atá sa chúigiú háit san Eoraip agus sa 19ú áit ar an domhan anois, an t-aon ollscoil Éireannach a áiríodh i measc na 50 ollscoil is fearr ar domhan sa rangú Eolaíochtaí Talmhaíochta.

Agus muid ag léiriú ár dtiomantas do spriocanna na hOllscoileanna, chuir muid fáilte roimh bhronnadh Dhámhachtain Chré-Umha de chuid Athena SWAN ar dhá Scoil dár gcuid, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD agus Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD. Léiríonn sé sin tiomantas agus iarrachtaí na foirne teagaisc agus na foirne araon.

Baineadh amach roinnt dámhachtainí suntasacha ar fud an Choláiste, idir dhámhachtainí aonair agus foirne.

Bronnadh Bonn Airgead Óraithe ar ghairdín UCD *Stair Aiste Bia na hÉireann i bPlandaí* i gcatagóir an Ghairdín Coincheapa Mhóir ag Bloom 2019. Leis an ngairdín insíodh scéal aiste bia na hÉireann a thosaíonn leis na lonnaitheoirí luatha go dtí gur tháinig an fheirmeoireacht isteach, agus a leanann ar aghaidh le tionchar an tionsclaithe agus impleachtaí aiste bia fairsing an lae inniu. Dhear mic léinn Ailtireachta Tírdhreacha UCD John McCord, Ciaran Rooney, Hannah Johnston agus Niamh Conlan an taispeántas taobh leis an Dr Caroline Elliott-Kingston, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD, agus an Dr Meriel McClatchie, Scoil na Seandálaíochta UCD.

Bronnadh Scoláireachtaí Fulbright ar chomhghleacaithe i Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 89 11/02/2020 15:02

Príomhoide an Choláiste
**An tOllamh Cecily Kelleher**

An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
**An tOllamh David MacHugh**

An Leas-Phríomhoide umTheagascagus Foghlaim
**An Comhollamh Sue Rackard**

An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda
**An tOllamh Comhlach Pat Felle**

Leas-Phríomhoide um Ghnóthaí Sláinte
**An tOllamh Tim Lynch**

Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD. Ceann na Scoile agus Déan na Talmhaíochta,
**An tOllamh Alex Evans**

Scoil Leighis UCD.
Ceann na Scoile agus Déan,
**An tOllamh Michael Keane**

Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte. Ceann na Scoile agus Déan an Altranais,
**An tOllamh Gerard Fealy**

Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD. Ceann na Scoile agus Déan na hEolaíochta Feidhmíochta,
**An tOllamh Giuseppe De Vito**

Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Ceann na Scoile agus Déan,
**An tOllamh Michael Doherty**

Sláinte UCD, ar an Dr Aoife De Brún agus an Dr Suja Somanadhan, chomh maith leis an Ollamh Kevin McDonnell, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD. Bhronn Comhlachas na dTréidlianna Fíocháin Bhoig Dámhachtain an Ollaimh Peter Holt don Taighde Cliniciúil ar Ronan Mullins, Ollamh Cúnta le Tréidliacht d'Ainmhithe Beaga.

Bronnadh dámhachtainí céimí ar an Dr Rhona Mahony, céad Mháistir ban an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais agus ar an Dr Ann Derwin, Ard-Stiúrthóir, Seirbhísí Domhanda na hÉireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Bronnadh dochtúireachtaí oinigh ar an Ollamh Patrick Brennan dá chuid oibre chun bealaí nua a fhorbairt le galair tógálacha a chomhrac, leis an mBráthair Tony Dolan don ról an-tábhachtach atá imeartha aige sa talmhaíocht inbhuanaithe agus san oideachas talmhaíochta in Éirinn, sa Chéinia agus in Uganda, agus ar an Dr Laura Brennan nach maireann dá cuid iarrachtaí gan staonadh chun an vacsaín HPV a mholadh.

## Taighde, nuálaíocht agus tionchar


D'fhaomh an t-Údarás Rialaithe bunú Lárionad um Thaighde Idirdhisciplíneach, Oideachas agus Nuáil i gCórais Sláinte UCD (Centre for Interdisciplinary Research, Education and Innovation in Health Systems/IRIS), agus an tOllamh Eilish McAuliffe mar Stiúrthóir Ionaid. Bunaíodh an Lárionad tar éis seacht mbliana d'fhás ar thaighde ar chórais sláinte agus beidh sé mar shuíomh do chomhar idirdhisciplíneach amach anseo san oideachas agus sa taighde ar fud na Scoileanna agus na n-Institiúidí sa Choláiste.

Le déanaí d'oscail Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus UCD Ionad Taighde nua um Íomháú PET CT, áit a gcuirfear an teicneolaíocht is úire i bhfeidhm ar chóireáil othar agus ardtaighde ar phríomhghalair, an ailse, néaltrú agus galar cairdiach go príomha. Le híogaireacht ard agus le hardtaifeach an scanóra, gheobhaidh raideolaithe rochtain anois ar íomhánna de chaighdeán níos airde mar chuid dá n-imscrúduithe diagnóiseacha. Ciallaíonn sé sin go mbraithfear galair níos luaithe agus ndéanfar iad a dhiagnóisiú níos beaichte. Chomh maith leis sin, úsáidfidh taighdeoirí cliniciúla in UCD agus in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann an teicneolaíocht nua chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghalair éagsúla i réimse na heolaíochta agus an leighis agus chun cabhrú le cóireálacha níos fearr a shocrú d'othair.

## Oideachas agus eispéireas na mac léinn

Tá páirt glactha ag mic léinn ar fud an Choláiste i ngníomhaíochtaí

*Sa phictiúr, ag Institiúid Conway UCD, tá an tOll Stephen Pennington, Scoil Leighis UCD, a bhain Dámhachtain Nuálaíochta 2018 de chuid NovaUCD.*





*An Dr Laura Brennan nach maireann ag fáil dochtúireachta oinigh i mí na Nollag 2019, leis an Oll Cecily Kelleher agus an tOll Donal Buggy.*



*Painéal Laochra Spóirt Scoil an Leighis Tréidliachta UCD leis an Déan, an tOllamh Michael Doherty (c-d: Derek McGrath, Fiona O'Brien, Dermot Weld, Michael Doherty, Sue Rackard, Susie Mitchell, Brian Dooher agus Shane McGuckin.*

rannpháirtíocht sa phobal agus gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. D'óstáil mic léinn chéim a dó sa BSc i mBainistíocht Spóirt agus Aclaíochta 'Wellness Wednesday' i dteannta le UCD Folláin, chun an gá le feasacht faoin meabhairshláinte a chur chun cinn agus airgead a bhailiú do Pieta House. Leanann AgSoc UCD ar aghaidh ag cruthú go maith leis an tiomsú airgid don charthanas, ag bailiú €65,000 i mbliana, an méid is airde riamh, don dá charthanacht a roghnaigh siad, Comhlachas Ghalar Néaróin Luadraigh na hÉireann (The Irish Motor Neurone Disease Association) agus Iontaobhas Aisdúichithe Kevin Bell (The Kevin Bell Repatriation Trust).

Bronnadh Dámhachtain Ollscoile le haghaidh Róil Shuntasaigh i bhFoghlaim Mac Léinn ar Mhol Fisió UCD, a cuireann chun cinn gníomhaíocht fhisiceach agus stíl mhaireachtála fholláin trí chláir phobail um aclaíocht agus chur chun cinn na sláinte. Tá an Mol Fisió tagtha chun bheith ina eiseamláir de nuáil, agus é ag tabhairt aghaidhe ar riachtanais sláinte an phobail áitiúil níos leithne agus mic léinn ag foghlaim i suíomhanna réalaíocha éagsúla.

## Comhairliúchán agus rannpháirtíocht

Tá cur chun cinn agus cothú comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara lárnacha ina ghné lárnach d'éiteas ár gColáiste, agus lean sé sin ar aghaidh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i mbliana.

D'óstáil Scoil an Altranais, an Chnáimhseachas agus na gCóras Sláinte in UCD an 6ú Siompóisiam Bliantúil Lean, Seimineár ar Oideachas Cúraim Mhaolaithigh agus EDUPALL, Ceardlann an Chomhpháirtíocht um Thaighde ar Ghalair Annamha (RainDRoP), agus an Siompóisiam Uile-Éireann ar Altranas Cúraim Chriticiúil do Leanaí.

I mí Iúil, d'óstáil Scoil an Leighis Tréidliachta, UCD 'Laochra Spóirt Tréidliachta UCD', agus cuireadh fáilte roimh go leor réaltaí spóirt a raibh ina measc Derek McGrath, CEO an Churraigh, traenálaí capall rása cáiliúil agus an t-imreoir ó Fhoireann Rugbaí na mBan a raibh an bua acu i gCraobh na Sé Náisiún, Fiona O'Brien. Ba í Evanne Ní Chuilinn ó RTÉ a d'óstáil an ócáid, agus bhí plé painéil lenár ár gcuid laochra spóirt tréidliachta ag croílár na hoíche.

Shínigh UCD, Teagasc agus Instiitiúid an Eolaíocht Ainmhí, Chinese Academy of Agricultural Sciences (CAAS) comhaontú i mBéising i mBealtaine 2019 chun Lárionad na Síne-na hÉireann um Fhorbairt Inbhuanaithe na Déiríochta a bhunú. Is é cuspóir an Ionaid ná naisc institiúide a chothú idir na páirtithe, chun tacú le taighde a ghinfidh eolas nua, agus chun malairt na teicneolaíochta a fheabhsú le córais inbhuanaithe feirmeoireachta déiríochta sa tSín agus in Éirinn. Díreoidh an Lárionad ar thrí réimse lárnach mar atá Leathnú na Teicneolaíochta, Taighde agus Malartú, agus Oiliúint, Oideachas agus Forbairt Tallainne.

**An tOllamh Cecily Kelleher**
Príomhoide an Choláiste

> *"Tá páirt glactha ag mic léinn ar fud an Choláiste i ngníomhaíochtaí rannpháirtíocht sa phobal agus gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid."*

# COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ TALMHAÍOCHTA AGUS SLÁINTE **IN UIMHREACHA**

**6,841**
*Líon iomlán na mac léinn in* ***Éirinn*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,949**
Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**4,892**
***Fochéimithe*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,054**
**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**391**
*Tacaíocht*

**142**
*Taighdeoirí*

**521**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€52.47m**
Dámhachtainí ***Taighde***



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 92 11/02/2020 15:02

# COLÁISTE NA hEOLAÍOCHTA





**An tOllamh Joe Carthy**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na hEolaíochta

**Tá áthas orm a thuairisciú gur lean Coláiste na hEolaíochta UCD ar aghaidh ag dul ó neart go neart i 2018/19 agus éachtaí móra bainte amach inár gcuid réimsí móra gníomhaíochta go léir.**

Is é an cúrsa iontrála UCD Eolaíocht DN200 fós an cúrsa eolaíochta comhiontrála is mó éilimh in Éirinn, agus é ag tarraing níos mó ná 700 céad rogha le 521 phointe iontrála ar a lú sa CAO i 2019. Freisin léirigh iarratasóirí CAO níos mó spéise in Eolaíocht Ríomhaire DN201 agus Staidéar Achtúireach & Airgeadais DN230 agus méadú tagtha ar chéad roghanna agus pointí CAO. Cuspóir lárnach atá ag ár gColáiste Eolaíochta ná rannpháirtíocht inár gcuid clár a leathnú. Tá an-áthas orm gurb amhlaidh, i 2019, go bhfuil líon na mac léinn chéim 1 a rinne iarratas tríd na bealaí HEAR, DARE, QQI/FET imithe i méid ó 20% go 26.7% den chohórt.

Tá an Coláiste fós i mbéal an phobail mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí rannpháirtíochta domhanda. Le bliain anuas tá páirt glactha ag an gColáiste i níos mó ná 40 cuairt faoi stiúir ball foirne teagaisc ar ardscoileanna i mórthír na Síne, Hong Cong, Singeapór, Vítneam, an Téalainn, an Mhalaeis, an India, Baile Átha Cliath, an Afraic Theas agus SAM. Ba í cuspóir na gcuairteanna sin ná cuid den taighde a thaispeáint a bhfuiltear ag tabhairt faoi agus é mar aidhm spreagadh a thabhairt don chéad ghlúin eile d'eolaithe a roghnóidh Eolaíocht UCD. Ar fud an Choláiste tá an cohórt de mhic léinn idirnáisiúnta atá i mbun ár gcuid clár imithe os cionn 1,000 den chéad uair, rud a thógann éagsúlacht den scoth isteach sa seomra ranga, chun leas na mac léinn féin agus ár gcuid mac léinn sa bhaile.

Mhéadaigh an Coláiste a chuid gníomhaíochtaí EDI agus ceapadh an Dr Antoinette Perry mar Leas-Phríomhoide le haghaidh EDI. I measc éachtaí na bliana tá:

- Bronnadh Bonn Cré-Umha Athena SWAN ar Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis (SBBS), faoi stiúir an Chomhollaimh Siobhán McClean.
- D'fhreastail go leor ar cheardlanna oiliúna maidir le Claonadh Neamhchomhfhiosach agus ar an gceardlann 'eachtráin agus spásairí' maidir le fáilte a chur roimh éagsúlacht agus feasacht a mhéadú faoi íogaireacht chultúrtha.
- Ghlac ceathrar eolaithe dár gcuid páirt i Soapbox Science, tionscnamh rannpháirtíochta pobail



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 93 11/02/2020 15:02

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim
**An Comhollamh Carmel Hensey**

Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
**An Dr Antoinette Perry**

Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta
**An tOllamh Jeremy Simpson**

Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta
**An Comhollamh Eleni Mangina**

Leas-Phríomhoide um Thaighde agus Nuálaíocht
**An Comhollamh Tara McMorrow**

Déan Comhlach um Staidéar Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh)
**An Dr Jennifer Mitchell**

An Déan Comhlach um Leathnú Rannphháirtíochta
**An tOllamh John O'Connor**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe
**An Comhollamh Paul McCabe**

**Tá seacht scoil i gColáiste na hEolaíochta:**

- Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil
  Ceann Scoile, **An tOllamh Jeremy Simpson**
- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis
  Ceann Scoile, **An tOllamh Wim Meijer**
- Scoil na Ceimice
  Ceann Scoile, **An tOllamh Gareth Redmond**
- Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta
  Ceann Scoile, **An tOllamh Pádraig Cunningham**
- Scoil na nDomhaneolaíochtaí
  Ceann na Scoile, **An Comhollamh Patrick Orr**
- Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí
  Ceann Scoile, **An tOllamh Brendan Murphy**
- Scoil na Fisice
  Ceann Scoile, **An tOllamh Martin Grunewald**




*Sa phictiúr ag seoladh Ionad an SFI um Oiliúint Taighde (IOT) i mBoinn na hEolaíochtaí Sonraí, tá an tOll Orla Feely (UCD VPRII), an Comhollamh Claire Gormley (Stiúrthóir IOT UCD) agus an tOll Nial Friel (Leas-Stiúrthóir IOT UCD) 2019 le cohórt na naonúr mac léinn PhD ó UCD a mhaoinítear ag an IOT agus le baill den chomhlacht maoirseachta. Is é atá i gceist i gclár Bhoinn na hEolaíochta Sonraí an SFI agus an IOT ná clár comhoibritheach oiliúna ar luach €13 milliún le hOllscoil Luimnigh agus le hOllscoil Mhá Nuad a chuirfidh oiliúint ar 139 mac léinn PhD i gcaitheamh na seacht mbliana atá romhainn, a mbainfidh 46 díobh céim ó UCD.*

a chuireann ar chumas eolaithe a dtaighde a roinnt ar bhealach uathúil agus spéisiúil, ar bharr bosca i lár na sráide! Labhair an Comhollamh Siobhán McClean (SBBS) faoi thaighde a foirne ar vacsaíní; Thug Pallavi Kumari agus Fengyuan Zhang, mic léinn PhD i Scoil Fisice UCD agus an Dr Nicole Beisiegel, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD léargas ar conas is féidir leis an matamaitic tuar stoirmeacha a fheabhsú.

- Aithníodh Lá Idirnáisiúnta na hEolaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe in UCD le taispeántas d'eiseamláirí ban ó róil éagsúla i gColáiste na hEolaíochta, lena n-áirítear mic léinn, foireann teagaisc, baill foirne teicniúla agus tacaíochta. Ceiliúradh iontach a bhí ann ar thallann, eolas agus obair chrua na mban in Eolaíocht UCD thar gach earnáil.
- Tá go leor dúshlán ag baint le haistriú chuig an oideachas tríú leibhéal. Dhear an coiste EDI i dteannta le Caitriona Keane, Comhairleoir Mic Léinn Choláiste na hEolaíochta, suirbhé chun tuiscint a fháil ar chomh rannpháirteach a mhothaíonn mic léinn eolaíochta UCD le linn a gcéad bhliain ar an gcampas. Tugann na torthaí le tuiscint go measann mic léinn gur bealaí iontacha iad gníomhaíochtaí amhail an phiarmheantóireacht le haithne a chur ar dhaoine eile san Eolaíocht agus cairde nua a dhéanamh. Aithníodh amanna fada comaitéireachta chun na hollscoile mar fhachtóir a d'fhéadfadh cosc a chur ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ar an gcampas.

## Teagasc agus Foghlaim

Tar éis próisis iomaíoch maidir le gradaim teagaisc agus foghlama a chur i bheidhm, fuair cúigear ball foirne teagaisc ó Choláiste na hEolaíochta gradaim don bharr feabhais sa teagasc mar aitheantas dá ról suntasach i mbarr feabhais a chur i bhfeidhm sa teagasc agus i bhfeabhsú fhoghlaim na mac léinn: An Comhollamh Carmel Hensey (SBBS), An tOllamh Breandán Kennedy (SBBS), An Comhollamh Paul McCabe (SBES), an Dr Lennon Ó'Náraigh agus an Dr Richard Smith (SMS). Tugadh onóir bhreise don Ollamh Kennedy le Dámhachtain Ollscoile um Feabhas sa Teagasc.

Fuair an Comhollamh Carmel Hensey comhaltacht taighde dhá bhliain sa teagasc agus san fhorbairt acadúil. Tacaíonn an comhaltacht sin le feabhsú ar fud na hollscoile sa teagasc agus san fhoghlaim trí thaighde bunaithe ar bheartas straitéiseach agus chleachtas, agus béim curtha ar Dhearadh don Fhoghlaim inár TFF (Timpeallacht Fhíorúil Foghlama).

## Taighde agus Tionchar

Bhí an bhliain seo i measc na mblianta ba rathúla a bhí againn ó thaobh cistiú taighde a ghnóthú. Ar na buaicphointí bhí:

Dámhadh €16.3 milliún do chomhghleacaithe comhoibrithe ó Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia, Eolaíocht Ríomhaire, Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Spóirt, Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, Matamaitic agus Staitisticí agus Innealtóireacht Mheicniúil agus Ábhar sa dara timthriall de thacaíocht SFI le haghaidh tionscadail dar teideal INSIGHT II – Ionad na hÉireann um




*Sa phictiúr ag an Léacht 'AI for Good' (ó chlé go deas), tá an Dr Sulagna Maitra (UCD), an tOll Brian Fitzgerald (UL), Leila Toplic (NetHope), an tOll Andrew Deeks (UCD), Kristin Tolle (Microsoft), Cameron Birge (Microsoft), Michael Tjalve (Microsoft), Ross Smith (Microsoft), an Dr Anthony Ventresque (UCD) agus an tOll Patricia Maguire (UCD).*

Olltiomsú Sonraí agus Taighde Anailísíochta Éifeachtach (Céim 2). Chomh maith leis sin, dámhadh €1.2 milliún ar fhoireann teagaisc ó Scoil na Ceimice UCD le haghaidh tionscadail dar teideal Ionad Sintéise agus Cógaisíochta Soladstaide (Céim 2).

Fuair an tOllamh Pat Guiry, Scoil na Ceimice UCD agus Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochtaí Bithmhóilínigh agus an Bithleighis, dámhachtain €4.4 milliún ó SFI le haghaidh Ionad EPSRC-SFI um Oiliúint Dochtúireachta le hOllscoil Nottingham.

Dhámh SFI €3.9 milliún ar chomhghleacaithe comhoibrithe i Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí do thionscadal dar teideal Ionad Taighde VistaMilk SFI, agus dhámh Fiontraíocht Éireann €12 milliún ar an Dr Edward McDonnell, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD le haghaidh tionscadail dar teideal Ionad CeADAR Nua um Anailísíocht Fheidhmheach Sonraí agus Intleacht Mheaisín

Dámhadh os cionn €15 milliún de chistiú SFI ar an Dr Brian Mac Namee agus Dr Georgiana Ifrim, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD agus ar chomhghleacaithe ó sheacht scoil UCD le comhair i DCU agus TU Bhaile Átha Cliath chun ionad náisiúnta na hÉireann um oiliúint phD i bhfoghlaim mheaisín a bhunú, arna óstáil ag UCD.

Dámhadh €5.3 milliún ó SFI ar an gComhollamh Claire Gormley in éineacht leis an Ollamh Nial Friel agus an Ollamh Brendan Murphy chun Ionad SFI um Oiliúint Taighde (IOT) ar Bhoinn na hEolaíochta Sonraí a bhunú.

Dámhadh €1.2 milliún ó SFI ar an Ollamh Murray Hitzman, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, iCRAG, le haghaidh tionscadail dar teideal clár PhD iCRAG sna Geo-eolaíochtaí Comhshaoil.

Bhain an tOllamh Pádraig Cunningham agus an Dr Mark Scanlon, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD agus an tOllamh Denis Shields, amach dhá chomhpháirtíocht chomhoibritheach dochtúireachta UCD leis an JRC, a dhámhtar ar fud na hEorpa.




*D'fhill Soapbox Science ar na sráideanna agus daréag eolaí ban ar a gcuid ardán cainte ag labhairt faoina dtaighde i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na matamaitice agus an leighis, sa phictiúr tá an Comhollamh Siobhán McClean ag labhairt faoina hábhar: Is gá dúinn caint faoi vacsaíní – greamaitheacht na mbaictéar a úsáid chun ionfhabhtú a chosc.*



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 95 11/02/2020 15:02

## Nuálaíocht

Bhunaigh an tOllamh Cúnta Emmanuel G Reynaud, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilinigh agus an Bithleighis UCD agus an tOllamh Brian Rodriguez, Scoil Fisice UCD, atá ina gcomhaltaí de chuid Institiúid Conway UCD, Naiad Ltd, mac-chuideachta nua de chuid UCD, chun Bithphrintéir 3D nua a fhorbairt a rialaíonn airíonn 'bithdhúigh' chun aithris níos fearr a dhéanamh ar struchtúr agus fheidhm fíochán.

Sheol an Comhollamh Dominic Zerulla, Scoil na Fisice UCD, Pearlabs Technologies, mac-chuideachta NovaUCD atá ag forbairt chóras micreascóip bunaithe ar phlasmón a dhéanfaidh taifead an-ard samplaí a chumasú.

Bhunaigh an tOllamh Keith Murphy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD Reneurx Research and Development chun Nefiracetam a fhorbairt le scléaróis iolrach a chóireáil.

Joe Carthy

**An tOllamh Joe Carthy**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na hEolaíochta

# COLÁISTE NA hEOLAÍOCHTA **IN UIMHREACHA**

**4,923**
*Líon iomlán na mac léinn in **Éirinn** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,774**
Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**3,149**
***Fochéimithe*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**654**
*Iomlán na mac léinn iarchéime thar **lear***

**572**
**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**216**
*Tacaíocht*


**148**
*Taighdeoirí*

**208**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€64.08 m**
Dámhachtainí ***Taighde***



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 96 11/02/2020 15:02




# COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN DLÍ



**An tOllamh Colin Scott**
Príomhoide an Choláiste agus
Déan na nEolaíochtaí Sóisialta

**Ionad ceannródaíoch don oideachas agus taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus i ndisciplíní gaolmhara atá i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD. Bliain an-rathúil ab í bliain acadúil 2018/19 maidir lenár gcuid gníomhaíochtaí oideachais go léir, ár rath taighde agus ár rannpháirtíocht leis an bpobal.**

I rith na tréimhse sin mheall an Coláiste cistiú mór taighde agus chumhdaigh sé na cláir chéime nua sna hEolaíochtaí Sóisialta sa churaclam.

Fuair an Coláiste aitheantas i Rangaithe Domhanda QS le haghaidh 2019 (QSWUR) agus an Bhainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise áirithe ar na 50 is fearr ar domhan agus na hábhair seo a leanas áirithe ar na 100 is fearr – Dlí, Polaitíocht agus Caidreamh Idirnáisiúnta, Fealsúnacht, Seandálaíocht, agus Beartas Sóisialta agus Riarachán. Tá áit bainte amach ag na Scoileanna go léir sa Choláiste i measc na 250 is fearr ar domhan i QSWUR den chéad uair. Ina theannta sin, rangaíodh Scoil Dlí Sutherland UCD sna 50 is fearr ar domhan i rangaithe Ábhair Ardoideachais an Times le haghaidh 2019.

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Cuireadh i bhfeidhm go rathúil an chéad bhliain de na cláir chéime nua-chumraithe sna hEolaíochtaí Sóisialta agus os cionn 740 mic léinn cláraithe i Meán Fómhair 2018. Ag croílár na n-athraithe sin tá clár nua ceithre-bliana sna hEolaíochtaí Sóisialta, arb é an clár is mó in UCD é, le 500 iontrálaí aige gach bliain. Táirgeann an clár nua seo comh-phríomhábhair agus meascáin nua ábhair, amhail an Eolaíocht Shóisialta Ríomhaireachtúil agus an Pholaitíocht, an Fhealsúnacht agus an Eacnamaíocht (PFE), agus leagtar béim ar leith ar eispéiris fhoghlama agus scileanna a leathnú, trí dheiseanna staidéir thar



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 97 11/02/2020 15:02

Príomhoide an Choláiste / Déan na nEolaíochtaí Sóisialta: **An tOllamh Colin Scott**

Comhdhéan na n-Eolaíochtaí Sóisialta: **An Dr Sara O'Sullivan**

An Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar: **An tOllamh Aisling Reynolds-Feighan**

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim: **An Dr Niamh Moore Cherry**

An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda: **An Dr Richard Collins**

Leasphríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú: **An tOllamh Judith Hartford**

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe agus Leas-Phríomhoide don Léann Iarchéime: **An Dr Nuala Brady**

**Tá 11 scoil i gColáiste na n-Eolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí**

- Scoil na Seandálaíochta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Graeme Warren**
- Scoil na hEacnamaíochta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Ronald Davies**
- Scoil an Oideachais UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Dympna Devine**
- Scoil na Tíreolaíochta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Jacky Croke**
- Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Eugenia Siapera**
- Ceann na Scoile agus Déan Dlí Scoil an Dlí UCD
  **An tOllamh Imelda Maher**
- Scoil na Fealsúnachta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Maria Baghramian**
- Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh David Farrell**
- Scoil na Síceolaíochta UCD
  Ceann na Scoile
  **An tOllamh Alan Carr**
- Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, Ceann Scoile
  **An tOllamh Michelle Norris**
- Scoil na Socheolaíochta UCD
  Ceann na Scoile
  **An Dr Iarfhlaith Watson**

lear, deiseanna intéirneachta agus béim láidir ar mhodhanna agus ar thaighde, mar shampla. Is toradh na leasuithe ar an obair ar fad a rinneadh le roinnt blianta anuas faoi stiúir cheannaireacht Chomhdhéan na n-Eolaíochtaí Sóisialta, an Dr Sara O'Sullivan, agus ceannaireacht Stiúrthóir an Choláiste, Mary Gallagher-Cooke, agus léiríonn na leasuithe tiomantas láidir fhoireann an Choláiste agus na Scoileanna a raibh ról lárnach acu sna cláir nua a sholáthar.

I measc roinnt tionscnamh teagaisc agus foghlama a chothaíonn feabhas san oideachas sa Choláiste bhí obair bhreise a rinne an Comhollamh Niamh Moore Cherry, Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Fhoghlaim. Thug coiste Teagaisc agus Foghlama an Choláiste tacaíocht d'fhorbairt an chláir nua sna hEolaíochtaí Sóisialta le trí mheitheal oibre tras-Scoile a bhunú a dhíríonn ar: Tacú le foghlaim ó thaithí ag Céim 3; Taighde a leabú sa churaclam fochéime; agus cultúr mic léinn mar chomhpháirtithe a Fheabhsú. D'fhreagair obair na ngrúpaí sin do na torthaí agus don chur chuige fhoghlama atá leagtha amach i dtograí tosaigh an chláir agus soláthraíonn na tuairiscí deireanacha acmhainn chun cur ar chumas Scoileanna a bheith cruthaitheach agus nuálach agus iad ag forbairt a gcuid curaclam nua.

Sa dara babhta de dhámhachtainí Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile, fuarthas 475 ainmniúchán le haghaidh ball foirne teagaisc agus ball foirne ar fud an Choláiste. Tar éis phróiseas deacair cinnteoireachta, rinneadh 13 dámhachtain ar leibhéal an Choláiste agus 1 dámhachtain ar leibhéal foirne. Ainmníodh ceithre choláiste chuig scéimeanna dámhachtana ar leibhéal na hOllscoile agus bhí an-áthas orainn go raibh an tOllamh Cúnta Shane Bergin, Scoil Oideachais UCD agus an tOllamh Cúnta Sarah Morton, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD i measc beirt den chúigear ball foirne teagaisc a cheiliúir agus a d'aithin an Ollscoil.

D'oibrigh Leas-Phríomhoide an Choláiste do Staidéar Iarchéime, an Dr Nuala Brady le comhghleacaithe i Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil, chun Scoláireachtaí um Leathnú Rannpháirtíochta a thabhairt isteach le haghaidh mic léinn iarchéime trí mheán tharscaoileadh táillí le haghaidh clár máistreachta múinte. Dámhadh sé scoláireacht um Leathnú Rannpháirtíochta i 2018/19 ar mhic léinn i Scoil na Síceolaíochta UCD, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta, Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta, Scoil an Dlí, Scoil an Oideachais agus Coláiste na n-Eolaíochtaí Sóisialta UCD.

Reáchtáladh an Siompóisiam bliantúil maidir le Taighde Céimithe ar an 2 Bealtaine i Scoil Dlí Sutherland UCD agus cur i láthair den scoth tugtha ag mic léinn ar ábhair éagsúla a mbaineann leis na heolaíochtaí sóisialta, an dlí agus an gnó. Thug an tOllamh Aidan Moran caint an-spéisiúil agus an-eolach dar teideal 'How to Get Published' i gceardlann a raibh an tOllamh Karl Whelan ina chathaoirleach uirthi. Leis an imeacht bhliantúil sin tugtar deis dár gcuid mac léinn PhD a dtaighde a chur i láthair agus a thaispeáint agus páirt a ghlacadh i bplé painéil spéisiúil tar éis a gcuid cur i láthair.

I mí Aibreáin 2019, seoladh an chéad chlár acadúil riamh in Éirinn chun cabhrú le cruthú an bheartais dhigitigh a fheabhsú i gcomhpháirt le Microsoft. Cuimseoidh an clár sin cáilíochtaí teastais, dioplóma agus máistreachta i Staidéar Beartais Dhigitigh, agus chun a sholáthar a éascú, tá sé beartaithe

*Sa phictiúr ag imeacht Alumni Bostúin (ó chlé go deas) tá: An tOll Colin Scott, an tOll Samantha Power, an tOll Cass Sunstein agus an tOll Liam Kennedy.*






*Ghlac mic léinn mháistreachta ó Scoil Dlí Sutherland UCD agus mic léinn ó Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD páirt i dturas chuig an mBruiséil. Mar chuid den turas sin thug céimithe ó UCD atá ag obair sa Bhruiséil, in eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cuideachtaí príobháideacha cainteanna, agus eagraíodh cruinnithe le Feisirí Eorpacha, Coimisinéirí Eorpacha agus cuairt chuig Banc Infheistíochta na hEorpa.*

Ollamh Cúnta sa Bheartas Digiteach a cheapadh in UCD. Cuireann an clár seo leis an saineolas reatha sa Choláiste ar ábhair lena n-áirítear trédhearcacht i bpróisis toghcháin, muinín agus saineolas, an dlí agus beartas na hiomaíochta, rialáil, an phríobháideacht sonraí agus an fhuathchaint i measc ábhar eile.

## Taighde, Tionchar agus Nuáil

Chuaigh líon na mball foirne acadúil i méid don chúigiú bliana as a chéile. Bhí 212 ball foirne teagaisc coibhéise lánaimseartha ann i mí na Nollag 2018. Chuaigh líon na mac léinn PhD i méid go 409 i mí na Nollag 2018, méadú 16% ó 2015. Tá an dara cion is airde de bhaill foirne teagaisc atá gníomhach sa taighde san Ollscoil agus tá sé sin ag dul i méid go seasta ó 2016.

Bhí buaicphointí móra taighde ag an gColáiste i rith na bliana agus líon iomlán na n-iarratas rathúil imithe i méid le ceithre bliana as a chéile, agus an t-ioncam iomlán taighde ag meaitseáil an €10 milliún a baineadh amach i 2017/18.

I measc éachtaí suntasacha i rith na bliana bhí Deontas Comhdhlúiteora na Comhairle Eorpaí um Thaighde (CET) a dámhadhar an Ollamh Eoin Carolan, UCD le haghaidh a thionscadail dar teideal 'The Foundations of Institutional Authority: A Multidimensional Model of the Separation of Powers' (Boinn an Údaráis Institiúide: Samhail Iltoiseach ar Scaradh Cumhachtaí) agus ar an Ollamh Kath Browne, Scoil Tíreolaíochta UCD dá tionscadal taighde dar teideal 'Opposing Sexual and Gender Rights and Equalities: Transforming Everyday Spaces' (Cearta agus Comhionannais Chontrártha Gnéis agus Inscne: Gnáthspásanna a Bhunathrú'.

D'éirigh le Scoil Oideachais UCD roinnt dámhachtainí móra taighde a fháil ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (NCCA) agus ó Concern Worldwide. Is é atá i Children's School Lives (CSL), a seoladh ar an 25 Deireadh Fómhair 2018 ná staidéar fadaimseartha nua, arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), a chuirfidh Scoil Oideachais UCD i gcrích. Sa staidéar, déanfar iniúchadh ar thaithí saoil leanaí i mbunscoileanna Éireannacha agus leanfar thart ar 4,300 leanbh le linn a mblianta sa bhunscoil. Is ionann an taighde suntasach sin agus an chéad iarracht chórasach rianú a dhéanamh ar ghrúpa

> *Bhí an dara cion ab airde de **bhaill foirne teagaisc atá gníomhach sa taighde** ag an Ollscoil agus tá sé sin ag dul i méid go seasta ó 2016.*



*An tOll Colin Scott, an Dr Aidan Regan, Mrs Sabina Higgins, an tUachtarán Higgins agus mic léinn ón mháistreacht sa Rialachas Eorpach Marek Sustak, Janina Kopfmuller, Andrea Briones, Lauren Nicole Laurenceau, agus Sophia Benzmann ag freastal ar sheoladh Ionad Barr Feabhais Jean Monnet um Eacnamaíocht Pholaitiúil Nua na hEorpa.*



An tOll Colin Scott ag cur fáilte roimh an Uachtarán Mícheál D. Ó hUigínn ag Gradaim Fhealsúnaí Óg na hÉireann 2019 a reáchtáladh i Halla Uí Raghallaigh i mBealtaine 2019.



D'fhreastail an tAire Stáit don Ardoideachas Mary Mitchell O' Connor ar shiompóisiam, arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, maidir le comhionannas inscne san ardoideachas in Acadamh Ríoga na hÉireann a bhí eagraithe ag an Oll Judith Harford, VP EDI.

amháin leanaí ón réamhscoil chuig an mbunscoil agus isteach sa mheánscoil. I measc croífhoireann bhainistíochta an staidéir tá an tOllamh Dympna Devine (Príomhthaighdeoir) agus an tOllamh Cúnta Jennifer Symonds (Comh-PT) in éineacht leis an Ollamh Cúnta Seaneen Sloan (Comhthaighdeoir) agus an tOllamh Cúnta Deirdre McGillicuddy. Mhaoinigh Concern Worldwide tionscadal dar teideal 'Safe Learning Model in Sierra Leone', le foireann ó Scoil Oideachais UCD a bhí déanta suas den Ollamh Dympna Devine, an tOllamh Cúnta Seaneen Sloan, an tOllamh Cúnta Jennifer Symonds agus an tOllamh Ciaran Sugrue.

Leanann an fhoireann teagaisc a bheith ag foilsiú agus ag cruthú aschuir taighde ardtionchair. Tá tionchar lua ualaithe an Choláiste de réir réimse imithe i méid go seasta le cúig bliana anuas agus d'ardaigh sé go 1.39 in 2018/19, rud a léiríonn go mbíonn luanna ó shaothair fhoilsithe luaite 39% níos airde ná an meán domhanda (mar atá taifeadta ag Elsevier SciVal).

Thug gradam measúil Bhonn Daonlathais Brown, 2019, aitheantas do Thionscadal Thionól na Saoránach in Éirinn, tionscnamh a d'athraigh polaitíocht na hÉireann ón mbonn le deich mbliana anuas agus a bhí faoi chomhstiúir ag an Ollamh David Farrell, Ceann Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta UCD agus an Dr Jane Suiter, DCU. Mar thoradh ar an tionscadal sin a tosaíodh i 2011, tháinig sraith de chinntí tábhachtacha beartais chun cinn, agus é ina réamhtheachtaí do na reifrinn rathúla ar an 8ú Leasú ar Bhunreacht na hÉireann agus ar chomhionannas pósta.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Le déanaí cheap an Coláiste an tOllamh Judith Harford mar a chéad Leasphríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú. Sa ról sin tá Judith i gceannas ar fhorbairt coiste ar a bhfuil ionadaithe ó gach Scoil chun bonn a chur faoi obair na hOllscoile maidir le Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus an obair sin a fheabhsú, agus chun páirt a ghlacadh i gcláir lárnacha amhail Chairt Athena Swan. Ba í Scoil na Seandálaíochta UCD an chéad Scoil sa Choláiste a bhain amach aitheantas Cré-umha i 2019; fianaise é sin ar a dtuiscint ar dhúshláin an chomhionannas inscne sa Scoil le gealltanas chun plean gníomhaíochta éifeachtach um chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm.

## Pobal agus Rannpháirtíocht

Leanann muid orainn ag plé lenár gcuid céimithe ar fud an domhain ag imeachtaí a chomhordaíonn an Coláiste agus an fhoireann um Chaidreamh Céimithe. I mí na Samhna 2018, tháinig grúpa díograiseach céimithe le chéile i gClub Harvard Bhostún chun éisteacht le sealbhóirí bhonn Ulysses UCD, iar-Ambasadóir do na Náisiúin Aontaithe agus Ollamh Harvard, Samantha Power agus a fear céile, an tOllamh Cass Sunstein i gcomhrá leis an Ollamh Liam Kennedy, Stiúrthóir Institiúid Clinton UCD.

I mí an Mhárta, tháinig os cionn 60 céimí ó UCD le chéile in Ambasáid na hÉireann sa Bhruiséil chun turas bliantúil Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta UCD agus Scoil Dlí Sutherland UCD le haghaidh mac léinn iarchéime chuig institiúidí na hEorpa a cheiliúradh agus ba í an t-Ambasadóir Helena Nolan a d'óstaigh an imeacht.

Bhí an-áthas ar an gColáiste páirt a ghlacadh i dTaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT agus duais a urrú ann sa chatagóir Sóisialta agus Iompraíochta i mí Eanáir 2019. Bronnadh an duais ar dhaltaí na ceathrú bliana as Coláiste Treasa, Ceann Toirc, Co Chorcaí dá dtionscadail 'What Do You Think of Me? A statistical analysis of adolescents and elderly people's perceptions of aging' (Cad é do Thuairim Fúm? Anailís



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 100 11/02/2020 15:02

staitistiúil ar thuairimí ógánach agus daoine breacaosta i leith an aosaithe). Ina theannta sin, thacaigh an Coláiste leis na Gradaim d'Fhealsúnaí Óg Éireannach na Bliana a d'eagraigh Scoil na Fealsúnachta UCD i mí Bhealtaine agus bhí áthas orthu fáilte a chur roimh an Uachtarán Mícheál D. Ó hUigínn agus a bhean chéile Sabina Higgins chuig an searmanas bronnta. Thug an Coláiste tacaíocht do ghradam Eacnamaí Óg na Bliana a d'eagraigh Scoil Oideachais UCD. Soláthraíonn na trí himeacht sin atá dírithe ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile araon ardán chun spéis luath a chothú i staidéar ar na hEolaíochtaí Sóisialta.

D'óstaigh an Coláiste roinnt imeachtaí tábhachtacha agus mór le rá i rith na bliana, lena n-áirítear, i Márta 2019, ceiliúradh ar shaol agus obair Peter Sutherland SC (BCL 1967) nach maireann, duine de na céimithe is clúití a tháinig ó UCD agus Eorpach iontach, a raibh ról suntasach aige san oideachas idirnáisiúnta agus sa tuiscint dhomhanda. D'fhreastail baill foirne teagaisc, céimithe agus cairde ar an imeacht i Scoil Dlí Suthearland UCD, ina measc mic léinn Erasmus Dlí a labhair faoina dtaithí ar an gclár malairte a bhunaigh Peter Sutherland agus é ina Choimisinéir AE don Bheartas Iomaíochais agus Oideachais.

**An tOllamh Colin Scott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na n-Eolaíochtaí Sóisialta

## COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN DLÍ **IN UIMHREACHA**

**5,518**
*Líon iomlán na mac léinn in **Éirinn** (Coibhéis Lánaimseartha)*

**1,982**
Mic léinn ***Iarchéime***
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**3,536**
***Fochéimithe*** *(Coibhéis Lánaimseartha)*

**331**
**Foireann iomlán**
*(Coibhéis Lánaimseartha)*

**206**
*Tacaíocht*

**40**
*Taighdeoirí*

**84**
*Ball Foirne Tacaíochta/ Gairmí*

**€10.18m**
Dámhachtainí ***Taighde***



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 101 11/02/2020 15:02

# GRADAIM OLLSCOILE



## Buaiteoir Ghradam Alumni UCD 2018

Ag ceiliúradh éachtaí suntasacha alumni UCD ar fud an domhain, ar cúis fíorbhróid iad don Ollscoil.



**An Dr Ann Derwin, buaiteoir Ghradam Alumni UCD 2018 sa Talmhaíocht agus san Eolaíocht Tréidliachta**

Tar éis di tosú sa chleachtas tréidliachta, ghlac an Dr Ann Derwin post leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i 1992. Ceapadh í mar Rúnaí Cúnta in 2016, agus is í an chéad bhean riamh a sheirbheáil ar bhord bainistíochta na roinne sin. Tacaíonn Ann go láidir leis an ngá atá ann ról na mban san earnáil agraibhia a fheabhsú. Ó bhí 2017 ann, tá sí ag obair mar Ard-Stiúrthóir sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, áit a bhfuil tionscnaimh chomhionannas inscne agus éagsúlachta á stiúradh aici.



**Fintan O'Toole, buaiteoir Ghradam Alumni UCD 2018 UCD sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí**

Tá Fintan O'Toole ar cheann de na hintleachtóirí poiblí is mó tionchair in Éirinn agus ról ríthábhachtach aige maidir le tuairimí a chur in iúl faoin bpolaitíocht agus faoi na healaíona. Thosaigh a ghairm scríbhneoireachta mar léirmheastóir téatair leis an iris In Dublin, ról ar thug sé faoi ina dhiaidh sin le The Sunday Tribune, The New York Daily News agus The Irish Times. Chuaigh sé le The Irish Times i 1988 agus tá a cholún le léamh ansin le 30 bliain anuas. Tá leabhair scríofa aige faoin téatar, faoin bpolaitíocht chomh maith le beathaisnéisí agus an stair chultúrtha.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 102 11/02/2020 15:03




**Jane Ann McKenna, Gradam Alumni UCD don Ghnó 2018**

Trína cuid oibre le Médecins Sans Frontières (MSF), tá taithí fhairsing ar an talamh faighte ag Jane Ann McKenna ó thaobh cúnamh leighis práinneach a sheachadadh chuig roinnt de na coimhlintí is géire san Afraic, sa Mheánoirthear agus san Áis. Mar iar-Stiúrthóir ar MSF Ireland, bhí sí i gceannas ar fhás agus fhorbairt straitéiseach a n-oifige Éireannaí agus bhí ról gníomhach aici in aird Éireannaigh a tharraingt ar shaincheisteanna daonnúla agus labhairt ar son na saincheisteanna sin, amhail Ebola, coimhlint na Siria agus géarchéim na dteifeach.




**John Carey, Gradam Alumni UCD don Innealtóireacht agus Ailtireacht 2018**

Bhain John céim amach san Innealtóireacht Cheimiceach i 1983 agus d'fhorbair sé a ghairm agus é i gceannas ar roinnt gnóthas domhanda. Bhí cónaí air agus bhí sé i gceannas ar ghnóthais san Eoraip, san Afraic agus i SAM agus tá réimse scileanna ar leith aige ó thaobh gnóthais a bhunathrú agus a fhás i dtimpeallachtaí an-chasta agus an-chorrach. Le déanaí, mar Leas-POF ar ADNOC Distribution in Abu Dhabi, bhí John i gceannas ar a dTairiscint Phoiblí Tosaigh, an TPF ba mhó sa Mheánoirthear le deich mbliana anuas.




**An Dr Rhona Mahony, Gradam na n-Eolaíochtaí Sláinte UCD do Chéimithe 2018**

Mar an gcéad mháistir mná ó bunaíodh an t-Ospidéal Náisiúnta Máithreachais (NMH), tá an Dr Rhona Mahony i gceannas ar cheann de na hospidéil mháithreachais is mó san Eoraip. Speisialtóir í i mínormáltachtaí marfacha féatais agus sa leigheas máthartha, agus bhunaigh sí an Fhondúireacht Náisiúnta Máithreachais, a thacaíonn le hobair an NMH. Tá sí ina Comhalta de RCOG UK, agus an RCPI in Éirinn. In 2016 bronnadh Comhaltacht oinigh uirthi ag an American College of O&G chomh maith le Dochtúireacht Leighis oinigh ó NUI le haghaidh a róil i sláinte na mban agus na naíonán.



**Vincent Keaveny, Gradam Alumni UCD don Dlí 2018**

Tá Vincent Keaveny ina chomhpháirtí i gcomhlacht dlí idirnáisiúnta, agus sárghairm aige i gcomhairle a chur ar bhainc agus ar chuideachtaí ar fud an RA agus na hEorpa faoin mbaincéireacht, airgeadas agus margaí caipitiúla. Eiseamláir shuntasach é do mhic léinn Dlí UCD, a dtugann sé tacaíocht dóibh agus cuireann an comhlacht an-fháilte roimh intéirneachtaí agus chuairteanna mic léinn. Tá Vincent ar cheann de 25 Seanóir de chuid Chathair Londain ó bhí 2013 ann agus toghadh é mar dhuine den bheirt Shirriam ar Chathair Londain le haghaidh 2018/19, teideal a théann siar go dtí an 14ú haois.



**An Dr Julie McEnery, Gradam Alumni UCD don Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair 2018**

Bhain Julie McEnery, atá ina réaltfhisiceoir in Ionad Eitilte Spáis Goddard NASA, a Dhochtúireacht san Fhisic amach ó UCD i 1997. Tá sí ag obair le níos mó ná deich mbliana anuas sa réaltfhisic gháma-gha ardfhuinnimh, agus í ag plé le gach gné den mhisean ina ról mar Eolaí Tionscadail don Teileascóp Spáis Gáma-Gha Fermi. Chomh maith lena cuid oibre le NASA, tá sí ina hOllamh Comhlach san Fhisic in Ollscoil Maryland agus in Ollscoil George Washington. In 2011, toghadh í mar chomhalta den American Physical Society.



**An Dr Gráinne Healy, Gradam Alumni UCD d'Eolaíochtaí Sóisialta, 2018**

Mar ghníomhaí feimineach le fada an lá, tá an Dr Gráinne Healy ina ceannródaí mór le rá sa chomhionannas inscne agus sa chóir shóisialta. Agus í ag obair sa ghníomhaíochas le 40 bliain anuas, bhí ról ríthábhachtach aici in iompú Éire isteach ina tír toimanta don chomhionannas i mBealtaine 2015, ina ról mar chomhcheannaire ar an bhFeachtas 'Yes Equality', a stiúir agus a bhuaigh an reifreann um chomhionannas pósta. Bhunaigh sí agus tá sí ina cathaoirleach ar Marriage Equality Ireland ó bhí 2004 ann. Tá sí ina Cathaoirleach ar Fhaireachlann Bhrúghrúpa Mhná na hEorpa ar Fhoréigean i gcoinne na mBan agus ina hIar-Chathaoirleach ar Chomhairle Náisiúnta na mBan.



**An Dr Michael Byrne, Gradam Alumni UCD don Eolaíocht 2018**

Is fisiceoir é an Dr Michael Byrne a d'úsáid eolas teoiriciúil óna chéim chun teicneolaíocht nua a cheapadh a bhfuil gnóthas domhanda déanta aige aisti. Bhain sé céim BSc san Fhisic amach agus PhD san Fhisic Atmaisféarach agus Aerasóil i 1976. Óna ról i bhforbairt an bhunaláram deataigh íonaithe, i 1988, ghlac sé páirt i gceannach amach bainistíochta Ei Electronics, an ceannródaí i dtáirgí dóiteáin cónaithe, agus tá raon leathan táirgí nuálacha ceaptha aige.



**Rob Kearney, Gradam Alumni UCD don Spóirt 2018**

Agus an leibhéal is airde bainte amach aige ina ghairm rugbaí, tá an t-imreoir rugbaí idirnáisiúnta Rob Kearney ar dhuine de na lánchúlaithe rugbaí is fearr ar domhan. Nochtadh cumas Rob agus é ag imirt rugbaí scoile i gColáiste Clongowes Wood. D'imir sé d'fhoireann Laighean ar dtús ag é ina bhuachaill scoile agus leis an bhfoireann U19, sula ndeachaigh sé leis an bhfoireann shinsearach in 2005. Tá 202 cluiche imeartha agus 223 pointe gnóthaithe aige. D'imir sé a chéad chluiche d'fhoireann na hÉireann in aghaidh na hAirgintíne in 2007 agus tá 84 chaipín gnóthaithe aige le foireann na hÉireann. Tá ceithre chraobh Sé Náisiún buaite aige agus bhí sé ar fhoireann na Leon Breataineacha agus Éireannacha ina sraith mórchluichí in aghaidh na hAstráile.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 104 11/02/2020 15:03

## Céimeanna Oinigh



**Laura Brennan nach maireann - Céim Oinigh mar Dhochtúir Litríochta**

Fuair, Laura Brennan, feachtasóir ar son na vacsaíne HPV céim oinigh mar aitheantas dá habhcóideacht agus í ag tarraingt airde ar an gcosaint a thugann an vacsaín HPV do chailíní ar ailse cheirbheacs a fhorbairt agus iad fásta aníos. Diagnóisíodh go raibh ailse cheirbheacs uirthi nuair a bhí sí 26 bliana d'aois agus chinn sí páirt a ghlacadh i bhfeachtas an FSS chun muinín an phobail as an vacsaín HPV a athghnóthú nuair a diagnóisíodh a hailse mar doleigheasta.



**An Dr Kate Coleman - Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta**

Bronnadh an gradam seo mar aitheantas d'iarrachtaí fairsinge an Dr Coleman ar son an daonchairdis san Afric. Cuireadh ar fáil cúram oftalmach inrochtana, saineolach agus níos mó ná 250,000 obráid chun radharc na súl a thabhairt ar ais de bharr na n-iarrachtaí sin.



**An tOllamh Patrick Brennan - Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta**

Bronnadh an gradam seo mar aitheantas do ghairm chéimiúil an Ollaimh Brennan sa taighde, a dhírigh ar staidéar a dhéanamh ar mhíceabhaictéir, grúpa éagsúil de bhaictéir ina bhfuil cuid de na baictéir is tábhachtaí atá freagrach as galair i ndaoine agus in ainmhithe ar fud an domhain. Leis an taighde sin thángthas ar thuiscint nua ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na baictéir sin ar an leibhéal móilíneach, eolas a spreag forbairt drugaí, diagnóisice agus uirlisí nua chun galair míceabhaictéaracha a rialú.



**An tOllamh Randall Collins, Céim Oinigh mar Dhochtúir Litríochta**

Ó chríochnaigh sé a oideachas fochéime, tá níos mó ná céad alt agus leabhar foilsithe ag an Dr Randall Collins, duine de na socheolaithe is mó le rá ar domhan agus príomhshocheolaí Meiriceánach na linne seo.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 105 11/02/2020 15:03



**An tAthair Tony Coote nach maireann - Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta**

Bhí an tAthair Tony Coote nach maireann ina shéiplíneach in UCD ar feadh beagnach deich mbliana. Nuair a diagnóisíodh go raibh galar néarón luadrach air, dhiúltaigh sé géilleadh don mheath ar a lúth agus thug sé faoi oilithreacht 550km ó Leitir Ceanainn go Béal an Dá Chab i rith 2018. Tháinig a chairde agus a chlann le chéile lena chuid éachtaí a cheiliúradh: bunú an ghrúpa 'Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear' leis an Ollamh Frank Monaghan, agus seoladh an fheachtais 'Please Talk'.



**Moya Doherty - Céim Oinigh mar Dhochtúir Litríochta**

Mar chraoltóir ceannródaíoch agus stiúrthóir feidhmiúcháin, bhí ról ríthábhachtach ag Moya Doherty i gcothú agus i bhorbairt na tallainne cruthaithí in Éirinn agus níos faide anonn. Ba mar léiritheoir coimisiúnaithe agus tionscnóir Riverdance do Chomórtas Amhránaíochta Eurovision 1994 ar chruthaigh sí ócáid spleodrach chultúrtha a roinneadh ar fud na hÉireann, na hEorpa agus an domhain mhóir.



**Ollamh Comhlach Mary Lawlor - Céim Oinigh mar Dhochtúir Dlíthe**

Tá ainm an Ollaimh Chomhlaigh Mary Lawlor inaitheanta leis an eagraíocht a bhunaigh sí i 2001, Frontline Defenders – grúpa atá tiomnaithe do thacú le daoine ar fud an domhain atá i mbaol mar gheall ar a gcuid oibre chun na cearta atá luaite i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a chur chun cinn agus a chosaint.



**An tOllamh John J McConnell - Céim Oinigh mar Dhochtúir Dlíthe**

Tá an tOllamh John J McConnell ina eacnamaí airgeadais ceannródach, agus clú agus cáil air as a sárcheannaireacht i ndisciplín an airgeadais.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 106 11/02/2020 15:03



**An tOllamh John O'Connor - Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta**

Le forbairt an 'Ghlúin Oxford' réabhlóideach, thug an tOllamh John O'Connor, a bhain céim amach ó scoil Innealtóireachta UCD le BE san Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictrí i 1956, faoiseamh ó phian do na mílte daoine.



**John O'Loughlin Kennedy - Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta**

Bhain John O'Loughlin Kennedy céim BA san Eacnamaíocht amach ó UCD i 1953, agus tá clú agus cáil air ina ghairm sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon ó shin. Lena bhean chéile, bhunaigh an tUas. O'Loughlin Kennedy Concern Worldwide.



**An tOllamh Gary Paul Pisano - Céim Oinigh mar Dhochtúir Litríochta**

Chaith an tOllamh Gary Paul Pisano a ghairm san oideachas agus taighde maidir le saol an ghnó, agus go sonrach,an chúis nár éirigh le tionscal na biteicneolaíochta cur lena gealltanas. Chuir a chritíc den tionscal treochlár ar fáil do chuideachtaí a bhí ag lorg bealaí le feidhmíocht a dtionscail a fheabhsú.

## Boinn Ulysses UCD 2018/19



**Yvonne Farrell agus Shelley McNamara**

Is iad Yvonne Farrell agus Shelley McNamara stiúrthóirí bunaithe Grafton Architects. Díol suntais atá sa liosta de ghradaim agus d'onóracha atá acu, lena n-áirítear Foirgneamh Domhanda na Bliana in 2008, Gradam Idirnáisiúnta RIBA in 2016, agus Bonn Óir RIAI in 2018. Ghlacadar poist acadúla mór le rá, ina measc Ollúnacht Kenzo Tange in ollscoil Harvard agus Ollúnacht Louis Kahne in ollscoil Yale, chomh maith lena ról mar chaomhnóirí Biennale na Veinéise i 2018.



## An tOllamh Elizabeth Loftus

Níl aon amhras ach gurb í an tOllamh Elizabeth Loftus an ceannródaí domhanda i réimse na bréagchuimhne agus fhianaise an fhinné súl. I measc léargais lárnacha a taighde, aithnítear anois go mbíonn cuimhne an duine somhúnlaithe agus géilliúil gur féidir cuimhní bréagacha ar imeachtaí ón óige a mheabhrú go héasca; agus gur féidir le treoircheisteanna dul i bhfeidhm go suntasach ar chuimhne agus ar fhianaise fhinnéithe súl. Lena cuid oibre tá athrú ó bhun curtha ar imscrúduithe acadúla ar an gcuimhne agus ar ghnáthamh dlí d'fhianaise fhinnéithe súl.



## An tOllamh Frank McGuinness

Tá gairm acadúil measctha le gairm scríbhneora ag Frank Mc Guinness. Tháinig sé chuig UCD i 1997 mar léachtóir i mBéarla agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach. Phléigh sé le hábhair chomh héagsúil le beatha Caravaggio, géarchéim giall na Liobáine, Shakespeare in Éirinn, Comhcheilg an Phúdair Ghunna agus beatha Lizzie agus Mary Burns, céilí Éireannacha Engels agus Marx i Manchain. Is mó a aithnítear é mar dhrámadóir agus file ach tá scripteanna scannáin, scripteanna teilifíse agus leabhróga scríofa aige chomh maith le ceoldráma stáitse, *Donegal*. Le blianta beaga anuas thug sé faoin bhficsean agus dhá húrscéal scríofa aige chomh maith le cnuasach gearrscéalta amháin. Is iad an amhránaíocht agus an cóiriú na gnéithe is buana a fheictear ina shaothar



## An Dr Douglas R Lowy

An Dr Douglas R Lowy, a raibh a thaighde ar bhitheolaíocht mhóilíneach víreas freagrach as forbairt na vacsaíne HPV. Tá sé ina Cheannaire ar Shaotharlann na hOinceolaíochta Ceallaí agus ina Leas-Stiúrthóir ar Fhoras Náisiúnta Ailse na Stát Aontaithe agus tugadh faoina thaighde i gcomhar lena chomhghleacaí an Dr John Schiller.



## An Dr Michael Somers

Meastar go forleathan go bhfuil an Dr Michael Somers ar dhuine de na fostaithe is mó tionchair dá ghlúin sa tseirbhís phoiblí, mar gheall ar a chuid oibre i mbainistíocht airgeadais phoiblí na hÉireann le linn na laethanta maithe agus na drochlaethanta, agus go háirithe tar éis dó cabhrú leis an tír dul tríd an ngéarchéim airgeadais dhomhanda le deich mbliana anuas.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 108 11/02/2020 15:03

# CEAPACHÁIN AGUS ARDUITHE CÉIME



## Coinní

### Lán-Ollamh

**An tOllamh Aoife Ahern**
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

**An tOllamh Desmond Tobin**
Scoil Leighis UCD

### Ollamh

**An tOllamh Eugenia Siapera**
Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD



## Arduithe Céime

### Lán-Ollamh

**An tOllamh Lorraine Brennan**
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

**An tOllamh Eoin Carolan**
Scoil an Dlí

**An tOllamh Stephen Daly**
Scoil na nDomhaneolaíochtaí

**An tOllamh David MacHugh**
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

**An tOllamh Brian O'Connor**
Scoil na Fealsúnachta

**An tOllamh Kevin O'Connor**
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis

### Ollamh

**An tOllamh Jessica Bramham**
Scoil na Síceolaíochta

**An tOllamh Marie Clarke**
Scoil an Oideachais

**An tOllamh Enda Cummins**
Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia

**An tOllamh Emmeline Hill**
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

**A tOllamh Amanda McCann**
Scoil an Leighis

# SCOR



## Gnóthaí Acadúla UCD

### Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil

**Anthony Kinane**

Ghlac Anthony post san Oifig um Oideachas Aosach i mí na Nollag 1997. Mar gheall ar a spéis i gcórais TF, rinneadh an tOideachas Aosach a aistriú chuig clár uathchláraithe. Ghlac sé post ina dhiaidh sin leis an bhfoireann Rochtana agus Foghlama ar feadh an tSaoil agus é ag tacú lena gcuid gníomhaíochtaí páirtaimseartha agus lena dteagascóirí Oideachais Aosaigh. Le linn a chuid ama in UCD, léirigh Anthony comhbhá, trua agus tiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Agus é ag dul ar scor, chuir duine de na teagascóirí sa roinn Fhoghlaim ar feadh an tSaoil síos ar Anthony mar "dhuine lárnach san Oideachas Aosach a bhíodh i gcónaí cairdiúil agus éifeachtúil". Ba í a spéis i gcúrsaí reatha agus sa léitheoireacht a spreag a spéis san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus maireann a oidhreacht i meoin mic léinn agus baill foirne a mbíonn ag cur a thuairisc go fóill agus a ghuíonn rath air sa todhchaí.

### Leabharlann

**Susan Matthews**

Ghlac Susan post i Leabharlann UCD in 2006. D'oibrigh sí leis an roinn Seirbhísí Cliaint i Leabharlann James Joyce agus i Leabharlanna Scoil an Leighis Tréidliachta agus an Scoil Ghnó Iarchéime le linn a gairme. D'oibrigh Susan sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine go príomha, agus í ag tabhairt treorach agus cabhrach do gach úsáideoir leabharlainne. D'oibrigh sí go héifeachtúil le cineáltas agus comhbhá agus bhí gach duine a d'oibrigh léi buíoch di.. Chuaigh Susan ar scor i mí an Mhárta 2019.

**Carmel O'Sullivan**

Ghlac Carmel post le UCD i 1999 tar éis seal a chaitheamh san earnáil leabharlainn phoiblí ar dtús, agus ansin i DCU ar feadh 18 mbliana. Tháinig sí chuig UCD mar Leabharlannaí Comhlach don Fhaisnéis agus d'Acmhainní, agus í ag tógáil léi a paisean d'úsáideoirí leabharlainne a chur ag croílár na seirbhísí leabharlainne agus baill foirne a threorú chuig plé níos dírí le baill foirne teagaisc. Chomh maith leis sin, d'oibrigh sí mar Chomhstiúrthóir ar Leabharlann UCD, i dteannta leis an Leabharlannaí Comhlach Marie Burke, agus Leabharlannaí Ollscoile nua á hearcú.

Idir 2010 agus 2012, bhí ról mór ag Carmel i dtreorú atheagrú na Leabhlainne. Leathnaíodh a sainchúram chun maoirseacht ar fheidhm bhailiúcháin na Leabharlainne a chuimsiú, lena n-áirítear Bailiúcháin Speisialta agus Cartlanna UCD, maoirseacht ar an bhfoireann riaracháin, agus punann forbartha gairmiúla na Leabharlainne a bhainistiú.

Chuir Carmel go mór le UCD trína ballraíocht ar choistí, go háirithe trína rannpháirtíocht ar Choiste na Comhairle Acadúla ar Cháilíocht. Ní féidir na rudaí ar fad a rinne sí ar son an leabharlannaíocht mar ghairm in Éirinn a lua: sheirbheáil sí ar an gComhairle Leabharlann, agus í i gceannas ar fhoireann tionscadail maidir leis an mBeartas Náisiúnta ar Leabharlanna agus Sheirbhísí Faisnéise; bhí sí gníomhach leis an gComhar Oiliúna Acadúil agus Leabharlainne Náisiúnta a d'urraigh oiliúint ghairmiúil d'earnáil leabharlanna taighde na hÉireann, agus chabhraigh sí le Comhdháil Bhliantúil an-rathúil na Comhairle agus na Leabharlann Náisiúnta agus Ollscoile a eagrú.

Chomh maith lena héacht gairmiúil céimiúil, tá aithne ar Carmel in UCD agus ar fud earnáil leabharlann na hÉireann mar gheall ar a cineáltas, agus a tacaíocht do bhaill foirne agus dá bhforbairt gairme.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 110 11/02/2020 15:03

**Patricia Williams**

Ghlac Patricia post le Leabharlann UCD i mí Eanáir 2014. D'oibrigh sí leis an roinn Seirbhísí Cliaint i Leabharlann James Joyce, áit ar thug sí tacaíocht agus ar chuir sí comhairle ar úsáideoirí go foighneach staidéarach. Tá féith ghrinn iontach inti agus rinne sé sin cinnte go raibh an-ghean ag úsáideoirí Leabharlainne agus a comhghleacaithe uirthi. Chuaigh Patricia ar scor i mí an Mhárta 2019.

## Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

### Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis

**An tOllamh Máire Ní Annracháin**

Sula ndeachaigh sí ar scor ó Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, bhí Máire ina hOllamh le Nua-Ghaeilge in UCD ó bhí 2009 ann, agus roimhe sin bhí sí ina léachtóir ar feadh na mblianta fada in Ollscoil Mhá Nuad. Is iad na príomhréimsí acadúla ina gcuireann sí spéis ná an teoiric liteartha agus an litríocht nua-aimseartha sa Ghaeilge agus i nGaeilge na hAlban. Scríobh sí a tráchtas ar fhilíocht Shomhairle Mhic Gill-Éain, a foilsíodh mar *Aisling agus Tóir: an Slánú i bhfilíocht Shomhairle MhicGill-Éain*. Tá níos mó ná caoga alt acadúil scríofa aici agus tá eagarthóireacht déanta aici ar fhoilseacháin acadúla i gcomhar le comhghleacaithe ó Éirinn agus Albain. Baineann na hailt is deireanaí léi le dianseasmhacht thraidisiún liteartha na Gaeilge agus leis an teanga fháthchiallach i bhfilíocht na Gaeilge agus i bhfilíocht Ghaeilge na hAlban. Thacaigh comhaltachtaí ó Éirinn, Albain agus Sasana lena taighde; chaith sí tréimhsí taighde i bPáras, i nDún Éideann, ar Oileán Skye agus i Londain. Chaith sí roinnt blianta mar Chathaoirleach ar Ghlór na nGael, ar bhord gobharnóirí Shabhal Mòr Ostaigh in Albain agus ar an gCoimisiún Logainmneacha.


### Scoil na Staire UCD

**Eamon O'Flaherty**

Bhí Eamon, a bhain céim amach ó UCD, ina chomhalta cuairte agus ina chéimí PhD ag Ollscoil Cambridge, go dtí gur fhill sé ar Scoil na Staire UCD mar léachtóir sna 1980ídí. Chuimsigh a réimsí spéise taighde ar stair na hEorpa sa Nua-aois Luath; stair intleachtúil na Fraince sa seachtú haois déag agus san ochtú haois déag; stair shóisialta na smaointeoireachta; agus stair na hÉireann san ochtú haois déag. Le linn na mblianta a chaith sé in UCD, mhúin sé go leor modúl fochéime agus iarchéime, agus bhí sé ina stiúrthóir ar go leor tráchtas a rinne mic léinn fhochéime agus iarchéime.

D'fhoilsigh Eamon go leor saothar le linn a ghairm acadúil, lena n-áirítear a aistrúchán ar shaothar Michel Vovelle, *Ideologies and Mentalities*, agus an foilseachán ar cuireadh fáilte mhór roimhe ina bhaile dúchasach, *Limerick: Historic Irish Towns Atlas* (2010), ar cuireadh síos air mar 'an foilseachán is tábhachtaí ar stair na cathrach ó bhí 1866 ann'.

Chomh maith leis sin, chuir Eamon páipéir i láthair ag go leor imeachtaí agus comhdhálacha le linn a ghairm acadúil ar ábhair éagsúla ó 'Commemorating Clontarf: 1014 through the Ages', Éire agus Luimneach san ochtú haois déag, pleanáil bhailte agus a forbairt i ré na hÉagnaíochta, cultúr na ndaoine, go daonáireamh 1911 agus an MPM.



## An Coláiste Gnó UCD

### Liz Knight

Chuaigh Liz ar scor i mBealtaine 2019 tar éis gairm rathúila bheith aici ar feadh 30 bliana in UCD. Tar éis di teacht chuig UCD i 1989, bhí ról aici i Roinn Margaíochta Choláiste Gnó UCD i mBelfield, sular bhog sí chuig Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD ar an gCarraig Dhubh i 1991. Sa phost sin, d'oibrigh Liz i riarachán clár agus í ag tacú leis an gclár MBS sular aistrigh sí chuig an Teach Bainistíochta i 1996. D'oibrigh sí ar feadh na mblianta fada ar chláir thar lear agus ina dhiaidh sin ar an gClár MBA i dteannta leis an tsraith de Chláir Forbartha Bainistíochta. In 2005, d'aistrigh sí chun tacú le Déan Scoil Smurfit ag an am (An tOllamh Damien McLoughlin) chuig cáil oibriúcháin agus d'fhan sí ansin go dtí 2007 nuair a thug sí faoina ról mar Bhainisteoir Clár i bhForbairt Feidhmiúcháin Smurfit UCD.

Le linn a cuid ama san Fhorbairt Feidhmiúcháin, d'oibrigh Liz ar beagnach gach clár feidhmiúcháin ó Chláir chreidiúnaithe Dioplóma Ghairmiúil go cláir shaincheaptha thar ceann réimse leathan cliant, ina measc An Garda Síochana, CLG agus Roinn an Taoisigh. An ghné is suntasaí, áfach, ná gur bhainistigh Liz na mic léinn go léir a glacadh isteach sa Dioplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach ó tionscnaíodh é agus os cionn 350 rannpháirtí feidhmiúcháin rannpháirteach ann. Cuimhneofar go geanúil ar Liz mar gheall ar a tiomantas iomlán a bhí aici do gach mac léinn dá cuid agus mar chomhghleacaí iontach. Guíonn a comhghleacaithe sonas agus sláinte uirthi agus í ar scor.

### An Dr Jackie Sinclair

Ghlac Jackie post le UCD i 1996. Ba iad a réimsí saineolais teagaisc agus taighde a bhí aici ná ceardchumannachas san áit oibre, inscne agus caidreamh fostaíochta san earnáil phoiblí. Sular tháinig sí chuig UCD, níor múineadh comhionannas, éagsúlacht ná cuimsiú sa scoil ghnó. Bhí sí ina ceannródaí ar a teagasc ar leibhéal fochéime agus ar an leibhéal MSc araon.

Chríochnaigh Jackie a staidéar fochéime sa pholaitíocht mar mhac léinn aibí in Ollscoil Warwick tar éis di bheith ina gníomhaí ceardchumainn ar feadh na mblianta fada. Ansin thug sí faoi MA sa Chaidreamh Tionsclaíoch arís in Warwick. Rinne sí thar cionn agus pas le gradam bainte amach aici. Tar éis di teagasc agus taighde a dhéanamh i gcaidreamh fostaíochta san earnáil phoiblí agus sa staidéar inscne sa RA ar feadh cúpla bliana, tháinig sí ar ais go hÉirinn, bhain sí amach léachtóireacht in UCD, agus thug sí faoi PhD in OÉ na Gaillimhe. Comhghleacaí iontach ab ea Jackie, a bhí díograiseach ina cuid oibre agus ina plé le mic léinn. Ba mhór an spóirt í freisin agus aireoidh a cuid comhghleacaithe go léir go mór uathu í.

## Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

### Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí

#### Rick Watson

Bhí Rick ina cheannródaí i dteagasc an fhuinnimh ghaoithe in UCD. Tar éis dó céim a bhaint amach mar innealtóir leictreach, d'oibrigh sé ar dtús ar uathoibriú agus ar sheirbhísí foirgnimh sa Roinn Puist agus Telegrafa. Ina dhiaidh sin bhog sé chuig an mBord Soláthair Leictreachais áit ar oibrigh sé ar dhearadh stáisiún cumhachta agus i réimse na cumhachta gaoithe atá ag teacht chun cinn. Ghlac sé post in Ollscoil Bremen i 1984 mar innealtóir taighde a d'oibrigh sé ar earraí leictreacha do thuirbíní gaoithe. Thóg sé an saineolas sin leis chuig UCD mar léachtóir i gCórais Ghaoithe i 1988. Spreag a phaisean don fhuinneamh leictreach in-athnuaite mic léinn san innealtóireacht leictrí agus mheicniúil le níos mó ná tríocha bliain.

### Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis

#### Brian Turner

Teicneoir TF agus innealtóir deimhnithe Red-Hat Linux a raibh eolas agus taithí fhairsing aige ab ea Brian, agus na blianta fada de thaithí den scoth aige i gcórais ríomhaireachta Windows agus Unix, ó chrua-earraí go córais oibriúcháin agus bogearraí feidhmchláir. Bhí sé flaithiúil lena chuid eolais, a thaithí agus a am. D'oibrigh sé go dian díograiseach ar feadh na n-uaireanta fada le foighne, buanseasmhacht agus dea-aoibh. Bhí meas agus gean air go forleathan agus chuir sé le cultúr barr feabhais teicniúil sa roinn.



## Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

### John Moran

Ghlac John post in UCD i 1971 mar theicneoir agus é ag obair le Jarlath Mullen i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, ag tabhairt faoi Mheicnic na n-Ábhar agus Tástáil Ábhar ach go háirithe, ar dtús. Le himeacht ama bhog John, agus an-spéis aige sa dearadh, isteach san Oifig Deartha áit ar rith sé na Saotharlanna Deartha ar Líníocht Innealtóireachta agus pacáistí éagsúla Innealtóireachta CAD/CAM. Bhí an-spéis ag John sa TF agus chaith sé go leor ama ag coimeád riocht oibre ar na ríomhairí agus na pacáistí bogearraí éagsúla le haghaidh na gcéimithe, na n-iarchéimithe agus na mac léinn iardhochtúireachta buíocha a bhí ag úsáid na Saotharlainne Deartha. Bhí an-spéis aige san oideachas chomh maith agus bhain sé amach Máistreacht Céad Onóracha san Oideachas agus lean sé ar aghaidh ar feadh trí bliana i dtreo PhD san Oideachas. Bhí an-ghean ag na mic léinn, an fhoireann teagaisc agus na baill foirne ar John i gcónaí agus é i gcónaí réidh le héisteacht ná lámh chúnta a thabhairt nuair a iarradh air. Ba mhinic a fheictí é, go deireanach tráthnóna, agus é fós san fhoirgneamh ag obair. Chuaigh John ar scor in 2019 tar éis 48 mbliana de sheirbhís agus aireoidh an fhoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn go mór uathu é.

### Martine Kisielewicz

Chuaigh Martine ar scor ó Oifig Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhair agus Scoil na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí i mí Mheán Fómhair 2018, tar éis di teacht chuig UCD i 2003. Sular tháinig sí chuig UCD, d'oibrigh Martine le haghaidh Príomhoifigeach Fainéise (CIO) an Elan Corporation, agus i bpoist éagsúla san Afraic Theas, lena n-áirítear in Ollscoil Witwatersrand. Thosaigh Martine sa Chlárlann (Iontrálacha) ach ba ghearr gur aistrigh sí chuig Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla áit a d'oibrigh sí i ndlúthpháirt le Stiúrthóir chlár oideachais feidhmiúcháin an MIE. Thug sí tacaíocht shármhaith do gach clár fochéime agus iarchéime múinte thar an dá scoil innealtóireachta is mó in UCD agus chabhraigh sí le cinntiú go ndearnadh ár gcuid clár gaolmhar BE agus ME a chreidiúnú go héasca. Comhghleacaí iontaofa a bhi inti, a raibh a fhios aici i gcónaí conas is fearr a chinntiú go rithfí an dá scoil chasta go héasca. Bhí clú agus cáil ar a grá don dúlra, agus ghlac sí an t-am i gcónaí na healaí in UCD a bheathú. Cé go n-airíonn siad go mór uathu í, guíonn a comhghleacaithe scor fada sona ar Martine agus a fear chéile.

## Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil

### Vivienne Brophy

Tar éis di cáiliú mar theicneolaí ailtireachta agus ansin mar ailtire, chaith Vivenne am i mbun cleachtais phríobháidigh sular tháinig sí chuig an nGrúpa Taighde Fuinnimh in UCD i 1994. Faoi stiúir an Ollaimh J Owen Lewis, bhí an ERG chun tosaigh sa taighde agus sa chomhchomhairle faoi úsáid fuinnimh sa timpeallacht thógtha, agus é ag tarraingt maoinithe mhóir ón Eoraip agus ag déanamh foilseachán a raibh tionchar buan acu agus atá ábhartha i gcónaí. Chríochnaigh sí a máistreacht taighde sa Dearadh Inbhuanaithe i 2005 agus ansin thosaigh sí ag léachtóireacht sa Scoil agus teicneolaíocht agus inbhuanaitheacht foirgnimh mar shainréimse aici. Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh sí mar Stiúrthóir an ERG, agus í ag obair le réimse gníomhaireachtaí agus comhpháirtithe tionscail ar thionscadail agus staidéir taispeántais. Le déanaí, sheirbheáil Vivienne mar Ceann tánaisteach na Scoile, agus spéis ar leith aici i spás agus in acmhainní a bhainistiú. Sa phost sin bhí ról ríthábhachtach aici i bpleanáil straitéiseach agus i riar laethúil na Scoile, rud atá ag éirí níos casta le himeacht ama. Ina theannta sin, chuir sí go mór, ag leibhéal an Choláiste agus na hOllscoile, le straitéisí d'forbairt inbhuanaithe sa todhchaí.

### An tOllamh Sheila O'Donnell

Bhain Sheila Céim amach san Ailtireacht amach le UCD i 1976 agus ina dhiaidh sin bhain sí MA ón RCA i Londain i 1980. Tháinig sí chuig UCD mar léachtóir stiúideo i 1981 agus mhúin sí go leanúnach sa Scoil ó shin. Mhúin sí dearadh ag gach leibhéal den chlár agus bhí ról ríthábhachtach aici i sraith d'athruithe agus d'fhorbairtí nua ar an gcúrsa cúig bliana, go háirithe i dtabhairt isteach Máistreacht san Ailtireacht in 2010. Rinneadh Ollamh Iomlán di in 2016. Mar chomhpháirtí bunaithe den chuideachta O'Donnell & Tuomey, tá obair déanta ag Sheila ar thús cadhnaíochta an chleachtais ailtireachta le linn a tréimhse fada in UCD. Tá go leor gradam agus onóracha faighte aici, agus an ceann ba shuntasaí ná Bonn Óir an RBA i 2015, a aithníodh mar aitheantas dá saothar oibre tógtha a chuimsíonn foirgnimh shainchomhartha mar Ghailearaí Glucksman UCC, Amharclann an Lyric i mBéal Feirste, Ionad Mac Léinn Saw See Hock do LSE i Londain agus Lárollscoil na hEorpa i mBúdapeist. I measc gradam eile a ghnóthaigh sí tá Ailtire Ban na Bliana de chuid an RIBA in 2019, mar aitheantas ní hamháin ar a cuid éachtaí féin ach freisin ar a cuid oibre chun próifíl na mban a ardú sa ghairm agus i dtionscal na foirgníochta. Tá Sheila ina Ball Oinigh den American Academy of Arts and Letters, ina comhalta de chuid an RIAI, an RIBA, an AIA agus ina ball d'Aosdána. Sheirbheáil sí mar scrúdaitheoir seachtrach i Cambridge, Manchain, Glaschú agus san AA i Londain agus leanann sí uirthi i mbun léachtóireachta agus teagaisc in ollscoileanna ar fud an domhain.

### An tOllamh John Tuomey

Bhain John céim amach ó UCD i 1977 agus d'oibrigh sé i Londain agus leis an OPW sular bhunaigh sé cleachtas leis an Ollamh Sheila O'Donnell i 1988. Thosaigh sé ag teagasc mar léachtóir stiúideo in UCD i 1981 agus ceapadh é mar chéad Ollamh an Deartha Ailtireachta in 2008. Sa chúram sin stiúir sé teagasc an deartha sa scoil, agus rinne sé an clár a athstruchtúrú agus a athbheochan trí shraith uaillmhianach de thionscnaimh agus leasuithe. Bhí tionchar domhain ag John ar an ailtireacht trína theagasc, a chleachtas agus a scríbhneoireacht, go háirithe 'Architecture, Craft and Culture' a foilsíodh in 2004 agus a bhí bunaithe ar a Mháistreacht Taighde, saothar atá le fáil fós ar liostaí léitheoireachta ar fud an domhain. In éineacht le Sheila, ghnóthaigh sé Bonn



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 113 11/02/2020 15:03



Óir an RIBA i 2015 agus duais Brunner an American Academy of Arts and Letters sa bhliain chéanna. Comhalta é de chuid an RIAI, RIBA agus an AIA, agus tá sé ina bhall d'Aosdána freisin. Bhí a chleachtas freagrach as sraith de thionscadail lárnacha thábhachtacha – áirítear leo, i dteannta leo siúd atá liostaithe thuas, Ionad Scannán na hÉireann i mBarra an Teampaill, Scoil an RMDS i Raghnallach agus an Gaeláras i nDoire. Bhailigh na foirgnimh sin go leor gradam mar Bhonn Downes an AAI agus Bonn Óir an RIAI. Thaispeáin an cleachtas go leor uaireanta ag Biennale na Veinéise, i 2004, 2008, 2012 agus 2018. Bhí John ina Léirmheastóir Cuairte in Ollscoileanna Harvard agus Princeton agus ina scrúdaitheoir seachtrach san AA, i Cambridge, Ghent agus RMIT agus leanann sé air a bheith ag léitheoireacht agus ag teagasc in ollscoileanna ar fud an domhain.

## Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

### Institiúid Conway

**John Ralph**

Chuaigh John ar scor ó Institiúid Conway UCD tar éis 47 mbliana de sheirbhís dhíograiseach don Ollscoil. Thosaigh sé in UCD ag tús na 1970í i Roinn na Cógaseolaíochta, áit ar oibrigh sé go dtí 2003, nuair a bhog sé le comhghleacaithe ón mBithcheimic agus ó aonaid eile chuig Institiúid Conway UCD, a rabhthas tar éis a oscailt.

Bhí an chéim sin de ghairm John, mar Bhainisteoir Ceannaigh agus Stór, ag croílár rath Institiúid Conway UCD sna laethanta luatha. Bhí níos mó ná 450 ball foirne agus taighde ó ranna agus aonaid éagsúla ag an Institiúid. In éineacht le Annette Wallace, Dereck McCullagh agus Luke Millington, d'éirigh le John na córais soláthair éagsúla a bhí bunaithe ar pháipéar a aistriú go dtí réiteach bogearraí aontaithe agus saincheaptha, darbh ainm Labstore. Fuarthas go raibh an réiteach ceannaigh agus foréilithe ríthábhachtach do rath luath na hInstitiúide ós rud é gur cheadaigh sé do thaighdeoirí díriú ar a dtionscadail taighde.

Ceoltóir an-chumasach atá i John a chuir go flaithiúil le saol sóisialta na hollscoile le 47 bliain anuas; ó laethanta luatha Roinn na Cógaiseolaíochta, áit a gcuimhnítear go geanúil ar a léirithe le Roddy Monks nach maireann, go tráth níos deireanaí ag imeachtaí Conway, a thagadh chun beatha nuair a thógadh John amach a bhainseó dílis.

### An tSeirbhís Tagartha Náisiúnta Víris

**Eileen Lynch**

Bhí Eileen ina comhghleacaí oibre dílis agus díograiseach a chabhraigh, ó 1983 ar aghaidh, leis an tsaotharlann um Bainistíocht Samplaí, mol ceart an NVRL, a bhunú agus ansin a bhainistigh go saineolach í. Ba iontach an cumas a bhí aici cuimhneamh ar ainmneacha agus sonraí na gcéadta samplaí othair a chuaigh faoina cúram aireach gach lá. I dtimpeallacht oibre a bhíonn go minic an-ghnóthach, ba iontach a críochnúlacht agus an cumas a bhí aicí níos mó ná tasc amháin a dhéanamh ag an am céanna! Ba le daoine a raibh a buanna cearta. Bhíodh idirchaidreamh laethúil aici le go leor againn sa NVRL agus le suíomhanna cliniciúla ar fud na tíre. Bhí aithne aici ar ainm gach duine agus bhí aithne ag gach duine uirthise. Tháinig gach ball foirne nua faoina cúram aireach agus chabhraigh sí leo ar go leor bealaí a mbealach a oibriú amach. Go háirithe, chuimhníodh Eileen i gcónaí ar na daoine a bhraitheann orainn le haghaidh ár gcuid oibre. Gairmí tríd is tríd a bhí inti ar tháinig sé léi go héasca agus beidh sé deacair í a shárú.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 114 11/02/2020 15:03

"Agus cé a mhaiseoidh ar hallaí le cuileann um Nollaig? Máthair, meantóir, bainisteoir agus seachantóir géarchéime, comhghleacaí agus cara dílis, clampróir díograiseach, a bhfuil go leor sléibhte agus turas rothaíochta carthanacht bainte amach aici, bean uasal agus bean bhródúil as Ciarraí - Eileen, aireoimid uainn do stíl agus do mheangadh gáire! Bhí sé de phribhléid againn a bheith ag obair leat agus guímid gach beannacht don todhchaí ort féin agus ar do chlann."

## Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

### Peter J Caplan

Tháinig Peter chuig UCD mar speictreascópaí maise i mBealtaine 1980 nuair a fuair UCD an chéad speictreascóp maise ardtaifigh in Éirinn. Ar feadh na mblianta fada, ba é sin an t-aon uirlis speictreascópachta maise ardtaifigh sa tír agus rith Peter seirbhís speictreascópachta maise le haghaidh go leor taighdeoirí in UCD agus lasmuigh de, i dteannta lena chara buan agus a iar-chomhghleacaí an Dr Denis Cronin, nach maireann. Bhí an uirlis i measc na gcéad uirlis a raibh ríomhaireacht ardchumhachta ag teastáil chun ís a úsáid agus mar gheall air sin bhí ar Peter leibhéal ard scileanna agus saineolais ríomhaireachta a bheith aige. Ba mhór an tairbhe sin don ríomhaireacht sa Talmhaíocht mar gur bhunaigh agus gur choimeád Peter líonra an-rathúil agus an-iontaofa sa Dámh ó lár na 1980idí. Nuair a rinneadh na háiseanna líonra a lárú in UCD, lean Peter air ag glacadh ról lárnach i mbunú agus i gcothabháil na gcóras ríomhaireachta ar feadh go leor rannóg agus ball foirne i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia go ndeachaigh sé ar scor le déanaí. Lasmuigh de UCD, tá Peter ina bhall buan de Chlub Eolaíochta Bhaile Átha Cliath agus is imreoir beiriste an-chumasach é.

### Jeanette Purvis

Tá ceangal ag Jeanette le UCD le tuairim is daichead bliain. Go deireanach sna 1970idí bhí sí ina rúnaí i Roinn na Talmhaíochta Ceimicí i nDámh na Talmhaíochta Ginearálta a bhí suite ag an am i gColáiste Albert, Glas Naíon. Tar éis a pósadh le Gordon Purvis, a bhí ina mhac léinn iarchéime i gColáiste Albert, bhog siad go Sasana ar feadh roinnt blianta. D'oibrigh Jeanette mar riarthóir in Ollscoil Nottingham ansin agus mar mhátrún scoile. Tar éis di filleadh ar Éirinn i 1986, d'athbhunaigh Jeanette a caidreamh le UCD arís in 2001. Ceapadh í mar Chúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach i Roinn na Bainistíochta Acmhainní Comhshaoil. Rinneadh Scoil den Dámh, rinneadh Rannóg den Roinn agus rinneadh modúil den churaclam agus chuir Jeanette fáilte roimh na hathruithe go léir le díograise agus dea-aoibh. Le haghaidh na foirne teagaisc, na mball foirne agus na mac léinn, idir fochéimithe agus céimithe, ba í an duine 'le dul chuici' sa Rannóg, agus í ag scaipeadh gaoise, ag cinntiú spriocdhátaí agus ag tabhairt cluaise éisteachta. Le blianta fada anuas rith Jeanette an Seomra Caidrimh i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia agus rinne sí cinnte ach go háirithe an mhaidin caife don Nollaig a eagrú gach bliain. Ba é an mhaidin caifé in 2018 an ceann deireanach a d'eagraigh sí. D'imigh sí ar scor ó UCD ag an Nollaig an bhliain seo caite.

### An Dr Gordon Purvis

Chuaigh Gordon, Comhollamh san Fheithideolaíocht agus in Éiceolaíocht Lotnaide i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia ar scor ó UCD i Meán Fómhair 2018. Is as Northumberland ó dhúchas do Gordon agus rinne sé staidéar ar Zó-eolaíocht na Talmhaíochta in Ollscoil Newcastle-upon-Tyne agus i 1979 chríochnaigh sé PhD i Zó-eolaíocht na Talmhaíochta in UCD. Tar éis ceapachán i Scoil na Talmhaíochta in Ollscoil Nottingham agus in ADAS, Aireacht Talmhaíochta an RA, tháinig Gordon chuig Dámh na Talmhaíochta i 1986. Chlúdaigh a thaighde idir fheithideolaíocht chlasaiceach, an chiaróg carabid, agus feithideolaíocht fheidhmeach, agus tionchar na feirmeoireachta ar éagsúlacht bhitheolaíoch an tírdhreacha i gcoitinne. Chomhordaigh sé go leor clár taighde ilghníomhaireachta idirnáisiúnta mar AgBiota agus AgriBaseline. Faoina choimirce, d'fhoghlaim mic léinn talmhaíochta conas idirdhealú a dhéanamh idir feithidí, damháin alla agus fíneoga, faoi mhodhanna malartacha srianta lotnaidí, agus béim curtha ar Shrianadh Comhtháite Lotnaidí.

Thug sé faoi go leor ról riaracháin, lena n-áirítear Ceann Rannóige agus Comhordaitheoir Clár. Bhíodh Gordon flaithiúil i gcónaí lena chuid ama agus a shaineolas ó thaobh tacaíocht a thabhairt do mhic léinn fhochéime agus iarchéime agus do chomhghleacaithe.

## Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

### Bernadette Manley

Ba i 1980 a tháinig Bernadette chuig UCD, agus ról aici ar dtús in oifig an Chláraitheora, áit a ndeachaigh sí i mbun oibre leis an Ollamh Maurice Kennedy. Bhí róil éagsúla aici ina dhiaidh sin, amhail tréimhse i Roinn na Cuntasaíochta, ach sa deireadh i 1994 tháinig Bernadette chuig Roinn an Staidéir Altranais a bhí i nDámh an Leighis, a bhí suite ar Ardán Phort an Iarla. D'fhan Bernadette le Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2019. Le linn a cuid ama in UCD, chuir comhghleacaithe Bernadette síos uirthi mar dhuine comhoibritheach gairmiúil agus mar chara iontach!

### An Dr Mary T McGrath

Tháinig Mary chun na Scoile in 2003, nuair a tugadh isteach na chéad chláir chéime don BSc san Altranas. Mar iar-altra san aonad dianchúraim agus teagascóir altraí i Scoil an Altranais in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, chuir Mary cúlra saibhir de thaithí chliniciúil agus theagaisc i bhfeidhm ar chlár fochéime na Scoile san Altranas Ginearálta. Chríochnaigh sí PhD in Ollscoil Warwick i 2014 ar thaithí agus dhúshláin altraí maidir le cúram i dtimpeallacht theicneolaíoch an dianchúraim. Ba bhall luachmhar í Mary den dámh, bhí an-mheas ag a mic léinn uirthi agus thug sí seirbhís gan staonadh don Scoil agus don Ollscoil.

**Anne Waters**

Chuaigh Anne ar scor ó UCD i Samhradh 2018. Bhí sí ag obair le Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte ó tháinig sí chuig UCD i 2007 mar riarthóir in Oifig Scoil na gCéimithe. Bhí ról mór ag Anne i gclár an Dioplóma Iarchéime i gclár an Altranais Ailse agus mar bhall ríthábhachtach den fhoireann do chéimithe.

## Scoil an Leighis Tréidliachta

**Margot Coady**

Thosaigh Margot a gairm in UCD i 1979 mar bhall d'fhoireann theicniúil i Roinn na nAnatamaíochta Tréidliachta agus na Histeolaíochta i nDámh an Leighis Tréidliachta mar a bhí ann ag an am. Tugadh ardú céime go grád teicneora di i 1984 agus í fós ag obair sa roinn chéanna. Chaith sí a gairm ar fad ag obair sa tsaotharlann histeolaíochta i gColáiste na Tréidliachta Droichead na Dothra agus ina dhiaidh sin i Scoil an Leighis Tréidliachta i mBelfield. Áiríodh le dualgais Margot samplaí histeolaíocha a ullmhú chun críocha an teagaisc agus an taighde.

Chuir Margot go mór leis an tsaotharlann histeolaíochta i gcónaí. Léiríodh na blianta fada taithí a bhí aici agus a cur chuige mionchúiseach sa raidhse oibre a rinne sí le haghaidh go leor grúpaí taighde ar fud na Scoile. Bhí sí an-chríochnúil, rud a bhain ní hamháin lena cuid oibre ach leis na comhráite ar fad a bhí aici lena comhoibrithe agus a cairde. D'éisteadh sí go haireach le gach duine a chas léi agus bhíodh comhairle chríonna aici i gcónaí do gach duine, idir bhaill foirne agus mic léinn. Bhí taithí fhairsing ag Margot, bhí sí an-eagraithe agus éifeachtúil ina cuid oibre agus ullmhaíodh gach sleamhnán de réir na gcaighdeán is airde. Chuaigh Margot ar scor tar éis beagnach 40 bliain de sheirbhís le UCD.

**Maureen McCullough**

D'oibrigh Maureen le linn a gairme sa haemaiteolaíocht tréidliachta. D'oibrigh sí i saotharlann thréidliachta eachaíochta san Afraic Theas sular thosaigh sí obair i gColáiste na Tréidliachta ag tús na 1980í. Is i nDroichead na Dothra a raibh an Dámh bunaithe an t-am sin, agus bhog sé chuig a suíomh reatha i 2002. Chaith Maureen na blianta fada i mbun teagaisc mhic léinn tréidliachta agus altranais tréidliachta. Lena dearcadh cairdiúil cabhrach bhí an-ghean ar an bhfoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn chomh maith uirthi. Bhí dearcadh an-dícheallach agus an-díograiseach ag Maureen i dtreo a cuid oibre agus ba mhinic a d'fhanadh sí go deireanach chun cinntiú go ndéanfaí torthaí tábhachtacha othair a sheachadadh.

**Paul Stanley**

Tháinig Paul chuig Dámh an Leighis Tréidliachta i 1973 mar theicneoir faoi oiliúint i Roinn na Fiseolaíochta agus Bithcheimice i nDroichead na Dothra. Bhí sé rannpháirteach i ranganna praiticiúla na mac léinn agus bhí an ghné sin dá thaithí le feiceáil i rith a ghairm ar fad.

I 1985, tar éis ardú céime a fháil, d'aistrigh Paul mar Theicneoir Sinsearach chuig roinn an Staidéir Chliniciúil ar Ainmhithe Feirme, faoi stiúir John Hannan, agus ghlac sé ról i rannóg an Atáirgthe Chliniciúil, áit a raibh sé ag obair le Larry Keehan agus Lindy Vaughan, agus thug sé faoi chothabháil na dtaifead ríomhaire le haghaidh na dtréad déiríochta a d'oibrigh leis an roinnt, ag am nuair a bhí cláir ríomhaire den sórt sin ag tús a ré. Bhí spéis aige i gcónaí sa mhatamaitic agus rinne sé roinnt staidéir bhreise ar staitisticí. Chomh maith leis sin, d'fhorbair sé a chuid scileanna ríomhaire le linn a ghairme agus é mar an 'chéad fhreagróir' le dul chuige dá mbeadh fadhb ríomhaireachta ann. Bhíodh sé i gcónaí sásta cabhrú le comhghleacaithe ina roinn agus lasmuigh di. Bhí Paul solúbtha i gcónaí, agus é ag foghlaim scileanna nua nuair ba ghá.

Tá go leor mac léinn iarchéime faoi chomaoin aige as an gcúnamh agus an tacaíocht fhoighneach a thug sé agus iad i mbun staidéir agus go háirithe nuair a bhí siad ag scríobh. Freisin sheirbheáil Paul mar ionadaí ceardchumainn do na baill foirne teicniúla ar feadh na mblianta fada.

Gabhann an Scoil buíochas le Paul as a ról i gcaitheamh na mblianta agus guíonn siad rath air le haghaidh scoir shona agus shásúil.





10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 116 11/02/2020 15:03

**Sheila Worrall**

D'oibrigh Sheila sa phaiteolaíocht tréidliachta le linn a gairme agus í ag tosú i gColáiste na Tréidliachta i nDroichead na Dothra ag deireadh na 1970idí. D'oibrigh sí in éineacht le go leor ollúna, leis an Ollamh Cunningham ar dtús, ansin leis an Ollamh Sheahan agus sa deireadh leis an Ollamh Callanan. Bhí ardscileanna teicniúla aici agus í ag teagasc fochéimithe agus iarchéimithe tréidliachta ar feadh na mblianta fada. Ina theannta sin, thug sí faoi chlár rathúil taighde ag baint amach céim mháistreachta sa deireadh (2011, Interferon-gamma and tumour necrosis factor-alpha expression in the placenta of sheep experimentally infected with Chlamydophila abortus or Toxoplasma gondii / Gáma-intearféaróin agus léiriú fhachtóir alfa neacróis siada i bplacaint caorach a ionfhabhtaíodh go turgnamhach le Chlamydophila abortus nó Toxoplasma gondii). Le linn a gairme, tugadh ardú céime do Sheila chuig grád an Phríomhoifigigh Theicniúil.

## Coláiste na hEolaíochta UCD

### Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

**An tOllamh Thomas Bolger**

Ceapadh Tom mar léachtóir i Roinn na Zó-eolaíochta in UCD i 1981 ach téann a cheangail le UCD siar chuig a thréimhse mar mhac léinn fochéime nuair a rinne sé staidéar ar an Eolaíocht anseo. Chaith Tom bliain (1997-98) sna SAM mar Scoláire Fulbright agus ceapadh é mar Ollamh Zó-eolaíocht (agus mar Cheann Roinne) in 2003. Tar éis bhunú Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil in 2005, ba é Tom an chéad Cheann a bhí ag an Scoil, post a ghlac sé ar feadh dhá théarma. Is iad príomhréimsí spéise taighde Tom ná éifeachtaí an athraithe dhomhanda ar bhithéagsúlacht an domhain agus dinimic cothaithigh inár gcórais ithreach. Fianaise ar a ról sa réimse é líon na bpáipéar (>200) atá foilsithe aige, a líonra mór le rá de chomhoibritheoirí idirnáisiúnta agus an cistiú a fuair a thaighde ó go leor gníomhaireachtaí cistithe, an tAE ina measc. Bhí Tom ina oideoir paiseanta agus ina mheantóir díograiseach do go leor mac léinn fochéime, MSc agus PhD. Chomh maith leis sin, bhí ról mór aige ar leibhéal Coláiste agus Ollscoil, agus é ina chathaoirleach ar go leor coistí agus mar Stiúrthóir ar Chlár Rochtana UCD don eolaíocht, don innealtóireacht agus don talmhaíocht. Aireoidh comhghleacaithe Tom sa Scoil, sa Choláiste agus ar fud na hOllscoile go mór uathu é agus guíonn a chuid comhghleacaithe scor fada sláintiúil agus bisiúil air.

**Brian Fagan**

Thosaigh Brian a ghairm in UCD i nDámh na Talmhaíochta i 1972 nuair a bhí sé suite i gColáiste Albert, Glas Naíon. D'oibrigh sé leis an Dr Enda Bannon ar dtús chun a chuid ranganna praiticiúla a ullmhú agus a leagan amach. Ba í phaiteolaíocht phlandaí réimse saineolais Brian agus i gcaitheamh na mblianta ba eisean an duine is eolaí sa Dámh maidir le galair phlandaí éagsúla: galair phrátaí, ghránaigh, praisí agus foraoiseachta. Ba dhuine de chéad bhall Dhámh na Talmhaíochta é nuair a d'aistrigh an Dámh chuig Belfield i 1979. Agus é i mBelfield d'oibrigh sé leis an Dr Kevin Clancy, leis an Dr Mike Cooke agus leis an Ollamh Fiona Doohan i measc ball foirne eile ag cabhrú leo a gcuid ranganna praiticiúla a rith agus lena gcuid taighde. In 2005 bhog sé leis an Ollamh Doohan chuig Scoil nuabhunaithe na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil agus d'fhan sé ansin go ndeachaigh sé ar scor. Le linn na mblianta fada a chaith sé i mbun oibre in UCD, chabhraigh sé le go leor mac léinn PhD, máistreachta agus ceathrú bliana lena dtionscadail taighde. Mar gheall ar é a bheith cineálta, deisbhéileach agus gealgháireach, bhí sé ag croílár gach grúpa a raibh sé rannpháirteach ann agus guíonn a chuid comhghleacaithe gach rath air don todhchaí.

### Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis

**An tOllamh Gethin McBean**

Tá Geithin imithe ar scor ó Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis (SBBS). Bhain sí amach a bunchéim sa bhithcheimic ó TCD agus bhain sí a PhD amach sa Chógaseolaíocht ó Ollscoil Southhampton. Tar éis comhaltachta iardhochtúireachta in Ollscoil Southampton, d'fhill sé ar Éirinn i 1986 chun tabhairt faoi chomhaltacht iardhochtúireachta i Roinn na Bithcheimice, TCD. Ceapadh í mar léachtóir i Roinn na Bithcheimice, UCD i 1990, a bhí bunaithe i dTeach Melville ag an am. Rinne Roinn na Bithcheimice cumasc le Roinn na Micribhitheolaíochta Tionsclaíoch agus na Cógaseolaíochta in 2005 chun Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD a chruthú. Bhí Gethin ina Ceann Bithcheimice (2005-2006), agus ina Ceann Teagaisc agus Foghlama (2006-2007) sa Scoil nua-bhunaithe agus in 2007 ceapadh í mar Cheann SBBS, ról a choimeád sí go dtí 2013. Rinneadh ollamh di in 2017. Ó 2003, d'oibrigh Gethin in Institiúid Conway i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis mar Phríomhthaighdeoir (2003 go 2008), agus mar Chomhalta Conway (2008 go 2019). Dhírigh a taighde ar mheicníochtaí néarachosanta a thuiscint agus brú ocsaídiúcháin san inchinn a chosc agus spéis faoi leith aici sa ról atá ag aimíonaigéid ina bhfuil sulfar i gcothrom ocsdí tióil agus meicníochtaí cosanta frithocsaídeora in astraicítí agus i gcealla 'microglial'.

**Joe O'Neill**

Chuaigh Joe ar scor óna phost mar Phríomhoifigeach Teicniúil sa Scoil tar éis 53 bliana de Sheirbhís le UCD. Ba i 1965 ar thosaigh sé ag obair in UCD, mar fhreastalaí saotharlainne ar dtús i Roinn na Micribhitheolaíochta Tionsclaíoch i dTeach Ardmore. Lean sé ar aghaidh lena chuid staidéir agus é in UCD agus sa deireadh rinneadh Phríomhoifigeach Teicniúil dó. Mar theicneoir leictreonaice agus meicniúil, thug sé tacaíocht fhíorluachmhar don fhoireann teagaisc, do bhaill foirne, do mhic léinn agus do ghrúpaí taighde i dTeach Ardmore

agus le déanaí nuair a bhog an Scoil chuig Lárionad O'Brien don Eolaíocht. Bhíodh sé flaithiúil i gcónaí lena chuid eolais agus saineolais agus ba chosúil nach raibh a leithéid de rud ann nach bhféadfadh Joe é a dheisiú ná a thógáil. Guíonn an Scoil gach rath ar Joe sa todhchaí.

## Scoil na Ceimice

### James Gerard Flynn

Tháinig Gerry Flynn chuig Scoil na Ceimice mar theicneoir i 1975 agus d'fhan sé linn ar feadh 43 bliain. D'oibrigh sé sna saotharlanna taighde ar feadh na mblianta fada agus chuir sé le taighde go leor ball foirne teagaisc sa Cheimic Fhisiceach sular bhog sé chuig na Stóir Cheimice. Comhghleacaí an-díograiseach a bhí i Gerry agus rinne sé a dhícheall i gcónaí. Bhíodh sé i gcónaí cineálta agus cúirtéiseach leis an bhfoireann teagaisc, le baill foirne agus mic léinn, agus chuireadh sé fíorspéis sna daoine a chas sé leo agus a raibh sé ag obair leo. Tiomsaitheoir airgid den scoth a bhí ann, agus é i gcónaí ag aimsiú bealaí le tacú le cúiseanna maithe, agus bhailigh sé suimeanna móra do charthanachtaí i gcaitheamh na mblianta. Ba í an charthanacht ab fhearr leis ná Oibrithe Deonacha UCD Thar Lear agus d'iarr sé go ndéanfaí ranníocaíochtaí le VO UCD nuair a chuaigh sé ar scor, rud ba dhual dó. Beannaíonn a chomhghleacaithe a gcara agus a gcomhghleacaí agus guíonn siad rath air sa todhchaí.

## Scoil na Ríomheolaíochta

### An Comhollamh Arthur Cater

Tá Arthur ina Léachtóir (Comhollamh) i Scoil Ríomheolaíochta UCD ó bhí 1980 ann. Bhí sé ar dhuine de na chéad taighdeoirí i réimse na hIntleachta Saorga in Éirinn. Ba dhuine de bhunaitheoirí Chumann Intleachta Saorga na hÉireann (AIAI) é i 1988 agus ina bhall bunaidh de Chumann Eolaithe Taighde na hÉireann. Le Ríomheolaíocht UCD, theagasc Arthur cúrsaí ar roinnt ábhar san Intleacht Shaorga agus sa Ríomheolaíocht Theoiriciúil lenar cuimsíodh Tógáil Tiomsaitheora agus IS do Chluichí agus Phuzail. Le déanaí bhí sé ina Stiúrthóir ar Iarchéimithe Taighde agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste ar Bhradaíl sa Scoil.

### Peter Fitzpatrick

Tá níos mó ná 30 bliain de thaithí ag Peter i ngnóthais atá bunaithe ar tháirgí agus sheirbhísí araon a fhorbairt, san earnáil Bhogearraí agus sna hEolaíochtaí Beatha go príomha. Fuair sé BSc ó Choláiste na Tríonóide agus d'oibrigh sé in eagraíochtaí móra agus i roinnt cuideachtaí nua ar bhonn idirnáisiúnta. D'oibrigh sé ar fhorbairtí córais do roinnt cuideachtaí amhail Eircom, Aer Lingus, Diageo, Logica, Sentaca Communications, Aryzta, AePona/Intel, Altion agus Data Mobillity Systems.





10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 118 11/02/2020 15:03

Tháinig sé chuig Insight in 2015 ag céim an-tábhachtach i bhforbairt an Ionaid. Chabhraigh sé le go leor próisis éagsúla a fhorbairt a chabhraigh le hImscrúdaitheoirí caidreamh níos táirgiúla a bheith acu le lucht tionscail. Gréasánaí thar barr a bhí i Peter agus chuir sé go leor cuideachtaí ar an eolas faoi Insight agus chabhraigh sé le go leor teagmhálaithe a threorú trí chaibidlíochtaí dúshlánacha. Díol suntais ach go háirithe ab ea a chuid oibre chun an conradh Samsung a bhaint amach ar fiú os cionn €4 milliúin é (lena n-áirítear airgead tirim de €2.6 milliún) arb é an conradh is mó a bhain ceann ar bith de shuíomhanna Insight amach riamh agus arb é an conradh is mó atá sínithe ag UCD é. Bhí ardmheas ar Peter mar chomhghleacaí agus mar chara. De bharr an iliomad caitheamh aimsire a bhí aige - réalteolaíocht, garraíodóireacht, fealsúnacht agus taisteal - ba comhráití iontach é agus tá a chuid comhghleacaithe cinnte go mbainfidh sé taitneamh as na spéiseann sin agus é ar scor.

### Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

**Rhona Preston**

Thug Rhona seirbhís den scoth do Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí le níos mó ná deich mbliana. Bhí a cuid seirbhísí riaracháin agus a cuidiúlacht fíorluachmhar don Scoil agus dá cuid mac léinn. Guíonn a comhghleacaithe gach rath uirthi lena scor.

### Scoil na Fisice

**An tOllamh Gerard O'Sullivan**

Tar éis níos mó ná 33 bliana i Scoil na Fisice in UCD, chuaigh Gerry ar scor i mí Mheán Fómhair 2019. Bhain sé amach a bhunchéim in UCD i 1975 agus a PhD i 1980 dar teideal 'A Spectroscopic Study of Laser Produced Plasmas of the Rare Earths and Related Elements' ('Staidéar Speictreascópach ar Phlasmaí arna dTáirgeadh ag Léasair de chuid na gCréanna Tearca agus na nDúl Gaolmhar'. Tháinig sé chuig UCD ar an 1 Deireadh Fómhair 1986 mar bhuanléachtóir coláiste, agus rinneadh comhollamh de i mí an Mheithimh 1999, agus ollamh i mí Iúil 2006. Sheirbheáil Gerry mar Cheann Scoile ó 2002 go 2008. Bhí gairm den scoth aige mar dhuine acadúil teagaisc agus taighde, agus maoirseacht déanta aige ar os cionn 50 mac léinn iarchéime agus os cionn 200 alt eolaíochta foilsithe aige. Ghlac sé páirt i go leor comhar idirnáisiúnta, go háirithe sa tSeapáin, sa tSín, sa tSualainn agus i SAM. Taighdeoir cáiliúil é i réimse na speictreascópachta ar phlasmaí, agus obair cheannródaíoch déanta aige i raonta foircneacha na x-ghathanna ultravialait agus boga, ag a bhfuil feidhmeanna tábhachtacha i bhforbairt fhoinsí fótailiteagrafaíochta um dhéantúsaíocht leathsheoltóirí an lae inniu.

## Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

### Scoil na Fealsúnachta

**Margaret Brady**

Tháinig Margaret chuig Roinn na Fealsúnachta mar a bhí ann ag an am in 2001. Le linn na 17 mbliana a chaith sí ansin, thug sé faoi róil riaracháin éagsúla, agus ba é ról mar Bhainisteoir Scoile an ceann deireanach a bhí aici. Le linn thréimhsí athraithe, bhí róil an-tábhachtacha ag Margaret i gcleachtais nua a bhunú sa Scoil, agus i gcabhrú le mic léinn le cineáltas agus tiomantas as cuimse. Chuaigh sí ar scor luath in 2018. D'ainneoin sin ba mhór an onóir don Scoil gur roghnaigh Margaret a gairm iomlán san Fhealsúnacht a chaitheamh in UCD agus guíonn siad gach rath uirthi lena saothar is déanaí.

## Seirbhísí Eastáit UCD

### Seirbhísí Tráchtála, Cónaitheacha agus Fáilteachais

**June O'Connor**

Chríochnaigh June a cuid oibre in UCD in Aibreán na bliana seo tar éis 15 bliana seirbhíse. Thosaigh sí in UCD in 2004, agus ar dtús chabhraigh sí leis na hoibríochtaí laethúla a rith in áiteanna cónaithe Glenomena agus Proby, sular bhog sí chuig an lároifig chun an oifig tacaíochta d'áiteanna cónaithe lasmuigh den champas a bhainistiú, agus í ag tabhairt tacaíochta agus eolais do mhic léinn a bhí ag lorg cóiríochta lasmuigh den champas. D'oibrigh June i ndlúthpháirt leis an bhfoireann chun an bealach a fheabhsú ina bhféadfadh mic léinn rochtain a fháil ar mhargadh na cóiríochta príobháidí ar cíos trí thionscnaimh mar AccommodationPad UCD, tairseach ar líne do chónaitheoirí agus thiarnaí talún áitiúil atá ag tairiscint cóiríochta do mhic léinn UCD.

Le déanaí, bhí June i gceannas ar chóras áirithinte na hOllscoile do sheirbhísí ar an gcampas agus d'oibrigh sí i ndlúthpháirt le comhghleacaithe i ranna éagsúla na hOllscoile maidir le leithdháileadh seomraí, áirithintí agus tacaíocht chónaithe do mhic léinn. Trína cuid oibre bhí teagmháil aici le mic léinn, baill foirne teagaisc, baill foirne, tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne agus níl aon amhras go n-aireoidh siad go léir go mór uathu í agus í ag baint taitnimh as a scor i Florida grianmhar.

### Copi-Print

**Catherine Murphy**

Bhí Catherine ina ball luachmhar d'fhoireann Copi-Print. Ba in 2003 a tháinig sí chuig UCD agus fostaíodh mar chúntóir í san oifig i bhfoirgneamh John Henry Newman. Bhí an-ghean ag mic léinn agus baill foirne araon uirthi mar gheall ar a pearsantacht bhríomhar agus a féith ghrinn thógálach. Bhí dearcadh dearfach agus obair chrua Catherine fíorluachmhar don Ollscoil i gcaitheamh na mblianta fada.

## Airgeadas UCD

### Helen Miller

Chuaigh Helen ar scor ó Oifig an Sparánaí i mí Dheireadh Fómhair 2018 tar éis 31 bliain seirbhíse ar son na hOllscoile. Thosaigh sí a gairm in UCD i 1987 mar chuntasóir bainistíochta, a raibh freagracht aici as buiséad bliantúil na hOllscoile a ullmhú agus samhail a fhorbairt maidir le leithdháileadh acmhainní inmheánacha airgeadais.

Ina dhiaidh sin tugadh ardú céime di go ról Cheann an Aonaid um Pleanáil Airgeadais agus Acmhainní, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí ná pleanáil airgeadais agus faisnéis bhainistíochta a chur ar fáil chun tacú le Foireann Bhainistíochta na hOllscoile i leithdháileadh foriomlán na n-acmhainní airgeadais do scoileanna agus d'aonaid tacaíochta UCD.

Imreoir badmantain cumasach í Helen agus chuir sí go flaithiúil i gcónaí le gníomhaíochtaí ar an gcampas. Bhí an-mheas ag pobal na hollscoile uirthi agus duine í a bhí go hiomlán tugtha dá cuid oibre in UCD.

## Fondúireacht UCD

### Sylvia Roddie

Tháinig Sylvia chuig an Oifig um Fhorbairt agus Chaidreamh Alumni tar éis a poist a fhágáil mar chúntóir pearsanta don Sparánaí ag an am, Eamonn Ceannt. I mí an Mheithimh 2019, chuaigh Sylvia ar scor luath ó UCD chun am a chaitheamh ag baint taitneamh as na caithimh aimsire éagsúla a bhfuil aici, lena n-áirítear an gharraíodóireacht agus an chnocadóireacht. Bhí Sylvia ina hionadaí ar an bhFondúireacht ar feadh na mblianta agus stiúir sí an roinn trí athruithe agus trí fhorbairtí éagsúla. Bhí Sylvia ina ball fíorluachmhar den fhoireann agus bhí go leor ag brath uirthi. Rinne Sylvia a dícheall ina cuid oibre go léir agus guíonn a comhghleacaithe scor sona rathúil uirthi.

## Acmhainní Daonna UCD

### Anne Gray

Chuaigh Ann ar scor luath i mí Mheán Fómhair 2018, tar éis ghairm 18-mbliana inar thug sí faoi róil in Acmhainní Daonna UCD den chuid is mó, ach inar chaith sí 4 bliana go leith ag obair i Scoil Socheolaíochta UCD. Bhí Anne ina Bainisteoir Ardú Céime agus Grádaithe agus í ag dul ar scor agus sa phost sin bhí ról ríthábhachtach aici i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an Phróisis rollaigh um Ardú Céime Foirne Teagaisc, agus Creat na bPost Cosúil (Job Families Framework) do róil Ghairmiúla agus Riaracháin. Fiontair mhóra nua a bhí sa dá rud sin di féin agus dá foireann agus léirigh Anne tiomantas thar cionn don dá fhiontar.

Le linn a gairme in UCD bhí clú ar Anne mar gheall ar a gairmiúlacht chríochnúil, a solúbthacht, a díograis, a comhghleacaíocht agus a dea-aoibh, agus bhí a ról san fheidhm Acmhainní Daonna ach go háirithe thar a bheith luachmhar. Cé go n-aireoimid go mór uainn í, beidh níos mó ama ag Anne anois chun taitneamh a bhaint as gnéithe eile de UCD, amhail páirt a ghlacadh sa Chór.

### Niamh O'Donoghue

Chuaigh Niamh ar scor go luath i mí Mheán Fómhair 2018 tar éis 11 bhliain a chaitheamh linn. Tháinig sí chuig UCD in 2007 mar Bhainisteoir Forbartha Ceannaireachta ag am raibh an Ollscoil ag fás. Le linn na 11 bliana sin bhí sí freagrach as dearadh agus soláthar na gclár Ceannaireachta agus Bainisteoirí Daoine in éineacht lena foireann, chomh maith lenár gcláir ghinearálta don fhorbairt ghairmiúil.

Chomh maith leis sin, lena foireann agus le comhghleacaithe i dTaighde UCD agus Gairmeacha UCD, bhí ról ríthábhachtach ag Niamh i bhforbairt an Líonra Forbartha Taighdeoraí do Mhic Léinn Iardhochtúireachta, a bhfuil an-rath air. Le linn an ama a chaith sí in UCD tháinig forbairt ar a ról agus ghabh sí do shainchúram níos leithne mar a bhí Forbairt Daoine agus Eagraíochta, ag tarraingt ar a saineolas faoin gcaoi a n-oibríonn daoine agus córais. Cleachtóir oilte agus oiliúnaí ardcháilithe den scoth a bhí inti agus bhain go leor daoine agus foirne ar fud UCD leas díreach as a cuid oibre. Sular imigh sí bhí Niamh i gceannas ar Chlár Forbartha Ceannaireachta agus Bainistíochta rathúil eile a tosaíodh in 2017 agus ar fhreastail UMT agus baill uile Ghrúpa Leathnaithe na Ceannaireachta air.



10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 120 11/02/2020 15:03




UCD DUBLIN



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Domhanda na hÉireann

Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire
**www.ucd.ie**

10203 UCD Presidents Report 2019-Book_Art_GAE_v3.indd 122 11/02/2020 15:03